

Treaty Series

*Treaties and international agreements
registered
or filed and recorded
with the Secretariat of the United Nations*

Recueil des Traités

*Traités et accords internationaux
enregistrés
ou classés et inscrits au répertoire
au Secrétariat de l'Organisation des Nations Unies*

Copyright © United Nations 1998
All rights reserved
Manufactured in the United States of America

Copyright © Nations Unies 1998
Tous droits réservés
Imprimé aux Etats-Unis d'Amérique



Treaty Series

*Treaties and international agreements
registered
or filed and recorded
with the Secretariat of the United Nations*

VOLUME 1758

Recueil des Traités

*Traités et accords internationaux
enregistrés
ou classés et inscrits au répertoire
au Secrétariat de l'Organisation des Nations Unies*

United Nations • Nations Unies

New York, 1998

Volumes 1755 to 1759 contain the texts of the Treaty on European Union (with protocols and final act), registered under No. I-30615. The five volumes reproduce the authentic texts as follows:

- Volume 1755: Spanish, Danish.*
 - Volume 1756: German, Greek.*
 - Volume 1757: English, French.*
 - Volume 1758: Irish, Italian.*
 - Volume 1759: Dutch, Portuguese.*
-

Les volumes 1755 à 1759 renferment les textes du Traité sur l'Union européenne (avec protocoles et acte final), enregistré sous le n° I-30615. Les cinq volumes reproduisent les textes authentiques comme suit :

- Volume 1755 : espagnol, danois.*
- Volume 1756 : allemand, grec.*
- Volume 1757 : anglais, français.*
- Volume 1758 : irlandais, italien.*
- Volume 1759 : néerlandais, portugais.*

*Treaties and international agreements
registered or filed and recorded
with the Secretariat of the United Nations*

VOLUME 1758

1993

I. No. 30615 (*continued*)

TABLE OF CONTENTS

I

*Treaties and international agreements
registered on 28 December 1993*

	<i>Page</i>
No. 30615. Italy, Belgium, Denmark, France, Germany, Greece, Ireland, Luxembourg, Netherlands, Portugal, Spain, United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland (<i>continued</i>):	
Treaty on European Union (with protocols and final act). Concluded at Maastricht on 7 February 1992	3

*Traité et accords internationaux
enregistrés ou classés et inscrits au répertoire
au Secrétariat de l'Organisation des Nations Unies*

VOLUME 1758

1993

1. N° 30615 (suite)

TABLE DES MATIÈRES

1

*Traité et accords internationaux
enregistrés le 28 décembre 1993*

	<i>Page</i>
N° 30615. Italie, Allemagne, Belgique, Danemark, Espagne, France, Grèce, Irlande, Luxembourg, Pays-Bas, Portugal, Royaume-Uni de Grande-Bretagne et d'Irlande du Nord (suite) :	
Traité sur l'Union européenne (avec protocoles et acte final). Conclu à Maastricht le 7 février 1992	3

NOTE BY THE SECRETARIAT

Under Article 102 of the Charter of the United Nations every treaty and every international agreement entered into by any Member of the United Nations after the coming into force of the Charter shall, as soon as possible, be registered with the Secretariat and published by it. Furthermore, no party to a treaty or international agreement subject to registration which has not been registered may invoke that treaty or agreement before any organ of the United Nations. The General Assembly, by resolution 97 (I), established regulations to give effect to Article 102 of the Charter (see text of the regulations, vol. 859, p. VIII).

The terms "treaty" and "international agreement" have not been defined either in the Charter or in the regulations, and the Secretariat follows the principle that it acts in accordance with the position of the Member State submitting an instrument for registration that so far as that party is concerned the instrument is a treaty or an international agreement within the meaning of Article 102. Registration of an instrument submitted by a Member State, therefore, does not imply a judgement by the Secretariat on the nature of the instrument, the status of a party or any similar question. It is the understanding of the Secretariat that its action does not confer on the instrument the status of a treaty or an international agreement if it does not already have that status and does not confer on a party a status which it would not otherwise have.

*
* * *

Unless otherwise indicated, the translations of the original texts of treaties, etc., published in this Series have been made by the Secretariat of the United Nations.

NOTE DU SECRÉTARIAT

Aux termes de l'Article 102 de la Charte des Nations Unies, tout traité ou accord international conclu par un Membre des Nations Unies après l'entrée en vigueur de la Charte sera, le plus tôt possible, enregistré au Secrétariat et publié par lui. De plus, aucune partie à un traité ou accord international qui aurait dû être enregistré mais ne l'a pas été ne pourra invoquer ledit traité ou accord devant un organe des Nations Unies. Par sa résolution 97 (I), l'Assemblée générale a adopté un règlement destiné à mettre en application l'Article 102 de la Charte (voir texte du règlement, vol. 859, p. IX).

Le terme « traité » et l'expression « accord international » n'ont été définis ni dans la Charte ni dans le règlement, et le Secrétariat a pris comme principe de s'en tenir à la position adoptée à cet égard par l'Etat Membre qui a présenté l'instrument à l'enregistrement, à savoir que pour autant qu'il s'agit de cet Etat comme partie contractante l'instrument constitue un traité ou un accord international au sens de l'Article 102. Il s'ensuit que l'enregistrement d'un instrument présenté par un Etat Membre n'implique, de la part du Secrétariat, aucun jugement sur la nature de l'instrument, le statut d'une partie ou toute autre question similaire. Le Secrétariat considère donc que les actes qu'il pourrait être amené à accomplir ne confèrent pas à un instrument la qualité de « traité » ou d'« accord international » si cet instrument n'a pas déjà cette qualité, et qu'ils ne confèrent pas à une partie un statut que, par ailleurs, elle ne posséderait pas.

*
* * *

Sauf indication contraire, les traductions des textes originaux des traités, etc., publiés dans ce *Recueil* ont été établies par le Secrétariat de l'Organisation des Nations Unies.

I

Treaties and international agreements

registered

on 28 December 1993

No. 30615 (continued)

Traité s et accords internationaux

enregistrés

le 28 décembre 1993

Nº 30615 (suite)

No. 30615
(continued — suite)

**ITALY, BELGIUM, DENMARK, FRANCE,
GERMANY, GREECE, IRELAND, LUXEMBOURG,
NETHERLANDS, PORTUGAL, SPAIN,
UNITED KINGDOM OF GREAT BRITAIN
AND NORTHERN IRELAND**

**Treaty on European Union (with protocols and final act).
Concluded at Maastricht on 7 February 1992**

*Authentic texts: Spanish, Danish, German, Greek, English, French, Irish,
Italian, Dutch and Portuguese.*

Registered by Italy on 28 December 1993.

**ITALIE, ALLEMAGNE, BELGIQUE, DANEMARK,
ESPAGNE, FRANCE, GRÈCE, IRLANDE,
LUXEMBOURG, PAYS-BAS, PORTUGAL,
ROYAUME-UNI DE GRANDE-BRETAGNE
ET D'IRLANDE DU NORD**

**Traité sur l'Union européenne (avec protocoles et acte final).
Conclu à Maastricht le 7 février 1992**

*Textes authentiques : espagnol, danois, allemand, grec, anglais, français,
irlandais, italien, néerlandais et portugais.*

Enregistré par l'Italie le 28 décembre 1993.

[IRISH TEXT — TEXTE IRLANDAIS]

CONRADH AR AN AONTAS EORPACH

A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH,

A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE,

UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ,

A SHOILSE RÍ NA SPÁINNE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE,

UACHTARÁN NA hÉIREANN,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE,

A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG,

A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE,

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU tús a chur le céim nua i bpróiseas na lánpháirtíochta Eorpach a gabbadh ar láimh le bunú na gComhphobal Eorpach,

AG MEABHRÚ DÓIBH tábhacht stairiúil deireadh a bheith curtha le roinnt mhór-roinn na hEorpa agus an gá atá ann le boinn dhaingne a chruthú do thógáil Eoraip na todhchaí,

AG DAINGNTÚ a gcion le prionsabail na saoirse, an daonlathais agus urramú chearta an duine agus saoirlí bunúsacha, agus smacht reachta,

ÓS MIAN LEO an dlúthpháirtsocht idir a bpobail a neartú agus a stair, a gcultúr agus a dtraigisiún á n-urramú acu,

ÓS MIAN LEO oibriú daonlathach agus éifeachtach na n-institiúidí a fheabhsú tuilleadh chun a chumasú dóibh na curaimí atá curtha orthu a chur i gcrích níos fearr laistigh de chreat institiúideach aonair,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU neartú agus coineasú a ngeilleagar a ghnóthú agus aontas eacnamafoch agus airgeadafochta a bhunú, lena n-áirstear, i gcomhréir le forálacha an Chonartha seo, airgeadra aonair cobhsaf,

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU dul chun cinn eacnamafoch agus sóisialta a chur ar aghaidh dá bpobail, faoi chuimsiú ghnóthú an mhargaidh inmheánaigh agus chomhtháthú agus chosaint an chomhshaoil athneartaithe, agus beartais a chur chun feidhme a áiriitheoidh go mbeidh dul chun cinn comhthreomhar i réimsí eile ag gabháil le haon dul chun cinn sa lánpáirtsocht eacnamafoch,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU saoránacht a bhunú is coiteann do náisiúnaigh a dtíortha,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU comhbheartas eachtrach agus slándála, lena n-áirstear comhbheartas cosanta a chumadh faoi dheireadh, as a dtiocfadh comhchosaint in am tráthá, ag athneartú ar an dóigh sin na féiniúlachta Eorpaf agus a neamhspleáchais, d'fhoinn an tsfocháin, an tsíländáil agus an dul chun cinn san Eoraip agus ar domhan a chur ar aghaidh,

AG ATHDHEARBHÚ a gcuspóir saorghluaiseacht daoine a éascú, agus sábháilteacht agus slándáil a bpobal á n-áirithíú acu, trí fhorálacha ar cheartas agus ar ghnóthaí baile a bheith mar chuid den Chonradh seo,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU leanúint den sforpróiseas ionsar aontas buandúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa ina nglactar cinntí ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir, i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta,

I bhFIANAISE na gcéimeanna eile is gá a ghlacadh chun an lánpáirtsocht Eorpach a chur ar aghaidh,

TAR ÉIS CINNEADH Aontas Eorpach a bhunú agus chun na críche sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar lánchumhachtaigh:

A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH:

Mark EYSKENS,
Aire Gnóthaf Eachtracha;

Pbphilippe MAYSTADT,
Aire Airgeadais;

A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE:

Uffe ELLEMANN-JENSEN,
Aire Gnóthaf Eachtracha;

Anders FOGH RASMUSSEN,
Aire Gnóthaf Eacnamafocha;

UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE:

Hans-Dietrich GENSCHER,
Aire Gnóthaf Eachtracha na Cónaидhme;

Théodor WAIGEL,
Aire Airgeadais na Cónaидhme;

UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAI:

Antonios SAMARAS,
Aire Gnóthaf Eachtracha;

Efthymios CHRISTODOULOU,
Aire an Gheilleagair Náisiúnta;

A SHOILSE RÍ NA SPÁINNE:

Francisco FERNÁNDEZ ORDÓÑEZ,
Aire Gnótháis Eachtracha;

Carlos SOLCHAGA CATALÁN,
Aire Geilleagair agus Airgeadais;

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE:

Roland DUMAS,
Aire Gnótháis Eachtracha;

Pierre BEREGOVY,
Aire Geilleagair, Airgeadais agus an Bhuiséid

UACHTARÁN NA hÉIREANN:

Gerard COLLINS,
Aire Gnótháis Eachtracha;

Bertie AHERN,
Aire Airgeadais;

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE:

Gianni DE MICHELIS,
Aire Gnótháis Eachtracha;

Guido CARLI,
Aire an Státhiste;

A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG:

Jacques F. POOS,
Leas-Phrásomhaire,
Aire Gnóthaí Eachtracha;

Jean-Claude JUNCKER,
Aire Airgeadais;

A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE:

Hans van den BROEK,
Aire Gnóthaí Eachtracha;

Willem KOK,
Aire Airgeadais;

UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE:

João de Deus PINHEIRO,
Aire Gnóthaí Eachtracha;

Jorge BRAGA de MACEDO,
Aire Airgeadais;

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN:

The R.T. HON. Douglas HURD,
Státrúnaf Gnóthaí Eachtracha agus Gnóthaí Comhlathais;

The HON. Francis MAUDE,
Rúnaí Airgeadais, An Státhiste;

NOCH A RINNE, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chur, a thabhairt ar aird a chéile, comhaontú mar a leanas:

TEIDEAL I

FORÁLACHA COITEANNA

AIRTEAGAL A

Leis an gConradh seo, bunafonn na hArdpháirtithe Conarthacha Aontas Eorpach eatarthu féin, dá ngairtear "an tAontas" anseo feasta.

Céim nua sa sforphróiseas ionsar aontas buandluíte a chur ar bun idir pobail na hEorpa is ea an Conradh seo, ina nglactar cinntí ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir.

Fothófar an tAontas ar na Comhphobail Eorpacha arna bhforlónadh ag na beartais agus na cineálacha comhair a hhunaftear sa Chonradh seo. Beidh de chúram air an caidreamh idir na Ballstáit agus idir a bpobail a eagrú ar dhóigh chomhchú agus dhlúthpháirteach.

AIRTEAGAL B

Is iad seo a leanas cuspóirí an Aontais:

- dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta atá cothromúil inbhuanaithe a chur ar aghaidh, go háirithe trí limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chur ar bun, trí chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú agus trí aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a bhunú a chuimseoidh airgeadra aonair faoi dheoidh i gcomhréir le forálacha an Chonartha seo;
- a fhéimiúlacht a dhearbhú ar an ardán idirnáisiúnta, go háirithe trí chomhbheartas eachtrach agus slándála a chur chun feidhme lena n-áirítear comhbheartas cosanta a chumadh faoi dheireadh, as a dtiocfadh comhchosaint in am tráthá;
- cosaint chearta agus leasanna náisiúnaigh a Bhallstát a neartú trí shaoránacht den Aontas a thionscnamh;
- dlúthchomhar a forbairt i réimse ceartais agus gnóthas baile;

- an "acquis communautaire" a choimeád ar bun ina ionláine agus é a fhorbairt d'fhonn a mheas tríd an nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal N(2) a mhéad is gá na beartais agus na cineálacha comhair a thionscnastear sa Chonradh seo a athbhreithniú d'fhonn éifeachtúlacht shásraí agus institiúidí an Chomhphobail a áirithiú.

Bainfear cuspóirí an Aontas amach mar a fhoráiltear sa Chonradh seo agus i gcomhréir leis na coinnfollacha agus leis an tráthchlár atá leagtha amach ann agus prionsabhal na coimhdeachta mar atá sé sainithe in Airteagal 3b den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpáigh á urramú.

AIRTEAGAL C

Beidh ag an Aontascreat aonair institiúideach a áiritheoidh comhchuibheas agus leanúnachas na ngnfomhafochtas a chuirfear i gcríoch chun a chuspóirí a bhaint amach, agus an "acquis communautaire" á urramú agus á fhorbairt.

Féachfaidh an tAontas go háirthe chuig comhchuibheas a gnfomhafochta seachtraí i gcoitíme faoi chuimsiú a chuid beartas maidir le caidreamh eachtrach, slándáil, geilleagar agus forbairt. Beidh an Chomhairle agus an Coimisiún freagrach as an gcomhchuibheas sin a áirithiú. I réimse a gcumhachtaí faoi seach, áiritheoidh siad cur chun feidhme na mbeartas sin.

AIRTEAGAL D

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach don Aontas an spreagadh is gá dá fhorbairt agus saineoidh sí na treoiríntí polaitiúla ginearálta.

Is iad Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát mar aon le hUachtarán an Choiinsiúin a thiocfaidh le chéile sa Chomhairle Eorpach. Beidh de chúnamh acu Airí Gnóthaí Eachtracha na mBallstát agus comhulta amháin den Choiinsiún. Tiocfaidh an Chomhairle Eorpach le chéile ar a laghad dhá uair sa bhliain agus is é Ceannaire Stáit nó Rialtais an Bhallstáit a bheidh ag feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle a bheidh sa chathaoir.

Tíolacfaidh an Chomhairle Eorpach, tar éis gach cruinniú dá cuid, tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa maille le tuarascáil bhliantúil i scríbhinn ar an dul chun cinn atá déanta ag an Aontas.

AIRTEAGAL E

Feidhmeoidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais a gcumhachtaí faoi na coinnfollacha agus chun na gcríoch dá bhforáiltear, ar thaobh amháin, i bhforálacha na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus na gConarthaí agus na nIonstraimí iardain á modhnú nó á bhforlónadh, agus, ar an taobh eile, i bhforálacha eile an Chonartha seo.

AIRTEAGAL F

1. Urramóidh an tAontas féiniúlacht náisiúnta a chuid Ballstát a bhfuil a gcórais rialtais fothaithe ar phrionsabail dhaonlathacha.
2. Urramóidh an tAontas, mar phrionsabail ghinearálta dhíi an Chomhphobail, na cearta bunúsacha inar atá siad áirithe ag an gCóinhhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint arna shíniú sa Róimh ar an 4 Samhain 1950 agus mar a thig siad as na traidisiúní bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit.
3. Beidh ag an Aontas na hAcmhainní is gá chun a chuspóirí a bhaint amach agus a chuid beartas a chur i gcríoch.

TEIDEAL II**FORÁLACHA A LEASAÍONN AN CONRADH AG BUNÚ****CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA****D'FHONN A N C O M H P H O B A L E O R P A C H****A BHUNÚ****AIRTEAGAL G**

Leasófar an Conradh ag bunú Chomphobal Eacnamafochta na hEorpa i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo d'fhonn Comphobal Eorpach a bhunú.

A. Sa Chonradh tríd síos

- 1) Cuirtear "Comphobal Eorpach" in ionad "Comphobal Eacnamafochta na hEorpa".

B. I gCuid a hAon - "Prionsabail"

- 2) Cuirtear an téacs seo a ieanas in ionad Airteagal 2:

"AIRTEAGAL 2

Beidh de chúram ar an gComphobal, trí chómhargadh agus trí aontas eacnamafoch agus airgeadafochta a bhunú agus trí na comhbheartais agus na comhghnformhafochtas dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 3a a chur chun feidhme, dlús a chur ar fud an Chomphobail le forbairt chomhchú, chothromúil ar ghnformhafochtaí eacnamafocha, le fás inbhuanaithe neamhbhoilscitheach a urramáfonn an comhsaoil, le inórchóineasú san fheidhmiú eacnamafoch, le hardleibhéal fostasfochta agus slándála sóisialta agus le hardú ar an gcaighdeán maireachtála agus ar an inianach saoil, le comhtháthú eacnamafoch agus sóisialta agus le dlúthpháirtsocht idir na Ballstáit."

3) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagai 3:

"AIRTEAGAL 3

Chun na gcrsoch atá luaite in Airteagal 2, cuimseoidh gníomhaíocht an Chomhphobail, faoi na coinnfollacha agus de réir an tráthcbláir dá bhforáiltear sa Chonradh seo:

- (a) dieachtanna custaim agus srianta cainnfochtúla ar allmhairiú agus onnmhairiú earraí, agus gach beart eile comhéifeachta, a dhíchur idir na Ballstáit;
- (b) comhbheartas tráchtála;
- (c) margadh inmheánach arb é is príomhthréith ann constaicí in aghaidh saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipítíl a dhíothú idir na Ballstáit;
- (d) bearta maidir le hiontráil agus le gluaiseacht daoine sa mhargadh inmheánach mar a fhoráiltear in Airteagal 100c;
- (e) comhbheartas i réimsí na talmhaíochta agus an iascaigh;
- (f) comhbheartas i réimse an iompair;
- (g) córas a áiritheoidh nach saobhtar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach;
- (h) dílse na mBallstát a chomhfhogasú a mhéad is gá d'oibriú an chómhargaídí;
- (i) beartas sa réimse sóisialta lena n-airistear Ciste Sóisialta na hEorpa;
- (j) an comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú;
- (k) beartas i réimse an chomhshaoil;
- (l) cumas iomaíochta tionscal Comhphobail a neartú;
- (m) an taighde agus an fhorbairt theicneolaíoch a chur ar aghaidh;
- (n) bunú agus forbairt gréasán traseorpach a chothú;
- (o) rannchuidiú le hardleibhéal cosaint sláinte a bhaint amach;
- (p) rannchuidiú le hoideachas agus le hoiliúint de chaighdeán a chur ar fáil agus le borradh chultúir na mBallstát;
- (q) beartas i réimse an chomhair um fhorbairt;
- (r) na tíortha agus na críochana thar lear a chomhlachú d'fhoinn trádáil a mhéadú agus forbairt eacnamaíoch agus sóisialta a chur ar aghaidh i gcomhar le chéile;
- (s) rannchuidiú le cosaint an tomholtóra a neartú;
- (t) bearta i réimsí an fhuinnimh, na cosanta sibhialta agus na turasóireachta."

4) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 3a

1. Chun na gcríoch atá lúaithe in Airteagal 2, cuimseoidh gníomhafochtaí na mBallstát agus an Chomhphobail, faoi na coinnfollacha agus de réir an tráthchláir dá bhforáiltear sa Chonradh seo, beartas eacnamafoch a ghlacadh atá fothaithe ar chomhordú dlúth idir beartais eacnamafocha na mBallstát, ar an margadh inmheánach agus ar shainiú comhchuspóirí agus a sheoltar i gcomhréir le prionsabal geilleagar margaidh oscailte le saoriomafocht.
2. Go comhthreomhar leis sin, agus faoi na coinnfollacha agus de réir an tráthchláir dá bhforáiltear sa Chonradh seo, cuimseoidh na gníomhafochtaí sin rátaí malaire a shocrú go neamh-inchúlgairthe as a dtiocfaidh tionscnamh airgeadra aonair, an tECU, beartas aonair airgeadafochta agus beartas aonair rátaí malaire a shainiú agus a sheoladh arb é is cuspóir príomhúil leo araon cobhsafocth phraghsanna a choiineád ar bun agus, gan dochar don chuspóir sin, tacú leis na beartais eacnamafocha ginearálta sa Chomhphobal, i gcomhréir le prionsabal geilleagar margaidh oscailte le saoriomafocht.
3. Béarfaidh gníomhafochtaí sin na mBallstát agus an Chomhphobail go ndéanfar na treoirphrionsabail seo a leanas a urrainn: praghsanna cobhsaf, airgeadas poiblís fóntha agus dálaí airgeadafochta fóntha agus comhardú inbhuanaithe focafochtaí."

5) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 3b

Gníomhóidh an Comhphobal faoi theorainn na gcumhachtaí a thugtar dó sa Chonradh seo agus na gcuaspóirí a shanntar dó ann.

I réimsí nach dtig faoina inniúlacht eisiach, ní ghníomhóidh an Comhphobal, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ach amháin mura féidir agus a mhéad nach féidir cuspóirí na gníomhafochta arna beartú a ghnóthú go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus gur féidir, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge agus iarmhairtí na gníomhafochta arna beartú, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Chomhphobail.

Ní rachaidh aon ghníomhafocht de chuid an Chomhphobail thar a bhfuil riachtanach cbun cuspóirí an Chonartha seo a bhaint amach."

6) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"AIRTEAGAL 4

1. Na cúramí a chuirtear ar an gComhphobal, beidh siad le cur i gcríoch ag na hinstiúidí seo a leanas:

- PARLAIMINT NA hEORPA,
- COMHAIRLE,
- COIMISIÚN,
- CÚIRT BHREITHIÚNAIS,
- CÚIRT INTÚCHÓIRÍ.

Gníomhóidh gach institiúid acu faoi theorainn na gcumhactaí a thugtar di sa Chonradh seo.

2. Beidh de chúnamh ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún Coiste Eacnamafoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún ag gníomhú i gcáil chomhairleach dóibh."

7) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"AIRTEAGAL 4a

Bunófar Córas Eorpach Bainc Cheannais (dá ngairtear "CEBC" anseo feasta) agus Banc Ceannais Eorpach (dá ngairtear "BCE" anseo feasta) i gcomhréir leis na nónsanna imeachta atá leagtha sfos sa Chonradh seo; gníomhóidh siad faoi theorainn na gcumhactaí a thugtar dóibh sa Chonradh seo agus i Reacht CEBC agus BCE (dá ngairtear "Reacht CEBC" anseo feasta) atá i gceangal leis.

AIRTEAGAL 4b

Bunófar leis seo Banc Eorpach Infheistfochta a ghníomhóidh faoi theorainn na gcumhachtas a thugtar dó sa Chonradh seo agus sa Reacht atá i gceangal leis."

- 8) Aisghairtear Airteagal 6 agus déantar Airteagal 6 d'Airteagal 7. Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an dara mír:

"Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 189c, rialacha a ghlacadh chun idirdhealú den sórt sin a thoirmeasc."

- 9) Déantar Airteagail 7, 7a, 7b agus 7c d'Airteagail 8, 8a, 8b agus 8c faoi seach.

C. Cuirtear isteach an Chuid seo a leanas:

"C U I D A D Ó

SAORÁNACHT

AN AONTAIS

AIRTEAGAL 8

1. Tionscnastear leis seo saoránacht den Aontas.

Is saoránach den Aontas é gacb duine a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit aige.

2. Beidh ag saoránaigh an Aontais na cearta a thugtar sa Chonradh seo agus beidh siad faoi réir na ndualgas a fhorchuirtear ann.

AIRTEAGAL 8a

1. Beidh an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinnfollacha dá bhforáiltear sa Chonradh seo agus sna forálacha arna nglacadh lena chur chun feidhme.
2. Féadfaidh an Chomhairle forálacha a ghlacadh d'fhonn feidhmiú na gceart dá dtagraítear i mór 1 a éascú; mura bhforáiltear a mhalairet sa Chonradh seo, gníomhóidh sé d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis do Pharlaimint na hEorpa aontú.

AIRTEAGAL 8b

1. Beidh ag gach saoránach den Aontas a bhfuil cónaí air i mBallstát nach náisiúnach de é an ceart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát ina bhfuil cónaí air, faoi na coinnfollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin. Feidhmeofar an ceart sin faoi réir rialacha mionsonraithe a ghlacfaidh an Chomhairle roimh an 31 Nollaig 1994, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa; féadfaidh na rialacha mionsonraithe sin maoluithe a fhoráil nuair a dhíonn fadhbanna is sonrach do Bhallstát é.
2. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 138(3) agus do na forálacha arna nglacadh lena chur chun feidhme, beidh ag gach saoránach den Aontas a bhfuil cónaí air i mBallstát nach náisiúnach de é an ceart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Bhallstát ina bhfuil cónaí air, faoi na coinnfollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin. Feidhmeofar an ceart sin faoi réir rialacha mionsonraithe a ghlacfaidh an Chomhairle roimh an 31 Nollaig 1993, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa; féadfaidh na rialacha mionsonraithe sin inaoluithe a fhoráil nuair a dhíonn fadhbanna is sonrach do Bhallstát é.

AIRTEAGAL 8c

Tairbheoidh gach saoránach den Aontas ar chríoch tríú thír nach bhfuil ionadafocht inti ag an mBallstát ar náisiúnach de é de chosaint ó údarás taidhleoireachta agus consalacha aon Bhallstáit faoi na coinnfollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin. Roimh an 31 Nollaig 1993, déanfaidh na Ballstáit eatarthu féin na rialacha is gá a bhunú agus rachaidh siad i mbun na caibidilfochta idirnáisiúnta is gá chun an chosaint sin a áirithíú.

AIRTEAGAL 8d

Beidh ceart achainf ag gach saoránach den Aontas os comhair Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le forálacha Airteagal 138d.

Féadfaidh gach saoránach den Aontas dul ar iontaoibh an Ombudsman arna bhunú i gcomhréir le forálacha Airteagal 138e.

AIRTEAGAL 8e

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choiste Eacnamafoch agus Sóisialta roimh an 31 Nollaig 1993, agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, ar chur chun feidhme fhorálacha na Coda seo. Cuirfidh an tuarascáil sin forbairt an Aontais san áireamh.

Féadfaidh an Chomhairle, ar an mbonn sin agus gan dochar d'fhorálacha eile an Chonartha seo, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, forálacha a ghilcadh chun na cearta dá bhforáiltear sa Chuid seo a chomhlánú, agus molfaidh sí na forálacha sin do na Ballstáit lena nglacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach."

D. Cuirtear Cuid a Dó agus Cuid a Trí le chéile faoin Teideal seo a leanas:

"C U I D A T R Í

BEARTAIS

AN CHOMHPHOBAIL"

agus sa Chuid seo:

10) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad na chéad abairte d'Airteagal 49:

"A luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189b agus tar éis dul i gcomhairle

leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, trí bhfithin treoracha nó rialachán, na bearta is gá chun saoirse ghluaiseachta d'oirbrithe, mar atá sé sainithe in Airteagal 48, a thabhairt i gcrfch i gcéimeanna comhleanúnacha, go háirithe."

11) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 54(2):

"2. Chun an clár ginearálta sin a chur chun feidhme nó, d'éagmasí cláir den sórt sin, chun céim a bhaint amach i dtreo na saoirse bunafochta i gcás gníomhafochta áirithe, gníomhóidh an Chomhairle trí bhfithin treoracha, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraistear in Airteagal 189b agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta."

12) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 56(2):

"2. Roimh dheireadh na hidirthréimse, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, treoracha a ghlacadh chun na forálacha reachtafochta nó rialúcháin nó riarracháin réamhluaithe a chomhordú. Tar éis dheireadh an dara céim, áfach, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraistear in Airteagal 189b, treoracha a ghlacadh chun comhordú a thabhairt, i ngach Ballstát, ar na forálacha sin a bhaineann le cursaí rialúcháin nó riarracháin."

13) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 57:

"AIRTEAGAL 57

1. Chun gur fusa do dhaoine gabháil le gníomhafochtaí agus iad a shaothrú mar dhaoine féinhostaithe, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraistear in Airteagal 189b, treoracha a ghlacadh chun dioplómaí, teastais agus cruthúnais eile ar cháilfochaí foirmiúla a aithint go frithpháirteach.

2. Chun na críche céanna, déanfaidh an Chomhairle, roimh dheireadh na hidirthréimhse, treoracha a ghlacadh chun comhordú a thabhairt ar na forálacha reachtafochta nó rialúcháin nó riarracháin i mballstáit i dtaobh gabháil le gníomhafochtaí agus iad a shaothrú mar dhaoine

féinfeastaithe. Déanfaidh an Chomhairle, ag gniomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, treoracha a ghlaicadh ar gá, chun iad a chur chun feidhme i mBallstát amháin ar a laghad, leasú a dhéanamh ar na prionsabail reachtasochta atá ann cheana a bhaineann le córas rialú na ngairmeacha maidir le hoiliúint agus le coinnfollacha rochtana do dhaoine nádúrtha. I gcásanna eile, gniomhóidh an Chomhairle i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraftear in Aireagal 189b.

3. I gcás ghairm na mfochaine agus gairmeacha gaolmhara agus ghairm na cógaisfocanta, beidh an díothú comhleanúnach ar shrianta ag brath ar chomhordú coinnfollacha a gleachta sin sna Ballstáit éagsúla."

14) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 4:

**"CAIBIDIL 4
CAIPITEAL AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ"**

15) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

***AIRTEAGAL 73a**

Amhail ón 1 Eanáir 1994, cuirfear Airteagail 73b, 73c, 73d, 73e, 73f agus 73g in ionad Airteagail 67 go 73.

AIRTEAGAL 73b

1. Faoi chuimsiú na bhforálacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo, toirmiscfear na srianta uile ar ghlúaiseacht chaipítel idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tortha.
2. Faoi chuimsiú na bhforálacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo, toirmiscfear na srianta uile ar focafochtaí idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tortha.

AIRTEAGAL 73c

1. Beidh forálacha Airteagal 73b gan dochar do chur chun feidhme i leith tríú tortha srianta atá ann ar an 31 Nollaig 1993 faoin dlí náisiúnta nó Comhphobail arna ghlacadh i ndáil le gluaiseacht chaipitil chuig tríú tortha nó uathu a bhaineann le hinfheistfacht dhfreach, lena n-áirtear infheistfacht in eastát réadach, le bunafocht, le soláthar seirbhísí airgeadais nó le hurruis a ligean isteach ar mhargáil caipitil.
2. Agus f ag iarraidh cuspóir na saorghluaiseachta caipitil a bhaint amach idir na Ballstáit agus tríú tortha a mhéad is féidir agus gan dochar do Chaibidil eile an Chonartha seo, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cailithe ar thogra ón gCoimisiún, bearta a ghlacadh ar gluaiseacht chaipitil chuig tríú tortha nó uathu a bhaineann le hinfheistfacht dhfreach, lena n-áirtear infheistfacht in eastát réadach, le hunafocht, le soláthar seirbhísí airgeadais nó le hurruis a ligean isteach ar mhargáil caipitil. Ní foláir a bheith d'aon toil inairid le bearta faoin mís seo atá in ionannas le céim siar i ndíl an Chomhphobail i dtaca le léirscaoileadh gluaiseacht chaipitil chuig tríú tortha nó uathu.

AIRTEAGAL 73d

1. Beidh forálacha Airteagal 73b gan dochar do cheart Ballstát:
 - (a) forálacha ábhartha a ndíl cánach a chur chun feidhme a idirdhealaíonn idir cáinfeicír nach bhfuil sa ríocht céanna maidir lena n-áit chónaithe nó maidir leis an áit ina hhfuil a gcuid caipitil infheistithe;
 - (b) gach beart fíor-riachtanach a ghlacadh chun sárúithe ar an dlí náisiúnta agus ar rialacháin náisiúnta a chosc, go háirithe i réimse an chánachais agus maoirseacht stuamachta ar institiúidiúil airgeadais, nó nósanna imeachta a leagan síos maidir le dearbhuithe um gluaiseachtaí caipitil chun críocha faisnéise riarthar nó staidrimh, nó bearta a ghlacadh a dhiltear ar fhórais an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí.
2. Beidh forálacha na Caibidle seo gan dochar d'infheidhmeacht na srianta ar an gceart hunafolta atá ag lú leis an gConradh seo.
3. Ní fhéadfar áis a bhaint as na hearta ná na nósanna imeachta dá dtagraítear i msfreanna 1 agus 2 le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar shaorghluaiseacht chaipitil agus socafochtaí mar atá sé sainithe in Airteagal 73b.

AIRTEAGAL 73e

De mhaolú ar Airteagal 73b, beidh na Ballstáit, a bheidh ag tairbhiú ar an 31 Nollaig 1993 de mhaolú de bhun dhíl an Chomhphobail atá ann, i dteideal srianta ar gluaiseachtaí caipítí arna n-údarú ag a mbeidh ann de mhaoluithe den sórt sin ar an dáta sin a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 1995 ar a dhéanaf.

AIRTEAGAL 73f

Má bhíonn, in imthosca eisceachtúla, gluaiseachtaí caipítí chuiig trí fíorthá ná uathu ina gcuíis, ná ag bagairt bheith ina gcuíis, le deacrachtaí tromchúiseacha d'oiríú an aontais eacnamafoch agus airgeadafochta, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, bearta coimirce a ghlacadh i leith trí fíorthá go feadh tréimhse nach mó ná sé mhí, má tá fíoradhá le bearta den sórt sin.

AIRTEAGAL 73g

1. Má mheastar, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 228a, gur gá gníomhafocht Chomhphobail, féadfaidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 228a, na bearta práinneacha is gá a ghlacadh ar an ngluaiseacht chaipítí agus ar focafochtaí maidir leis na trí fíorthá i dtrácht.
2. Gan dochar d'Airteagaf 224 agus fad nach bhfuil bearta glactha ag an gComhairle de bhun mhír 1, féadfaidh Ballstát, ar chúiseanna tromchúiseacha polaitiúla agus ar fhórais phráinne, bearta aontaobhacha a ghlacadh i leith trí tir i ndáil le gluaiseacht chaipítí agus le hfoacafochtaí. Cuirfear an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi bhearta den sórt sin faoi dháta a dteacht i bhfeidhm ar a dhéanaf.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh go mbeidh ar an mBallstát i dtrácht bearta den sórt sin a leasú ná a dhíothú. Cuirfidh Uachtaráin na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin arna ghlacadh ag an gComhairle.

AIRTEAGAL 73h

Go dtí an 1 Eanáir 1994 beidh na forálacha seo a leanas infheidhme:

1. Gabhann gach Ballstát air féin aon focafochtaí i ndáil le gluaiseacht earráil, seirbhíss nó caipítíl, agus aon aistrithe caipítíl nó tuillimh a údarú in airgeadra an Bhallstáit ina gceónaonn an creidiúnáis nó an tairbhí, a mhéad atá gluaiseacht earráil, seirbhíss, caipítíl agus daoine idir Ballstáit léirsaoilte de bhun an Chonartha seo.

Dearbhafonn na Ballstáit go bhfuil siad ullamh chun léirscaoileadh focafochtaí a ghabháil orthu fín thar an méid dá bhforáiltear san fhomhír roimhe seo, a mhéad a cheadaítear amhlaidh ag a gcor eacnamafocb i gcoitinne agus ag staid chomhardú a n-focafochtaí go sonrach.

2. A mhéad nach dteorainnatear gluaiseachtaí earráil, seirbhíss agus caipítíl ach amháin ag srianta ar focafochtaí i ndáil leo, díothófar na srianta sin go comhleanúnach trí fhórálacha na Caibidle seo agus na gCaibidlí a bhaineann le díothú srianta cainnfiochtúla a cbur chun feidhme, mutatis mutandis, agus ar léirscaoileadh seirbhíss.
3. Gabhann na Ballstáit orthu fín gan aon srianta nua a thabhairt isteach eatarthu fín ar aistrithe i ndáil leis na hidirbhearta dosheicthe atá liostaithe in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gConradh seo.

Déanfar na srianta atá ann a dhíothú go comhleanúnach i gcomhréir le forálacha Airteagail 63 go 65, a mhéad nach bhfuil díothú den sórt sin rialaithe ag na forálacha i mífreanna 1 agus 2 nó ag forálacha eile na Caibidle seo.

4. Más gá, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile ar na bearta a ghlacfar chun gur féidir na hfocafochtaí agus na haistrithe atá luité san Airteagal seo a dhéanamh; ní dhéanfaidh bearta den sórt sin dochar do bhaint amach na gcuspóirí atá leagtha amach sa Chonradh seo."

16) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 75:

"AIRTEAGAL 75

1. Chun Airteagal 74 a chur chun feidhme agus ag cur sainghnéithe an iompair san áireamh, leagfaidh an Chomhairle síos, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 189c agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta:
 - (a) comhrialacha is infheidhme maidir le hiompar idirnáisiúnta go críoch Bhallstáit nó uaidh nó ag gabháil trí chríoch Bhallstáit amháin nó níos mó;
 - (b) na coinnfollacha faoina bhféadfaidh carraeirs nach bhfuil cónas orthu ann seirbhíss iompair a oibriú laistigh de Bhallstát;
 - (c) na bearta ar mhaithe le feabhas a thabhairt ar shábháilteacht an iompair;
 - (d) aon fhórálacha eile is fóinteach.
2. Déanfar na forálacha dá dtagraftear in (a) agus (b) de mhír 1 a leagan sfos le linn na hidirthréimhse.
3. De mhaolú ar an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 1, i gcás ina bhféadfaidh cur chun feidhme na bhforálacha maidir le prionsabail an chórais rialúcháin don iompar éifeacht thromchúiseach a bheith aige ar an gcaighdeán maireachtála agus ar an bhfostasfacht i limistéir áirithe agus ar oibriú saoráidí iompair, leagfaidh an Chomhairle síos iad, ag gufomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta. Á leagan amach di, cuirfidh an Chomhairle san áireamh an riachtanas atá le hoiriúnú don fhorbairt eacnamafoch a thiocfaidh den chómhargadh a bhunú."

17) I gCuid a Trí, cuirtear an teideal seo a leanas in ionad Theideal I:

"TEIDEAL V
Comhrialacha
maidir le hiomasfacht, le cánachas
agus le comhfhogasú reachtafchta"

18) In Airteagal 92(3):

— cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"(d) cabhair chun cultúr agus caomhnú na hoidhreachta a chur ar aghaidh nuair nach gcuireann sí isteach ar dhálaí trádála agus iomafochta sa Chomhphobal go feadh méid atá bunoscionn leis an leas coiteann."

— déantar (e) den (d) atá ann.

19) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 94:

"AIRTEAGAL 94

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, aon rialacháin iomchuf a dhéanamh chun Airteagail 92 agus 93 a chur chun feidhme, agus féadfaidh sí go háirithe na coinnfollacha ina mbeidh Airteagal 93(3) infheidhme a chinneadh mar aon leis na cineálacha cabhrach atá eiscthe ón nós imeachta seo."

20) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 99:

"AIRTEAGAL 99

Giacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, na forálacha maidir le comhchuibhiú reachtasochta a bhaineann le cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus cineálacha eile cánachais indírigh a mhéad is gá an comhchuibhiú sin chun bunú agus oibriú an mhargaidh inmhícánaigh a áirithiú laistigh den tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 7a."

21) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 100:

"AIRTEAGAL 100

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, treoracha a ghlacadh le haghaidh chomhfhogasú fhorálacha reachtafochta nó rialúcháin nó riacháin na mBallstát a dhéanann difear go dtíreach do bhunú nó d'oiriú an chómhargaidh."

22) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 100a(1):

"1. De mhaolú ar Airteagal 100 agus ach amháin mar a bhforáltear a mhalaírt sa Chonradh seo, beidh na forálacha seo a leanas infheidhme d'fhoinn na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 7a a bhaint amach. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189b agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, na bearta maidir le comhfhogasú na bhforálacha reachtafochta nó rialúcháin nó riacháin atá ceaptha sna Ballstáit chun an margadh inmheánach a bhunú agus a oibriú."

23) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 100c

1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na tríú tfortha a chinneadh a mbeidh ar a náisiúnaigh viosa a bheith ina seilbh acu nuair a bheidh teorainneacha seachtracha na mBallstát á dtrasnú acu.

2. Ar a shon sin, i gcás riocht éigeandála i dtríú thír bheith ag bagairt plódú tobann náisiúnach ón thír sin isteach sa Chomhphobal, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cailithe ar mholadh ón gCoimisiún, riachtanas viosa le haghaidh náisiúnach ón thír i dtrácht a thabhairt isteach ar feadh tréimhse nach mó ná sé mhí. Féadfar an riachtanas viosa arna bhunú faoin msr seo a fhadú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i msr 1.

3. Ón 1 Eanáir 1996, gnsomhóidh an Chomhairle trí thromlach cártaí ar na cinní dá dtagraftear i mír 1. Déanfaidh an Chomhairle, roimh an dáta céanna, ag gnsomhú di trí thromlach cártaí ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na bearta a ghlaicadh maidir le formáid chomhionann do vífosaf.
4. Sna réimsí dá dtagraftear san Airteagal seo, ní foláir don Choimisiún aon iarraidh ó Bhallstát a scrúdú go ndéanfadh an Coimisiún togra don Chomhairle.
5. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'fheidhmiú na bhfreagrachtaí is dlite de na Ballstáit maidir leis an ord poiblí a chaomhnú agus an tslándáil intíre a choimirciú.
6. Beidh forálacha an Airteagail seo infheidhme i leith ábhar eile má chinntear gurb amhlaidh a bheidh de bhun Airteagal K.9 d'fhorálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach a bhaineann leis an gcomhar i réimsí ceartais agus gnótháí baile agus faoi réir an nós imeachta vótala arna sainiú san am céanna.
7. Forálacha na gcoinbhinsiún atá i bhfeidhm idir na Ballstáit a rialaíonn ábhair a chuimsíonn an tAirteagal seo, leanfaidh siad de bheith i bhfeidhm go dtí go ngabhfaidh treoracha nó bearta arna nglacadh de bhun an Airteagail seo ionad a n-inneachair."

24) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 100d

An Coiste Comhordaithe ar a mbeidh ardfeidhmeannaigh ó na Ballstáit arna chur ar bun ag Airteagal K.4 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, rannchuídeoidh sé, gan dochar d'fhorálacha Airteagal 151, le hullmhúimeachtaí na Comhairle sna réimsí dá dtagraftear in Airteagal 100c."

25 Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Theideal II, Caibidíl 1, 2 agus 3 i gCuid a Trí:

**"TEIDEAL VI
BEARTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA**

***CAIBIDIL 1
BEARTAS EACNAMAÍOCH***

AIRTEAGAL 102a

Seolfaidh na Ballstáit a mbeartais eacnamafocha d'fhoinn rannchuidiú le gnóthú chuspóirí an Chomhphobail, mar atá siad sainithe in Airteagal 2, agus faoi chuimsiú na dtreoirlínte dá dtagraítear in Airteagal 103(2). Gníomhóidh na Ballstáit agus an Comhphobal i gcomhréir le prionsabal geilleagar margaidh oscailte le saoriomafochta ar mhaithe le cionroinnt éifeachtach ar acmhainní agus ag comhlíonadh na bpriansabal atá leagtha amach in Airteagal 3a.

AIRTEAGAL 103

1. Measfaidh na Ballstáit gur ábhar leasa choitinn a mbeartais eacnamafocha agus déanfaidh siad comhordú orthu i dtionól na Comhairle, i gcomhréir le forálacha Airteagal 102a.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar moladh ón gCoimisiún, dréacht a fhoirmíú de mhór-threoirlínte bheartais eacnamafocha na mBallstát agus an Chomhphobail agus déanfaidh sí tuarascáil ar a machnamh don Chomhairle Eorpach.

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di ar bhonn na tuarasacála sin ón gComhairle, conclúid a phlé ar mhór-threoirlínte bheartais eacnamafocha na mBallstát agus an Chomhphobail.

Ar bhonn na conclúide sin, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, moladh a shonróidh na mór-threoirlínte sin. Cuirfidh an Chomhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoina moladh.

3. D'fhoinn comhordú níos dlúithe ar na beartais eacnamafocha agus cóineasú marthanach ar feidhmíú eacnamafoch na mBallstát a áirithiú, déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn

tuarascálacha a chuirfidh an Coimisiún faoina bráid, faireachán ar fhorbairt eacnamaíoch i ngach ceann de na Ballstáit agus sa Chomhphobal agus ar chomhchuibheas na mbeartas eacnamaíoch leis na mó�-threoirínté dá dtagraítear i mír 2 agus measúnú foriomlán go tráthrialta.

Chun críocha an fhaireacháin iltaobhaigh sin, cuirfidh na Ballstáit faisnéis chuir an gCoimisiún ar bhearta tábhachtacha arna nglacadh acu i réimse a mbeartais eacnamaíoch agus pé faisnéis eile a mheasann siad is gá.

4. Má shuitear, faoi chuimsiú an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3, nach bhfuil beartais eacnamaíocha Bhallstáit comhchuí leis na mó�-threoirínté dá dtagraítear i mír 2 nó gur dóigh dóibh oibriú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a chur i gcontúirt, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar mholadh ón gCoimisiún, na moltaí is gá a dhíriú chuir an mBallstát i dtrácht. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún, a moltaí a phoiblíú.

Déanfaidh Uachtaráin na Comhairle agus an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa ar thorthaí an fhaireacháin iltaobhaigh. Féadfar a iarráidh ar Uachtaráin na Comhairle láithriú os comhair choiste inniuil Pharlaimint na hEorpa má bhíonn a moltaí poiblithe ag an gComhairle.

5. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189c, rialacha mionsonraithe a ghlacadh don nós imeachta fhaireacháin iltaobhaigh dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo.

AIRTEAGAL 103a

1. Gan dochar d'aon nósanna imeachta eile dá bhforáiltear sa Chonradh seo, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is iomchúf don chor eacnamaíoch a chinneadh, go háirithe má tharlaíonn mórdheacrachtaí maidir le soláthar táirgí áirithe.

2. I gcás Ballstát a bheith i ndeacrachtaí nó géardheacrachtaí a bheith ag dianbbagairt air de bhun tarluithe eisceachtúla nach bhfuil neart aige orthu, féadfaidh an Chomhairle ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, cabhair airgeadais Chomhphobail a dheonú faoi choinnfollacha áirithe don Bhallstát i dtrácht. Nuair is de bharr tubaistí nádúrtha atá na géardheacrachtaí ann, féadfaidh an Chomhairle gníomhú trí thromlach cálithe. Cuirfidh Uachtaráin na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gcinneadh a glacadh.

AIRTEAGAL 104

I. Toirmiscfear ar BCE agus ar bhainc cheannais na mBallstát (dá ngairtear "bainc cheannais náisiúnta" anseo feasta) saoráidí rótharraingtí nó aon saoráid chreidmheasa de shaghas ar bith eile a thabhairt i bhfabhar institiúidí nó comhlactas Comphobail, Rialtais Láir, údarás réigiúnach nó áitiúil nó údarás poiblí eile, comhlactas eile arna rialú faoin díl poiblí nó gnóthas poiblí sna Ballstáit, agus toirmiscfear freisin ar BCE nó ar bhainc cheannais náisiúnta ionstraimfiachais a cheannach go díreach uathu.

2. Ní bheidh forálacha mhír 1 infheidhme ar institiúidí creidmheasa ar úinéireacht phoiblí ar a gcuirfidh bainc cheannais náisiúnta agus BCE, i geomhthéacs soláthar cúlchistí ó bhainc cheannais, an chóir chéanna a chuirtear ar institiúidí creidmheasa príobháideacha.

AIRTEAGAL 104a

1. Toirmiscfear aon bheart, nach bhfuil bunaithe ar dhálaí stuamachta, a thugann rochtain phribhléideach d'ínsituíidí nó eomhlactas Comphobail, do Rialtais Láir, d'údaráis réigiúnacha nó áitiúla nó d'údaráis phoiblí eile, do chomhlactas eile arna rialú faoin díl poiblí nó do ghnóthais phoiblí sna Ballstáit ar institiúidí airgeadais.

2. Déanfaidh an Chomhairle, roimh an 1 Eanáir 1994, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189c, sainmhísnithe a shonrú maidir le cur chun feidhme an toirmisc dá dtagraítear i mír 1.

AIRTEAGAL 104b

1. Ceangaltais Rialtais Láir, údarás réigiúnach nó áitiúil nó údarás poiblí eile, comhlactas eile arna rialú faoin díl poiblí nó gnóthas poiblí de chuid aon Bhallstáit, ní bheidh an Comphobal faoi dhliteanas ina leith ná ní ghabhfaidh sé air féin iad, gan dochar do ráthasochtais airgeadais frithpháirteacha ar mhaithe le comhghnóthú tionscadail shonraigh. Ceangaltais Rialtais Láir, údarás réigiúnach nó áitiúil nó údarás poiblí eile, eomhlactas eile arna rialú faoin díl poiblí nó gnóthas poiblí de chuid Ballstáit eile, ní bheidh Ballstát faoi dhliteanas ina leith, ná ní ghabhfaidh sé air féin iad, gan dochar do ráthasochtais airgeadais frithpháirteacha ar mhaithe le comhghnóthú tionscadail shonraigh.

2. Féadfaidh an Chomhairle, más gá, ag gnsomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 189c, sainmhísnithe a shonrú maidir le cur chun feidhme na dtoirmheasc dá dtagraftear in Airteagal 104 agus san Airteagal seo.

AIRTEAGAL 104c

1. Seachnóidh na Ballstáit easnaimh rialtais iomarcacha.
2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fhorbairt an choir bhuiséadaigh agus ar stoc an fhiachais rialtais sna Ballstáit d'fhonn ollearráidí a shainaithint. Scrúdóidh sé ach go háirithe comhlíonadh smachta bhuiséadaigh ar bhonn an dá chritéar seo a leanas:
 - (a) an dtéann an cóimheas idir an t-easnamh rialtais pleánálte nó iarbhfír agus an olltáirgeacht intre thar luach tagartha,
 - mura bhfuil an cóimheas tar éis fslíú go suntasach, leanúnach agus mura bhfuil sé tar éis leibhéal a shroicheadh atá gar don luach tagartha;
 - nó, ina mhalaire de chás, mura bhfuil an farasbarr thar an luach tagartha eisceachtúil agus sealadach amháin agus mura bhfanann an cóimheas gar don luach tagartha;
 - (b) an dtéann an cóimheas idir an fiachas rialtais agus an olltáirgeacht intre thar luach tagartha, mura bhfuil an cóimheas ag laghdú a dhóthain agus ag druidim ar luas sásúil leis an luach tagartha.

Sonraftear na luachanna tagartha sa Phrótacl maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh seo.

3. Mura ndéanann Ballstát na ceanglais faoi cheann amháin de na critéir sin nó faoin dá cheann a chomhall, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil. Cuirfear san áireamh freisin i dtuarascáil an Choimisiún an dtéann an t-easnamh rialtais thar chaiteachas infheistíochta rialtais maille le gach toisc ábhartha eile lena n-áirítear cor eacnamafoch agus buiséadach meántéarmach an Bhallstáit.

Féadfaidh an Coimisiún tuarascáil a ullmhú freisin má tá sé den tuairim, d'ainneoin chomhall na gceanglas faoi na critéir, go bhfuil baol easnaimh iomarcaigh ann i mBallstát.

4. Foirmeoídh an Coiste dá bhforáiltear in Airteagal 109c tuairim ar thuarascáil an Choimisiúin.

5. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil easnamh iomarcach nó baol easnaimh iomarcaigh ann i mBallstát, déanfaidh sé tuairim a dhíriú chuig an gComhairle.

6. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trú thromlach cálithe ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis aon bharúlacha a chur san áireamh is mian leis an mBallstát i dtrácht a chur faoina bráid, a chinneadh tar éis measúnú foriomlán an bhfuil easnamh iomarcach ann.

7. Má chinntear de réir mhír 6 go bhfuil easnamh iomarcach ann, déanfaidh an Chomhairle moltaí a dhíriú chuig an mBallstát i dtrácht chun deireadh a chur leis an gcor sin laistigh de thréimhse a thugtar. Faoi réir fhorálacha mhír 8, ní dhéanfar na moltaí sin a pboiblíú.

8. Má shuionn an Chomhairle nach bhfuil aon ghníomhafocht éifeachtach déanta mar fhreagra ar a moltaí laistigh den tréimhse fhorordaithe, féadfaidh sí a moltaí a phoiblíú.

9. Má leanann Ballstát de bheith ag mainneachtain na moltaí ón gComhairle a chur i ngníomh, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh foláireamh a thabhairt don Bhallstát bearta a ghlacadh laistigh de thréimhse shonraithe chun an laghdú easnaimh a bhaint amach a mheasann an Chomhairle a bheith riachtanach chun an cor a leigheas.

Féadfaidh an Chomhairle, i gcás den sórt sin, a iarraidh ar an mBallstát i dtrácht tuarascálacha a chur chuici de réir tráthchláir shonraigh chun iarrachtaí coigeartaithe an Bhallstáit sin a scrúdú.

10. Ní fhéadfar na cearta chun caingne a thionscnamh, dá bhforáiltear in Airteagail 169 agus 170, a fheidhmiú faoi chuimsiú mhíreanna 1 go 9 den Airteagal seo.

11. Fad nach gcomhlíonnann Ballstát cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le mír 9, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh beart nó bearta de na cinn seo a leanas a chur chun feidhme nó, de réir mar a bheidh, a threisiú:

— a cheangal ar an mBallstát i dtrácht tuilleadh faisnéise, a shonróidh an Chomhairle, a fhoiliú sula n-eiseoidh sé bannaf agus urruis;

- a iarraidh ar an mBanc Eorpach Infheistíochta a bheartas a athbhreithniú maidir le hiasachtaí a thabhairt don Bhallstát i dtrácht;
- a cheangal ar an mBallstát i dtrácht taisce neamhúsmhar de mhéid iomchuf a dhéanamh leis an gComphobal go dtí go measfaidh an Chomhairle go bhfuil an t-easnamh iomarcach ceartaithe;
- fíneálacha iomchuf a ghearradh.

Cuirfidh Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na cinntí a glacadh.

12. Déanfaidh an Chomhairle cuid de na cinntí nó na cinntí uile dá dtagraítear i míreanna 6 go 9 agus 11 a aisghairm a mhéad atá an t-easnamh iomarcach sa Bhallstát i dtrácht ceartaithe, dar léi. Má tá moltaí poiblí déanta ag an gComhairle roimhe sin, déanfaidh sí, a luaithe a aisghairfear an cinneadh faoi mhír 8, ráiteas poiblí nach bhfuil easnamh iomarcach ann a thuilleadh sa Bhallstát i dtrácht.

13. Agus na cinntí ón gComhairle dá dtagraítear i míreanna 7 go 9, 11 agus 12 á nglacadh aici, gníomhóidh an Chomhairle ar mholadh ón gCoimisiún trí thromlach dhá thrian vótáis a comhaltaí arna n-ualú i gcomhréir le hAirteagal 148(2) agus seachas vótáis ionadaí an Bhallstáit i dtrácht.

14. Tá a thuilleadh forálacha maidir le cur chun feidhme an nós imeachta atá tuairiscithe san Airteagal seo leagtha amach sa Phrótaícal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh seo.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le BCE, na forálacha iomchuf a ghlaicadh a chuirfear in ionad an Phrótaícaill sin.

Faoi réir fhórálacha eile na míre seo, déanfaidh an Chomhairle roimh an 1 Eanáir 1994, ag gníomhú di trí thromlach cailithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, rialacha mionsonraithe agus sainmhínithe a leagan síos chun forálacha an Phrótaícaill sin a chur chun feidhme.

CAIBIDIL 2
BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

AIRTEAGAL 105

1. Beidh de chuspóir príomhúil ag CEBC cohhsafocht phraghsanna a choimeád ar bun. Gan dochar do chuspóir na cohhsafochta praghsanna, tacóidh CEBC leis na beartais ghinearálta eacnamafocha sa Chomhphobal d'fhonn rannchuidí le gnóthú chuspóirí an Chomhphobail mar atá siad leagtha síos in Airteagal 2. Gnsmhóidh CEBC i gcomhréir le prionsabal geilleagar margaidh oscailte le saoriamáfocht ar mhaithle cionroinnt éifeachtach acmhainní agus na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 3a á n-urramú aige.

2. Is iad na bunchúraimí a chuirfear i gcrfch trí CEBC:

- beartas airgeadafochta an Chomhphobail a shainiú agus a chur chun feidhme;
- oibrfochtaí um malairt eachtrach is comhchuí le forálacha Airteagal 109 a sheoladh;
- cúlchistí oifigiúla eachtracha na mBallstát a shealbhú agus a bhainisteoireacht;
- oibriú rianúil córais focafochtaí a chur ar aghaidh.

3. Beidh an tríú fleasc de mhír 2 gan dochar do Rialtais Bhallstát iarmhéideanna oibre malaire eachtraí a shealbhú agus a bhainisteoireacht.

4. I dtaca le BCE:

- rachfar i gcomhairle leis maidir le haon ghníomh Comhphobail arna bheartú laistigh dá réimsí inniúlachta;
- rachaidh údarás náisiúnta i gcomhairle leis maidir le haon dréachtfhóráil reachtafochta laistigh dá réimsí inniúlachta, ach faoi na teorainneacha agus na coinnfollacha atá leagtha amach ag an gComhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 106(6).

Féadfaidh BCE tuairimí ar ábhair laistigh dá réimsí inniúlachta a chur faoi bhráid na n-institiúidí nó na gcomhlactaí Comhphobail iomchuí nó faoi bhráid na n-údarás náisiúnta.

5. Rannchuvideoidh CEBC le seoladh rianúil beartas arna saothrú ag na húdaráis inniuila a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsafacht an chórais airgeadais.

6. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE agus tar éis do Pharlaimint na hEorpa aontú, cúramí sonracha a chur ar BCE i leith beartas a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais eile seachas gnóthais árachais.

AIRTEAGAL 105a

1. Beidh ag BCE an ceart eisiach chun eisiúint nótaí bainc laistigh den Chomhphobal a údarú. Féadfaidh BCE agus na bainc cheannais náisiúnta nótaí bainc den sórt sin a eisiúint. Is ag na nótaí bainc arna n-eisiúint ag BCE agus ag na bainc cheannais náisiúnta, agus ag nótaí bainc den sórt sin amháin, a bheidh an stádas dlíthairisceana laistigh den Chomhphobal.

2. Féadfaidh na Ballstáit monaí a eisiúint faoi réir ceadú ó BCE maidir le méid na heisiúna. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 189c agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, bearta a ghlacadh chun ainmnfochtaí agus sonrafochtaí teicniúla na monaí go léir le haghaidh cursafochta a chomhchuíbhiú a mhéad is gá chun a gcúrsafocht réidh laistigh den Chomhphobal a cheadú.

AIRTEAGAL 106

1. Comhdhéanfar CEBC de BCE agus de na bainc cheannais náisiúnta.
2. Beidh pearsantacht dhítheanach ag BCE.
3. Is iad comhlachtaí cinnteoireachta BCE, arb iad an Chomhairle Rialaithe agus an Bord Feidhmiúcháin, a rialóidh CEBC.
4. Tá Reacht CEBC agus BCE leagtha síos i bPrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo.
5. Féadfaidh an Chomhairle, ag gusomhú di trí thromlach cailithe ar mholadh ó BCE agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún nó ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún

agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, Airteagail 5.1, 5.2, 5.3, 17, 18, 19.1, 22, 23, 24, 26, 32.2, 32.3, 32.4, 32.6, 33.1(a) agus 36 de Reacht CEBC a leasú. I gceachtar den dá chás is gá do Pharlaimint na hEorpa aontú.

6. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le BCE nó ar mholadh ó BCE agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, na forálacha dá dtagraitear in Airteagail 4, 5.4, 19.2, 20, 28.1, 29.2, 30.4 agus 34.3 de Reacht CEBC a ghlacadh.

AIRTEAGAL 107

I bhfeidhmiú na gcumhactaí agus i gcomhlíonadh na gcúraimí agus na ndualgas a chuirtear orthu sa Chonradh seo agus i Reacht CEBC, ní fhéadfaidh BCE, banc ceannais Ballstáit ná aon chomhalta dá gcomhlactaí cinnteoireachta teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí ná comhlactaí Comhphobail, ó aon Rialtas Ballstáit ná ó aon chomhlacht eile. Gabhfaidh institiúidí agus comhlactaí an Chomhphobail maille le Rialtais na mBallstát orthu féin an prionsabal sin a urramú agus gan a iarraidh tionchar a oibriú ar chomhaltaí chomhlactaí cinnteoireachta BCE nó na mbanc ceannais náisiúnta i gcomhlíonadh a gcúraimí.

AIRTEAGAL 108

Áiritheoidh gach Ballstát, roimh dháta CEBC a bhunú ar a dhéanaí, go bhfuil a chuid reachtafochta náisiúnta, lena n-áirtear Reachtanna a bhainc cheannais náisiúnta, ag luf leis an gConradh seo agus le Reacht CEBC.

AIRTEAGAL 108a

1. D'fhonn na cúraimí a chuirtear de chúram ar CEBC a chomhlíonadh, déanfaidh BCE i gcomhréir le forálacha an Chonartha seo agus faoi na coinnfollacha atá leagtha síos i Reacht CEBC:

- rialacháin a dhéanamh a mhéad is gá chun na cúraimí atá sainithe sa chéad fhleasc d'Airteagal 3.1, in Airteagail 19.1, 22 nó 25.2 de Reacht CEBC a chur chun feidhme

- agus i gcásanna a leagfar sfs i ngnfomhartha na Comhairle dá dtagraftear in Airteagal 106(6);
- cinntí a ghlacadh is gá chun na cúraimí a chuirtear de chúram ar CEBC faoin gConradh seo agus faoi Reacht CEBC a chomhfhionadh;
 - moltaí agus tuairimí a thabhairt.

2. Beidh feidhm ghinearálta ag rialachán. Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Ní bheidh aon bhrf cheangailteach le moltaí ná le tuairimí.

Beidh cinneadh ina cheangal go huile agus go hiomlán orthu siúd a ndíreofar chucu é.

Beidh Airteagail 190 go 192 infheidhme ar rialacháin agus ar chinntí arna nglacadh ag BCE.

Féadfaidh BCE a chinneadh a chinntí, a mholtáí agus a thuairimí a fhoilsiú.

3. Faoi na teorainneacha agus faoi na coinnfollacha arna nglacadh ag an gComhairle faoin nós imeachta atá leagtha sfs in Airteagal 106(6), beidh BCE i dteideal finealacha nó focafocfaí pionósacha tréimhsíla a fhochur ar ghnóthais mura gcomhfhionfar na hoibl eagáidí faoina rialacháin agus faoina chinntí.

AIRTEAGAL 109

1. De mhaolú ar Airteagal 228, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar mholadh ó BCE nó ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE d'fhonn teacht ar comhthoil is comhchúl le cuspóir cobhsafacht phraghsanna, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le nósannaimeachta shocruite mhír 3, comhaontuithe foirmíula a thabhairt i gcríoch ar chóras rátáis malaire don ECU i ndáil le hairgeadraí neamhchomhphobait. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar mholadh ó BCE nó ón gCoimisiún, agus tar éis dul i gcomhairle le BCE d'fhonn teacht ar comhthoil is comhchúl le cuspóir cobhsafacht phraghsanna, rátáis lárnacha an ECU a ghlacadh, a choigeartú agus a thréigean laistigh den chóras rátáis malaire. Cuirfidh Uachtaráin na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le glacadh, coigeartú nó tréigean rátáis lárnacha an ECU.

2. In éagmas córas rátáil malairete i ndáil le hairgeadra neamhchomhphobail amháin nó níos mó dá dtagraistear i mór 1, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE nó ag gníomhú di ar thogra ó BCE, treoshuimh ghinearálta le haghaidh beartas rátáil malairete a fhoirmiú i ndáil leis na hairgeadraí sin. Beidh na treoshuimh ghinearálta sin gan dochar do chuspóir príomhúil CEBC .i. cobhsafocht phraghsanna a choimeád ar bun.

3. De mhaolú ar Airteagal 228, más gá comhaontuithe a bhaineann le cúrsaf airgeadafochata nó cursaf córas malairete eachtraí a chaibidil ag an gComhphobal le Stát amháin nó níos mó nó le heagrafocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, na socruite do chaibidilfacht agus do thabhairt i gcríoch na gcomhaontuithe sin a chinneadh. Áiritheoidh na socruite sin go gcuireann an Comhphobal briotal ar sheasamh aonair. Beidh an Coimisiún comhlachaithe go hiomlán leis an gcaibidilfacht sin.

Beidh comhaontuithe arna dtabhairt i gcríoch i gcomhréir leis an mór seo ina gceangal ar institiúidí an Chomhphobail, ar BCE agus ar na Ballstáit.

4. Faoi réir mhór 1, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, ag gníomhú di trí thromlach cálithe, seasamh an Chomhphobail ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht speisialta ag roinnt leo i leith an aontais eacnamafoch agus airgeadafocha agus, ag gníomhú di d'aon toil, ionadafocha an Chomhphobail a chinneadh agus f ag urramú chionroinnt na gcumhactaí atá leagtha síos in Airteagail 103 agus 105.

5. Gan dochar d'inniúlacht Chomhphobail agus do chomhaontuithe Comhphobail maidir leis an Aontas Eacnamafoch agus Airgeadafocha, féadfaidh na Ballstáit dul i mbun caibidilficha i gcomhlactaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcríoch.

CAIBIDIL 3
FORÁLACHA INSTÍTIÚIDEACHA

AIRTEAGAL 109a

1. Beidh ar Chomhairle Rialaithe BCE comhlaftaí Bhord Feidhmiúcháin BCE agus Gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta.

2. (a) Beidh ar Bhord Feidhmiúcháin BCE an tUachtaráin, an Leasuachtaráin agus ceithre chomhalta eile.
- (b) Déanfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile ar leibhéal na gCeannairí Stáit nó Rialtais, ar mholadh ón gComhairle tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Comhairle Rialaithe BCE, Uachtaráin, Leasuachtaráin agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a cheapadh as measc daoine a bhfuil gradam agus taithí ghairmiúil aitheanta acu i réimsí airgeadafochta nó baincéireachta.

Ocht mbliana a bheidh ina dtéarma oifige agus ní fhéadfar é a athnuachan.

Ní féidir a bheith ina gcomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin ach amháin náisiúnaigh de na Ballstáit.

AIRTEAGAL 109b

1. Féadfaidh Uachtaráin na Comhairle agus comhaltaí den Choiisiún bheith rannpháirteach, gan ceart vótála, i gcuinnithe Chomhairle Rialaithe BCE.

Féadfaidh Uachtaráin na Comhairle tairiscint plé a chur faoi bhráid Chomhairle Rialaithe BCE.

2. Iarrfar ar Uachtaráin BCE bheith rannpháirteach i gcuinnithe na Comhairle nuair a bheidh ceisteanna a bhaineann le cuspóirí agus le cúramí CEBC á bplé ag an gComhairle.

3. Dfreoidh BCE tuarascáil bhliantúil ar ghníomhafochtaí CEBC agus ar bheartas airgeadafochta na bliana roimhe sin agus na bliana reatha chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus chuig an gComhairle Eorpach freisin. Tíolacfaidh Uachtaráin BCE an tuarascáil sin don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa; féadfaidh Parlaimint na hEorpa díospóireacht ghinearálta a chur ar siúl ar an mbonn sin.

Féadfaidh na coistí inniuila de chuid Pharlaimint na hEorpa Uachtaráin BCE agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a éisteacht arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Uachtaráin agus do na comhaltaí ar a dtionscnamh féin.

AIRTEAGAL 109c

I. Chun comhordú bheartais na mBallstát a chur ar aghaidh a mhéad is gá ar mhaith le hoibriú an mhargaidh inmhéanaigh, bunaistear leis seo Coiste Airgéadafochta le stádas comhairleach.

Beidh de chúram air:

- cor airgeadafochta agus airgeadais na mBallstát agus an Chomhphobail agus córas ginearálta focafochtaí na mBallstát a choimeád faoi léirmheas agus tuarascáil a dhéanamh go tráthrialta don Chomhairle agus don Choimisiún ar an ábhar sin;
- tuairimí a thabhairt, arna iarraidh sin don Chomhairle nó don Choimisiún nó ar a thionscnamh féin, le cur faoi bhráid na n-institiúidí sin;
- gan dochar d'Airteagal 151, rannchuidiú le hullmhú obair na Comhairle dá dtagrahtar in Aireagail 73f, 73g, 103(2), (3), (4) agus (5), 103a, 104a, 104b, 104c, 109e(2), 109f(6), 109h, 109i, 109j(2) agus 109k(1);
- an cor a scrúdú, ar a laghad uair sa bhliain, maidir le gluaiseacht chaipitil agus saorise focafochtaí, mar a leanann siad ó chur chun feidhme an Chonartha seo agus beart arna nglacadh ag an gComhairle; folóidh an scrúdú gach beart a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil agus le hfoacafochtaí; déanfaidh an Coiste tuarascáil don Choimisiún agus don Chomhairle ar thoradh an scrúdaithe sin.

Ceapfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún faoi seach dhá chomhalta den Choiste Airgeadafochta.

2. Ag tús an tríú céim, cuirfear Coiste Eacnamafoch agus Airgeadais ar bun. Díscaoilfear an Coiste Airgeadafochta dá bhforáiltear i mí 1.

Beidh sé de chúram ar an gCoiste Eacnamafoch agus Airgeadais:

- tuairimí a thabhairt, arna iarraidh sin don Chomhairle nó don Choimisiún nó ar a thionscnamh féin, le cur faoi bhráid na n-institiúidí sin;
- cor eacnamafoch agus airgeadais na mBallstát agus an Chomhphobail a choimeád faoi léirmheas agus tuarascáil a dhéanamh go tráthrialta don Chomhairle agus don Choimisiún, go háirithe ar an gcaidreamh airgeadais le tríú tfortha agus le hinstiúidí idirnáisiúnta;

- gan dochar d'Airteagal 151, rannchuidí le hullmhú obair na Comhairle dá dtagraistear in Airteagail 73f, 73g, 103(2), (3), (4) agus (5), 103a, 104a, 104b, 104c, 105(6), 105a(2), 106(5) agus (6), 109, 109h, 109i(2) agus (3), 109k(2), 109l(4) agus (5) agus na cúraimí comhairleacha agus ullmhúcháin arna sannadh ag an gComhairle dó a chur i gcríoch;
- an cor a scrídú, ar a laghad uair sa bhliain, maidir le gluaiseacht chaipítil agus saorise focafochtas, mar a leanann siad ó chur chun feidhme an Chonartha seo agus beart arna nglacadh ag an gComhairle; foláidh an scrídú gach beart a bhaineann le gluaiseachtaí caipítil agus le hfocafochtas; déanfaidh an Coiste tuarascáil don Choimisiún agus don Chomhairle ar thoradh an scrúdaithe sin.

Ceapfaidh na Ballstáit, an Coimisiún agus BCE faoi seach dhá chomhalta ar a mhéad den Choiste.

3. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE agus leis an gCoiste dá dtagraistear san Airteagal seo, foráilacha mionsonraithe maidir le comhdhéanamh an Choiste Eacnamafoch agus Airgeadais a leagan sfos. Cuirfidh Uachtaráin na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi chinneadh den sórt sin.

4. De bhreis ar na cúraimí atá leagtha amach i mfr 2, má tá agus fad atá Ballstáit go maolú dá dtagraistear in Airteagail 109k agus 109l ann, coimeádfaidh an Coiste cor airgeadais agus airgeadais maille le córas ginearálta focafochtas na mBallstát sin faoi léirmheas agus déanfaidh sé tuarascáil go tráthrialta don Chomhairle agus don Choimisiún ar an ábhar sin.

AIRTEAGAL 109d

Féadfaidh an Chomhairle nó Ballstát, i gcúrsaí faoi raon feidhme Airteagail 103(4), 104c seachas mfr 14, 109, 109j, 109k agus 109l(4) agus (5), iarraidh ar an gCoimisiún moladh nó togra a dhéanamh, mar is iomchus. Scrúdóidh an Coimisiún an iarraidh sin agus cuirfidh sé a chonclúidí faoi bhráid na Comhairle gan mhoill.

CAIBIDIL 4
FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

AIRTEAGAL 109e

1. Tosóidh an dara céim chun an t-aontas eacnamafoch agus airgeadafochta a ghnóthú ar an 1 Eanáir 1994.

2. Roimh an dáta sin,

(a) déanfaidh gach Ballstát:

— na bearta iomchuí a ghlacadh más gá chun na toirmisc atá leagtha sfos in Airteagal 73b, gan dochar d'Airteagal 73e, agus in Airteagail 104 agus 104a(1) a chomhlíonadh;

— d'fheonn an measúnú dá bhforáltear i mír (b) a chumasú, cláir ilbhliantúla a ghlacadh, más gá, chun an cóineasú marthanach is gá do ghnóthú an aontais eacnamafoch agus airgeadafochta a áirithíú, go háirithe maidir le cobhsafocth phraghsanna agus le hairgeadas poiblí fóntha;

(b) déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn tuarscáil ón gCoimisiún, an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cóineasú eacnamafoch agus airgeadafochta, go háirithe maidir le cobhsafocth phraghsanna agus le hairgeadas poiblí fóntha, a mheasúnú maille leis an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le cur chun feidhme na reachtafochta Comhphobail a bhaineann leis an margadh aonair.

3. Beidh forálacha Airteagail 104, 104a(1), 104b(1) agus 104c, seachas míreanna 1, 9, 11 agus 14, infheidhme ó thús an dara céim.

Beidh forálacha Airteagail 103a(2), 104c(1), (9) agus (11), 105, 105a, 107, 109, 109a, 109b agus 109c(2) agus (4) infheidhme ó thús an tríú céim.

4. Sa dara céim, féachfaidh Ballstáit le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint.

5. Le linn an dara céim, déanfaidh gach Ballstát, mar is iomchuf, tús a chur leis an bpróiseas as a dtiocfaidh neamhspleáchas a bhainc cheannais, i gcomhréir le forálacha Airteagal 108.

AIRTEAGAL 109f

1. Ag tús an dara céim, bunófar Institiúid Eorpach Airgeadafochta (dá ngairtear "IEA" anseo feasta) agus rachaidh sí i mbun a dualgas; beidh aici pearsantacht dhiltheanach agus déanfaidh Comhairle ar a mbeidh Uachtaráin agus Gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta, arb é duine amháin acu sin an Leasuachtaráin, f a stiúradh agus a bhainisteoireacht.

Déanfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile ar leibhéal na gCeannairf Stáit nó Rialtais, ar mholadh, de réir mar a bheidh, ó Choiste Ghobharnóirí Bhainc Cheannais na mBallstát (dá ngairtear "an Coiste Gobharnóirí" anseo feasta) nó ó Chomhairle IEA agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, an tUachtaráin a cheapadh. Roghnófar an tUachtaráin as measc daoine a bhfuil gradam agus taithí ghairmiúil aitheanta acu i réimsí airgeadafochta nó baincéireachta. Ní féidir a bheith ina Uachtaráin ar IEA ach náisiúnach de chuid Ballstáit. Ceapfaidh Comhairle IEA an Leasuachtaráin.

Tá Reacht IEA leagtha sfos i bPrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo.

Díscaoilfear an Coiste Gobharnóirí ag tús an dara céim.

2. Déanfaidh IEA:

- an comhar idir na bainc cheannais náisiúnta a neartú;
- comhordú bheartais airgeadafochta na mBallstát a neartú ar mhaithe le cobhsafocht phraghsanna a áirithíú;
- faireachán a dhéanamh ar oibriú an Chórais Eorpaigh Airgeadafochta;
- comhairliúcháin a chur ar siúl maidir le saincheisteanna a thig faoi inniúlacht na mbanc ceannais náisiúnta agus a dhéanann difear do chobhsafocht institiúidiú agus margairgeadais;

- cúramí an Chiste Eorpaigh um Chomhar Airgeadaisfchta, a dhíscailfear, a ghabháil chuici féin; tá rialacha mionsonraithe an díscailte leagtha sios i Reacht IEA;
- úsáid an ECU a éascú, agus a fhorbairt a mhaoirsiú, lena n-áiristear oibriú rianúil chórás imréitigh an ECU.

3. Ar mhaithe le hullmhú an tríú céim, déanfaidh IEA:

- na hionstraimí agus na nösanna imeachta a ullmhú is gá do bheartas aonair airgeadaisfchta a chur i gcríoch sa tríú céim;
- comhchuibhiú a chur ar aghaidh, más gá, ar na rialacha agus ar na cleachtais a rialafonn bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna raonta a thig faoina réimse inniúlachta;
- na rialacha a ullmhú le haghaidh oibríochtaí atá le gabháil ar láimh ag na bainc cheannais náisiúnta faoi chuimsiú CEBC;
- éifeachtúlacht socafocataí trasteorann a chur ar aghaidh;
- ullmhúchán teicniúil nótáis bainc ECU a mhaoirsiú.

Sonróidh IEA ar an 31 Nollaig 1996 ar a dhéanaí ancreat rialúcháin, eagrúcháin agus loighistiúil is gá do CEBC chun a chúramí sa tríú céim a chomhlísonadh. Cuirfear ancreat sin faoi bhráid chinneadh BCE ar dháta a bhunaithe.

4. Féadfaidh IEA, ag gníomhú di trí thromlach dhá thrian de chomhaltaí a Comhairle:

- tuairimí nó moltaí a fhoirmíú ar threoshuíomh foriomlán beartas airgeadaisfchta agus beartas um rátaí malaire le bearta gaolmhara a thugtar isteach i ngach Ballstát;
- tuairimí nó moltaí a chur faoi bhráid Ríaltas agus na Comhairle ar bheartais ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do chor airgeadaisfchta inmheánach nó seachtrach an Chomhphobail agus go háirithe d'oiriú an Chórais Eorpaigh Airgeadaisfchta;
- moltaí a dhéanamh d'údaráis airgeadaisfchta na mBallstát maidir le seoladh a mbeartais airgeadaisfchta.

5. Féadfaidh IEA, ag gníomhú di d'aon toil, a chinneadh a tuairimí agus a moltaí a fhoilsíú.

6. Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle le IEA maidir le haon ghníomh Comhphobail arna bheartú laistigh dá réimse inniúlachta.

Faoi na teorainneacha agus faoi na coinnfollacha arna leagan amach ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Gobharndóirí nó, de réir mar a bheidh, le Parlaimint na hEorpa agus le IEA, rachaidh údarás na mBallstáit i gcomhairle le IEA freisin ar aon dréachtfhóráil reachtafochta laistigh dá réimse inniúlachta.

7. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le IEA, cúramí eile a chur ar IEA d'fhoínn an tríú céim a ullmhú.

8. Nuair a fhoraíltar sa Chonradh seo ról comhairleach a bheith ag BCE sa dara céim, tuigfear gur ag tagairt do IEA roimh BCE a bhunú atá tagairt do BCE.

Nuair a fhoraíltar sa Chonradh seo ról comhairleach a bheith ag IEA, tuigfear, roimh an 1 Eanáir 1994, gur ag tagairt don Choiste Gobharndóirí atá tagairt do IEA.

9. Le linn an dara céim, tuigfear gur ag tagairt do IEA atá an téarma "BCE" a úsáidtear in Airteagail 173, 175, 176, 177, 180 agus 215.

AIRTEAGAL 109

Ní athrófar comhdhéanamh airgeadra bhascaed an ECU.

Ó thus an tríú céim, socrófar luach an ECU go neamh-inchúlgairthe i gcomhréir le hAirteagal 109(4).

AIRTEAGAL 109h

1. I gcás Ballstát a bheith i ndeacrachtaí, nó deacrachtaí a bheith ag dianbhagairt air, maidir lena chomhardú focafochtaí mar thoradh ar éagothromafocht fhoriomlán sa chomhardú sin nó

mar thoradh ar an saghas airgeadra atá ar láimh aige, agus nuair is dóigh go háirithe do na deacrachtas sin oibriú an chómhargaidh nō cur chun feidhme comhleanúnach an chomhbheartais tráchtála a chur i geontúirt, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú láithreach ar ríocht an Stát i gceist agus ar an gníomh a bheidh déanta ag an Stát sin nō a fhéadfaidh sé a dhéanamh i gcomhréir le forálacha an Chonartha seo, agus úsáid á baint aige as gach meán atá ar láimh aige. Sonróidh an Coimisiún na bearta a mholann sé don Stát i dtrácht lena nglacadh.

Mura leor gníomh an Bhallstát agus na bearta arna moladh ag an gCoimisiún chun na deacrachtas atá tagtha chun cinn nō atá ag bagairt a shárú, molfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste dá dtagraftear in Aireagal 109c, don Chomhairle cabhair fhrithpháirteach a dheonú maille leis na modhanna iomchuí chuige sin.

Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta ar an gcor agus ar aon athrú ann.

2. Deonóidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, cabhair fhrithpháirteach den sórt sin; glacfaidh sí treoracha nō cinntí ag leagan sfos coinnfollacha agus mionsonraí do chabhair den sórt sin a fhéadfaidh a bheith mar seo a leanas:

- (a) triall comhbheartaithe chuig aon eagraíocht idirnáisiúnta eile, nō laistigíb di, a bhféadfaidh Ballstát dul ar a hiontaobh;
- (b) bearta is gá chun saobhadh trádála a sheachaint nuair a dhéanann an Stát a bhfuil deacrachtas aige srianta cainníochtúla i leith tríortha a choimeád ar bun nō a thabhairt isteach athuair;
- (c) Ballstát eile creidmheasanna teoranta a dheonú, faoi réir a gcomhaontaithe.

3. Mura ndeoifíonn an Chomhairle an chabhair fhrithpháirteach a mholann an Coimisiún nō mura leor an chabhair fhrithpháirteach a dheonaítear agus na bearta a dhéantar, údaróidh an Coimisiún don Stát a bhfuil deacrachtas aige bearta cosanta a ghilcadh agus socróidh an Coimisiún coinnfollacha agus rialacha mionsonraithe na mbeart sin.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, údarú den sórt sin a chúlghairm agus coinnfollacha agus mionsonraí den sórt sin a athrú.

4. Faoi réir Airteagal 109k(6), ní bheidh an tAirteagal seo infheidhme a thuilleadh ó thús an tréimh céim.

AIRTEAGAL 109i

1. Nuair a tharlaonn géarchéim thobann i gcomhardú na n-focafocatais agus nach nglactar cinneadh de réir bhréif Airteagal 109h(2) líathreach, féadfaidh an Ballstát i dtrácht na bearta cosanta is gá a ghlacadh mar réamhchúram. Ní foláir do bhearta den sórt sin an suaitheadh is lú is féidir a dhéanamh in oibriú an chómhurgaide agus gan a raon a bheith níos leithne ná mar is fíoraghá chun na deacrachtaí tobanna atá tagtha chun cinn a leigheas.

2. Cuirfear an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas i dtaoibh bearta cosanta den sórt sin tráth a dteacht i bbfeidhm ar a dhéanaí. Féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle cabhair a dheonú de réir Airteagal 109h.

3. Tar éis don Choimisiún a thuairim a thabhairt, agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste dá dtagraistear in Airteagal 109c, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh go ndéanfaidh an Stát i dtrácht na bearta cosanta dá dtagraistear thusa a leasú, a fhionraí nó a dhíothú.

4. Faoi réir Airteagal 109k(6), ní bheidh an tAirteagal seo infheidhme a thuilleadh ó thús an tréimh céim.

AIRTEAGAL 109j

1. Déanfaidh an Coimisiún agus IEA tuarascáil don Chomhairle ar dhul cbun cinn na mBallstát i gcomhall a n-oibleagáidí maidir le gnóthú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaisfocata. Cuimseoidh na tuarascálacha sin scrúdú an bhfuil reachtafocht náisiúnta gach Ballstát, lena n-áiristear Reachtanna a bhaicte cheannais náisiúnta, ag lú le hAirteagail 107 agus 108 agus le Reacht CEBC. Scrúdóidh na tuarascálacha freisin gnóthú mórchóineasú inbhuanaithe faoi threoir chomhall na grítéar seo a leanas ag gach Ballstát:

- gnóthú ardleibhéal cobhsafocata phraghsanna; beidh sé sin follasach ó ráta boilscithe atá gar do ráta na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsafocata phraghsanna;

- inbhuaine an riochta airgeadais rialtais; beidh sé sin folasach óir beidh riocth buiséadach rialtais gnóthaithe aige gan easnamh is iomarcach mar atá arna chinneadh i gcomhréir le hAireagal 104c(6);
- urramú na ngnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáiltear le Meicnfocht Rátaí Malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaisochta, ar feadh dhá bhliain ar a laghad, gan dfluacbaíl in aghaidh airgeadra aon Bhallstáit eile;
- marthanacht an chóineasaithe a bheidh gnóthaithe ag an mBallstát agus a rannpháirtfocha i Meicnfocht Rátaí Malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaisochta á brath i leibhéal fhaditéarmacha rátáil úis.

Déantar na ceithre chritéar atá luate sa mhfr seo agus na tréimhsí ábhartha ar lena linn atá siad le hurramú a fhorbairt a thuilleadh i bPrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo. Tabharfaidh tuarascálacha an Choiisiúin agus IEA aird freisin ar fhorbairt an ECU, ar thorthaf imeascadh na margáil, ar riocth agns ar fhorbairt chomhardú na n-focafochaí ar cuntas reatha, agus ar scrúdú ar fhorbairt i gcostais aonad saothair agus ar innéacsanna pragbsanna eile.

2. Ar bhonn na dtuarascálacha sin, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar mholadh ón gCoimisiún,¹ measúnú:

- i gcás gach Ballstáit, an gcomhallann sé na coinnfollacha is gá chun airgeadra aonair a ghlacadh;
- an gcomhallann tromlach na mBallstát na coinnfollacha is gá chun airgeadra aonair a ghlacadh;

agus a conclúidí a mholadh don Chomhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais. Rachfar i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus díreoidh sí a tuairim chuig an gComhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais.

3. Agus aird chuf á tabhairt ar na tuarascálacha dá dtagraistear i mfr 1 agus do thuairim Pharlaimint na hEorpa dá dtagraistear i mfr 2, déanfaidh an Chomhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 1996, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe:

- cinneadh, ar bhonn na moltaí ón gComhairle dá dtagraítear i mís 2, an gcomhallann tromlach na mBallstát na coinnfollacha is gá chun airgeadra aonair a ghlacadh,
 - cinneadh ar a ionchúf atá go dtrasrachadh an Comphobal chuig an tríú céim,
- agus más ionchúf,
- an dáta a shocrú le haghaidh thús an tríú céim.

4. Mura mbeidh an dáta le haghaidh thús an tríú céim socrainfe roimh dheireadh 1997, tosóidh an tríú céim ar an 1 Eanáir 1999. Déanfaidh an Chomhairle, roimh an 1 Iúil 1998, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais, tar éis an nós imeachta dá bhforáiltear i mfreanna 1 agus 2 a athdhéanamh, seachas an dara fleasc de mhír 2, agus aird á tabhairt ar na tuarascálacha dá dtagraítear i mís 1 agus ar thuairim Pharlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach cailithe, agus ar bhonn na moltaí ón gComhairle dá dtagraítear i mís 2, a dhaingniú cé hiad na Ballstát a chomhallann na coinnfollacha is gá chun airgeadra aonair a ghlacadh.

AIRTEAGAL 109k

1. Má tá an cinneadh glactha an dáta a shocrú i gcomhréir le hAriteagal 109j(3), cinnfidh an Chomhairle, ar bhonn moltaí ón gComhairle dá dtagraítear in Ariteagal 109j(2), ag gníomhú di trí thromlach cailithe ar mholadh ón gCoimisiún, an mbeidh maolú mar atá sé sainithe i mís 3 den Ariteagal seo ag aon Bhallstát, agus más amhlaidh a bheidh, cé acu. Tagrófar do na Ballstát sin sa Chonradh seo mar "Ballstát go maolú".

Má tá sé daingnithe ag an gComhairle cé hiad na Ballstát a chomhallann na coinnfollacha is gá chun airgeadra aonair a ghlacadh, i gcomhréir le hAriteagal 109j(4), beidh maolú mar atá sé sainithe i mís 3 den Ariteagal seo ag na Ballstát sin nach gcomhallann na coinnfollacha. Tagrófar do na Ballstát sin sa Chonradh seo mar "Ballstát go maolú".

2. Déanfaidh an Coimisiún agus BCE tuarascáil don Chomhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha sfos in Ariteagal 109j(1) ar a laghad uair amháin gach dara bliain nó arna iarraidh sin do Bhallstát go maolú. Tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tar éis plé sa Chomhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais, cinnfidh

an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, cé hiad na Ballstát go maolú a chomhallann na coinnfollacha is gá ar bhonn na grítear atá leagtha amach in Airteagal 109j(1) agus aisghairfidh sí maoluithe na mBallstát i dtrácht.

3. Béarfaidh maolú dá dtagraftear i mór 1 nach mbeidh na hAirteagail seo a leanas infheidhme ar an mBallstát i dtrácht: Airteagail 104c(9) agus (11), 105(1), (2), (3) agus (5), 105a, 108a, 109 agus 109a(2)(b). Tá eisiamh Ballstát den sórt sin agus a mbainc cheannais náisiúnta óna cearta agus na hoibleagáidí laistigh de CEBC leagtha síos i gCaibidil IX de Reacht CEBC.

4. In Airteagail 105(1), (2) agus (3), 105a, 108a, 109 agus 109a(2)(b), tuigfear gur "Ballstát gan mhaolú" "Ballstát".

5. Déanfar cearta vótála na mBallstát go maolú a fhionraí i gcomhair na gcinntí ón gComhairle dá dtagraftear sna hAirteagail den Chonradh seo atá luaite i mór 3. Sa chás sin, de mhaolú ar Airteagail 148 agus 189a(1), saineofar tromlach cáilithe mar dhá thrían vótáil ionadaithe do na Ballstát gan mhaolú arna n-ualú i gcomhréir le hAirteagal 148(2) agus beidh gá le haontoilfacht na mBallstát sin le haghaidh gnímh ar gá aontoilfacht dó.

6. Leanfaidh forálacha Airteagail 109h agus 109i de bheith infheidhme ar Bhallstát go maolú.

AIRTEAGAL 109I

1. Láithreach tar éis an cinneadh a ghlacadh maidir le dáta thús an tríú céim i gcomhréir le hAirteagal 109j(3) nó, de réir mar a bheidh, láithreach tar éis an 1 Iúil 1998:

- glacfaidh an Chomhairle na forálacha dá dtagraftear in Airteagal 106(6);
- ceapfaidh Rialtais na mBallstát gan mhaolú, i gcomhréir leis an nós inneachta atá leagtha amach in Airteagal 50 de Reacht CEBC, Uachtaráin, Leasuachtarán agus comhalaí eile Bhord Feidhmiúcháin BCE. Má tá Ballstát go maolú ann, féadfar gur lú l'son chomhalaí an Bhord Feidhmiúcháin ná mar a fhóráiltear in Airteagal 11.1 de Reacht CEBC, ach gan bheith níos lú ná ceathrar in imthosca ar bith.

A luaithe a cheapfar an Bord Feidhmiúcháin, bunófar CEBC agus BCE agus ullmhóidh siad i gcomhair a n-oibriúcháin iomláín mar atá sé tuairiscithe sa Chonradh seo agus i Reacht CEBC. Tosóidh lánfheidhmiú a gcuid cumhactas ón gcéad lá den tríú céim.

2. A luaithe a bhunófar BCE, gabhfaidh sé chuige féin, más gá, cúramí IEA. Scaoilfear IEA chun leachtú ar BCE a bhunú; tá na rialacha mionsonraithe um leachtú leagtha síos i Reacht IEA.
3. Má tá agus fad atá Ballstát go maolú ann, agus gan dochar d'Airteagal 106(3) den Chonradh seo, cuirfear Comhairle Ghinearála BCE atá luaithe in Airteagal 45 de Reacht CEBC ar bun mar thríú comhlacht cinnteoireachta BCE.
4. Ar dháta tosaithe an tríú céim, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil na mBallstát gan mhaolú, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, na rátaí comhshó ar a mbeidh a gcuid airgeadraí socraithe go neamh-inchúlghairthe agus an ráta socraithe go neamh-inchúlghairthe ar a gcuirfear an tECU in ionad na n-airgeadraí sin, agus tiocfaidh an tECU chun bheith ina airgeadraí dílis ó cheart. Ní dhéanfaidh an beart sin ann féin modhnú ar luach eachtrach an ECU. Glacfaidh an Chomhairle freisin, ag gníomhú di de réir an nós imeachta céanna, na bearta eile is gá chun an tECU a thabhairt isteach go sciobtha mar airgeadra aonair na mBallstát sin.
5. Má chinntear, de réir an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 109k(2), maolú a aisghairm, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil na mBallstát gan mhaolú agus an Bhallstát i dtrácht, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, an ráta a ghlacadh ar a gcuirfear an tECU in ionad airgeadra an Bhallstát i dtrácht, agus na bearta eile a ghlacadh is gá chun an tECU a thabhairt isteach mar an t-airgeadra aonair sa Bhallstát i dtrácht.

AIRTEAGAL 109m

1. Déanfaidh gach Ballstát, go dtí túis an tríú céim, a bheartas rátaí malaирte a bhreithniú mar ábhar leasa choitinn. Lena linn sin, cuirfidh na Ballstát san áireamh taithí an chomhair faoi chuimsíú an Chórais Eorpaigh Airgeadaisochta (CEA) agus taithí fhorbairt an ECU agus na cumhachtas láithreacha á n-urramú acu.
2. Amhail ó thus an tríú céim agus fad atá maolú ag Ballstát, beidh na forálacha thuasluaithe infheidhme de réir análaí ar bheartas rátaí malaирte an Bhallstát sin."

26) I gCuid a Trí, Teideal II, cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Theideal Chaibidil 4:

"TEIDEAL VII
Comhbheartas tráchtála"

27) Aisghairtear Airteagal 111.

28) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 113:

"AIRTEAGAL 113

1. Fothófar an comhbheartas tráchtála ar phrionsabail chomhionanna, go háirithe maidir le hathruithe ar rátaí taraifí, le comhaontuithe um tharaiff agus trádáil a thabhairt i gcrích, le comhionannas a ghnóthú i mbearta léirscaoilte, le beartas onnmhairiúchán agus le bearta chun trádáil a chosaint amhail bearta a ghlacfar i gcás dumpála nó fóirdheontas.
2. Cuirfidh an Coimisiún tograí faoi bhráid na Comhairle chun an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme.
3. Nuair is gá comhaontuithe le Stát amháin nó níos mó nó le heagrafocbt idirnáisiúnta amháin nó níos mó a chaibidil, cuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle, agus údaróidh an Chomhairle don Choiimisiún túis a chur leis an gcaibidíocht is gá.

Seolfaidh an Coimisiún an chaibidlíocht sin i gcomhairle le coiste speisialta arna cheapadh ag an gComhairle chun bheith de chúnamh ag an gCoimisiún sa chúram sin, agus faoi chuimsiú na dtreoracha a fhéadfaidh an Chomhairle a dhíriú chuige.

Beidh na forílacha ábhartha d'Airteagal 228 infheidhme.

4. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di san Airteagal seo, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cálithe."

29) Aisghairtear Airteagal 114.

30) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 115:

"AIRTEAGAL 115

Chun a sírithiú nach gcuirfidh sraonadh trádála bac ar chur i gcríoch beart i dtaca le beartas tráchtála a ghlaicfaidh aon Bhallstát i gcomhréir leis an gConradh seo, nó i gcás deacrachaftaí eacnamaíocha a theacht i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit mar gheall ar dhifrochtaí idir na bearta sin, molfaidh an Coimisiún na modhanna don chomhar is gá idir na Ballstáit eile. Dá éagmas sin, údaróidh an Coimisiún do na Ballstáit na bearta cosanta is gá a ghlaicadh, agus socróidh sé coinnfollacha agus rialacha mionsonraithe na mbeart sin.

I gcás práinne, iarrfaidh na Ballstáit údarú ar an gCoimisiún, a ghníomhóidh a luaithe is féidir, chun na bearta is gá a ghlaicadh iad féin agus cuirfidh na Ballstáit i dtrácht na bearta in iúl do na Ballstáit eile. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh tráth ar hith go ndíonn na Ballstáit i dtrácht na bearta sin a leasú nó a dhíothú.

I roghnú na mbeart sin, tabharfar tosafocht do na bearta is lú a thabharfaidh suaitheadh ar oibriú an chómhargaídha.

31) Aisghairtear Airteagal 116.

32) I gCuid a Trí, cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Theideal III:

"TEIDEAL VIII

Beartas sóisialta, oideachas,
gairmoiliúint agus an Óige"

33) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 118a(2):

"2. D'fhonn an sprioc atá leagtha síos i mír 1 a bhaint amach, glaiceadh an Chomhairle trí threoracha, ag gníomhú di i gcomhréir leis an níos imeachta dá dtagraistear in Airteagal 189c agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na ceanglais fostá chun feidhmiú comhleanúnach a thabhairt i gcríoch, ag féachaint do na dálas agus do na rialacha teicniúla i ngach ceann de na Ballstáit."

34) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 123:

"AIRTEAGAL 123

Chun go bhfeabhsófar na deiseanna ar fhostaíocht d'oibrithe sa mhargadh inmheánach agus chun go rannchuideofar amhlaidh leis an gcaighdeán maireachtála a ardú, cuirtear Ciste Sóisialta na hEorpa ar bun i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach thos, arb é is aidhm dó fostú d'oibrithe a éascú agus méadú a thabhairt ar a soghluisteacht gheografach agus ghairmiúil laistigh den Chomphobal agus oiriúnú d'athruithe tionsclafocha agus d'athruithe sna córais táirgeachta a éascú go háirithe trí bhíthin na gairmoiliúna agus na hathghairmoiliúna."

35) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 125:

"AIRTEAGAL 125

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 189c agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, na cinntí cur chun feidhme a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa a ghlacadh."

36) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagail 126, 127 agus 128:

**"CAIBIDIL 3
OIDEACHAS, GAIRMOILIÚINT AGUS AN ÓIGE**

AIRTEAGAL 126

1. Rannchuideoidh an Comphobal le hoideachas de chaighdeán a forbairt trí an gcomhar idir Ballstát a chothú agus, más gá, trí thacú lena gníomhafocht agus i a fhionadh, agus freagracht na mBallstát i leith inneachar an teagaisc agus eagrafocht an chórais oideachais agus a n-éagsúlacht chultúrtha agus teanga á hurramú aige.

2. Is é is aidhm do ghníomhafocht an Chomhphobail:

- éirim Eorpach an oideachais a fhorbairt go háirithe trf theangacha na mBallstát a theagasc agus a leathadh;
- taobhú le soghluaiseacht mhac léinn agus muinteoirí, lena n-áirtear aitheantas acadúil dioplómaf agus tréimhsí staidéir;
- comhar a chur ar aghaidh idir bunaschtaí oideachais;
- malartuithe faisnéise agus taithí a fhorbairt ar cheisteanna is coiteann do chórais oideachais na mBallstát;
- taobhú le forbairt comhaiseag idir daoine óga agus idir teagascóirí sochoideachasúla;
- forbairt an chianoideachais a chothú.

3. Taobhóidh an Comhphobal agus na Ballstáit leis an gcomhar le tríú tortha agus leis na heagrafochtaí idirnáisiúnta is inniuil maidir le hoideachas, agus go háirithe le Comhairle na hEorpa.

4. Chun rannchuidiú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo, déanfaidh an Chomhairle:

- ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189b agus tar éis dul i gcomhairle leis an GCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, gníomhafochtaí dreasachta a ghlacadh, amach ó aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus rialúcháin na mBallstát;
- ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún, moltaf a ghlacadh.

AIRTEAGAL 127

1. Cuirfidh an Comhphobal beartas gairmoiliúna chun feidhme a thacóidh le gníomhafochtaí na mBallstát agus a fhorsónfaidh iad, agus freagracht na mBallstát i leith inneachar agus eagraíocht na gairmoiliúna á hurramú aige.

2. Is é is aidhm do ghníomhafocht an Chomhphobail:

- oiriúnú d'athruithe tionsclafocha a éascú, go háirithe tré bhíthín na hoiliúna agus na hathghairmoiliúna;
- an ghairmoiliúint tosaigh agus leanúnach a fheabhsú chun an t-imeascadh agus an t-athimeascadh gairmiúil ar mhargadh an tsaothair a éascú;
- rochtain ar an ngairmoiliúint a éascú agus taobhú le soghluisteacht oidí agus daoine faoi oiliúint, go háirithe daoine óga;
- comhar i réimse na hoiliúna a spreagadh idir bunafochtaí oideachais agus oiliúna agus gnóthais;
- malartuithe faisnéise agus taithí a forbairt ar cheisteanna is coiteann do chórais oiliúna na mBallstát.

3. Taobhóidh an Comhphobal agus na Ballstáit leis an gcomhar le tré fiortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta is inniúil maidir le gairmoiliúint.

4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nás imeachta dá dtagraftear in Airteagal 189c agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, bearta a ghlaicadh chun rannchuidiú leis na cuspóirf dá dtagraftear san Airteagal seo a ghnóthú, amach ó aon chomhchuibhiú ar dhílse agus rialúchán na mBallstát.”

37) Cuirtear isteach an téacs seo a leanas:

"TEIDEAL IX
Cultúr

AIRTEAGAL 128

1. Rannchuideoidh an Comhphobal le borradh chultúir na mBallstát, ag urramú a n-éagsúlacht náisiúnta agus réigiúnach agus ag tabhairt na comhoidhreachta cultúrtha chun suntais dó.

2. Is é is aidhm do ghníomhafocht an Chomphobail comhar idir Ballstáit a chothú agus, más gá, tacú lena ngníomhafocht agus í a fhórlónadh sna réimsí seo a leanas:

- feabhsú ar eolas agus ar leathadh chultúr agus stair na bpobal Eorpach;
- caomhnú agus coimirciú na hoidhreachta cultúrtha de thábhacht Eorpach;
- comhaisig neamhchráctála i réimse an chultúir;
- cruthú ealaonta agus liteartha, go fiú in earnáil an chlosamhairc.

3. Taobhóidh an Comphobal agus na Ballstáit leis an gcomhar le tríú tortha agus leis na heagrafochtaí idirnáisiúnta is inniuil i réimse an chultúir agus go háirithe le Comhairle na hEorpa.

4. Tabharfaidh an Comphobal aird ar ghnéithe cultúrtha ina ghníomhafocht faoi fhórlacha eile den Chonradh seo.

5. Chun rannchuidiú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo, déanfaidh an Chomhairle:

- ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189b agus tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún, gníomhafochtaí dreasachta a ghlaicadh, amach ó aon chomhchuibhíú ar dhílse agus rialúcháin na mBallstát. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil i gcaitheamh na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189b;
- ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, moltaí a ghlaicadh."

38) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Theidil IV, V, VI agus VII:

"TEIDEAL X
Sláinte an phobail

AIRTEAGAL 129

1. Rannchuideoidh an Comphobal le hardleibhéal cosanta a áirithíú le haghaidh shláinte an duine trí chomhar a chothú idir na Ballstáit agus, más gá, trí thacú lena ngníomhafocht.

Bainfidh gníomhafocht an Chomhphobail le galair, go háirithe na móraicí, lena n-áirftear tuilleamais drugaí, a chosc trí thaobhú le taighde ar na cíuseanna atá leo agus ar mhodhanna a seolta agus trí fhaisnéis agus trí oideachas sláinte.

Beidh ceanglais choisint sláinte mar mhír de bheartais eile an Chomhphobail.

2. Déanfaidh na Ballstáit comhordú eatarthu fén, i gcuibhreann leis an gCoimisiún, ar a mbeartais agus ar a gcláir sna réimsí dá dtagraftear i mór 1. Féadfaidh an Coimisiún, i ndlúth-thadhall leis na Ballstáit, gach tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú sin a chur ar aghaidh.

3. Taobhóidh an Comhphobal agus na Ballstáit le comhar le tríú tortha agus leis na heagrafochtaí idirnáisiúnta is inniuil i réimse shláinte an phobail.

4. Chun rannchuidíú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraftear san Airteagal seo, déanfaidh an Chomhairle:

- ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagráitear in Airteagal 189b agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, gníomhafochtaí dreasachta a ghlacadh, amach ó aon chomhchuibhí ar dhíshthe agus rialúcháin na mBallstát;
- ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, moltaí a ghlacadh.

TEIDEAL XI

Cosaint an tomholtóra

AIRTEAGAL 129a

1. Rannchuideoidh an Comhphobal le hardleibhéal cosanta don tomholtóir a bhaint amach:

- (a) trí bhearta arna nglacadh de bhun Airteagal 100a faoi chuimsiú chomhlánu an mhargaidh inmheánaigh;

(b) trí għnsomhafoċt shonrach a thaca fonn leis an mbeartas arna shaothru ag na Ballstāt chun sláinte, sábħalteach agus leasanna eacnamafoċha tomhaltóirf a chosaint agus chun faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil do thomhaltóirf, agus a fhorlifonann an beartas sin.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gnismu di i għomhréir leis an nōs imeachta dá dtagraستear in Aireagal 189b agus tar-éis dul i għomhairle leis an gCoiste Eacnamafoċch agus Sosialta, an għnsomhafoċt shonrach dá dtagraستear i mifl-1(b) a ghlaċad.

3. Ní chuirfidh għnsomhafoċt arna glacadħ de bhun mhix 2 bac ar aon Ballstāt bearta cosanta n-fos déine a choimead ar bun ná a thabhaġit isteach. Ní mór do bhearta den sórt sin a bheith ag luu leis an gConradh seo. Cuirfear in iúl don Choimisiún iad.

TEIDEAL XII Gréasáin thraseorpacha

AIRTEAGAL 129b

1. D'fonna rannchuidiū le gnóthu na għuspóirf dá dtagraستear in Aireagħil 7a agus 130a agus d'fonna cumasú do shaoránaigh an Aontais, d'obroir eacnamafoċha agus do phobail réigiúnacha agus áttiula tairbhiū go hiomlán de na buntáistī a chinfidh ó limistéar gan teorainnecha inmheánacha a chur ar bun, rannchuvideoidh an Comphobail le gréasáin thraseorpacha a bhunú agus a fhorbait in earni l-ħalli bħonneagħi an iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh.

2. Faoi chuimxiú córas margaf a bheidh ar oscailt agus iomafoċch, beidh sé d'aidhm ag ġnsomhafoċt an Chomphobail taobħu le hidirnascadħi agus le hidirino britisheach na ngréasán náisiunta agus le rochtain ar na gréasáin sin. Tabħarfaidh sif aird go hárithe ar a riachtana taq-ata sé na réigiün oiléanacha, tħalliha agus forimeallacha a cheangal le réigiün láir an Chomphobail.

AIRTEAGAL 129c

1. D'fhonn na cuspóirí dá dtagraftear in Airteagal 129b a ghnóthú:

- bunóidh an Comphobal sraith treoirlínte a fholaíonn cuspóirí, tosaíocbtaí agus imlíníte na gníomhaíochtaí arna mbeartú i réimse na ngréasán traseorpach; sonróidh na treoirlínte sin tionscadail leasa choitinn;
- cuirfidh an Comphobal chun feidhme gach gníomhaíocht a mheastar is gá chun idirinoibritheacht na ngréasán a áirithíú, go háirithe i réimse chomhchuibhiú na gcaighdeán teicniúil;
- féadfaidh an Comphobal tacú le hiarrachtaí airgeadais na mBallstát ar mhaithle tionscadail leasa choitinn arna maoiniú ag na Ballstáit, a shonraítear faoi chuimsiú na dtreoirlínte dá dtagraftear sa chéad fhleasc, go háirithe trí bhíthin staidéar indéantachta, ráthaochtaí iasachta nó fóirdheontais úis; féadfaidh an Comphobal rannchuidí freisin trí an gCiste Comhtháthaithe atá le cur ar bun tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 1993 de bhun fhorálacha Airteagal 130d le maoiniú tionscadal sonrach i mBallstát i réimse bonneagar iompair.

Tabharfaidh gníomhaíocht an Chomphobail aird ar inmharthanacht eaçnamafoch acmhainneach na dtionscadal.

2. Déanfaidh na Ballstáit comhordú eatarthu féin, i gcuibhreann leis an gCoimisiún, ar bheartais a shaothrófar ar leibhéal náisiúnta a bhféadfaidh éifeacht shonraíoch a bheith acu ar ghnóthú na gcuspóirí dá dtagraftear in Airteagal 129b. Féadfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomharchocht leis na Ballstáit, gach tionscnamh is fóinteach a ghlaicadh chun an comhordú sin a chur ar aghaidh.

3. Féadfaidh an Comphobal a chinneadh comhoibriú le tríú tíortha chun tionscadail leasa choitinn a chur ar aghaidh agus idirinoibritheacht na ngréasán a áirithíú.

AIRTEAGAL 129d

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 189b agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, na treoirlínte dá dtagraftear in Airteagal 129c(1).

Is gá ceadú an Bhallstáit i dtrácht do threoirínté agus tionscadail leasa choitinn a bhaineann le críoch an Bhallstáit sin.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189c agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, na bearta eile dá bhforáltear in Airteagal 129c(1).

TEIDEAL XIII Tionscal

AIRTEAGAL 130

1. Féachfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit chuige go mbeidh na dálaf ann is gá chun cumas iomafochta thionscal an Chomhphobail a úrithiú.

Chun na críche sin, i gcomhréir le córas margáil a bheidh ar oscailt agus iomafoch, is é is aidhm dá ngníomhafocht:

- oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha a bhrostú;
- timpeallacht a chothú atá fabhrach don tionscnamh agus d'fhorbairt gnóthais ar fud an Chomhphobail, go háirithe gnóthais bheaga agus meánmhéide;
- timpeallacht a chothú atá fabhrach do chomhar idir gnóthais;
- taobhú le hacmhainneacht thionsclafoch bheartais nuála, taighde agus forbartha teicneolaíche a shaothrú níos fíorr.

2. Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile i gcuibhreann leis an gCoimisiún agus, más gá, déanfaidh siad a ngníomhafochtaí a chomhordú. Feadfaidh an Coimisiún gach tionscnamh is fóinteach a ghilacadh chun an comhordú sin a chur ar aghaidh.

3. Rannchuvideoidh an Comhphobal le gnóthú na gcuibhreann leis an gCoimisiún agus tar éis dul mbeartas agus na ngníomhafochtaí a shaothraíonn sé faoi fhorálacha eile den Chonradh seo. Feadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul

i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, bearta sonracha a chinneadh chun tacú le gníomhafochtas de chuid na mBallstát d'fhonn na cuspóirf dá dtagraftear i mír 1 a ghnóthú.

Ní féidir leis an gComphobal leas a bhaint as an Teideal seo chun aon bheart a thabhairt isteach ar dóigh dó an iomafocht a shaobhadh.

TEIDEAL XIV
Comhtháthú eacnamafoch agus sóisialta

AIRTEAGAL 130a

D'fhonn a fhorbairt chomhchus i gcoitinne a chur ar aghaidh, déanfaidh an Comphobal a chuid gníomhafochtas a fhorbairt agus a shaothrú ar mhaithe lena chomhtháthú eacnamafoch agus sóisialta a nearú.

Féachfaidh an Comphobal go háirithe leis an neamhionannas idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhaireacht na réigiún is mísdheisiúla, lena n-áirftear na limistéir thuaithe, a laghdú.

AIRTEAGAL 130b

Déanfaidh na Ballstáit a mbeartas eacnamafoch a sheoladh agus a chomhordú d'fhonn na cuspóirf atá leagtha amach in Airteagal 130a a bhaint amach freisin. Saineofar agus cuirfear beartais agus gníomhafochtas an Chomphobail chun feidhme agus cuirfear an margadh inmheánach chun feidhme le haird ar na cuspóirf atá leagtha amach in Airteagal 130a agus rannpháirtseoidh siad i ngnóthú na gcuspóirf sin. Tacóidh an Comphobal leis na cuspóirf sin a ghnóthú agus é ag gníomhú trí bhíshín na gcistí struchtúracha (Róinn Treorafochta an Chiste Eorpáigh um Threorafocht agus Ráthasocht Talmhafochta, Ciste Sóisialta na hEorpa, Ciste Forbrafochta Réigiúnais na hEorpa), trí an mBanc Eorpach Infheistfochta agus trí na hionstraimí airgeadais eile atá ann cheana.

Tfolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choiste Eacnamafoch agus Sóisialta agus do Choiste na Réigiún gach trí bliana ar an dul chun cinn atá

déanta maidir leis an gcomhtháthú eacnamafoch agus sóisialta a ghnóthú agus ar an tsíl inar rannchuidigh na meáin éagsúla dá bhforáltear san Airteagal seo leis. Beidh tograí iomchúf in éineacht leis an tuarascáil más gá.

Más léir gur gá gníomhafochtaí sonracha lasmuigh de na cistí agus gan dochar do na bearta arna gcinneadh faoi chuimsíú bheartais eile an Chomhphobail, féadfaidh an Chomhairle na gníomhafochtaí sin a ghlaicadh, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Pharlaimint na hEorpa, leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún.

AIRTEAGAL 130c

Tá ceaptha do Chiste Forbrafochta Réigiúnaf na hEorpa rannchuidiú leis na príomh-mhíshochromafochtaí réigiúnacha sa Chomhphobal a cheartú, trí rannpháirtiú i bhforbairt agus i gcoigeartú struchtúrach na réigiún a hhfuil a bhforbairt tite ar gcúl agus in athrúchán na réigiún tionsclaoch atá ag meath.

AIRTEAGAL 130d

Gan dochar d'Airteagal 130e, saineoidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, tar éis do Pharlaimint na hEorpa aontú agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, cúramí, cuspóirí tosafochta agus eagrú na gcistí struchtúracha a fhéadfaidh grúpáil na gcistí a chuimsíú. Saineoidh an Chomhairle freisin, ag gníomhú di tríd an nós imeachta céanna, na rialacha ginearálta is infheidhme ar na cistí maille leis na forálacha is gá chun éifeachtúlacht na gcistí agus an comhordú eatarthu agus leis na hionstraimí airgeadais eile atá ann cheana a diríthíú.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta céanna, Ciste Comhtháithithe a cbur ar bun roimh an 31 Nollaig 1993 chun rannscoafacht airgeadais a chur ar fáil do thionscadail i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán traseorpach i gcursaí bonncagar iompair.

AIRTEAGAL 130e

Glacfaidh an Chomhairle ag gnsomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189c agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, na cinní cur chun feidhme a bhaineann le Ciste Forbrafochta Réigiúnaí na hEorpa.

Leanfaidh Airteagail 43 agus 125 faoi seach de bheith infheidhme inaidir le Roinn Treorafochta an Chiste Eorpaigh um Threorafocht agus Ráthaslocht Talmhafochta agus le Ciste Sóisialta na hEorpa.

TEIDEAL XV

Taighde agus forbairt theicneolafoch

AIRTEAGAL 130f

1. Beidh sé de chuspóir ag an gComhphobal fothaí eolafocha agus teicneolafocha thionscal an Chomhphobail a neartú agus taobhú le forbairt a chumas iomafochta idirnáisiúnta, agus gach gusomhafocht taighde a mheastar is gá de bhun chaibidil eile an Chonartha seo a chur ar aghaidh.
2. Chuige sin, cothóidh an Comhphobal guóthais ar fud an Chomhphobail, lena n-áiristear gnóthais bheaga agus meánmhéide, lárionaid taighde agus ollscoileanna ina n-iarrachtaí maidir le taighde agus forbairt theicneolafoch d'ardchaighdeán; tacóidh sé lena n-iarrachtaí comhair, go háirithe d'fhonn a chumasú do ghnóthais leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh inmheánaigh go háirithe trí bhfithin conarthaí náisiúnta poiblí a oscailt, comhchaighdeáin a shainiú agus bacainní dlíthiúla agus fioscacha ar chomhar den sórt sin a dhíchur.
3. Déanfar gach gnsomhafocht Chomhphobail de bhun an Chonartha seo, lena n-áiristear gnsomhafochtaí taisealbhaidh, i réimse an taighde agus na forbartha teicneolasche, a chinneadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le forálacha an Teidil seo.

AIRTEAGAL 130g

Agus na cuspóirí sin á saothrú aige, déanfaidh an Comhphobal na gníomhafochtaí seo a leanas a chur i gcríoch chun na gníomhafochtaí atá ar siúl sna Ballstáit a fhorsónadh:

- (a) cláir a chur chun feidhme maidir le taighde, forbairt theicneolafoch agus taisealbhadh tréchomhar le gnóthais, láirionaid taighde agus ollscoileanna agus eatarthu a chur ar aghaidh;
- (b) comhar maidir le taighde, forbairt theicneolafoch agus taisealbbadh Comhphobail a chur ar aghaidh le tréfú tfortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) torthas gníomhafochtaí maidir le taighde, forbairt theicneolafoch agus taisealbhadh Comhphobail a leathadh agus leas ionlán a bhaint astu;
- (d) oiliúint agus soghluaisteacht lucht taighde sa Chomhpbobal a spreagadh.

AIRTEAGAL 130h

1. Déanfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit a ngníomhafocht a chomhordú maidir le taighde agus forbairt theicneolafoch chun a áirithíú go mbeidh comhchuibheas frithpháirteach idir na beartais náisiúnta agus an beartas Comhphobail.

2. Féadfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomharafocht leis na Ballstáit, gach tionscnamh is fóinteach a ghlaicadh chun an comhordú dá dtagraftear i mír 1 a chur ar aghaidh.

AIRTEAGAL 130i

1. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 189b agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, clár réime ilbpbliantúil ina leagfar amach gníomhafochtaí uile an Chomhpbobail. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil i gcaitheamh na nósanna imeachta dá dtagraftear in Airteagal 189b.

Déanfaidh an clár réime:

- na cuspóirí eolafocha agus teicneolafocha atá le gnóthú sna gníomhafochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 130g agus na tosafochtaí a bheidh ag gabbáil leo a sbocru;

- imínte do na gníomhafochtaí sin a chur i bhfios;
- an t-uasmhéid foriomlán agus na rialacha mionsonraithe a shocrú do rannpháirtíocht airgeadais an Chomhphobail sa chlár réime maille leis an gcion faoi seach i ngach gníomhafocht arna beartú.

2. Déanfar an clár réime a oiriúnú nó a fhórlíonadh de réir mar a thagann cor nua sa scéal.

3. Cuirfear an clár réime chun feidhme trí bhíthin clár sonrach a dhéanfar a fhorbairt laistigh de gach gníomhafocht. Déanfaidh gach clár sonrach rialacha mionsonraithe a chur chun feidhme a shonrú, a ré a shocrú agus an maoiniú a mheastar is gá a fhóral. Ní fhéadfaidh suim na méideanna a mheastar is gá arna socrú sna cláir shonracha a bheith níos mó ná an t-uasmhéid foriomlán arna shocrú don chlár réime agus do gach gníomhafocht.

4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, na cláir shonracha a ghlacadh.

AIRTEAGAL 130j

Ar mhaithe le cur chun feidhme an chláir réime ilbhliantúil, socróidh an Chomhairle:

- na rialacha a bhaineann le rannpháirtíocht ghnóthas, lárionaid taighde agus oilscoileanna;
- na rialacha is infheidhme maidir le torthas an taighde a leathadh.

AIRTEAGAL 130k

Agus an clár réime ilbhliantúil á chur chun feidhme, féadfar cinneadh ar chláir fhórlíontacha nach mbeidh rannpháirtíeach iontu ach Ballstáit áirithe a dhéanfaidh iad a mhaoiniú faoi réir rannpháirtíocht ionchasach an Chomhphobail.

Giacfaidh an Chomhairle na rialacha is infheidhme maidir leis na cláir fhórlíontacha, go háirithe maidir le leathadh eolais agus rochtain ag Ballstáit eile.

AIRTEAGAL 130I

Agus an clár réime ilbhliantúil á chur chun feidhme aige, féadfaidh an Comhphobal, le comhaontú na mBallstát i dtrácht, foráil do rannpháirtfocht i gcláir thaghde agus forbartha a bheidh gafa ar láimh ag Ballstáit éagsúla, lena n-airstear ranpháirtfocht sna struchtúir arna gcur ar bun chun na cláir sin a chur i gcrsfch.

AIRTEAGAL 130m

Agus an clár réime ilbhliantúil á chur chun feidhme aige, féadfaidh an Comhphobal foráil do chomhar maidir le taighde, forbairt theicneolafoch agus taisealbhadh Comhphobail le tríu tfortha nó le heagrafochtais idirnáisiúnta.

Féadfaidh rialacha mionsonraithe an chomhair sin a bheith ina n-ábhar do chomhaontuithe idir an Comhphobal agus na tríu páirtithe i dtrácht, a dhéanfar a chaibidil agus a thabhairt i gcrsfch i gcomhréir le hAireagal 228.

AIRTEAGAL 130n

Féadfaidh an Comhphobal comhghnóthais nó aon struchtúr eile a chur ar bun is gá do dhea-chur i gcrsfch cláir Chomhphobail maidir le taighde, forbairt theicneolafoch agus taisealbhadh.

AIRTEAGAL 130o

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 130n a ghlacadh.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189c agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 130j go 130l a ghlacadh. Beidh gá le comhaontú na mBallstát i dtrácht chun na cláir fhorlfontacha sin a ghlacadh.

AIRTEAGAL 130p

Ag túis gach bliana, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Folóidh an tuarascáil sin go háirithe na gnsomhafochtaí a rinneadh maidir le taighde, forbairt theicneolafoch agus leathadh na dtorthaí i gcaitheamh na bliana roimhe sin agus an clár oibre don bhliain reatha.

TEIDEAL XVI**Comhshaol****AIRTEAGAL 130r**

1. Rannchuvideoidh beartas an Chomphobail i réimse an chomhshaoil leis na cuspóirí seo a leanas a shaothrú:

- mianach an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú;
- sláinte an duine a chosaint;
- acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama réasúnach;
- bearta a chur ar aghaidh ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna réigiúnacha nó domhanda an chomhshaoil.

2. Beidh sé d'aidhm ag beartas an Chomphobail i réimse an chomhshaoil ardleibhéal cosanta a shroicheadh ag tabhairt aird ar éagsúlacht na gcor i réigiúnin éagsúla an Chomphobail. Fothófar ar phrionsabal an réamhchúraim é agus ar an bpriónsalbur gur cóir bearta coiscitheacba a ghilcadh, go dtabharfar tosafocht do bhearta chun damáiste don chomhshaoil a cheartú ag an bhfoinse agus gurb é údar an truaillithe a focfaidh as. Ní mór na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a bheith ina gcuid dhflis de shainiú agus de chur chun feidhme bheartais eile an Chomphobail.

Sa chomhthéacs seo, beidh sna bearta comhchuitibhithe a fhreagraíonn do cheanglais den sórt sin, i gcásanna ionchuí, clásal cosanta a údaróidh do na Ballstáit bearta sealadacha a bheidh faoi réir nós imeachta rialú Comphobail a ghilcadh ar fhórais chomhshaoil neamheacnamafocha.

3. Agus a bheartas i réimse an chomhshaoil á ullmhú aige, cuirfidh an Comhphobal san áireamh:

- a bhfuil ar fáil de shonraí eolafocha agus teicniúla;
- dálaí an chomhshaoil i réigiún éagsúla an Chomhphobail;
- na buntáistí agus na costais a fhéadfaidh a theacht as gníomhafocht nó easpa gníomhafochta;
- forbairt eacnamafoch agus shóisialta an Chomhphobail ina ionláine agus forbairt chothromúil a chuid réigiún.

4. Faoi chuimsiú a n-inniúláchtas faoi seach, comhoibreoidh an Comhphobal agus na Ballstáit le tríú tfortha agus le heagrafochtaí idirnáisiúnta inniúla. Féadfaidh rialacha mionsonraithe chomhar an Chomhphobail a bheith ina n-ábhar do chomhaontuithe idir an Comhphobal agus na tríú páirtithe i dtrácht, a dhéanfar a chaibidil agus a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAireagal 228.

Beidh an chéad fhomhír gan dochar d'inniúlacht na mBallstát dul i mbun caibidíochta i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcríoch.

AIRTEAGAL 130s

1. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Aireagal 189c agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta, na gníomhafochtaí a ghabhfaidh an Comhphobal ar láimh chun na cuspóirí dá dtagraítear in Aireagal 130r a ghnóthú.

2. De mhaolú ar an nós imeachta cinníteoireachta dá bhforáiltear i mír 1 agus gan dochar d'Aireagal 100a, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta:

- forálacha atá de chineál fioscach go príomha;

- bearta maidir le pleanáil bhaile agus tuaithe, úsáid talún seachas bainisteoireacht dramhasola agus bearta de chineál ginearálta, agus bainisteoireacht acmhainní uisce;
- bearta a dhéanann mórdhifear do rogha Bhallstáit idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthar fuinnimh.

Féadfaidh an Chomhairle, faoi na coinnfollacha atá leagtha síos sa chéad fhomhír, na hábhair sin a shainiu dá dtagraítear sa mhír seo ar a nglacfarr cinní trí thromlach cáilithe.

3. I réimsí eile, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189b agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, cláir ghníomhaíochta ginearálta a shocraíonn na cuspóirí tosaíochta a bheidh le baint amach.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di faoi na coinnfollacha dá bhforáiltear i mír 1 nó 2 de réir mar a bheidh, na bearta is gá chun na cláir sin a chur chun feidhme.

4. Gan dochar do bhearta áirithe de chineál Comhphobail, déanfaidh na Ballstáit an beartas comhshaoil a mhaoiniú agus a chur i gcrích.

5. Gan dochar don phrionsabal gurb é údar an truaillithe a socfaidh as, i gcás go mbéarfaidh beart arna bhunú ar fhorálacha mhír 1 costais a mheastar is dísréireach d'údaráis phoibhlí Ballstáit, déanfaidh an Chomhairle, sa ghníomh ag glacadh an bhirt sin, forálacha iomchus a leagan síos ar nós:

- maoluithe sealadacha agus/nó
- tacsocht airgeadais ón gCiste Comhtháithi atá le cur ar bun tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 1993 de bhun fhorálacha Airteagal 130d.

AIRTEAGAL 130t

Ní chuirfidh na bearta cosanta arna nglacadh de bhun Airteagal 130s bac ar aon Bhallstát bearta cosanta níos déimead ar bun ná a thabhairt isteach. Ní mór do bhearta den sórt sin a bheith ag lú leis an gConradh seo. Cuirfear in iúl don Choimisiún iad.

TEIDEAL XVII
Comhar um fhobairt

AIRTEAGAL I30u

1. I réimse an chomhair um fhobairt, taobhóidh beartas an Chomhphobail, a bheidh forlfontach le beartais na mBallstát:

- le forbairt imbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta na dtortha i mbéal forbartha, agus go háirithe na tortha is msbhuntáistiúla ina measc;
- leis na tortha i mbéal forbartha a lánpháirtiú go comhchúf comhleanúnach sa gheilleagar domhanda;
- leis an gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta sna tortha i mbéal forbartha.

2. Rannchuvideoidh beartas an Chomhphobail sa réimse seo leis an gcuspóir ginearálta maidir le forbairt agus comhdhlúthú an daonlathais agus smacht reachta agus leis an gcuspóir maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú.

3. Urramóidh an Comhphobal agus na Ballstáit na gealltanais agus tabharfaidh siad aird ar na cuspóirí a bheidh formheasta acu faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe agus eagrafochtaí idirnáisiúnta inniuila eile.

AIRTEAGAL 130v

Tabharfaidh an Comhphobal aird ar na cuspóirí dá dtagraistear in Airteagal 130u sna beartais a chuirfidh sé chun feidhme ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do thortha i mbéal forbartha.

AIRTEAGAL 130w

1. Gan dochar d'fhórálacha eile an Chonartha seo, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraistear in Airteagal 189c, na bearta is gá chun na cuspóirí dá dtagraistear in Airteagal 130u a shaothrú. Féadfaidh na bearta sin bheith i bhfoirm clár ilbhliantúil.

2. Rannchuvideoidh an Banc Eorpach Infheistfochta, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear ina Reacht, le cur chun feidhme na mbeart dá dtagraftear i mís 1.
3. Ní dhéanfaidh forálacha an Airteagail seo difear don chomhar leis na tfortha san Afraic, sa Mhúir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) faoi chuimsiú Choinbhinsiún ACC-CEE.

AIRTEAGAL 130x

1. Déanfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit comhordú ar a mbeartais maidir le comhar um fhorbairt agus comhbheartóidh siad le chéile a gcláir chabhrach, go fiú in eagrafochtas idirnáisiúnta agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta. Féadfaidh siad gníomhafochtas comhpháirteacha a ghabháil ar láimh. Rannchuvideoidh na Ballstáit, más gá, le cur chun feidhme chláir chabhrach an Chomhphobail.

2. Féadfaidh an Coimisiún aon tionscnamh is fóinteach a ghilacadh chun an comhordú dá dtagraftear i mís 1 a chur ar aghaidh.

AIRTEAGAL 130y

Faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, comhoibreoidh an Comhphobal agus na Ballstáit le tréasúr tfortha agus leis na heagrafochtas idirnáisiúnta inniuila. Féadfaidh rialacha mionsonraithe chomhar an Chomhphobail bheith ina n-ábhar do chomhaontuithe idir an Comhphobal agus na tréasúr páirtithe i dtrácht, a dhéanfar a chaibidil agus a thabhairt i gcríoch i gcomhréir le hAirteagal 228.

Beidh an chéad fhomhír gan dochar d'inniúlacht na mBallstát dul i mbun caibidilfochta i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcríoch."

E. LegCuid a Cúig - "Institiúidí an Chomhphobail"

- 39) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 137:**

"AIRTEAGAL 137

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar a mbeidh ionadaithe do phobail na Stát arna dtabhairt le chéile sa Chomhphobal, na cumhactas a thugtar di sa Chonradh seo a fheidhmiú."

- 40) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 138(3):**

"3. Tarraingeoidh Parlaimint na hEorpa suas tograf do thoghchán trí vótáil chomhchoiteann dhíreach de réir nós imeachta chomhionainn sna Ballstáit go léir.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gnfomhú di d'aon toil agus tar éis aontú Pharlaimint na hEorpa a ghnfomhóidh trí thromlach glan de na comhactas a chomhdhéanann í, na forálacha iomchus a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach."

- 41) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:**

"AIRTEAGAL 138a

Tá tábhacht le páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach mar thoisc ar mhaithe le lánpháirtíú laistigh den Aontas. Rannchuidonn siad le feasacht Eorpach a mhúnlú agus le friotal a chur ar thóil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais.

AIRTEAGAL 138b

A mhéad a fhoraíltear é sa Chonradh seo, heidh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach sa phróiseas trína nglactar gnfomhartha Comhphobail, trí fheidhmiú a cuid cumhactas faoi

chuimsíú na nósanna imeachta atá sainithe in Airteagail 189b agus 189c agus trí aontuithe agus trí thuairimí comhairleacha a thabhairt.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach a comhaltaí, a iarraidh ar an gCoimisiún aon togra ionchúis a chur faoina bráid ar na hábhair ar gá, dar leí, gníomh Comhphobail ina leith chun an Conradh seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 138c

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, agus a cúraimí á gcomhall aici, arna iarraidh sin don cheathrú cuid dá comhaltaí, coiste fiosrúcháin sealadach a chur ar bun chun iniúchadh a dhéanamh, gan dochar do na cumhactas a thugtar d'instiuíidí nó do chomhlactas eile sa Chonradh seo, ar lismhaintí maidir le sárú nó le drochriarachán i gcur chun feidhme dhíí an Chomhphobail, ach amháin má tá na fíoraí a lismhnaítear faoi scríú os comhair cíirte agus fad nach mbeidh na himeactas dlíthiúla crsochnaithe.

Beidh deireadh leis an gcoiste fiosrúcháin sealadach ar thaisceadh a thuarascála dó.

Cinnfidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún de thoil a chéile na rialacha mionsonraithe maidir leis an gceart fiosrúcháin a fheidhmiú.

AIRTEAGAL 138d

Beidh ag gach saoránach den Aontas agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát, ar a chonlán féin nó i gcomhlachas le saoránaigh nó daoine eile, an ceart achainí a chur os comhair Parlaimint na hEorpa ar ábhar a thig faoi réimsí gníomhafochta an Chomhphobail agus a bhaineann go díreach leis.

AIRTEAGAL 138e

1. Ceapfaidh Parlaimint na hEorpa Ombudsman a chumhachtófar chun gearáin a ghlacadh ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát maidir le cásanna drochriarachán i ngníomhafochtaí na n-instiuíidí nó na gcomhlactas Comhphobail, seachas an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Chéadchéime i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna breithiúnacha dóibh.

I gcomhréir lena dhualgais, cuirfidh an tOmbudsman na fiosrúcháin i gcrsch a bhfuil forais faigthe aige chucu ar a thionscnamh féin nó ar bhonn gearán a dhéantar leis go díreach nó trí chomhalta de Pharlaimint na hEorpa, ach amháin má tá nó má bhí na fiorais a lomhnastear ina n-ábhar d'imeachtaí dlíthiúla. I gcás go suionn an tOmbudsman go bhfuil drochriarachán i gceist, cuirfidh sé an cás faoi bhráid na hinstiúide i dtrácht agus beidh trí mhí aici chun a tuairim a thabhairt dó. Ansin díreoidh an tOmbudsman tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an institiúid i dtrácht. Cuirfear an duine a rinne an gearán ar an eolas faoi thoradh na bhfiosrúchán sin.

Tíolacfaidh an tOmbudsman tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa gach bliain ar thorthaí a chuid fiosrúchán.

2. Ceapfar an tOmbudsman tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa go ceann théarma oifige na Parlaiminte. Féadfar a théarma oifige a athnuachan.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais an tOmbudsman a bhriseadh arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa mura gcomhallaíodh sé a thuilleadh na coinnfollacha is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach.

3. Beidh an tOmbudsman neamhspleách ar fad i bhfeidhniú a fheidhmeanna. I gcomhlíonadh a dhualgas dó, ní iarrfaidh sé ná ní ghlacfaidh sé teagaisc ó aon chomhlacht eile. Ní cead dó, le linn a théarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach.

4. Socróidh Pharlaimint na hEorpa, tar éis tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún agus le formheas ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, na rialacháin agus na coinnfollacha ginearálta d'fheidhmiú fheidhmeanna an Ombudsman.”

42) Comhláintear an dara fomhír d'Airteagal 144 leis an abairt seo a leanas:

“Sa chás sin, rachaidh téarma oifige chomhaltaí an Choimisiúin a cheaptar chun a n-ionad a ghabháil in éag ar an dáta a rachadh téarma oifige chomhaltaí an Choimisiúin ar tugadh orthu éirí as d'aon bhufon in éag.”

43) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 146

Beidh ar ~~an~~ gComhairle ionadas do gach Ballstát ar leibhéal aireachta dá n-údarófar Rialtas an Bhallstáit ~~sin~~ a cheangal.

Sealbhóidh gach comhalta den Chomhairle, ar a uain, oifig an Uachtaráin go ceann téarma sé mhí in ord seo a leanas na mBallstát:

- go ceann chéad tréimhse sé bliana: an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rfocth Aontaithe;
- go ceann na tréimhse sé bliana dár gcionn: an Danmhairg, an Bheilg, an Ghréig, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil, Éire, an Ísiltír, Lucsamburg, an Rfocth Aontaithe, an Phortaingéil."

44) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 147

Tiocfaidh ~~an~~ Chomhairle le chéile arna coinóradh ag a hUachtaráin ar a thionscnamh fén nó arna iarradh sin do chomhalta den Chomhairle nó don Choimisiún."

45) Aisghairtear Airteagal 149.

46) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 151

1. Beidh coiste arna chomhdhéanamh de Bhuanionadaithe na mBallstát freagrach as obair na Comhairle a ullmhú agus as na cúraimí a chuirfidh an Chomhairle air a chur i gcrích.
2. Beidh Ardrúnafocht, faoi stiúradh Ardrúnaí, de chúnamh ag an gComhairle. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, an tArdrúnaí a cheapadh.

Cinnfidh an Chomhairle eagrí na hArdrúnafochta.

3. Glacfaidh an Chomhairle a rialacha nós imeachta."

47) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 154

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, tuarastail, slánafochtaí agus pinsin Uachtaráin agus chomhaltaí an Choimisiúin agus Uachtaráin, Bhlreithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, trí thromlach cáilithe freisin, aon slánafocht is intugha in ionad luach saothair."

48) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"AIRTEAGAL 156

Foilseoidh an Coimisiún go bliantúil, tráth nach déanaí ná mí roimh oscailt sheisiún Pharlaimint na hEorpa, tuarascáil ghinearálta ar gníomhafochtaí an Chomhphobail.

AIRTEAGAL 157

1. Beidh ar an gCoimisiún seacht gcomhalta dhéag a roghnófar de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, lón chomhaltaí an Choimisiún a athrú.

Ní féidir a bheith ina gcomhaltaí den Choimisiún ach amháin náisiúnaigh de na Ballstáit.

Ní mór náisiúnach amháin ar a laghad as gach Ballstát a bheith ar an gCoimisiún, ach ní féidir thar dhá chomhaltaí is náisiúnaigh den Stát céanna a bheith ar an gCoimisiún.

2. Beidh comhaltaí an Choimisiún, chun leas ginearálta an Comhphobal, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

I gcomhlíonadh a ndualgas dóibh, ní iarrfaidh ná ní ghlaicfaidh siad teagaisc ó aon Rialtas ná ó aon chomhlacht eile. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach lusonn lena bhfeidhmeanna. Gabhann gach Ballstát air féin an prionsabal sin a urramú agus gan féachaint le tionchar a oibriú ar chomhaltaí an Choimisiún i gcomhlíonadh a gúraimí dóibh.

Ní cead do chomhaltaí an Choimisiún, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealltanás sollúnta go n-urrámóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh. Má dhéantar aon sárú ar na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, a rialú, de réir na n-imthosca, go bhfuil an comhalta áirithe le scor go héigeantach i gcomhréir le forálacha Airteagal 160 nó go bhfuil a cheart chun pinsin nó chun sochar eile in ionad pinsin le baint de.

AIRTEAGAL 158

1. Ceapfar comhaltaí an Choimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mís 2, go ceann téarma cúig bliana faoi réir, más gá, fhorálacha Airteagal 144.

Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan.

2. Ainmneoidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an duine a bheartaonn siad a cheapadh ina Uachtarán ar an gCoimisiún.

Ainmneoidh Rialtais na mBallstát, i gcomhairle leis an Uachtarán-ainmnitheach, na daoine eile a bheartaonn siad a cheapadh ina gcomhaltaf den Choimisiún.

Déanfar Uachtarán agus comhaltaí eile an Choimisiún arna n-ainmniú amhlaidh a chur mar choláiste faoi réir vóta formheasta ag Parlaimint na hEorpa. Ceapfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile Uachtarán agus comhaltaí eile an Choimisiún tar éis fhormheas Pharlaimint na hEorpa.

3. Beidh forálacha mhíreanna 1 agus 2 infheidhme den chéad uair ar Uachtarán agus ar chomhaltaí eile an Choimisiún a dtosóidh a dtéarma oifige ar an 7 Eanáir 1995.

Ceapfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile Uachtarán agus comhaltaí an Choimisiún a dtosóidh a dtéarma oifige ar an 7 Eanáir 1993. Rachaidh a dtéarma oifige in éag ar an 6 Eanáir 1995.

AIRTEAGAL 159

Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhalta den Choimisiún ar é d'éirí as oifig nó ar é a scor go héigeantach.

Déanfar folúntas a tharlóidh amhlaidh a lónadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an comhalta le comhalta nua arna cheapadh ag Rialtais na mBallstát de thoil a chéile. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, a chinneadh nach gá folúntas den sórt sin a lónadh.

I gcás an tUachtarán d'éirí as oifig, a scor go héigeantach nó d'fháil bháis, déanfar duine a cheapadh ina ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma oifige. Is é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 158(2) is infheidhme chun duine a cheapadh in ionad an Uachtaráin.

Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach faoi fhorálacha Airteagal 160, fanfaidh comhaltaí an Choimisiún i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.

AIRTEAGAL 160

Aon chomhalta den Choimisiún nach bhfuil na coinnfollacha is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú á gcomhall aige a thuilleadh nó a bhí ciontach i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, é a scor go héigeantach.

AIRTEAGAL 161

Féadfaidh an Coimisiún Leasuachtarán amháin nó dhá Leasuachtarán a cheapadh as lón a chomhaltaí.

AIRTEAGAL 162

1. Rachaidh an Chomhairle agus an Coimisiún i gcomhairle le chéile agus socróidh siad de thoil a chéile a modhanna comharafochta.
2. Glacfaidh an Coimisiún a rialacha nós imeachta chun a áirithíú go n-oibreoidh sé féin agus a ranna de réir fhorálacha an Chonartha seo. Áiritheoidh sé go bhfoilseofar na rialacha sin.

AIRTEAGAL 163

Gníomhóidh an Coimisiún trí thromlach den lón comhaltaí dá bhforáiltear in Airteagal 157.

Ní bailf do chruinniú den Choimisiún mura mbíonn i láthair an lón comhaltaí atá leagtha sfos ina rialacha nós imeachta."

49) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 165:

"AIRTEAGAL 165

Trí Bhreitheamh déag a bheidh ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Suifidh an Chúirt Bhreithiúnais i seisiún ionlánach. Féadfaidh sé, áfach, eagarr dílseomraí a chur uirthi féin, a mbeidh trí Bhreitheamh nó cùig Bhreitheamh i ngach dílseomra díobh,

chun réamhfiosrúcháin áirithe a ghabháil ar láimh nó chun breith a thabhairt ar chásanna de chineálacha áirithe de réir rialacha arna leagan síos chun na gcríoch sin.

Suifidh an Chúirt Bhreithiúnais i seisiún ionlánach arna iarraigd sin do Bhallstát nó do cheann d'institiúidí an Chomhphobail is páirtí sna himeachtaí.

Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, Isón na mBreithiúna a mhéadú agus na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an dara agus an tríú mír den Aireagal seo agus ar an dara mír d'Aireagal 167.*

50) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 168a:

***AIRTEAGAL 168a**

1. Cuirfear ag gabbáil leis an gCúirt Bhreithiúnais cúirt a mbeidh dlínse aici aicmí áirithe caingne nó imeachta, arna gcinneadh faoi na coinnfollacha atá leagtha síos i mír 2, a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim faoi réir ceart achomhairc a bheith ann chun na Cúirte Breithiúnais ar phoncanna dí amháin agus faoi réir na gcoinnfollacha atá leagtha síos sa Reacht. Ní bheidh an Chúirt Chéadchéime inniuil ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 177 a éisteacht agus a chinneadh.
2. Arna iarraigd sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, socróidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, na haicmí caingne nó imeachta dá bhforáiltear i mír 1 agus comhdhéanamh na Cúirte Céadchéime agus glacfaidh sí na hoiriúnuithe is gá ar Reacht na Cúirte Breithiúnais agus na forálacha breise is gá a ghabhann leis an Reacht sin. Mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalaírt, beidh forálacha an Chonartha seo a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais, go háirithe forálacha an Phrótaíil ar Reacht na Cúirte Breithiúnais, infheidhme ar an gCúirt Chéadchéime.
3. Roghnófar comhaltaíf na Cúirte Céadchéime as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú; ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile go ceann téarma sé bliana. Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana. Féadfar comhaltaíf a bheidh ag scór a athcheapadh.

4. Glacfaidh an Chúirt Chéadchéime a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas d'aon toil ón gComhairle a bheith leo."

51) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 171:

"AIRTEAGAL 171

1. Má shufonn an Chúirt Bhreithiúnais gur mhainnígh Ballstát oibleagáid faoin gConradh seo a chomhall, cuirfear de cheangal ar an Stát sin na bearta is gá a ghlaicadh chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.

2. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil na bearta sin glactha ag an mBallstát i dtrácht, eiseoidh sé, tar éis caoi a thabhairt don Bhallstát sin a bharúlacha a thíolacadh, tuairim réasúnaithe ag sonrú na bponcanna nach bhfuil an Ballstát i dtrácht tar éis breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh ina leith.

Mura mbeidh na bearta is gá d'fhorghnófomhú bhreithiúnas na Cúirte glactha ag an mBallstát i dtrácht laistigh den tréimhse a bheidh socraithe ag an gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún an cás a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais. Cuirfidh an Coimisiún in iúl méid na cnapshuime nó na híocafochta pionósáil a bheidh le híoc ag an mBallstát i dtrácht a mheasann sé is iomchuf sna himthosca.

Má shufonn an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil a breithiúnas comhlíonta ag an mBallstát i dtrácht, féadfaidh sé cnapshuim nó focafocht phionósach a ghearradh air.

Beidh an nós imeachta sin gan dochar d'Airteagal 170."

52) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 172:

"AIRTEAGAL 172

Féadfaidh rialacháin arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle go comhpháirteach, agus ag an gComhairle de bhun fhórálacha an Chonartha seo, dlínse neamhtheoranta a thabhairt don Chúirt Bhreithiúnais maidir leis na pionóis dá bhforáiltear sna rialacháin sin."

53) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 173:

"AIRTEAGAL 173

Déanfaidh an Chuit Breithiúnais léirmheas ar dhlíthiúlacht ghníomhartha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle arna nglacadh go comhpháirteach, na Comhairle, an Choimisiún agus BCE, seachas moltaí nó tuairimí, agus na ngníomhartha sin de Pharlaimint na hEorpa atá ceaptha chun éifeacht dhlíthiúil a bheith acu i leith tráú páirtithe.

Chuige sin beidh dlínse aici i gcaingne a thionscnóidh Ballstát, an Chomhairle nó an Coimisiún mar gheall ar easpa inniúlachta, ar shárú ceanglais fhíor-riachtanaigh nós imeachta, ar shárú an Chonartha seo nó aon rial dlí a bhaineann lena chur chun feidhme nó ar mhí-úsáid cumhaontaí.

Beidh dlínse ag an gCúirt faoi na coinníollacha céanna i gcaingne arna dtionscnamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag BCE d'fhoinn sainchumais na gcomhlactaí sin a choimirciu.

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, faoi na coinníollacha céanna, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh cinneadh a dírsodh chuig an duine sin nó in aghaidh cinneadh is dá chúram go díreach agus go leithleach, cé gur i bhfoirm rialacháin dó nó i bhfoirm cinneadh a dírsodh chuig duine eile.

Déanfar na himeachtaí dá bhforáltear san Airteagal seo a thionscnamh laistigh de dhá mhí ón uair a foilsíodh an beart, nó a cuireadh in iúl don ghearánaí é nó, murar cuireadh, ón lá a fuair sé fios air, de réir mar a bheidh."

54) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 175:

"AIRTEAGAL 175

Más rud é, de sbártú ar an gConradh seo, go mainneoidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún gníomhú, féadfaidh na Ballstáit agus institiúidí eile an Chomhphobail caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais chun an sárú sin a shuismh.

Ní bheidh an chaingeán inghlactha ach amháin sa chás inar iarradh i dtosach ar an institiúid i dtrácht gníomhú. Más rud é, laistigh de dhá mhí tar éis a iarrtha sin uirthi, go mbeidh an institiúid i dtrácht gan a seasamh sa chás a shonrú, féadfar an chaingeán a thabhairt ar aghaidh laistigh de thréimhse bhreise dhá mhí.

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, faoi na coinnfollacha atá leagtha síos sna míreanna roimhe seo, gearán a dhéanamh leis an gCúirt Bhreithiúnais gur mhainnígh ceann d'institiúidí an Chomhphobail aon ghníomh seachas moladh nó tuairim a dhíriú chuig an duine sin.

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais faoi na coinnfollacha céanna chun breith a thabhairt i gcaingne nó in imeachtaí arna dtionscnamh ag BCE sna réimsí a thig faoina inniúlachtas nó i gcaingne nó imeachtaí arna dtionscnamh ina choinne."

55) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 176:

"AIRTEAGAL 176

An institiúid nó na hinstiúidí ar dearbhafodh a gníomh nó a gníomh a bheith ar neamhní nó ar dearbhafodh a neamhgníomh a bheith contrártha leis an gConradh seo, ceanglófar uirthi nó orthu na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.

Ní dhéanfaidh an oibleagáid sin difear d'aon oibleagáid ab fhéidir a theacht ón dara mír d'Airteagal 215 a chur chun feidhme.

Beidh na forálacha seo infheidhme freisin ar BCE."

56) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 177:

"AIRTEAGAL 177

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun réamhrialú a thabhairt:

(a) ar léiriú an Chonartha seo;

- (b) ar bhaileacht agus léiriú gusomhartha de chuid institiúidí an Chomhphobail agus de chuid BCE;
- (c) ar léiriú reachtanna comhlachtaí arna mbunú le gusomh de chuid na Comhairle, nuair a fhoráiltear sin sna reachtanna sin.

Nuair a thabharfar ceist den sórt sin ar aird os comhair cíirte nó binse de chuid Ballstáit, féadfaidh an chuírt nó an binse sin, má mheasann sé nó sí gur gá cinneadh ar an gceist ionas go bhféadfaidh sé nó sí breithiúnas a thabhairt, a iarraidh ar an gCúirt Breithiúnais rialú a thabhairt ar an gceist sin.

- Má thugtar aon cheist den sórt sin ar aird i gcás a bheidh ar feitheamh os comhair cíirte nó binse de chuid Ballstáit, agus nach bhfuil leigheas breithiúnacb faoin dÍ náisiúnta in aghaidh chinntí na cíirte nó an bhinse sin, tabharfaidh an chuírt nó an binse sin an t-ábhar os comhair na Cíirte Breithiúnais.*

57) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 180:

***AIRTEAGAL 180**

Beidh dlínse ag an gCúirt Breithiúnais, faoi réir na dtéorainneacha atá leagtha sós ina dhiaidh seo, i ndfospóidí a bbaineann le:

- (a) comhall oibleagáidí faoi Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistiochta ag na Ballstáit. I dtaca leis sin de, beidh ag Bord Stiúrthóirí an Bhainc na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún in Airteagal 169;
- (b) bearta arna nglacadh ag Bord Ghobharnóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistiochta. I dtaca leis sin de, féadfaidh aon Bhallstát nó an Coimisiún nó Bord Stiúrthóirí an Bhainc imeachtaí a thionscnamh faoi na coinnfollacha atá leagtha sós in Airteagal 173;
- (c) bearta arna nglacadh ag Bord Stiúrthóirí an Bhainc Eorpaibh Infheistiochta. Ní bheidh imeachtaí in aghaidh beart den sórt sin intionscanta ach amháin ag Ballstáit nó ag an gCoimisiún faoi na coinnfollacha atá leagtha sós in Airteagal 173, agus ar na forais sin amháin nár comhlísonadh an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 21(2), (5), (6) agus (7) de Reacht an Bhainc;

(d) comhall na n-oibleagáidí a thig ón gConradh seo agus ó Reacht CEBC ag bainc cheannais náisiúnta. I dtaca leis sin de, beidh ag Comhairle BCE i leith na mbanc ceannais náisiúnta na cumhactas a thugtar don Choimisiún in Airteagal 169 i leith na mBallstát. Má fhraigheann an Chúirt Bhreithiúnais gur mhainnígh banc ceannais náisiúnta oibleagáid faoin gConradh seo a chomhall, cuirfear de cheangal ar an mbanc ceannais náisiúnta sin na bearta is gá a ghilcadh chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh."

58) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 184:

"AIRTEAGAL 184

D'ainneoin an tréimhse atá leagtha sfos sa chuígiú mís d'Airteagal 173 a bheith caite, féadfaidh aon pháirtí, i gcás imeachtais ina mbeidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle go comhpáirteach nó rialachán ón gComhairle, ón gCoimisiún nó ó BCE faoi shaincheist, na forais a phléadáil dá bhforáiltear sa dara mír d'Airteagal 173, d'fhoinn neamhfheidhmeacht an rialacháin sin a agairt os comhair na Cúirte Breithiúnais."

59) Cuirtear isteach an Róinn seo a leanas:

**"ROINN 5
AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ**

AIRTEAGAL 188a

Déanfaidh Cúirt Iniúchóirí iniúchóireacht ar na cuntais.

AIRTEAGAL 188b

1. Dhá chomhalta dhéag a bheidh ar an gCúirt Iniúchóirí.
2. Roghnófar comhactas na Cúirte Iniúchóirí as measc daoine a bhaineann nō a bhain ina dtfortha faoi seach le comhlactas seachtracha iniúchóireachta nó a bhfuil cailfacht speisialta acu le haghaidh na hoifige sin. Ní bheidh a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

3. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a cheapadh go ceann téarma sé bliana.

Ach nuair a bheidh na chéad cheapacháin á ndéanamh, roghnófar ceithre chomhalta den Chúirt Iniúchóirí trí chrannchur agus gan a bheith acu de théarma oifige ach céithre bliana.

Féadfar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a athcheapadh.

Toghsaidh siad Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí as a lón féin go ceann téarma trí bliana. Féadfar an tUachtarán a atoghadh.

4. Beidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, chun leas ginearálta an Chomhphobail, neamhspleáach ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

I gcomhlísonadh a ndualgas dóibh, ní iarrfaidh ná ní glacfaidh siad teagaisc ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach lusonn lena bhfeidhmeanna.

5. Ní cead do chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealtanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh.

6. Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí, nó i gcás comhulta d'fháil bháis, críochnoidh feidhmeanna comhulta den Chúirt Iniúchóirí ar é d'éirí as oifig, nó ar é a scor go héigeantach de bhíthin rialú ón gCúirt Bhreithiúnais de bhun mhír 7.

Déanfar folúntas a tharlóidh amhlaidh a lónadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhulta.

Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach, fanfaidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.

7. Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de chomhulta den Chúirt Iniúchóirí ach amháin i gcás ina suffidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gCúirt Iniúchóirí, nach bhfuil coinnfollacha riachtanacha a oifige á gcomhall ná na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh.

8. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, coinnfollacha fostasocha Uachtaráin agus chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí agus go háirithe a dtuarastail, a slánafochtaí agus a bpinsin. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, trí thromlach cáilithe freisin, aon slánafocht is intugtha in ionad luach saothair.

9. Na forálacha den Phrótacl ar Phribhléidí agus Díoltúintí na gComhphobal Eorpach a bhainneann le Breithiúna na Cúirte Breithiúnais, beidh siad infheidhme freisin ar chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí.

AIRTEAGAL 188c

1. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntas ar ioncam agus caiteachas uile an Chomhphobail. Scrúdóidh sí freisin na cuntas ar ioncam agus caiteachas uile gach comhlachta arna bhunú ag an gComhphobal a mhéad nach gcoisceann ionstraim a bhunaithe an scrúdú sin.

Cuirfidh an Chúirt Iniúchóirí ar fáil do Pbarlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ráiteas urrúis i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhilíthiúlacht agus rialtacht na n-oibrsochtaí i ndáil leo.

2. Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí scrúdú féachaint an bhfuarthas an t-ioncam uile agus ar tabhafodh an caiteachas uile ar mhodh dleathach rialta, agus an ndearnadh bainistiocht fhonta ar an airgeadas.

Iniúchfar an t-ioncam ar bhonn na suimeanna is dlite arna sufomh agus ar bhonn na suimeanna arna n-foc iarbbír leis an gComhphobal.

Iniúchfar an caiteachas ar bhonn ceangaltais a glacadh ar láimh agus focafochtaí a rinneadh.

Féadfar an iniúchóireacht sin a dhéanamh roimh dhúnadh na gcuntas don bhliain airgeadais atá i gceist.

3. Bunófar an iniúchóireacht ar thaifid agus, más gá, déanfar ar an bhfód í in institiúidí eile an Chomhphobail agus sna Ballstáit. Sna Ballstáit déanfar an iniúchóireacht i gcuibhreann leis na comhlachtaí náisiúnta iniúchóircachta nó, mura mbfónn na cumhachtaí riachtanacha acu sin, leis na ranna náisiúnta inniuála. Cuirfidh na comhlachtaí nó na ranna sin i bhfios don Chúirt Iniúchóirí an bbfaill siad chun páirt a ghlacadh san iniúchóireacht.

Cuirfidh institiúidí eile an Chomhphobail agus na comhlacthaí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbfónn na cumhacthaí riachtanacha acu sin, na rannaí náisiúnta inniuila, ar aghaidh chuig an gCúirt Iniúchóirf, arna iarraidh sin di, aon doiciméad nó faisnéis is gá chun a cúram a chomhlfonadh.

4. Tar éis dheireadh gach bliain airgeadais tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirf suas tuarascáil bhliantúil. Cuirfear ar aghaidh chuig institiúidí eile an Chomhphobail í agus foilseofar in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach í, mar aon le freagraí na n-institiúidí sin ar bharúlacba na Cúirte Iniúchóirf.

Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirf ina theannta sin, tráth ar bith, a banúlacha, go háirithe i bhfoirm tuarascálacha speisialta, a thfölacadh ar cheisteanna sonracha agus tuairimí a thabhairt arna iarraidh sin do cheann d'institiúidí eile an Chomhphobail.

Glacfaidh sí a cuid tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta nó tuairimí trí thromlach a comhalaí.

Beidh sí de chúnamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna rialaithe chun an buiséad a chur i ngníomh."

60) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 189:

"AIRTEAGAL 189

Chun a gcúram a chomhall agus faoi na coinnfollacha dá bhforáiltear sa Chonradh seo, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhpháirteach, an Chomhairle agus an Coimisiún rialacháin a cheapadh, treoracha agus ciuntí a ghlaicadh agus moltaí nó tuairimí a thabhairt.

Beidh feidhm ghníearálta ag rialachán. Beidh sé ina cheangal go buile agus go hiomlán agus infheidhme go dsreach i ngach Ballstát.

Beidh treoir ina ceangal, maidir leis an toradh atá le gnóthú, ar gach Ballstát chuig a ndíreofar í, ach fágfar faoi na húdaráis náisiúnta foirm agus modhanna a roghnú.

Beidh cinneadh ina cheangal go huile agus go biomlán orthu siúd a ndíreofar chucu é.

Ní hheidh aon bhrí cheangailteach le moltaí ná le tuairimí."

61) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"AIRTEAGAL 189a

1. Nuair a ghníomhóidh an Chomhairle, de bhun an Chonartha seo, ar thogra ón gCoimisiún, is gá aontoilfacht do gníomh arb é atá ann leasú ar an togra sin, faoi réir fhordlacha Airteagal 189b(4) agus (5).
2. Fad a bheidh an Chomhairle gan gníomhú, féadfaidh an Coimisiún a thogra a leasú tráth ar bith le linn na nósanna imeachta as a dtiocfaidh glacadh gníomh Comhphobail.

AIRTEAGAL 189b

1. Nuair a thagraítear sa Chonradh seo don Airteagal seo chun gníomh a ghlaicadh, is é an nós imeachta seo a leanas is infheidhme.
2. Tíolacfaidh an Coimisiún togra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Glacfaidh an Chomhairle comhsheasamh, ag gníomhú di trí thromlach cálithe agus tar éis tuairim Pharlaimint na hEorpa a fháil. Cuirfear an comhsheasamh sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa. Tabharfaidh an Chomhairle gach eolas do Pharlaimint na hEorpa faoi na cúiseanna a thug uirthi a comhsheasamh a ghlaicadh. Tabharfaidh an Coimisiún gach eolas do Pharlaimint na hEorpa faoina sheasamh.

Más rud é, laistigh de thrí mhí ón dáta a chuirtear an t-eolas sin chuici:

- (a) go ndéanfaidh Pharlaimint na hEorpa an comhsheasamh a fhormheas, glacfaidh an Chomhairle go críochnaitheach an gníomh i dtrácht i gcomhréir leis an gcomhsheasamh sin;

- (b) nach mbeidh Parlaimint na hEorpa tar éis gníomhú, glacfaidh an Chomhairle an gníomh i dtrácht i gcomhréir lena comhsheasamh;
- (c) go cuirfidh Parlaimint na hEorpa i bhfios, trí thromlach glan de na comhalaí a chomhdhéanann í, a hintinn an comhsheasamh a dhiúltú, cuirfidh sí an Chomhairle ar an eolas láithreach. Féadfaidh an Chomhairle an Coiste Idir-réitigh dá dtagrastear i mór 4 a choinóradh chun a seasamh a mhíniú a thuilleadh. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa dá eis sin, trí thromlach glan de na comhalaí a chomhdhéanann í, diúltú an chomhsheasaimh a dhaingniú, agus ina leithéid de chás measfar nach bhfuil an togra gnímh glactha, nó taigfidh sí leasuithe i gcomhréir leis na forálacha faoi (d) den mhír seo;
- (d) go molfaidh Parlaimint na hEorpa trí thromlach glan de na comhalaí a chomhdhéanann í leasuithe ar an gcomhsheasamh, cuirfear an téacs arna leasú amhlaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, a thabharfaidh tuairim ar na leasuithe sin.

3. Má dhéanann an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cártaíthe laistigh de thrí mhí ón dáta a chuirtear leasuithe Pharlimint na hEorpa os a comhair, na leasuithe sin uile a fhormheas, leasóidh sí a comhsheasamh dá dheasca agus glacfaidh sí an gníomh i dtrácht; gníomhóidh an Chomhairle, ar a shon sin, d'aon toil ar na leasuithe a bhfuil tuairim chodarsnach tugtha ag an gCoimisiún ina dtaoibh. Mura nglacfaidh an Chomhairle an gníomh i dtrácht, comórfaidh Uachtaráin na Comhairle láithreach, le comhaontú Uachtaráin Pharlimint na hEorpa, cruinniú den Choiste Idir-réitigh.

4. Beidh de chúram ar an gCoiste Idir-réitigh, a chomhdhéanfar de comhalaí na Comhairle nó ionadaithe d'óibh agus an oiread céanna ionadaithe do Pharlimint na hEorpa, teacht ar comhaontú maidir le téacs compháirteach trí thromlach cártaíthe de comhalaí na Comhairle nó ionadaithe d'óibh agus trí thromlach de na hionadaithe do Pharlimint na hEorpa. Beidh an Coimisiún rannpháirteach in imeachtaí an Choiste Idir-réitigh agus glacfaidh sí gach tionscnamh is gá d'fhonn seasamh Pharlimint na hEorpa agus seasamh na Comhairle a chomhfhogasú.

5. Má fhormheasann an Coiste Idir-réitigh téacs compháirteach laistigh de shé seachtaine tar éis a choinórtha, beidh tréimhse sé seachtaine ag Pharlimint na hEorpa agus ag an gComhairle tar éis an fhormheasa sin chun an guíomh i dtrácht a ghlacadh i gcomhréir leis an téacs compháirteach, trí thromlach glan de na vótaí arna gcaitheamh i gcás Pharlimint na hEorpa agus trí thromlach cártaíthe i gcás na Comhairle. Mura bhformheasfaidh ceann amháin den dá institiúid an togra gnímh, measfar nach bhfuil sé glactha.

6. Nuair nach bhformheasfaidh an Coiste Idir-réitigh aon téacs compháirteach, measfar nach bhfuil an togra gnímh glactha, ach amháin má dhaingníonn an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe laistigh de shé seachtaíne ar an tréimhse a thugtar don Choiste Idir-réitigh a bheith caite, an comhsheasamh a bhfuil a comhaontú tugtha air roimh thosú an nós imeachta idir-réitigh mar aon le haon leasuithe arna dtairiscint ag Parlaimint na hEorpa. Sa chás sin, glacfar an gníomh i dtrácht go críochnaitheach, mura ndiúltóidh Parlaimint na hEorpa don téacs, laistigh de shé seachtaíne ó dháta a dhaingnithe ag an gComhairle, trí thromlach glan de na comhalaí a chomhdhéanann í, agus ina leithéid de chás measfar nach bhfuil an togra gnímh glactha.

7. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle de thoil a chéile na tréimhse trí mhí agus sé seachtaíne dá dtagraítear san Airteagal seo a fhadú mí amháin nó dhá sheachtain faoi seach ar a mhéad. Déanfar an tréimhse trí mhí dá dtagraítear i mír 2 a fhadú dhá mhí go huathoibríoch sna cásanna ina bhfuil na forálacha faoi (c) infheidhme.

8. Féadfar raon feidhme an nós imeachta dá dtagraítear san Airteagal seo a leathnú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal N(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar bhonn tuarascála a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle i 1996 ar a dhéanaí.

AIRTEAGAL 189c

Beidh an nós imeachta seo a leanas infheidhme nuair a thagraítear sa Chonradh seo don Airteagal seo chun gníomh a ghlacadh:

- (a) Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, comhsheasamh a ghlacadh.
- (b) Cuirfear comhsheasamh na Comhairle in iúl do Pharlaimint na hEorpa. Tabharfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún gach eolas do Pharlaimint na hEorpa faoi na cùiseanna ar ghlaic an Chomhairle a comhsheasamh agus faoi sheasamh an Choimisiúin.

Má dhéanann Parlaimint na hEorpa an comhsheasamh a fhormheas laistigh de thréimhse trí mhí ón dáta ar cuireadh an t-eolas chuici nó mura ngníomhóidh sí laistigh den tréimhse sin, glacfaidh an Chomhairle an guíomh go críochnaitheach i gcomhréir leis an gcomhsheasamh.

- (c) Laistigh den tréimhse trí mhí dá dtagraftear i bhfomhír (b), féadfaidh Parlaimint na hEorpa leasuithe do chomhsheasamh na Comhairle a mholadh, ag gníomhú di trí thromlach glan de na comhaltais a chomhdhéanann f. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa chomh maith, ag gníomhú di trí thromlach glan freisin, diúltú do chomhsheasamh na Comhairle. Cuirfear toradh na n-imeachtais chun na Comhairle agus chun an Choimisiún.

Má tá Parlaimint na hEorpa tar éis diúltú do chomhsheasamh na Comhairle, ní foláir don Chomhairle gníomhú d'aon toil ar an dara léamh.

- (d) Déanfaidh an Coimisiún athscrúdú laistigh de mhí ar an togra ar ghlac an Chomhairle comhsheasamh air, ag féachaint dó do na leasuithe a mhol Parlaimint na hEorpa.

I dteannta leis an togra ar a ndearnadh athscrúdú, cuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle na leasuithe sin de chuid Pharlaimint na hEorpa nár ghlac sé, chomh maith lena thuairim ina dtaobh. Féadfaidh an Chomhairle na leasuithe sin a ghlacadh, ag gníomhú di d'aon toil.

- (e) Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe, an togra arna athscrúdú ag an gCoimisiún.

Ní fhéadfaidh an Chomhairle an togra arna athscrúdú ag an gCoimisiún a leasú ach an bháin d'aon toil.

- (f) Sna cásanna dá dtagraftear i hhfomhsfreanna (c), (d) agus (e), ní foláir don Chomhairle gníomhú laistigibh de thréimhse trí mhí. Mura ndéanfar cinneadh laistigh den tréimhse sin, measfar nach bhfuil glactha le togra an Choimisiún.

- (g) Féadfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, de thoil a chéile, na tréimhse dá dtagraftear i bhfomhíreanna (b) agus (f) a fhadú go ceann míosa ar a mhéad.

62) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 190:

"AIRTEAGAL 190

Luafar i rialacháin, i dtreoracha agus i gcinntí a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go compháirteach maille le gníomhartha den sórt sin arna nglacadh ag an

gComhairle nó ag an gCoimisiún na réasúin is bun leo agus tagrófar iontu d'aon tográf nó tuairimí ba ghá a fháil de bhun an Chonartha seo."

63) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 191:

"AIRTEAGAL 191

1. Síneoidh Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus Uachtaráin na Comhairle na rialacháin, na treoracha agus na cinní arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 189b agus foilseofar in Iris Oifigiúil an Chomhphobail iad. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an dáta a shocrófar iontu nó, mura socrófar dáta chuige, ar an bhfichiú lá tar éis a bhfoilsithe.
2. Foilseofar in Iris Oifigiúil an Chomhphohail na rialacháin ón gComhairle agus ón gCoimisiún agus na treoracha ó na hinstiúidí sin a dhíreofar chuig na Ballstáit uile. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an dáta a shocrófar iontu nó, mura socrófar dáta chuige, ar an bhfichiú lá tar éis a bhfoilsithe.
3. Cuirfear treoracha eile agus cinní in iúl dóibh siúd chuig a ndíreofar iad agus gabhfaidh éifeacht leo ar iad a chur in iúl amhlaidh."

64) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 194:

"AIRTEAGAL 194

Is mar seo a leanas a bheidh lón chomhaltaí an Choiste Eacnamafoch agus Sóisialta:

An Bheilg	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9

An Iodáil	24
Lucsamburg	6
An Ísiltír	12
An Phortaingéil	12
An Ríocht Aontaithe	24

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, comhaltaí an Choiste a cheapadh go ceann ceithre bliana. Féadfar a gceapacháin a athnuachan.

Ní bheidh comhaltaí an Choiste inchurtha faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha. Beidh siad, chun leas ginearálta an Chomhphobail, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cártaí, slánafochtaí chomhaltaí an Choiste."

65) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 196:

"AIRTEAGAL 196

Déanfaidh an Coiste a chathaoirleach agus a oifigigh a thoghadh as lón a chomhaltaí go ceann téarma dhá bhliain.

Glacfaidh sé a rialacha nós imeachta.

Déanfaidh a chathaoirleach an Coiste a chomóradh, arna iarráidh sin don Chomhairle nó don Chomisiún. Féadfaidh an Coiste teacht le chéile freisin ar a thionscnamh féin."

66) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 198:

"AIRTEAGAL 198

Caithfidh an Chomhairle nó an Coimisiún dul i gcomhairle leis an gCoiste sna cásanna dá bhforáiltear sa Chonradh seo. Féadfaidh na hinstiúidi sin dul i gcomhairle leis an gCoiste

i ngach cás inar cuf leo é. Féadfaidh an Coiste, ar a thionscnamh féin, tuairim a eisiúint i gcásanna inar cuf leis é.

Má mheasann an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá sin, sonróidh siad don Choiste, chun a thuairim a thsolacadh, tréimhse nach giorra ná mí ón dáta ar a bhfaighidh an cathaoirleach scéala dá réir sin. Mura mbeidh tuairín faigthe ar an tréimhse sin a bheith caite, ní chuirfidh sin cosc le dul ar aghaidh tuilleadh.

Cuirfear ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tuairim an Choiste agus tuairim na rannóige sainfheidhme, maille le taifead ar na himeachtaí."

67) Cuirtear isteach an Chaibidil seo a leanas:

**"CAIBIDIL 4
COISTE NA RÉIGIÚN**

AIRTEAGAL 198a

Bunastear leis seo coiste a mbeidh stádas comhairleach aige, ar a mbeidh ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla, dá ngairtear "Coiste na Réigiún" anseo feasta.

Is mar seo a leanas a bheidh lón comhaltais Choiste na Réigiún:

An Bheilg	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
Lucsamburg	6
An Ísiltír	12
An Phortaingéil	12
An Ríocht Aontaithe	24

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó na Ballstáit faoi seach, comhaltais an Choiste mar aon lena chomhlíon de mhalartaigh a cheapadh go ceann ceithre bliana. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan.

Ní bheidh comhaltais an Choiste inchurtha faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha. Beidh siad, chun leas ginearálta an Chomhphobail, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

AIRTEAGAL 198b

Déanfaidh Coiste na Réigiún a chathaoirleach agus a oifigigh a thoghadh as lfon a chomhaltais go ceann téarma dhá bhliain.

Glacfaidh sé a rialacha nós imeachta agus cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle iad lena bhformheas d'aon toil.

Déanfaidh a chathaoirleach an Coiste a chomóradh, arna iarraidh sin don Chomhairle nó don Choimisiún. Féadfaidh an Coiste teacht le chéile freisin ar a thionscnamh féin.

AIRTEAGAL 198c

Rachaidh an Chomhairle nó an Coimisiún i gcomhairle le Coiste na Réigiún sna cásanna dá bhforáiltear sa Chonradh seo agus i ngach cás eile inar cui le ceann amháin den dá institiúid sin é.

Má mheasann an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá sin, sonróidh siad don Choiste, chun a thuairim a thíolacadh, tréimhse nach giorra ná mí ón dáta ar a bhfaighidh an cathaoirleach scéala dá réir sin. Mura mbeidh tuairim faighte ar an tréimhse sin a bheith caite, ní chuirfidh sin cosc le dul ar aghaidh tuilleadh.

Gach uair a rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta de bbun Airteagal 198, cuirfidh an Chomhairle nó an Coimisiún Coiste na Réigiún ar an eolas faoin iarraidh sin ar thuairim. Féadfaidh Coiste na Réigiún, má mheasann sé go bhfuil sainleasanna réigiúnacha i dtreis, tuairim a thíolacadh i dtaca leis sin.

Féadfaidh sé tuairim a thabhairt ar a thionscnamh féin i gcásanna ina measann sé is gá.

Cuirfear ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tuairim an Choiste maille le taifead ar na himeachtaí."

68) Cuirtear isteach an Chaibidil seo a leanas:

"CAIBIDIL 5
AN BANC EURPACH INFHEISTÍOCHTA

AIRTEAGAL 198d

Beidh pearsantacht dhliftheanach ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Is iad na Ballstáit is comhalaí den Bhanc Eorpach Infheistíochta.

Tá Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta leagtha síos i bPrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo.

AIRTEAGAL 198e

Is é is cúram don Bhanc Eorpach Infheistíochta rannchuidiú, trí dhul in árach mhargadh an chaipítíl agus trína acmhainní féin a úsáid, le forbairt chothromúil rianuill an chómhargaidh chun leas an Chomhphobail. Chuige sin déanfaidh an Banc, ag oibriú dó ar bhonn neamhhhrabúsímhí, iasachtaí agus ráthásochtaí a thabhairt a éascóidh maoiniú na dtionscadal seo a leanas i ngach earnáil den gheilleagar:

- (a) tionscadail le haghaidh fhorbairt na réigiún lagfhobhartha;
- (b) tionscadail chun gnóthais a nuachóiriú nó a athrú nó chun gníomhaíochtaí úra a fhorbairt a mbeidh call leo mar gheall ar bhunú comhleanúnach an chómhargaidh, i gcás nach féidir, mar gheall ar mhéid nó cineál na dtionscadal sin, iad a mhaoiniú go hiomlán ar na modhanna éagsúla atá ar fáil sna Ballstáit leithleacha;

- (c) tionscadail leasa choitinn do Bhallstáit éagsúla nach féidir, mar gheall ar a méid nó a gcineál, iad a mhaoiniú go hiomlán ar na modhanna éagsúla atá ar fáil sna Ballstáit leithleacha.

I gcomhlíonadh a chúraimí dó, éascóidh an Banc maoiniú cláir infheistfocanta i gcuibhreann le cabhair ó na cistí struchtúracha agus ó ionstraimí airgeadais Comhphobail eile."

69) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 199:

"AIRTEAGAL 199

Déanfar gach ioncam agus caiteachas de cbuid an Chomhphobail, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa, a direamh i meastachán a tharraingeofar suas do gach bliain airgeadais agus taispeánfar iad sa bhuiséad.

Cuirfear de mhuirear ar an mbuiséad an caiteachas riarrachán a thabhóiidh na hinstiúidi de thoradh fhorálacha an Cbonartha ar an Aontas Eorpach a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála agus leis an gcomhar i réimsí ceartais agus guóthaf baile. Féadfar an caiteachas oibríochtaí a ghabhfaidh le cur chun feidhme na bhforálacha a dúradh a chur de mhuirear, faoi na coinnfollacha dá dtagraistear iontu, ar an mbuiséad.

Ní folair an t-ioncam agus an caiteachas a thaispeántar sa bhuiséad a bheith ar comhardú."

70) Aisghairtear Airteagal 200.

71) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 201:

"AIRTEAGAL 201

Gan dochar d'ioncam eile, maoineofar an buiséad go hiomlán as acmhainní dílse.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gniomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na forálacha a bhaineann le córas acmhainní dílse an

Chomhphobail a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach."

72) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

***AIRTEAGAL 201a**

D'fhonn an smacht buiséadach a áirithíú, ní dhéanfaidh an Coimisiún aon togra gníomh Comhphobail, ná ní leasóidh sé a thograí, ná ní ghlacfaidh sé aon bheart chun é a chur i ngníomh ar dóigh dó iarmhairtí suntasacha a bheith aige ar an mbuiséad gan a dheimhníú go bhféadfar an togra sin nó an beart sin a mhaoiníú laistigh de theorainneacha acmhainn fílse an Chomhphobail a chinfidh ó na forálacha arna socrú ag an gComhairle de bhun Airteagal 201."

73) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 205:

***AIRTEAGAL 205**

Cuirfidh an Coimisiún an buiséad i ngníomh, i gcomhréir le forálacha na rialachán arna ndéanamh de bhun Airteagal 209, ar a fhreagracht féin agus laistigh de theorainneacha na leithreasáil, agus aird á tabhairt aige ar phrionsabal na bainistíochta fóntha airgeadais.

Leagfaidh na rialacháin sfos rialacha mionsonraithe do gach institiúid maidir lena páirt ag déanamh a caiteachais féin.

Laistigh den bhuiséad, féadfaidh an Coimisiún, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinnfollacha arna leagan sfos sna rialacháin arna ndéanamh de bhun Airteagal 209, leithreasáil a aistriú ó chaibidil go chéile nó ó fhoroinn go chéile."

74) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 206:

"AIRTEAGAL 206

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di ar mholadh ón gComhairle a ghfniomhóidh trí thromlach cálithe, urscaoileadh a thabhairt don Choimisiún i leith an buiséad a chur i ngniomh. Chun na críche sin, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, i ndiaidh na Comhairle, scrídí ar na cuntais agus ar an ráiteas airgeadais dá dtagraftear in Airteagal 205a, ar thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniuchoíris agus ar aon tuarascálacha speisialta ábhartha ón gCúirt Iniuchoíris maille le freagraí na n-institiúidí faoi iniúchadh ar bharúlacha na Cúirte Iniuchoíris.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, sula dtabharfaidh sí urscaoileadh don Choimisiún nó chun aon chríche eile faoi chuimsíú fheidhmiú chumhachtaí an Choimisiún i leith an buiséad a chur i ngniomh, a iarraidh an Coimisiún a éisteacht ar chur i ngniomh an chaiteachais nó ar oibriú na gcóras rialú airgeadais. Cuirfidh an Coimisiún gach eolas is gá faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh sin di.

3. Déanfaidh an Coimisiún gach dscheall chun go gcuirfear na barúlacha i gcríoch atá i gceangal leis na ciuntí urscaoilte maille le barúlacha eile Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcaiteachas a chur i ngniomh agus na gluaiseanna a bheidh in éineacht leis na moltaí urscaoilte arna nglacadh ag an gComhairle.

Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar na bearta a bheidh glactha i bhfianaise na mbarúlacha agus na ngluaiseanna sin agus go háirithe ar na teagaisc a bheidh tugtha do na rannóga atá freagrach as an mbuiséad a chur i ngniomh. Cuirfear na tuarascálacha sin chun na Cúirte Iniuchoíris freisin."

75) Aisghairtear Airteagail 206a agus 206b.

76 Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 209:

"AIRTEAGAL 209

Déanfaidh an Chomhairle, ag gnsomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tuairim na Cúirte Iniuchoírl a fháil:

- (a) rialachán airgeadais ina sonrófar go háirithe an nós imeachta is inleanta chun an buiséad a bhunú agus a chur i ngníomh agus chun cuntais a thíoscadh agus a iniúchadh;
- (b) na modhanna agus an nós imeachta a chinneadh ar dá réir a bheidh an t-ioncam buiséid dá bhforáiltear faoi na socruithe i dtaoibh acmhainní dílse an Chomhphobail féin le cur ar fáil don Choiomisiún agus na bearta a chinneadh a bheidh le cur chun feidhme, más gá, chun freastal do riachtanais airgeadais;
- (c) rialacha a chinneadh i dtaoibh freagracht rialtóirí airgeadais, oifigeach údarás agus oifigeach cuntais, agus i dtaoibh socruithe iomchú le haghaidh cigireachta."

77 Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 209a

Glacfaidh na Ballstáit na bearta céanna chun calaois a chomhrac a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Chomhphobail is a ghlaicann siad chun calaois a chomhrac a dhéanann díobháil dá leasanna airgeadais féin.

Gan dochar d'fhorálacha eile an Chonartha seo, comhordóidh na Ballstáit a ngníomhafocht chun leasanna airgéadais an Chomhphobail a chosaint i gcoinne na calaoise. Chuige sin, eagróidh siad, le cúnamh ón gCoimisiún, dlúthchomharafocht rialta idir ranna inniúla a gcuid riarrachán.

78) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 215:

"AIRTEAGAL 215

Beidh dliteanas conarthach an Chomhphobail faoi rialú ag an difí a bhaineann leis an gconradh atá i gceist.

I gcás dliteanas neamhchonarthaigh, déanfaidh an Comhphobal, de réir na bprionsabal ginearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú a raibh a institiúidí ná a sheirbhísigh ina siocair leis i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna.

Beidh an dara mís roimhe seo infheidhme faoi na coinnfollacha céanna maidir le damáiste a dhéanann BCE ná a sheirbhsigh i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna.

Beidh dliteanas pearsanta a sheirbhsigh i leith an Chomhphobail faoi rialú ag na forálacha arna leagan sfos sna Rialacháin Foirne ná sna Coinnfollacha Postafochta a bhaineann leo."

79) Déantar Airteagal 227 a leasú mar seo a leanas:

(a) cuirtear an téacs seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Maidir leis na ranna Francacha thar lear, beidh forálacha ginearálta agus sonracha an Chonartha seo a bhaineann leis na nithe seo:

- an tsaoraghluaiseacht earráil,
- an talmhafocht, amach ó Airteagal 40(4),
- an léirscaoileadh seirbhísí,
- na rialacha iomafochta,
- na bearta cosanta dá bhforáiltear in Airteagail 109h, 109i agus 226,
- na hinstiúidí,

infheidhme a luithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhme.

Déanfar na coinnfollacha faoina mbeidh forálacha eile an Chonartha seo infheidhme a shocrú, laistigh de dhá bhliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, le cinní ón gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún.

Féachfaidh institiúidí an Chomhphobail chuige, faoi chuimsiú na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Chonradh seo, go háirithe in Airteagal 226, go mbeidh forbairt eacnamafoch agus shóisialta na limistéar sin indéanta.;

(b) cuirtear an téacs seo a leanas in ionad mhír 5(a):

"(a) Ní bheidh an Conradh seo infheidhme ar Oileáin Fharó."

80) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 228:

"AIRTEAGAL 228

1. Má fhoráiltear sa Chonradh seo comhaontuithe a thabhairt i gcríoch idir an Comhphobal agus Stát amháin nó níos mó, nó eagraisocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó, tiolacfaidh an Coimisiún moltais don Chomhairle a údaróidh don Choiunisiún an chaibidilfocht is gá a thosú. Seolfaidh an Coimisiún an chaibidilfocht sin, i gcomhairle le coistí speisialta arna gceapadh ag an gComhairle chun bheith de chúnamh aige sa chúram sin agus faoi chuimsiú na dtreoracha a fhéadfaidh an Chomhairle a dhíriú chuige.

I bhfeidhmiú na gcumhactaí a thugtar di sa mhír seo, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe seachas sna cásanna dá bhforáiltear sa dara habairt de mhír 2 ina gníomhóidh sí d'aon toil.

2. Faoi réir na gcumhactaí a dhílsítear don Choiunisiún sa réimse seo is f an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a thabharfaidh na comhaontuithe sin i gcríoch. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil nuair a bhaineann comhaontú le réimse inar gá aontoilfacht chun rialacha inmheánacha a ghlacadh agus i gcás na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 238.

3. Tabharfaidh an Chomhairle comhaontuithe i gcríoch tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, seachas na comhaontuithe dá dtagraftear in Airteagal 113(3), go fiú nuair a bhaineann

an comhaontú le réimse inar gá an nós imeachta dá dtagraistear in Airteagal 189b nó an nós imeachta dá dtagraistear in Airteagal 189c chun rialacha inmheánacha a ghlacadh. Tabharfaidh Parlaimint na hEorpa a tuairim laistigh de thréimhse a fhéadfaidh an Chomhairle a shocrú i bhfianaise na práinne. Mura mbeidh tuairim faigte ar an tréimhse sin a bheith caite, féadfaidh an Chomhairle gníomhú.

De mhaolú ar fhórálacha na fomhíre roimhe seo, comhaontuithe dá dtagraistear in Airteagal 238, comhaontuithe eile a chuirfidhcreat institiúideach sonrach ar bun trí nósannaimeachta comhair a eagrú, comhaontuithe ag a mbeidh impleachtais buiséadacha suntasacha don Chomhphobal agus comhaontuithe a bhéarfaidh nach mór gníomh arna ghlacadh de réir an nósimeachta dá dtagraistear in Airteagal 189b a leasú, tabharfar i gcríoch iad tar éis do Pharlaimint na hEorpa aontú.

Féadfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, i gcás práinne, tréimhse don aontú a chomhaontú.

4. Agus comhaontú á thabhairt i gcríoch aici, féadfaidh an Chomhairle, de mhaolú ar fhórálacha mhír 2, an Coimisiún a chumhachtú chun formheas a thabhairt thar ceann an Chomhphobail ar na leasuithe dá bhforáiltear sa chomhaontú sin trí nós imeachta simplithe nó trí chomhlacht arna bhunú ag an gcomhaontú; féadfaidh sí coinnfollacha sonracha a chur ag gabháil leis an gcumhachtú sin.

5. Nuair a bheidh an Chomhairle ag brath comhaontú a thabhairt i gcríoch a bhéarfaidh nach mór an Conradh seo a leasú, diftear na leasuithe sin a ghlacadh roimh ré de réir an nósimeachta dá bhforáiltear in Airteagal N den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

6. Féadfaidh an Chomhairle, an Coimisiún nó Ballstát tuairim na Cúirte Breithiúnais a fháil i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil comhaontú atáthar ag brath a dhéanamh ag lus le forálacha an Chonartha seo. Más tuairim chodarsnach atá tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais, ní fhéadfaidh an comhaontú teacht i bhfeidhm ach amháin faoi na coinnfollacha atá leagtha sfs in Airteagal N den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

7. Comhaontuithe a thabharfar i gcríoch faoi na coinnfollacha arna socrú san Airteagal seo, beidh siad ina gceangal ar institiúidí an Chomhphobail agus ar na Ballstáit."

- 81) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 228a

Má tharlafonn, ar bhonn comhsheasaimh nó comhghnomsafochta arna nglacadh de réir fhorálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, gur gá gníomhafocht Chomphobail chun an caidreamh eacnamafoch le tréan tair amháin nó níos mó a bhriseadh nó a laghdú go hiomlán nó go páirteach, déanfaidh an Chomhairle na bearta práinne is gá a ghlaicadh. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún."

- 82) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 231:

"AIRTEAGAL 231

Bunóidh an Comphobal dlúthchomharfocht leis an Eagrafocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamafochta; socrófar na rialacha mionsonraithe di de thoil a chéile."

- 83) Aisghairtear Airteagail 236 agus 237.

- 84) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 238:

"AIRTEAGAL 238

Féadfaidh an Comphobal comhaontuithe a thabhairt i gcríoch le Stát amháin nó níos mó nó le heagrafocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó, ag bunú comhlachais lena ngabhfaidh cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, comhghnomsafochtaí agus níosannaimeachta speisialta."

E. In Iarscríbhinn III:

- 85) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an Teidil:

"Liosta de na hidirbhearta dosfheicthe dá dtagraftear in Airteagal 73h den Chonradh seo."

G. Sa Phrótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta:

- 86) Cuirtear tagairt d'Airteagail 198d agus 198e in ionad na tagartha d'Airteagail 129 agus 130 faoi seach.

TEIDEAL III**FORÁLACHA A LEASAÍONN AN CONRADH****AG BUNÚ****AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH****DO GHUAL AGUS CRUACH****AIRTEAGAL H**

Leasófar an Conradh ag bunú an Chomphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

1) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 7:

***AIRTEAGAL 7**

Is iad institiúidí an Chomphobail:

- ARD-ÚDARÁS (dá ngairtear "an Coimisiún" anseo feasta);
- COMHTHONÓL (dá ngairtear "Parlaimint na hEorpa" anseo feasta);
- COMHAIRLE AIRÍ (dá ngairtear "an Chomhairle" anseo feasta);
- CÚIRT BHREITHIÚNAIS;
- CÚIRT INIÚCHÓIRÍ.

Beidh Coiste Comhairleach de chúnamh ag an gCoimisiún."

2) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"AIRTEAGAL 9

1. Beidh ar an gCoimisiún seacht gcomhalta dhéag a roghnófar de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, lfon chomhaltais an Choimisiúin a athrú.

Ní féidir a bheith ina gcomhaltais den Choimisiún ach amháin náisiúnaigh de na Ballstáit.

Ní mór náisiúnach amháin ar a laghad as gach Ballstát a hheith ar an gCoimisiún, ach ní féidir thar dhá chomhalta is náisiúnaigh den Stát céanna a bheith ar an gCoimisiún.

2. Beidh comhaltais an Choimisiúin, chun leas ginearálta an Chomhphobail, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

I gcomhlíonadh a ndualgas dóibh, ní iarrfaidh ná ní glacfaidh siad teagaisc ó aon Rialtas ná ó aon chomhlacht eile. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach lusonn lena bhfeidhmeanna. Gabhann gach Ballstát air féin an prionsabal sin a urramú agus gan féachaint le tionchar a oibriú ar chomhaltais an Choimisiúin i gcomhlíonadh a gcúraimí dóibh.

Ní cead do chomhaltais an Choimisiúin, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon síl bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealltanás sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlaicadh tar éis scor dá n-oifig dóibh. Má dhéantar aon sárú ar na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, a rialú, de réir na n-imthosca, go bhfuil an comhulta áirithe le scor go héigeantach i gcomhréir le forálacha Airteagal 12a nó go bhfuil a cheart chun pinsin nó chun sochar eile in ionad pinsin le baint de.

AIRTEAGAL 10

1. Ceapfar comhaltais an Choimisiúin, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraftear i mfr 2, go ceann téarma cúig bliana faoi réir, más gá, thorálacha Airteagal 24.

Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan.

2. Ainmneoidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an duine a bheartaonn siad a cheapadh ina Uachtaráin ar an gCoimisiún.

Ainmneoidh Rialtais na mBallstát, i gcomhairle leis an Uachtaráin-ainmnitheach, na daoine eile a bheartaonn siad a cheapadh ina gcomhaltaí den Choimisiún.

Déanfar Uachtaráin agus comhaltaí eile an Choimisiún arna n-ainmniú amhlaidh a chur mar choláiste faoi réir vóta formheasta ag Parlaimint na hEorpa. Ceapfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile Uachtaráin agus comhaltaí eile an Choimisiún tar éis fhormheas Pharlaimint na hEorpa.

3. Beidh forálacha mhíreanna 1 agus 2 infheidhme den chéad uair ar Uachtaráin agus ar chomhaltaí eile an Choimisiún a dtosóidh a dtéarma oifige ar an 7 Eanáir 1995.

Ceapfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile Uachtaráin agus comhaltaí an Choimisiún a dtosóidh a dtéarma oifige ar an 7 Eanáir 1993. Rachaidh a dtéarma oifige in éag ar an 6 Eanáir 1995.

AIRTEAGAL 11

Féadfaidh an Coimisiún Leasuachtaráin amháin nó dhá Leasuachtaráin a cheapadh as lón a chomhaltaí.

AIRTEAGAL 12

Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhalta den Choimisiún ar é d'éirí as oifig nó ar é a scor go héigeantach.

Déanfar folúntas a tharlaíodh amhlaidh a lónadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta le comhalta nua arna cheapadh ag Rialtais na mBallstát de thoil a chéile. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, a chinneadh nach gá folúntas den sórt sin a lónadh.

I gcás an tUachtaráin d'éirí as oifig, a scor go héigeantach nó d'fháil bháis, déanfar duine a cheapadh ina ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma oifige. Is é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10(2) is infheidhme chun duine a cheapadh in ionad an Uachtaráin.

Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach faoi fhórálacha Airteagal 12a, fanfaidh comhaltaí an Choimisiún i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.

AIRTEAGAL 12a

Aon chomhalta den Choimisiún nach bhfuil na coinnfollacha is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú á gcomhall aige a thuilleadh nó a bhí ciontach i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhláthiúnaí, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, é a scor go héigeantach.

AIRTEAGAL 13

Gníomhóidh an Coimisiún trí thromlach den lón comhaltaí dá bhforáiltear in Airteagal 9.

Ní bailí do chruinniú den Choimisiún mura mbíonn i láthair an lón comhaltaí atá leagtha sios ina rialacha nós imeachta."

3) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 16:

"AIRTEAGAL 16

Déanfaidh an Coimisiún gach socrú riarracháin is iomchuí chun a ranna a oibriú.

Féadfaidh sé coistí staidéir, lena n-áirítear coiste staidéir eacnamafoch, a chur ar bun.

Rachaidh an Chomhairle agus an Coimisiún i gcomhairle le chéile agus socróidh siad de thoil a chéile a modhanna comharafochta.

Glacfaidh an Coimisiún a rialacha nós imeachta chun a áirithíú go n-oibreoidh sé féin agus a ranna de réir fhórálacha an Chonartha seo. Áiritheoidh sé go bbfoilseofar na rialacha sin."

4) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 17

Foilseoidh an Coimisiún go bliantúil, tráth nach déanaí ná mī roimh oscailt sheisiún Pharlaimint na hEorpa, tuarascáil ghinearálta ar gníomhafochtas an Chomhphobail."

5) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 18:

"Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe, aon slánafocht is intugtha in ionad luach saothair".

6) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"AIRTEAGAL 20a

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach a comhaltaí, a iarraidh ar an gCoimisiún aon togra iomchú a chur faoina bráid ar na hábhair ar gá, dar léi, gníomh Comhphobail ina leith chun an Conradh seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 20b

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, agus a cúraint á gcomhall aici, arna iarraidh sin don cheathrú cuid dá comhaltaí, coiste fiosrúcháin sealadach a chur ar bun chun iniúchadh a dhéanamh, gan dochar do na cumhactas a thugtar d'ínsitiúidí nó do chomhlactas eile sa Chonradh seo, ar lsfomhaintí maidir le sárú nó le drochriarachán i gcúr chun feidhme dhlí an Chomhphobail, ach amháin mā tá na fforais a lsfomhnastear faoi scrúdú os eomhair cíerte agus fad nach mbeidh na himeachtaí dlíthiúla críochnaithe.

Beidh deireadh leis an gcoiste fiosrúcháin sealadach ar thaisceadh a thuarascála dō.

Cinnfidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún de thoil a chéile na rialacha mionsonraithe maidir leis an gceart fiosrúcháin a fheidhmiú.

AIRTEAGAL 20c

Beidh ag gach saoránach den Aontas agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát, ar a chonlán féin nó i gcomhlachas le saoránaigh nó daoine eile, an ceart achainf a chur os comhair Pharlaimint na hEorpa ar ábhar a thig faoi réimsí gníomhafochta an Chomhphobail agus a bhaineann go díreach leis.

AIRTEAGAL 20d

1. Ceapfaidh Pharlaimint na hEorpa Ombudsman a chumhachtófar chun gearán a ghlaicadh ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát maidir le cásanna drochriaracháin i ngníomhafochtaí na n-institiúidí nó na gcomhlachtaí Comhphobail, seachas an Chuirt Bhreithiúnais nó an Chuirt Chéadchéime i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna breithiúnacha dóibh.

I gcomhréir lena dhualgais, cuirfidh an tOmbudsman na fiosrúcháin i gcrích a bhfuil forais faighte aige chucu ar a thionscnamh féin nó ar bhonn gearán a dhéantar leis go díreach nó trí chomhalta de Pharlaimint na hEorpa, ach amháin má tá nó má bhí na florais a lomhnatear ina n-ábhar d'imeachtaí dlíthiúla. I gcás go suíonn an tOmbudsman go bhfuil drochriarachán i gceist, cuirfidh sé an cás faoi bhráid na hinstiúide i dtrácht agus beidh trí mhí aici chun a tuairim a thabhairt dó. Ansin díreoidh an tOmbudsman tuarascáil chuig Pharlaimint na hEorpa agus chuig an institiúid i dtrácht. Cuirfear an duine a rinne an gearán ar an eolas faoi thoradh na bhfiosrúchán sin.

Tíolacfaidh an tOmbudsman tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa gach bliain ar thorthaí a chuid fiosrúchán.

2. Ceapfar an tOmbudsman tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa go ceann théarma oifige na Parlaiminte. Féadfar a théarma oifige a athnuachan.

Féadfaidh an Chuirt Bhreithiúnais an tOmbudsman a bhriseadh arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa mura gcomhallaífaidh sé a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach.

3. Beidh an tOmbudsman neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. I gcomíonadh a dhualgas dó, ní iarrfaidh sé ná ní ghlacfaidh sé teagaisc ó aon chomhlacht eile. Ní cead dó, le linn a théarma oifige, gabháil le haon síl bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach.
4. Socróidh Parlaimint na hEorpa, tar éis tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún agus le formheas ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cálithe, na rialacháin agus na coinnfollacha ginearálta d'fheidhmiú fheidhmeanna an Ombudsman."

7) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 21(3):

"3. Tarraingeoidh Parlaimint na hEorpa suas tograí do thoghchán trí vótáil chomhchoiteann dhíreach de réir nós imeachta chomhionainn sna Ballstáit go léir.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil agus tar éis aontú Pharlaimint na hEorpa a ghníomhóidh trí thromlach glan de na comhaltaí a chomhdhéanann í, na forálacha iomchúf a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach."

8) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 24:

***AIRTEAGAL 24**

Pléifidh Parlaimint na hEorpa, i seisiún poiblí, an tuarascáil ghinearálta a bheidh curtha faoina bráid ag an gCoimisiún.

Má leagtar faoina bráid tairiscint ag cáineadh ghníomhaíochtaí an Choimisiúin, ní vótálfайдh Parlaimint na hEorpa ar an tairiscint sin go ceann trí lá ar a laghad tar éis an tairiscint a leagan faoina bráid agus is trí vótáil phoiblí a dhéanfar sin.

Má ritear an tairiscint cáinte le tromlach dhá thrian de na vótáil arna gcaitheamh, agus gurb ionann sin agus tromlach de comhaltaí Pharlaimint na hEorpa, éireoidh comhaltaí an Choimisiúin as a n-oifig d'aon bhúson. Leanfaidh siad orthu ag déileáil le gnó reatha go dtí go ngabhfar a n-ionad de réir Airteagal 10. Sa chás sin, rachaidh téarma oifige chomhaltaí an Choimisiúin a cheaptar chun a n-ionad a ghabháil in éag ar an dáta a rachadh téarma oifige chomhaltaí an Choimisiúin ar tugadh orthu éirí as d'aon bhúson in éag."

9) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

***AIRTEAGAL 27**

Beidh ar an gComhairle ionadaf do gach Ballstát ar leibhéalaireachta dá n-údarófar Rialtas an Bhallstáit sin a cheangal.

Sealbhóidh gach comhalta den Chomhairle, ar a uain, oifig an Uachtaráin go ceann téarma sé mhí in ord seo a leanas na mBallstát:

- go ceann chéad tréimhse sé bliana: an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe;
- go ceann na tréimhse sé bliana dár gcionn: an Danmhairg, an Bheilg, an Ghréig, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil, Éire, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ríocht Aontaithe, an Phortaingéil.

AIRTEAGAL 27a

Tiocfaidh an Chomhairle le chéile arna comóradh ag a hUachtaráin ar a thionscnamh fénin nó arna iarraidh sin do chomhalta den Chomhairle nó don Choimisiún.”

10) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

***AIRTEAGAL 29**

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe, tuarastail, slánafochtai agus pinsin Uachtaráin agus chomhaltais an Choimisiúin agus Uachtaráin, Bhreithiúna, Abhcóide Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, trí thromlach cálithe freisin, aon slánafocht is intugtha in ionad luach saothair.

AIRTEAGAL 30

1. Beidh coiste arna chomhdhéanamh de Bhuanionadaithe na mBallstát freagrach as obair na Comhairle a ullmhú agus as na cúraimí a chuirfidh an Chomhairle air a chur i gcrsfch.

2. Beidh Ardrúnafocht, faoi stiúradh Ardrúnaí, de chúnamh ag an gComhairle. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, an tArdrúnaí a cheapadh.

Cinnfidh an Chomhairle eagrú na hArdrúnafochta.

3. Glacfaidh an Chomhairle a rialacha nós imeachta."

11) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 32:

"AIRTEAGAL 32

Trí Bhreitheamh déag a bheidh ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Suffidh an Chúirt Bhreithiúnais i seisiún iomlánach. Féadfaidh sí, áfach, eagarr dílseomraí a chur uirthi féin, a mbeidh trí Bhreitheamh nó cùig Bhreitheamh i ngach dílseomra difobh, chun réamhfhiosrúcháin áirithe a ghabháil ar láimh nó chun breith a thabhairt ar chásanna de chineálacha áirithe de réir rialacha arna leagan sós chun na gcrsoch sin.

Suffidh an Chúirt Bhreithiúnais i seisiún iomlánach arna iarraidh sin do Bhallstát nó do cheann d'instiuíidí an Chomhphobail is páirtí sna himeachtaí.

Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, ilion na mBreithiúna a mhéadú agus na hoiriúnithe is gá a dhéanamh ar an dara agus an tríú mór den Airteagal seo agus ar an dara mór d'Airteagal 32b."

12) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 32d:

"AIRTEAGAL 32d

1. Cuirfear ag gabháil leis an gCúirt Bhreithiúnais círt a mbeidh dlínse aici aicmí áirithe caingne nó imeachta, arna gcinneadh faoi na coinnfollacha atá leagtha síos i mór 2, a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim faoi réir ceart achomhairc a bheith ann chun na Cúirte Breithiúnais ar phoncanna difí amháin agns faoi réir na gcoinnfollacha atá leagtha síos sa Reacht. Ní bheidh an Chúirt Chéadchéime inniuil ceistéanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 41 a éisteacht agus a chinneadh.
2. Arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, socróidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, na haicmí caingne nó imeachta dá bhforáltear i mór 1 agus comhdhéanamh na Cúirte Céadchéime agus glacfaidh sí na hoiriúnithe is gá ar Reacht na Cúirte Breithiúnais agus na forálacha breise is gá a ghabhann leis an Reacht sin. Mura gciannfidh an Chomhairle a mhalaire, beidh forálacha an Chonartha seo a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais, go háirithe forálacha an Phrótacail ar Reacht na Cúirte Breithiúnais, infheidhme ar an gCúirt Chéadchéime.
3. Roghnófar comhaltaí na Cúirte Céadchéine as measc daoine nach bhfuil a néamhspleáchas inchrutha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú; ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile go ceann téarma sé bliana. Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana. Féadfar comhaltaí a bheidh ag scor a athcheapadh.
4. Glacfaidh an Chúirt Chéadchéime a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas d'aon toil ón gComhairle a bheith leo."

13) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 33:

"AIRTEAGAL 33

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcaingne arna dtionscnamh ag Ballstát nó ag an gComhairle chun dearbhú a fháil go bhfuil cinntí nó moltaí ón gCoimisiún ar neamhní mar

ghealli ar easpa inniúlachta, ar sháru ceanglaíos fhfor-riachtanaigh nós imeachta, ar sháru an Chonartha seo nó aon rial díl a bhaineann lena chur chun feidhme nó ar mhí-úsáid cumhachtaf. Ach ní fhéadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais meastóireacht na staide a scríodú a lean as fforais nó imthosca eacnamafocha agus a bhí ina cuis leis na cinní ní na moltaí sin, mura rud é go ngearántar go ndearna an Coimisiún mí-úsáid dá chumhachtaf ní gur mhainnígh sé go follasach forálacha an Chonartha seo nó aon rial díl a bhaineann lena chur chun feidhme a urramú.

Féadfaidh na gnóthais ní na comhlachais dá dtagraítear in Airteagal 48, faoi na coinnfollacha céanna, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh cinní ní moltaí leithleacha ina dtaobh féin ní in aghaidh cinní ní moltaí ginearálta a measfaidh siad mí-úsáid cumhachta ina leith féin a bheith ag roinnt leo.

Déanfar na himeachtaí dá bhforáiltear sa chéad dá mhír den Airteagal seo a thionscnamh laistigh de mhí tar éis an cinneadh ní an moladh a chur in iúl ní a fhoilsiú, de réir mar a bheidh.

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais faoi na coinnfollacha céanna i gcaingne arna dtionscnamh ag Parlaimint na hEorpa d'fhoinn a sainchumais a choimirciú."

14) Cuirtear isteach an Chaibidil seo a leanas:

"CAIBIDIL V
AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

AIRTEAGAL 45a

Déanfaidh Cúirt Iniúchóirí iniúchóireacht ar na cuntais.

AIRTEAGAL 45b

1. Dhá chomhalta dhéag a bheidh ar an gCúirt Iniúchóirí.

2. Roghnófar comhatais na Cúirte Iniúchóirí as measc daoine a bhaineann nō a bhain ina dtíortha faoi seach le comhlactas seachtracha iniúchóireachta nō a bhfuil cailfacht speisialta acu le haghaidh na hoifige sin. Ní bheidh a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

3. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, comhatais na Cúirte Iniúchóirí a cheapadh go ceann téarma sé bliana.

Ach nuair a bheidh na chéad cheapacháin á ndéanamh, roghnófar ceithre chomhalta den Chúirt Iniúchóirí trí chrannchur agus gan a bheith acu de théarma oifige ach ceithre bliana.

Féadfar comhatais na Cúirte Iniúchóirí a athcheapadh.

Toghfaidh siad Uachtaráin na Cúirte Iniúchóirí as a lson féin go ceann téarma trí bliana. Féadfar an tUachtaráin a atoghadh.

4. Beidh comhatais na Cúirte Iniúchóirí, chun leas ginearálta an Chomhphobail, neamhspleách ar fad i bbfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

I gcomhlíonadh a ndualgas dóibh, ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh siad teagaisc ó aon ríaltas ná ó aon chomhlacht eile. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach lusonn lena bhfeidhmeanna.

5. Ní cead do chomhatais na Cúirte Iniúchóirí, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon síl bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealitanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiadh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaoibh ceapacháin nō sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh.

6. Amach ó ghnáthathrú ar chomhatais, nō i gcás comhala d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhala den Chúirt Iniúchóirí ar é d'éirí as oifig, nō ar é a scor go héigeantach de bhíthin rialú ón gCúirt Bhreithiúnais de bhun mhí 7.

Déanfar folúntas a tharlaíodh amhlaidh a lsonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta.

Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach, fanfaidh comhatais na Cúirte Iniúchóirí i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.

7. Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ach amháin i gcás ina suffidh an Chúirt Breithiúnais, ar iarratas ón gCúirt Iniúchóirí, nach bhfuil coinnfollacha riachtanacha a oifige á gcomhall ná na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh.

8. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe, coinnfollacha fostasocha Uachtarán agus chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí agus go háirithe a dtuarastail, a slánafochtai agus a bpinsin. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, trí thromlach cálithe freisin, aon slánafocht is intugha in ionad luach saothair.

9. Na forálacha den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach a bhaineann le Breithiúna na Cúirte Breithiúnais, beidh siad infheidhme freisin ar chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí.

AIRTEAGAL 45c

1. Scrídóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile an Chomhphobail. Scrídóidh sí freisin na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile gach comhlachta arna bhunú ag an gComhphobal a mhéad nach gcoisceann ionstraim a bhunaithe an scrúdú sin.

Cuirfidh an Chúirt Iniúchóirí ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ráiteas urrúis i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-oibríochtaí i ndáil leo.

2. Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí scrúdú féachaint an bhfuarthas an t-ioncam uile dá dtagraftear i mór 1 agus ar tabhaisodh an caiteachas uile dá dtagraftear sa mhír sin ar mhodh deáthach rialta, agus an ndearnadh bainistíocht fhóntha ar an airgeadas.

Iniúchfar an t-ioncam ar bhonn na suineanna is dlite arna susomh agus ar bhonn na suimeanna arna n-soc iarbhísr leis an gComhphobal.

Iniúchfar an caiteachas ar bhonn ceangaltais a glacadh ar láimh agus focaíochtaí a rinneadh.

Féadfar an iniúchóireacht sin a dhéanamh roimh dhúnadh na gcuntas don bláthain airgeadais atá i gceist.

3. Bunófar an iniúchóireacht ar thaifid agus, más gá, déanfar ar an bhfód í in institiúidí eile an Chomhphobail agus sna Ballstáit. Sna Ballstáit déanfar an iniúchóireacht i gcuibhreann leis na comhlactas náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhactas riachtanacha acu sin, leis na ranna náisiúnta inniuila. Cuirfidh na comhlactas nó na ranna sin i bhfios don Chúirt Iniúchóirí an bhfuil siad chun páirt a ghlaicadh san iniúchóireacht.

Cuirfidh institiúidí eile an Chomhphobail agus na comhlactas náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhactas riachtanacha acu sin, na ranna náisiúnta inniuila, ar agbaidh chuig an gCúirt Iniúchóirí, arna iarraidh sin di, aon doiciméad nó faisnéis is gá chun a cúram a chomhfonadh.

4. Tar éis dheireadh gach bliain airgeadais tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirí suas tuarascáil bhliantúil. Cuirfear ar aghaidh chuig institiúidí eile an Chomhphobail í agus foilseofar in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach í, mar aon le freagraí na n-institiúidí sin ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.

Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí ina theannta sin, tráth ar bith, a barúlacba, go háirithe i bhfoirm tuarascálacha speisialta, a thfolacadh ar cheisteanna sonracha agus tuairimí a thabhairt arna iarraidh sin do cheann d'institiúidí eile an Chomhphobail.

Giacfaidh sí a cuid tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta nó tuairimí trí thromlach a comhaltaí.

Beidh sí de chúnamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna rialaithe chun an buiséad a chur i ngnoscadh.

5. Tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirí suas freisin tuarascáil bhliantúil leithleach ar rialtacht na cuntasafochta amach ón gcaiteachas agus ón ioncam dá dtagraistear i mór 1 agus ar rialtacht na bainistíochta airgeadais ag an gCoimisiún ina leith sin. Tarraingeoidh sí suas an tuarascáil sin tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais dá dtagraifonn na cuntas agus cuirfidh sí faoi bhráid an Choimisiún agus na Comhairle í. Cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa í."

15) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 78c:

"AIRTEAGAL 78c

Cuirfidh an Coimisiún an buiséad riacháin i ghníomh, i gcomhréir le foréalaigh na rialachán arna ndéanamh de bhun Airteagal 78h, ar a fhreagracht féin agus laistigh de theorainneacha na leithreasáf, agus aird á tabhairt aige ar phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais.

Leagfaidh na rialacháin síos rialacha mionsonraithe do gach institiúid maidir lena páirt ag déanamh a caiteachais féin.

Laistigh den bhuiséad riacháin, féadfaidh an Coimisiún, faoi réir na dteorainneacba agus na gcoinnfollacha arna leagan síos sna rialacháin arna ndéanamh de bhun Airteagal 78h, leithreasáf a aistriú ó chaidibh go chéile nó ó fhoroinn go chéile."

16) Aisghairtear Airteagail 78e agus 78f.

17) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 78g:

"AIRTEAGAL 78g

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di ar mholadh ón gComhairle a ghníomhóidh trí thromlach cálithe, urscaoileadh a thabhairt don Choimisiún i leith an buiséad riacháin a chur i ghníomh. Chun na críche sin, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, i ndiaidh na Comhairle, scríduí ar na cuntais agus ar an ráiteas airgeadais dá dtagraftear in Airteagal 78d, ar thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniuicíóirí agus ar aon tuarascálacha speisialta ábhartha ón gCúirt Iniuicíóirí maille le freagraí na n-institiúidí faoi iniúchadh ar bharúlacha na Cúirte Iniuicíóirí.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, sula dtabharfaidh sí urscaoileadh don Choimisiún nó chun aon chríche eile faoi chuimsiú fheidhmiú chumhachtaí an Choimisiún i leith an buiséad riacháin a chur i ghníomh, a iarraidh an Coimisiún a éisteacht ar chur i ghníomh an chaiteachais nó ar oibriú na gcóras rialú airgeadais. Cuirfidh an Coimisiún gach eolas is gá faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh sin di.

3. Déanfaidh an Coimisiún gach díscheall chun go gcuirfear na barúlacha i gcríoch atá i gceangal leis na cinní urscaoilte maille le barúlacha eile Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcaiteachas a chur i ngníomh agus na gluaiseanna a bheidh in éineacht leis na moltaí urscaoilte arna nglacadh ag an gComhairle.

Arna iaraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar na bearta a bheidh glactha i bhfianaise na mbarúlacha agus na ngluaiseanna sin agus go háirithe ar na teagaisc a bheidh tugtha do na rannóga atá freagrach as an mbuiséad riarracháin a chur i ngníomh. Cuirfear na tuarascálacha sin chun na Cúirte Iniúchóirí freisin."

18) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 78h:

"AIRTEAGAL 78h

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Pharlaimint na hEorpa agus tuairim na Cúirte Iniúchóirí a fháil:

- (a) rialacháin airgeadais ina sonrófar go háirithe an nós imeachta is inleanta chun an buiséad riarracháin a bhunú agus a chur i ngníomh agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh;
- (b) na modhanna agus an nós imeachta a chinneadh ar dá réir a bheidh an t-ioncam buiséid dá bhforáiltear faoi na socruithe i dtaoibh acmhainní dílse na gComphobal féin le cur ar fáil don Choimisiún agus na bearta a chinneadh a bheidh le cur chun feidhme, más gá, chun freastal do riachtanais airgeadais;
- (c) rialacha a chinneadh i dtaoibh freagracht rialtóirí airgeadais, oifigeach údarás agus oifigeach cuntais, agus i dtaoibh socruithe iomchú le haghaidh cigireachta."

- 19) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 78i

Glacfaidh na Ballstáit na bearta céanna chun calaois a chomhrac a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Chomhphobail is a ghlacann siad chun calaois a chomhrac a dhéanann díobháil dá leasanna airgeadais féin.

Gan dochar d'fhorálacha eile an Chonartha seo, comhordóidh na Ballstáit a ngníomhafocht chun leasanna airgeadais an Chomhphobail a chosaint i gcoinne na calaoise. Chuige sin, eagróidh siad, le cúnamh ón gCoimisiún, dlúthchomharafacht rialta idir ranna inniuila a gcuid riacháin."

- 20) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 79(a).

"(a) Ní bheidh an Conradh seo infheidhme ar Oileáin Fharó."

- 21) Aisghairtear Airteagail 96 agus 98.

TEIDEAL IV**FORÁLACHA A LEASAÍONN AN CONRADH****AG BUNÚ****AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH****DO FUINNEAMH ADAMHACH****AIRTEAGAL I**

Leasófar an Conradh ag bunú an Chomphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

1) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 3:**"AIRTEAGAL 3**

1. Na curaimí a chuirtear ar an gComphobal, beidh siad le cur i gcríoch ag na hinstiúidí seo a leanas:

- PARLAIMINT NA hEORPA,
- COMHAIRLE,
- COIMISIÚN,
- CÚIRT BHREITHIÚNAIS,
- CÚIRT INIÚCHÓIRÍ.

Gníomhóidh gach institiúid acu faoi theorainn na gcumhactaí a thugtar di sa Chonradh seo.

2. Beidh de chúnamh ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ag gníomhú i gcáil chomhairleach dó."

2) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"AIRTEAGAL 107a

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach a comhaltaí, a iarraidh ar an gCoimisiún aon togra iomchuí a chur faoina bráid ar na hábhair ar gá, dar léi, gníomh Comhphobail ina leith chun an Conradh seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 107b

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, agus a cúramí á gcomhall aici, arna iarraidh sin don cheathrú cuid dá comhaltaí, coiste fiosrúcháin sealadach a chur ar bun chun iniúchadh a dhéanamh, gan dochar do na cumhactaí a thugtar d'ínsitiúidí nó do chomhlactaí eile sa Chonradh seo, ar lómhaintí maidir le sáriú nó le drochriarachán i gcur chun feidhme dhlí an Chomhphobail, ach amháin má tá na florais a lómhantaíear faoi scrúdú os comhair cíirte agus fad nach mbeidh na himeactaí dlíthiúla críochnaithe.

Beidh deireadh leis an gcoiste fiosrúcháin sealadach ar thaisceadh a thuarascála dó.

Cinnfidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún de thoil a chéile na rialacha mionsonraithe inaídí leis an gceart fiosrúcháin a fheidhmiú.

AIRTEAGAL 107c

Beidh ag gach saoránach den Aontas agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát, ar a chonlán féin nó i gcomhlachas le saoránaigh nó daoine eile, an ceart achainí a chur os comhair Pharlaimint na hEorpa ar ábhar a thig faoi réimsí gníomhaíochta an Chomhphobail agus a bhaineann go dfreach leis.

AIRTEAGAL 107d

1. Ceapfaidh Parlaimint na hEorpa Ombudsman a chumhachtófar chun gearán a ghlacadh ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát maidir le cásanna drochriarachán i ngomsafochtai na n-institiúidí nó na gcomhlactaí Comhphobail, seachas an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Chéadchéime i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna breithiúnacha dóibh.

I gcomhréir lena dhualgais, cuirfidh an tOmbudsman na fiosrúcháin i gcríoch a bhfuil forais faighte aige chucu ar a thionscnamh féin nó ar bhonn gearán a dhéantar leis go díreach nó trí chomhalta de Pharlaimint na hEorpa, ach amháin má tá nó má bhí na florais a lomhnaítear ina n-ábhar d'imeachtaí dlíthiúla. I gcás go súfonn an tOmbudsman go bhfuil drochriarachán i gceist, cuirfidh sé an cás faoi bhráid na hinstiúide i dtrácht agus beidh trí mhí aici chun a tuairim a thabhairt dó. Ansin díreoidh an tOmbudsman tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an institiúid i dtrácht. Cuirfear an duine a rinne an gearán ar an eolas faoi thoradh na bhfiosrúchán sin.

Tíolacfaidh an tOmbudsman tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa gach bliain ar thorthaí a chuid fiosrúchán.

2. Ceapfar an tOmbudsman tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa go ceann théarma oifige na Parlaiminte. Féadfar a théarma oifige a athnuachan.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais an tOmbudsman a bhriseadh arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa mura gcomhallaíodh sé a thuilleadh na coinnfollacha is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach.

3. Beidh an tOmbudsman neamhspleáach ar fad i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. I gcomhlíonadh a dhualgas dó, ní iarrfaidh sé ná ní ghlacfaidh sé teagaisc ó aon chomhlacht eile. Ní cead dó, le linn a théarma oifige, gabháil le haon síl bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach.

4. Socróidh Parlaimint na hEorpa, tar éis tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún agus le formheas ón gComhairle ag gomsa di trí thromlabh cáilithe, na rialacháin agus na coinnfollacha ginearálta d'fheidhmiú fheidhmeanna an Ombudsman."

3) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 108(3):

"Tarraingeoidh Parlaimint na hEorpa suas tográf do thoghchán trí vótáil chomhchoiteann dhíreach de réir nós imeachta chomhionainn sna Ballstáit go léir.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil agus tar éis aontú Pharlaimint na hEorpa a gníomhóidh trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í, na forálacha iomchus a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachta faci seach."

4) Comhlánaítéar an dara fomhír d'Airteagal 114 leis an abairt seo a leanas:

"Sa chás sin, rachaidh téarma oifige chomhaltaí an Choimisiúin a cheaptar chun a n-ionad a ghabháil in éag ar an dáta a rachadh téarma oifige chomhaltaí an Choimisiúin ar tugadh orthu eisír as d'aon bhúson in éag."

5) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

***AIRTEAGAL 116**

Beidh ar an gComhairle ionadaí do gach Ballstát ar leibhéal aireachta dá n-údarófar Ríaltas an Bhallstáit sin a cheangal.

Sealbhóidh gach comhalta den Chomhairle, ar a uain, oifig an Uachtaráin go ceann téarma sé mhí in ord sco a leanas na mBallstát:

- go ceann chéad tréimhse sé bliana: an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe;
- go ceann na tréimhse sé bliana dár gcionn: an Danmhairg, an Bheilg, an Ghréig, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil, Éire, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ríocht Aontaithe, an Phortaingéil

AIRTEAGAL 117

Tiocfaidh an Chomhairle le chéile arna comóradh ag a hUachtarán ar a thionscnamh féin nó arna iarráidh sin do chomhalta den Chomhairle nó don Choimisiún."

6) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 121

1. Beidh coiste arna chomhdhéanamh de Bhuanionadaithe na mBallstát freagrach as obair na Comhairle a ullmhú agus as na cúraimí a chuirfidh an Chomhairle air a chur i gcríoch.
2. Beidh Ardrúnafocht, faoi stiúradh Ardrúnaí, de chúnamh ag an gComhairle. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, an tArdrúnaí a cheapadh.

Cinnfidh an Chomhairle eagrú na hArdrúnafochta.

3. Glacfaidh an Chomhairle a rialacha nós imeachta."

7) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 123

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, tuarastail, slánafochtaí agus pinsin Uachtarán agus chomhaltaí an Choimisiún agus Uachtarán, Bhréithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, trí thromlach cáilithe freisin, aon slánafocht is intugtha in ionad luach saothair."

8) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"AIRTEAGAL 125

Foilseoidh an Coimisiún go bliantúil, tráth nach déanaí ná mí roimh oscailt sheisiún Pharlaimint na hEorpa, tuarascáil ghinearálta ar ghníomhafochtaí an Chomhphobail.

AIRTEAGAL 126

1. Beidh ar an gCoimisiún seacht gcomhalta dhéag a roghnófar de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gnsomhú di d'aon toil, lón chomhaltaí an Choimisiún a athrú.

Ní féidir a bheith ina gcomhaltaí den Choimisiún ach amháin náisiúnaigh de na Ballstáit.

Ní mór náisiúnach amháin ar a laghad as gach Ballstát a bheith ar an gCoimisiún, ach ní féidir thar dhá chomhulta is náisiúnaigh den Stát céanna a bheith ar an gCoimisiún.

2. Beidh comhaltaí an Choimisiún, chun leas ginearálta an Chomphobail, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

I gcomhlíonadh a ndualgas dóibh, ní iarrfaidh ná ní glacfaidh siad teagaisc ó aon Rialtas ná ó aon chomhlacht eile. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach lúsonn lena bhfeidhmeanna. Gabhann gach Ballstát air féin an prionsabal sin a urramú agus gan féachaint le tionchar a oibriú ar chomhultaí an Choimisiún i gcomhlíonadh a gcúraimí dóibh.

Ní cead do chomhultaí an Choimisiún, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon síl bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealtanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlaicadh tar éis scor dá n-oifig dóibh. Má dhéantar aon sárú ar na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle ná ón gCoimisiún, a rialú, de réir na n-imthosca, go bhfuil an comhulta áirithe le scor go héigeantach i gcomhréir le forálacha Airteagal 129 nó go bhfuil a cheart chun pinsin ná chun sochar eile in ionad pinsin le haint de.

AIRTEAGAL 127

1. Ceapfar comhultaí an Choimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraistear i mír 2, go ceann téarma cúig bliana faoi réir, más gá, fhorálacha Airteagal 114.

Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan.

2. Ainmneoidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an duine a bheartaonn siad a cheapadh ina Uachtarán ar an gCoimisiún.

Ainmneoidh Rialtais na mBallstát, i gcomhairle leis an Uachtarán-ainmnitheach, na daoine eile a bheartaonn siad a cheapadh ina gcomhaltaí den Choiisiún.

Déanfar Uachtarán agus comhalaí eile an Choiisiún arna n-ainmniú amhlaidh a chur mar choláiste faoi réir vóta formheasta ag Parlaimint na hEorpa. Ceapfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile Uachtarán agus comhalaí eile an Choiisiún tar éis fhormheas Pharlaimint na hEorpa.

3. Beidh forálacha mhíreanna 1 agus 2 infheidhme den chéad uair ar Uachtarán agus ar comhalaí eile an Choiisiún a dtosóidh a dtéarma oifige ar an 7 Eanáir 1995.

Ceapfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile Uachtarán agus comhalaí an Choiisiún a dtosóidh a dtéarma oifige ar an 7 Eanáir 1993. Rachaidh a dtéarma oifige in éag ar an 6 Eanáir 1995.

AIRTEAGAL 128

Amach ó ghnáthathrú ar comhalaí nó i gcás comhala d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhala den Choiisiún ar é d'éirí as oifig nó ar é a scor go héigeantach.

Déanfar folúntas a tharlóidh amhlaidh a lsonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an comhala le comhala nua arna cheapadh ag Rialtais na mBallstát de thoil a chéile. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, a chinneadh nach gá folúntas den sórt sin a lsonadh.

I gcás an tUachtarán d'éirí as oifig, a scor go béisgeantach nó d'fháil bháis, déanfar duine a cheapadh ina ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma oifige. Is é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 127(2) is infheidhme chun duine a cheapadh in ionad an Uachtaráin.

Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach faoi fhórlacha Airteagal 129, fanfaidh comhalaí an Choiisiún i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.

AIRTEAGAL 129

Aon chomhalta den Choimisiún nach bhfuil na coinnfollacha is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú á gcomhall aige a thuilleadh nō a bhí ciontach i mf-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, é a scor go héigeantach.

AIRTEAGAL 130

Féadfaidh an Coimisiún Leasuachtarán amháin nō dhá Leasuachtarán a cheapadh as lson a chomhaltaf.

AIRTEAGAL 131

Rachaidh an Chomhairle agus an Coimisiún i gcomhairle le chéile agus socróidh siad de thoil a chéile a modhanna comharafochta.

Giacfaidh an Coimisiún a rialacha nós imeachta chun a áirithiú go n-oibreoidh sé féin agus a ranna de réir fhorálacha an Chonartha seo. Áiritheoidh sé go bhfoilseofar na rialacha sin.

AIRTEAGAL 132

Gníomhóidh an Coimisiún trí thromlach den lson comhaltaf dá bhforáiltear in Airteagal 126.

Ní bailí do chruinniú den Choimisiún mura mbíonn i láthair an lson comhaltaf atá leagtha síos ina rialacha nós imeachta."

- 9) Aisghairtear Airteagal 133.

10) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 137:

"AIRTEAGAL 137

Trí Bhreitheamh déag a bheidh ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Suffidh an Chúirt Bhreithiúnais i seisiún iomlánach. Féadfaidh sí, áfach, eager dlísheomraí a chur uirthi féin, a mbeidh trí Bhreitheamh nó cùig Bhreitheamh i ngach dlísheomra díobh, chun réamhfhiosrúcháin áirithe a ghabháil ar láimh nó chun breith a thabhairt ar chásanna de chineálacha áirithe de réir rialacha arna leagan síos chun na gcrsoch sin.

Suffidh an Chúirt Bhreithiúnais i seisiún iomlánach arna iaraidh sin do Bhallstát nó do cheann d'ínsitiúidí an Chomhphobail is páirtí sna himeachtaí.

Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, lón na mBreithiúna a mhéadú agus na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an dara agus an trú mór den Airteagal seo agus ar an dara mór d'Airteagal 139."

11) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 140a:

"AIRTEAGAL 140a

1. Cuirfear ag gabháil leis an gCúirt Bhreithiúnais cúirt a inbeidh dlínsé aici aicmeí áirithe caingne nó imeachta, arna gcinneadh faoi na coinnfollacha atá leagtha síos i mór 2, a éisteacht agus a chinneadh ag céadchéim faoi réir ceart achomhairc a bheith ann chun na Cúirte Breithiúnais ar phoncanna difí amháin agus faoi réir na gcoinnfollacha atá leagtha síos sa Reacht. Ní bheidh an Chúirt Chéadchéimé inniúil ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú de bhun Airteagal 150 a éisteacht agus a chinneadh.

2. Arna iaraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, socróidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, na haicmeí caingne nó imeachta dá bhforáiltear i mór 1 agus comhdhéanamh na Cúirte Céadchéime agus glacfaidh sí na hoiriúnuithe is gá ar Reacht na Cúirte Breithiúnais agus na forálacha breise is gá a ghabhann leis an Reacht sin. Mura gcinntídh an Chomhairle a mhalaírt, beidh forálacha

an Cbonartha seo a bhaineann leis an gCúirt Bhreithiúnais, go háirthe forálacha an Phrótailear ar Reacht na Cúirte Breithiúnais, infheidhme ar an gCúirt Chéadchéime.

3. Roghnófar comhalaí na Cúirte Céadchéime as measc daoine nach bbfaul a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfaul acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacba a fheidhmiú; ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile go ceann téarma sé bliana. Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach tré bliana. Féadfar comhalaí a bheidh ag scor a athcheapadh.

4. Glacfaidh an Chuirt Chéadchéime a rialacha nós imeachta le comhaontú na Cúirte Breithiúnais. Is gá formheas d'aon toil ón gComhairle a bheith leo."

12) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 143:

"AIRTEAGAL 143

1. Má shufonn an Chuirt Bhreithiúnais gur mhainnígh Ballstát oibleagáid faoin gConradh seo a chomhall, cuirfear de cheangal ar an Stát sin na bearta is gá a ghilcadh chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.

2. Má mheasann an Coimisiún nach bhfaul na bearta sin glactha ag an mBallstát i dtrácht, eiseoidh sé, tar éis caoi a thabhairt don Bhallstát sin a bbarúlacha a thsolacadh, tuairim réasúnaithe ag sonrú na bponcanna nach bhfaul an Ballstát i dtrácht tar éis breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh ina leith.

Mura mbeidh na bearta is gá d'fhorghnsmhú bhreithiúnas na Cúirte glactha ag an mBallstát i dtrácht laistigh den tréimhse a bheidh socraithe ag an gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún an cás a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais. Cuirfidh an Coimisiún in iúl méid na cnapschuime nó na hsocafolta pionósas a bheidh le hosc ag an mBallstát i dtrácht a mheasann sé is iomchuf sna himthosca.

Má shufonn an Chuirt Bhreithiúnais nach bhfaul a breithiúnas comhlíonta ag an mBallstát i dtrácht, féadfaidh sí cnapschuim nó socafolta phionósach a ghearradh air.

Beidh an nós imeachta sin gan dochar d'Airteagal 142."

13) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 146:

"AIRTEAGAL 146

Déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais léirmheas ar dhlíthiúlacht ghníomhartha na Comhairle nó an Choiimisiúin, seachas moltaf nó tuairimí, agus ghníomhartha Pharlaimint na hEorpa atá ceaptha chun eifeacht dhlíthiúil a bheith acu i leith tríú páirtithe.

Chuige sin beidh dlínse aici i gcaingne a thionscnóidh Ballstát, an Chomhairle nó an Coimisiún mar gheall ar easpa inniúlachta, ar shárú ceanglais fhíor-riachtanaigh nós imeachta, ar shárú an Chonartha seo nó aon riall dlí a bhaineann lena chur chun feidhme nó ar mhí-úsáid cumhacthaí.

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais faoi na coinnfollacha céanna i gcaingne arna thionscnamh ag Parlaimint na hEorpa d'fhonn a sainchumais a choimirciú.

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, faoi na coinnfollacha céanna, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh cinneadh a dírfodh chuig an duine sin nó in aghaidh cinneadh is dá chúram go díreach agus go leithleach, cé gur i bhfoirm rialacháin dó nó i bhfoirm cinneadh a dírfodh chuig duine eile.

Déanfar na himeachtaí dá bhforáiltear san Airteagal seo a thionscnamh laistigh de dhá mhí ón uair a foilsiodh an beart, nó a cuireadh in iúl don ghearánaí é nó, murar cuireadh, ón lá a fuair sé fios air, de réir mar a bheidh."

14) Cuirtear isteach an Roinn seo a leanas:

**"ROINN V
AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ**

AIRTEAGAL 160a

Déanfaidh Cúirt Iniúchóirí iniúchóireacht ar na cuntasí.

AIRTEAGAL 160b

1. Dhá chomhalta dhéag a bheidh ar an gCúirt Iniuchoír.
2. Roghnófar comhalaí na Cúirte Iniuchoír as measc daoine a bhaineann nó a bain ina dtíortha faoi seach le comhlactaí seachtracha iniuchoireachta nó a bhfuil cailfocht speisialta acu le haghaidh na hoifige sin. Ní bheidh a neamhspleáchas inchurtha in amhras.
3. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, comhalaí na Cúirte Iniuchoír a cheapadh go ceann téarma sé bliana.

Ach nuair a bheidh na chéad cheapacháin á ndéanamh, roghnófar ceithre chomhalta den Chúirt Iniuchoír trí chrannchur agus gan a bheith acu de théarma oifige ach ceithre bliana.

Féadfar comhalaí na Cúirte Iniuchoír a athcheapadh.

Toghfaidh siad Uachtaráin na Cúirte Iniuchoír as a linn féin go ceann téarma trí bliana. Féadfar an tUachtaráin a atoghadh.

4. Beidh comhalaí na Cúirte Iniuchoír, chun leas ginearálta an Chomhphobail, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

I gcomhlíonadh a ndualgas dóibh, ní iarrfaidh ná ní glacfaidh siad teagaisc ó aon ríaltas ná ó aon chomhlacht eile. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach lusonn lena bhfeidhmeanna.

5. Ní cead do chomhalaí na Cúirte Iniuchoír, le linn a dtéarma oifige, gabbáil le haon síl bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealltanás sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiadh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go báirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaoibh ceapacháin ná sochair áirithe a glacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh.

6. Amach ó ghnáthathrú ar chomhalaí, ná i gcás comhalaí d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhalaí den Chúirt Iniuchoír ar é d'éirí as oifig, ná ar é a scor go héigeantach de bhíthin rialú ón gCúirt Bhreithiúnais de bhun mhír 7.

Déanfar folúntas a tharlóidh amhlaidh a lisonadh ar fcadh a bbfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta.

Ach amháin i gcás iad a scor go héigeantach, fanfaidh comhaltaí na Cúirte Iniuicthóirí i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.

7. Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de chomhalta den Chúirt Iniuicthóirí ach amháin i gcás ina suifidh an Chúirt Breithiúnais, ar iarratas ón gCúirt Iniuicthóirí, nach bhfuil coinnfollacha riachtanacha a oifige á gcomhall ná na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh.

8. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe, coinnfollacha fostasocha Uachtaráin agus chomhaltaí na Cúirte Iniuicthóirí agus go háirithe a dtuarastail, a slánafochtas agus a bpinsin. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, trí thromlach cálithe freisin, aon slánafocht is intugtha in ionad luach saothair.

9. Na forálacha den Phrótacl ar Phribhléidí agus Dfóisíontí na gComhphobal Eorpach a bhaineann le Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais, beidh siad infheidhme freisin ar chomhaltaí na Cúirte Iniuicthóirí.

AIRTEAGAL 160c

1. Scrúdóidh an Chúirt Iniuicthóirí na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile an Chomhphobail. Scrúdóidh sí freisin na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile gach comhlachta arna bhunú ag an gComhphobal a mhéad nach gcoisceann ionstraim a bhunaithe an scrúdú sin.

Cuirfidh an Chúirt Iniuicthóirí ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ráiteas urrús i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-oibrfochtas i ndáil leo.

2. Déanfaidh an Chúirt Iniuicthóirí scrúdú féachaint an bhfuarthas an t-ioncam uile agus ar tabhaíodh an caiteachas uile ar mhodh dleathach rialta, agus an ndearnadh bainistíocht fhóntha ar an airgeadas.

Iniuicthfar an t-ioncam ar bhonn na suimeanna is dlite arna suíomh agus ar bhonn na suimeanna arna n-foc iarbhfr leis an gComhphobal.

Iniuicthfar an caitcachas ar bhonn ceangaltais a glacadh ar láimh agus focafochtaí a rinneadh.

Féadfar an iniúchóireacht sin a dhéanamh roimh dhúnadh na gcontas don bhliain airgeadais atá i gceist.

3. Bunófar an iniúchóireacht ar thaifid agus, más gá, déanfar ar an bhfód f in institiúidí eile an Chomhphobail agus sna Ballstáit. Sna Ballstáit déanfar an iniúchóireacht i gcuibhreann leis na comhlactaí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbfonn na cumhactaí riachtanacha acu sin, leis na ranna náisiúnta inniuila. Cuirfidh na comhlactaí nó na ranna sin i bhfios don Chúirt Iniúchóirí an bhuil siad chun páirt a ghlacadh san iniúchóireacht.

Cuirfidh institiúidí eile an Chomhphobail agus na comhlactaí náisiúnta iniúchóireachta nó, inura mbfonn na cumhactaí riachtanacha acu sin, na ranna náisiúnta inniuila, ar aghaidh chuig an gCúirt Iniúchóirí, arna iarraidh sin di, aon doiciméad nó faisnéis is gá chun a cúram a chomhionadh.

4. Tar éis dheireadh gach bliain airgeadais tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirí suas tuarascáil bhliantúil. Cuirfear ar aghaidh chuig institiúidí eile an Chomhphobail f agus foilseofar in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach f, mar aon le freagraí na n-institiúidí sin ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.

Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí ina theannta sin, tráth ar bith, a barúlacha, go háirithe i hhfoirm tuarascálacha speisialta, a thsolacadh ar cheisteanna sonracha agus tuairimí a thabhairt arna iarraidh sin do cheann d'institiúidí eile an Chomhphobail.

Glacfaidh sí a cuid tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta nó tuairimí trí thromlach a comhaltaí.

Beidh sí de chúnamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i bhfeidhiniú a bhfeidhmeanna rialaithe chun an buiséad a chur i ngníomh."

15) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 166:

***AIRTEAGAL 166**

Is mar seo a leanas a bheidh líní cbomhaltaí an Choiste Eacnamafoch agus Sóisialta:

An Bheilg	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
Lucsamburg	6
An Ísiltír	12
An Phortaingéil	12
An Ríocht Aontaithe	24

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, comhaltaí an Choiste a cheapadh go ceann ceithre bliana. Féadfar a gceapacháin a athnuachan.

Ní bheidh comhaltaí an Choiste inchurtha faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha. Beidh siad, chun leas ginearálta an Chomhphobail, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna.

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe, slánafochtai chomhaltaí an Choiste."

16) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 168:

***AIRTEAGAL 168**

Déanfaidh an Coiste a chathaoirleach agus a oifigigh a thoghadh as líní a chomhaltaí go ceann téarma dhá bhliain.

Glacfaidh sé a rialacha nós imeachta.

Déanfaidh a chathaoirleach an Coiste a chomóradh, arna iarraidh sin don Chomhairle nó don Choimisiún. Féadfaidh an Coiste teacht le chéile freisin ar a thionscnamh féin."

- 17) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 170:

"AIRTEAGAL 170

Caithfidh an Chomhairle nó an Coimisiún dul i gcomhairle leis an gCoiste sna cásanna dá bhforáiltear sa Chonradh seo. Féadfaidh na hinstiúidí sin dul i gcomhairle leis an gCoiste i ngach cás inar cuí leo é. Féadfaidh an Coiste, ar a thionscnamh féin, tuairim a eisíoint i gcásanna inar cuí leis é.

Má mheasann an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá sin, sonróidh siad don Choiste, chun a thuairim a thfolacadh, tréimhse nach giorra ná mí ón dáta ar a bhfaighidh an cathaoirleach scéala dá réir sin. Mura mbeidh tuairim faighte ar an tréimhse sin a bheith caite, ní chuirfidh sin cosc le dul ar aghaidh tuilleadh.

Cuirfear ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tuairim an Choiste agus tuairim na rannóige sainfheidhme, maille le taifead ar na himeachtaí."

- 18) Aisghairtear míreanna 1 go 3 d'Airteagal 172.

- 19) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 173:

"AIRTEAGAL 173

Gan dochar d'ioncam eile, maoineofar an buiséad go hiomlán as acmhainní dflse.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na foráilacha a bhaineann le córas acmhainní dflse an

Chomphobail a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach."

20) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 173a

D'fhoinn an smacht buiséadach a áirithíú, ní dhéanfaidh an Coimisiún aon togra gníomh Comphobail, ná ní leasóidh sé a thograí, ná ní ghlaicfaidh sé aon bheart chun é a chur i ngníomh ar dóigh dó iarmhairtí suntasacha a bheith aige ar an mbuiséad gan a dheimhniú go bhféadfar an togra sin nó an beart sin a mhaoiniú laistigh de theorainneacha acmhainní dílse an Chomphobail a chinfidh ó na forálacha arna socrú ag an gComhairle de bhun Airteagal 173."

21) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 179:

"AIRTEAGAL 179

Cuirfidh an Coimisiún na huiséid i ngníomh, i gcomhréir le forálacha na rialachán arna ndéanamh de bhun Airteagal 183, ar a fhreagracht féin agus laistigh de theorainneacha na leithreasá, agus aird á tabhairt aige ar phrionsabal na bainistíochta fóntha airgeadais.

Leagfaidh na rialacháin síos rialacha mionsonraithe do gach institiúid maidir lena páirt ag déanamh a caiteachais féin.

Laistigh de gach buiséad, féadfaidh an Coimisiún, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha arna leagan síos sna rialacháin arna ndéanamh de bhun Airteagal 183, leithreasá a aistriú ó chaibidil go chéile nó ó fhoroinn go chéile."

22) Aisghairtear Airteagail 180 agus 180a.

23) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 180b:

"AIRTEAGAL 180b

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di ar mholadh ón gComhairle a ghníomhóidh trí thromlach cálithe, urscaoileadh a thabhairt don Choi mísiún i leith an buiséad a chur i ngníomh. Chun na críche sin, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, i ndiaidh na Comhairle, scrúdú ar na cuntais agus ar an ráiteas airgeadais dá dtagrastear in Airteagal 179a, ar thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí agus ar aon tuarascáilach speisialta ábhartha ón gCúirt Iniúchóirí maille le freagraí na n-institiúidí faoi iniúchadh ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, sula dtabharfaidh sí urscaoileadh don Choi mísiún nó chun aon chríche eile faoi chuimisiú feidhmiú chumhachtas an Choi mísiún i leith an buiséad a chur i ngníomh, a iarraidh an Coimisiún a éisteacht ar chur i ngníomh an chaiteachais nó ar oibriú na góras rialú airgeadais. Cuirfidh an Coimisiún gach eolas is gá faoi bhráid Parlaimint na hEorpa arna iarraidh sin di.

3. Déanfaidh an Coimisiún gach dscheall chun go gcuirfear na bardilacha i gcríoch atá i gceangal leis na cinntí urscaoilte maille le barúlacha eile Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcaiteachas a chur i ngníomh agus na gluaiseanna a bheidh in éineacht leis na moltaí urscaoilte arna nglacadh ag an gComhairle.

Arna iarraidh sin do Parlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar na bearta a bheidh glactha i bhfianaise na mbarúlacha agus na ngluaiseanna sin agus go háirithe ar na teagaisc a bheidh tugtha do na rannóga atá freagrach as an mbuiséad a chur i ngníomh. Cuirfear na tuarascáilach sin chun na Cúirte Iniúchóirí freisin."

24) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 183:

"AIRTEAGAL 183

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tuairim na Cúirte Iniúchóirí a fháil:

- (a) rialacháin airgeadais ina sonrófar go háirithe an nós imeachta is inleanta chun an buiséad a bhunú agus a chur i gnsiomh agus chun cuntais a thfolacadh agus a iniúchadh;
- (b) na modhanna agus an nós imeachta a chinneadh ar dá réir a bheidh an t-ioncam buiséid dá bhforáiltear faoi na socruite i dtaobh acmhainní dílse an Chomhphobail féin le cur ar fail don Choimisiún agus na hearta a chinneadh a bheidh le cur chun feidhme, más gá, chun freastal do riachtanais airgeadais;
- (c) rialacha a chinneadh i dtaoibh freagracht rialtóirí airgeadais, oifigeach údarás agus oifigeach cuntais, agus i dtaobh socruite iomchú le haghaidh cigireachta."

25) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"AIRTEAGAL 183a

Glacfaidh na Ballstáit na bearta céanna chun calaois a chomhrac a dhéanann dsobháil do leasanna airgeadais an Chomhphobail is a ghlacann siad chun calaois a chomhrac a dhéanann dsobháil dá leasanna airgeadais féin.

Gan dochar d'fhorálacha eile an Chonartha seo, comhordóidh na Ballstáit a gngfomhafocht chun leasanna airgeadais an Chomhphobail a chosaint i gcoinne na calaoise. Chuige sin, eagróidh siad, le cúnamh ón gCoimisiún, dlúthchomharafocht rialta idir ranna inniuála a gcuidearacháin."

26) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 198(a):

"(a) Ní bheidh an Conradh seo infheidhme ar Oileáin Fharó."

27) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 201:

"AIRTEAGAL 201

Bunóidh an Comhphobal dlúthchomharafocht leis an Eagrafocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamafochta; socrófar na rialacha mionsonraithe di de thoil a chéile."

28) Aisghairtear Airteagail 204 agus 205.

29) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 206:

"AIRTEAGAL 206

Féadfaidh an Comphobal comhaontuithe a thabhairt i gcrích le Stát amháin nő níos mó nő le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nő níos mó, ag bunú comhlachais lena ngabhfaidh cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, comhghníomhaofchaí agus níosannaimeachta speisialta.

Tabharfaidh an Chomhairle na comhaontuithe sin i gcrích, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

I gcás inar gá leasuithe ar an gConradh seo de dhroim na gcomhaontuithe sin, déanfar a chéad uair na leasuithe sin a ghlacadh i gcomhréir leis an níosimeachta atá leagtha síos in Airteagal N den Chonradh ar an Aontas Eorpach."

TEIDEAL V**FORÁLACHA MAIDIR LE****COMHBHEARTAS EACHTRACH****AGUS****SLÁNDÁLA****AIRTEAGAL J**

Bunaftear leis seo comhbheartas eachtrach agus slándála a rialófar ag na forálacha seo a leanas.

AIRTEAGAL J.1

1. Saineoidh an tAontas agus a Bhallstáit agus cuirfidh siad chun feidhme comhbheartas eachtrach agus slándála, arna rialú ag forálacba an Teidil seo agus a fholaíodh gach réimse den bheartas eachtrach agus slándála.

2. Is iad cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála:

- comhlúacha, bunleasanna agus neamhspleáchas an Aontais a choimirciú;
- gach gné de shlándáil an Aontais agus a Bhallstát a neartú;
- an tsiocbán a chaomhnú agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú, i gcomhréir le prionsabail Chait na Náisiún Aontaithe, le prionsabail Ionstraim Chríochtaítheach Heilsincí agus le cuspóirí Chait Pháras;

- comhar idirnáisiúnta a chur ar aghaidh;
- an daonlathas agus smacht reachta a forbairt agus a chomhdhlúthú, mar aon le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú.

3. Déanfaidh an tAontas na cuspóirf sin a shaothrú:

- trí chomhar córasach a chur ar bun idir na Ballstáit d'fhoinn a mheartas a sheoladh i gcomhréir le forálacha Airteagal J.2;
- trí chomhgníomhafochtaí a chur chun feidhme de réir a chéile i gcomhréir le forálacha Airteagal J.3, sna réimsí go léir ina bhfuil leasanna tábhachtacha coiteanna ag na Ballstáit.

4. Tacóidh na Ballstáit go gníomhach agus gan chuntar le beartas eachtrach agus slándála an Aontais de mhcon dílseachta agus dlúthpháirtfochta i leith a chéile. Staonfaidh siad ó aon gníomhafocht a bheadh bunoscionn le leasanna an Aontais nó ar dóigh di a éifeachtúilacht mar fhórsa comhghreamaitheach sa chaidreamh idirnáisiúnta a dhochru. Féachfaidh an Chomhairle chuige go n-urramófar na prionsabail sin.

AIRTEAGAL J.2

1. Malartóidh na Ballstáit eolas agus comhbheartóidh siad le chéile i dtionól na Comhairle ar aon ábhar leasa ghinearálta a bhaineann le beartas eachtrach agus slándála chun a áirithíú go gcuirfear a dtionchar comhcheangailte i gcion ar an mbealach is éifeachtaí trána ngníomhafocht a chóineasú.

2. Gach uair a mheasann sé gur gá sin, saineoidh an Chomhairle comhsheasamh.

Féachfaidh na Ballstáit chuige go bhfuil a mbeartas náisiúnta i gcomhréir leis na comhsheasaimh.

3. Déanfaidh na Ballstáit a ngníomhafocht a chomhordú in eagrafochtaí idirnáisiúnta agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta. Déanfaidh siad na comhsheasaimh a chosaint sna fóraim sin.

In eagrafochtaí idirnáisiúnta agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta nach bhfuil na Ballstáit go léir rannpháirteach iontu, déanfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach iontu na comhsheasaimh a chosaint.

AIRTEAGAL J.3

Is é seo a leanas an nós imeachta chun comhghnomsafocht a ghlacadh i réimsí a thig faoin mbeartas eachtrach agus slándála:

1. Ar bhonn treoirínté ginearálta ón gComhairle Eorpach, cinnfidh an Chomhairle go mbeidh ábhar ina ábhar do chomhghnomsafocht.

Nuair a ghlacfaidh an Chomhairle prionsabal comhghnomsafochta, socróidh sí raon feidhme sonrach na gníomhafochta sin, na cuspóirí ginearálta agus sonracha a chuirfidh an tAontas roimhe agus é á saothrú, agus té na gníomhafochta más gá, mar aon leis na modhanna, nósannaimeachta agus coinnfollacha is infheidhme ar chur chun feidhme na gníomhafochta.

2. Ag glacadh na comhghnomsafochta di agus ag aon chéim le linn a forbartha, cinnfidh an Chomhairle na hábhair sin ar a nglacfar cinntí trí thromlach cailithe.

Nuair a cheanglaitear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cailithe de bhun na formhre roimhe seo, déanfar vótá a comhaltaí a ualú i gcomhréir le hAirteagal 148(2) den Chonradh ag buní an Chomhphobail Eorpaigh agus, chun go nglacfar iad, is gá do ghníomhartha na Comhairle cuid nach lú ná ceithre vótá is caoga ina bhfabhar arna gcaitheamh ag ocht gcomhalta ar a laghad.

3. Má tharlaíonn athrú sna himthosca a bhfuil éifeacht shuntasach aige ar ábhar atá ina ábhar do chomhghnomsafocht, déanfaidh an Chomhairle prionsabail agus cuspóirí na gníomhafochta sin a athbhreithniú agus glacfaidh sí na cinntí is gá. Fad nach mbeidh cinneadh glactha ag an gComhairle, beidh feidhm fós leis an gcomhghnomsafocht.
4. Beidh na comhghnomsafochtaí ina gceangal ar na Ballstáit sna seasaimh a ghlacfaidh siad agus i seoladh a gníomhafochta.
5. Déanfar eolas ar aon seasamh náisiúnta arna ghlacadh nó ar aon gníomhafocht náisiúnta arna beartú de bhun comhghnomsafochta a chur ar fáil in am ionas gur féidir, más gá, comhbheartú a dhéanamh roimh ré i dtionól na Comhairle. Ní bheidh an dualgas eolas a chur ar fáil roimh ré infheidhme ar bhearta nach mbeidh iontu ach trasú chinntí na Comhairle go dtí an leibhéal náisiúnta.

6. I gcás géar-riachtanais a bhaineann le hathruithe ar an gcor agus mura mbeidh cinneadh déanta ag an gComhairle, féadfaidh na Ballstáit na bearta is gá a ghilcadh ar bhonn prínne, agus aird á tabhairt acu ar chuspóirí ginearálta na comhghnionfhafochta. Cuirfidh an Ballstát i dtrácht an Chomhairle ar an eolas láithreach i dtaobh aon ghnfomhafochta den sórt sin.
7. I gcás mórdheacrachtas maidir le comhghnionfhafocht a chur chun feidhme, cuirfidh Ballstát an t-ábhar os eomhair na Comhairle a dhéanfaidh an t-ábhar a phlé agus réitigh iomchú a lorg. Ní féidir leis na réitigh sin bheith bunoscionn le cuspóirí na comhghnionfhafochta ná a héifeachtulacht a dhochrú.

AIRTEAGAL J.4

1. Folóidh an comhbheartas eachtrach agus slándála na ceisteanna uile a bhaineann le slándáil an Aontais Eorpaigh, lena n-áirtear comhbheartas cosanta a chumadh faoi dheireadh, as a dtiocfadh comhchosaint in am trátha.
2. Iarrann an tAontas ar Aontas Iarthar na hEorpa (AIE), ar cuid dhflis d'fhorbairt an Aontais Eorpaigh é, ciintí agus gníomhafochtaí an Aontais a bhfuil impleachtaí acu i réimse na cosanta a shainiu agus a chur chun feidhme. Déanfaidh an Chomhairle, i gcomhaontú le hinstiúidí AIE, na rialacha mionsonraithe praiticiúla is gá a ghilcadh.
3. Ní bheidh ceisteanna a bhfuil impleachtaí acu i réimse na cosanta agus a rialastear san Airteagal seo faoi réir na nósanna imeachta a shainstear in Airteagal J.3.
4. Ní dhéanfaidh beartas an Aontais i gcomhréir leis an Airteagal seo dochar do cháilfacht shonrach beartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe, urramóidh sé na dualgais a chineann i gcás Ballstát áirithe ó Chonradh an Atlantaigh Thuaidh agus beidh sé ag luí leis an mbeartas slándála agus cosanta arna ghilcadh sa chreat sin.
5. Ní choiscfidh an tAirteagal seo comhar níos dlúithe idir dhá Bhallstát nó níos mó ar bhonn déthaobhach a fhorbairt, faoi chuimsíú AIE nó na Comhghuaillfocha Atlantaí, a mhéad nach mbeidh an comhar sin ina shárú ná ina bhac ar an gcomhar dá bhforáiltear sa Teideal seo.
6. D'fhonn cuspóir an Chonartha seo a chur ar aghaidh agus aird á tabhairt ar dháta 1998 i gcomhthéacs Airteagal XII de Chonradh na Bruiséile, féadfar forálacha an Airteagail seo a

athbhreithniú, faoi mar a fhoráltear in Airteagal N(2), ar bhonn tuarascála a chuirfidh an Chomhairle faoi bhráid na Comhairle Eorpais i 1996 ar a dhéanaf, a chuimseoidh meastóireacht ar an dul chun cinn a bheidh déanta agus ar an taithí a bheidh faigte go dtí sin.

AIRTEAGAL J.5

1. In ábhair a thig faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála, is í an Uachtaráin a dhéanfaidh ionadaíocht don Aontas.
2. Beidh an Uachtaráin freagrach as comhghnomsafochtaí a chur chun feidhme; sa cháil sin, cuirfidh sí friotal de ghnáth ar sheasamh an Aontais in eagrafochtaí idirnáisiúnta agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta.
3. Sna cúramí dá dtagraitear i mfreanna 1 agus 2 roimhe seo, beidh de chúnamh ag an Uachtaráin, más gá, an Ballstát ag a raibh an Uachtaráin roimpi agus an Ballstát ag a mbeidh an Uachtaráin ina diaidh. Beidh an Coimisiún comhlachaithe go hiomlán sna cúramí sin.
4. Gan dochar d'fhorálacha Airteagail J.2(3) agus J.3(4), cuirfidh na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu in eagrafochtaí idirnáisiúnta nó ag comhdhálacha idirnáisiúnta nach bhfuil na Ballstáit go léir rannpháirteach iontu na Ballstáit eile sin ar an eolas ar aon ábhar leasa choitinn.

Na Ballstáit atá freisin ina gcomhaltaí de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, comhbheartóidh siad agus cuirfidh siad na Ballstáit eile ar an eolas go hiomlán. Na Ballstáit atá ina mbuanchomhaltaí den Chomhairle Slándála, féachfaidh siad chuige, i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, go ndéantar seasaimh agus leasanna an Aontais a chosaint, gan dochar dá hfreagrachtaí de bhun fhorálacha Chairt na Náisiún Aontaithe.

AIRTEAGAL J.6

Comhoibreoidh misin taidhleoireachta agus chonsalacha na mBallstát agus Toscaireachtaí an Choimisiún i dtríú tfortha agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta, agus a n-ionadaíochtaí chuig eagrafochtaí idirnáisiúnta, le chéile chun a áirithíú go ndéantar na comhsheasaimh agus na comhghnomsafochtaí arna nglacadh ag an gComhairle a urramú agus a chur chun feidhme.

Cuirfidh siad dlús leis an gcomhar trí fhaisnéis a mhalartú, trí mheastóireachtaí compháirteacha a dhéanamh agus trí rannchuidí leis na forálacha dá dtagraitear in Airteagal 8c den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL J.7

Rachaidh an Uachtaráin i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le príomhghnáithe agus bunroghanna an chomhbheartais eachtraigh agus slándála agus féadfaidh sí chuige go dtabharfar aird chuí ar dhéarcadh Pharlaimint na hEorpa. Cuirfidh an Uachtaráin acbt agus an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta i leith forbairt bheartas eachtrach agus slándála an Aontais.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa ceisteanna a dhíriú chuig an gComhairle agus moltaí a thabhairt chuici. Cuirfidh sí díospóireacht ar siúl gach bliain ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála.

AIRTEAGAL J.8

1. Saineoidh an Chomhairle Eorpach prionsabail agus treoiríntí ginearálta an chomhbheartais eachtraigh agus slándála.

2. Glacfaidh an Chomhairle na cinní is gá chun an comhbheartas eachtrach agus slándála a shainiu agus a chur chun feidhme ar bhonn na dtreoírlínte ginearálta arna nglacadh ag an gComhairle Eorpach. Áiritheoidh sí aontacht, comhchuibheas agus éifeachtúilacht gníomhaíochta an Aontais.

Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil, seachas i leith ceisteanna nós imeachta agus sa chás dá dtagraistear in Airteagal J.3(2).

3. Féadfaidh aon Bhallstát nó an Coimisiún aon cheist a thig faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála a chur os comhair na Comhairle agus tográf a chur faoi bhráid na Comhairle.

4. I gcásanna ina mbeidh gá le cinneadh sciobtha, comórfaidh an Uachtaráin uaithe féin, nó arna iarráidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát, cruinníú urghnách den Chomhairle laistigh d'ocht n-uaire a chloig is daichead nó, má tá éigeandáil ann, laistigh de thréimhse níos giorra.

5. Gan dochar d'fhórálacha Airteagal 151 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpáigh, déanfaidh Coiste Polaitiúil ar a inbeidh Stiúrthóirf Polaitiúla an cor idirnáisiúnta sna réimsí a thig faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála a choimeád faoi léirmheas, agus rannchuideoidh sé le beartais a shainiu trí thuairimí a thabhairt, arna iarráidh sin don Chomhairle nó ar a thionscnamh féin, le haghaidh na Comhairle. Déanfaidh sé freisin cur chun feidhme beartais chomhaontuithe a mhaoiríú, gan dochar d'fhreagrachtaí na hUachtaráinachta agus an Choimisiún.

AIRTEAGAL J.9

Beidh an Coimisiún comhlachaithe go hiomlán sna himeachtais i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála.

AIRTEAGAL J.10

Tráth aon athbhreithnithe ar na forálacha a bhaineann leis an tsílídáil faoi Airteagal J.4, scrúdóidh an Chomhdháil a chomórfar chuige sin an gá leasuithe eile a dhéanamh ar na forálacha eile a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála.

AIRTEAGAL J.11

1. Beidh na forálacha dá dtagraftear in Airteagail 137, 138, 139 go 142, 146, 147, 150 go 153, 157 go 163 agus 217 den Chonradh ag bunú an Chomphobail Eorpach infheidhme ar na forálacha a bhaineann leis na réimsí dá dtagraftear sa Teideal seo.
2. Beidh an caiteachas riarracháin a thabhdóidh na hinstiúidiú trí na forálacha a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála de mhuirear ar bhuiséad na gComphobail Eorpach.

Féadfaidh an Chomhairle freisin:

- a chinneadh d'aon toil go mbeidh an caiteachas oibrfochtúil a thabhdófar trí chur chun feidhme na bhforálacha a dúradh de mhuirear ar bhuiséad na gComphobail Eorpach; sa chás sin, beidh an nós imeachta buiséadach dá bhforáiltear sa Chonradh ag bunú an Chomphobail Eorpach infheidhme;
- nó a shuismh go bhfanfaidh caiteachas den sórt sin de mhuirear ar na Ballstáit, a d'fhéadfadh a bheith de réir scála a chinnfear.

TEIDEAL VI**FORÁLACHA MAIDIR LEIS****AN gCOMHAR I RÉIMSI****CEARTAIS****AGUS****GNÓTHAÍ BAILE****AIRTEAGAL K**

Déanfar comhar i réimsí ceartais agus gnóthaí baile a rialú ag na forálacha seo a leanas.

AIRTEAGAL K.1

D'fhoinn cuspóirí an Aontais a ghnóthú, go háirithe saorghluaiseacht daoine, agus gan dochar do chumhachtas an Chomhphobail Eorpáigh, measfaidh na Ballstáit gur ábhair leasa choitinn na réimsí seo a leanas:

1. beartas tearmainn;
2. rialacha maidir le trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát ag daoine agus le rialú trasnuithe den sórt sin;

3. beartas inimirce agus beartas i leith náisiúnaigh tríú thír:
 - (a) coinnfollacha iontrála agus gluaiseachta náisiúnach tríú thír ar chroíoch na mBallstát;
 - (b) coinnfollacha cónaithe do náisiúnaigh tríú thír ar chroíoch na mBallstát, lena n-áirítear athaontú teaghlaigh agus rochtain ar fhostafocht;
 - (c) inimirce, cónaí agus obair neamhrialta náisiúnach tríú thír ar chroíoch na mBallstát a chomhrac;
4. andúilfacht i ndruagáil a chomhrac a mhéad nach bbfolaíonn 7 go 9 thíos an réimse sin;
5. calaois ar chóir idirnáisiúnta a chomhrac a mhéad nach bhfolafonn pointí 7 go 9 thíos an réimse sin;
6. comhar breithiúnach in ábhair shibhialta;
7. comhar breithiúnach in ábhair choiriúla;
8. comhar custaim;
9. comhar póilsneachta d'fhoinn sceimhlitheoiríreacht, gáinmeáil neamhdhleathach drugaí agus saghsanna eile tromchúiseacha coirpeachta idirnáisiúnta a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear, más gá, gnéithe airithe den chomhar custaim i ndáil le heagrú córais ar fud an Aontais chun faisnéis a mhalartú laistigh d'Oifig Eorpach Póilíse (Europol).

AIRTEAGAL K.2

1. Déileálfar leis na ceisteanna dá dtagraítear in Airteagal K.1, agus an Coinbhinsiún Eorpach an 4 Samhain 1950 chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus Coinbhinsiún an 28 Iúil 1951 maidir le Stádas Dídeanaithe á n-urrámú agus an chosaint a dheonafonn na Ballstát do dhaoine a bhfuil géarleanúint á himirt orthu ar fhórais pholaitiúla á cur san áireamh.
2. Ní dhéanfaidh an Teideal seo difear d'fheidhmiú na bhfreagrachtaí is dlite de na Ballstát maidir leis an ord poiblí a chaomhnú agus slándáil intíre a choimirciú.

AIRTEAGAL K.3

1. Sna réimsf dá dtagraftear in Airteagal K.1, malartóidh na Ballstáit eolas eatarthu fén agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile i dtionól na Comhairle chun a gnsomhafocht a chomhordú. Chuige sin, tionscnóidh siad comharafocht idir ranna inniúla a gcuid riarrachán.

2. Féadfaidh an Chomhairle:

- ar thionscnamh aon Bhallstáit nó an Choi misiúin sna réimsf dá dtagraftear Airteagal K.1(1) go (6);
- ar thionscnamh aon Bhallstáit sna réimsf dá dtagraftear Airteagal K.1(7) go (9);
 - (a) comhsheasaimh a ghlacadh agus, san fhoirm iomchuí agus de réir na nósanna imeachta iomchuí, aon chomhar is fóinteach a chur ar aghaidh chun cuspóirí an Aontais a shaothrú;
 - (b) comhghnomsomhafochtaí a ghlacadh a mhéad is féidir cuspóirí an Aontais a ghnóthú níos fearr trí chomhghnomsomhafocht ná trí ghnomsomhafocht na mBallstát ag gnomsomhú dóibh go leithleach toisc raon nó éifeacht na gnomsomhafochta arna beartú; féadfaidh sí a chinneadh gur trí thromlach cálithe a ghlacfar na bearta chun comhghnomsomhafocht a chur chun feidhme;
 - (c) gan dochar d'fhorálacha Airteagal 220 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpáigh, coinbhinsiúin a dhréachtadh a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Mura bhforáiltear a mhalaírt sna coinbhinsiúin sin, glacfar bearta chun iad a chur chun feidhme i dtionól na Comhairle, trí thromlach dhá thrian de na hArdpháirtithe Conarthacha.

Féadfaidh na coinbhinsiúin sin a fhoráil go mbeidh dlínsé ag an gCúirt Breithiúnais chun forálacha na gcoinbhinsiúin sin a léiriú agus breith a thabhairt ar aon díospóid maidir lena gcur chun feidhme de réir na rialacha mionsonraithe a fhéadfaidh siad a shainiú.

AIRTEAGAL K.4

I. Cuirfear ar bun Coiste Comhordaithe ar a mbeidh ardfheidhmeannaigh. I dteannta lena ról comhordaithe, beidh sé de chúram ar an gCoiste:

- tuairimí a thabhairt le haghaidh na Comhairle, arna iarraidh sin di nō ar a thionscnamh féin;
 - gan dochar d'Airteagal 151 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, rannchuidiú le hullmhú imeachtaí na Comhairle sna réimsí dá dtagraftear in Airteagal K.1 agus faoi na coinniollacha dá bhforálitear in Airteagal 100d den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, sna réimsí dá dtagraftear in Airteagal 100c den Chonradh sin.
- 2.** Beidh an Coimisiún comhlachaithe go hiomlán sna himeachtaí sna réimsí dá dtagraftear sa Teideal seo.
- 3.** Gníomhóidh ~~as~~ Chomhairle d'aon toil, seachas i leith ceisteanna nós imeachta agus sna cásanna ina bhforálitear rialacha vótála eile go sainráite in Airteagal K.3.

Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, déanfar vótáí a comhaltaí a ualú i gcomhréir le hAirteagal 148(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus, chun go nglacfar iad, is gá do ghníomhartha na Comhairle cuid nach lú ná ceithre vótá is caoga ina bhfabhar arna gcaitheamh ag ocht gcomhalta ar a laghad.

AIRTEAGAL K.5

Déanfaidh na Ballstáit, in eagraisochtaí idirnáisiúnta agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta ina mbeidh siad rannpháirteach, friotal a chur ar na comhsheasaimh arna nglacadh de bhun fhorálacha an Teidil seo.

AIRTEAGAL K.6

Cuirfidh an Uachtaráin agus an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go trúthrialta arimeachtaí sna réimsí a thig faoin Teideal seo.

Rachaidh an Uachtaráin i gcomhairle le Pharlaimint na hEorpa i leith phrionshghnéithe na gníomhafochta sna réimsí dá dtagraistear sa Teideal seo agus féachfaidh sé chuige go dtabharfar aird chúr ar dhearcadh Pharlaimint na hEorpa.

Féadfaidh Pharlaimint na hEorpa ceisteanna a dhíriú chuig an gComhairle nó moltaí a dhéanamh lena haghaidh. Cuirfidh sé dfospóireacht ar siúl gach bliain i dtaobh an dul chun cinn i gcur chun feidhme na réimsí dá dtagraistear sa Teideal seo.

AIRTEAGAL K.7

Ní choiscfidh forálacha an Teidil seo comhar níos dlúithe idir dhá Bhallstát nó níos mó a thionscnamh ná a fhorbairt a mhéad nach mbeidh an comhar sin ina shárú ná ina bhac ar an gcomhar dá bhforáiltear sa Teideal seo.

AIRTEAGAL K.8

1. Beidh na forálacha dá dtagraistear in Airteagail 137, 138, 139 go 142, 146, 147, 150 go 153, 157 go 163 agus 217 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpach infheidhme ar na forálacha a bhaineann leis na réimsí dá dtagraistear sa Teideal seo.

2. Beidh an caiteachas riarrachán a thabhóidh na hinstiúidí trí na forálacha a bhaineann leis na réimsí dá dtagraistear sa Teideal seo de mhuirear ar bhuiséad na gComhphobail Eorpach.

Féadfaidh an Chomhairle freisin:

- a chinneadh d'aon toil go mbeidh an caiteachas oibríochtaíil a thabhófar trí chur chun feidhme na bhforálacha a dúradh de mhuirear ar bhuiséad na gComhphobail Eorpach; sa chás sin, beidh an nós imeachta buiséadach dá bhforáiltear sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpach infheidhme;
- nó a shuismh go bhfanfaidh caiteachas den sórt sin de mhuirear ar na Ballstáit, a d'fhéadfadh a bheith de réir scála a chinnfear.

AIRTEAGAL K.9

Féadfaidh an Chomhairle, ag gnfomhú di d'aon toil ar thionscnamh an Choimisiúin nó Ballstáit, a chinneadh Airteagal 100c den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpáigh a dhéanamh infheidhme ar ghnáthasochtaí a thig faoi na réimsí dá dtagraftear in Airteagal K.1(1) go (6), agus lena linn sin na dálaí vótala lena mbaineann a shainiu. Molfaidh sí an cinneadh sin do na Ballstáit lena ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

TEIDEAL VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL L

Forálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphohail Eorpaigh, an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a bhaineann le cumhachtas Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus le feidhmíú na gcumhachtas sin, ní hheidh siad infheidhme ach ar na forálacha seo a leanas den Chonradh seo:

- (a) forálacha a leasafonn an Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamafochta na hEorpa d'fhoinn an Comhphobal Eorpach a bhunú, an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach;

- (b) an tríú fomhír d'Airteagal K.3(2)(c);

- (c) Airteagail L go S.

AIRTEAGAL M

Faoi réir forálacha a leasafonn an Conradh ag bunú Chomhphohail Eacnamafochta na hEorpa d'fhoinn an Comhphobal Eorpach a bhunú, an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus na bhforálacha críochnaitheacha seo, ní dhéanfaidh aon fhóráil sa Cionradh seo difear do na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach ná do na Conarthaí nó Ionstraimí iardain á leasú nó á bhforlónadh.

AIRTEAGAL N

1. Féadfaidh Rialtas aon Bhallstáit nó an Coimisiún tograí a chur faoi bhráid na Comhairle chun na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe a athbhreithniú.

Má dhéanann an Chomhairle, tar éis dul i gcomhairle le Parlamint na hEorpa, agus, nuair is iomchúf, leis an gCoimisiún, tuairim a thabhairt i bhfabhar comhdháil d'ionadaithe do Rialtais na mBallstát a ghairm, comórfaidh Uachtarán na Comhairle an chomhdháil chun na leasuithe a bheidh le déanamh ar na Conarthas sin a cbinneadh de thoil a chéile. Rachfar i gcomhairle freisin leis an mBanc Ceannais Eorpach i gcás leasuithe institiúideacha sa réunse airgeadafochta.

Tiocfaidh na leasuithe i bhfeidhín tar éis a ndaingnithe ag na Ballstáit go léir i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Comórfar comhdháil d'ionadaithe do Rialtais na mBallstát i 1996 chun forálacha an Chonartha seo dá bhforáiltear athbhreithniú orthu a scrúdú i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach in Airteagail A agus B.

AIRTEAGAL O

Féadfaidh aon Stát Eorpach iarratas a dhéanamh chun bheith ina chomhalta den Aontas. Díreoidh sé a iarratas chun na Comhairle a ghníomhóidh d'aon toil tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus tar éis do Pharlaimint na hEorpa aontú trí thromlach glan de na comhalaí a chomhdhéanann f.

Na coinnfollacha ar a ligfeart Stát isteach agus na hoiriúnuithe is gá dá chionn sin ar na Conarthas ar a bhfuil an tAontas fothaithe, beidh siad ina n-ábhar do chomhaontú idir na Ballstáit agus an Stát iarrthach. Cuirfear an comhaontú sin faoi bhráid na Stát Conarthaigh uile lena dhaingniú i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

AIRTEAGAL P

1. Aisghairtear leis seo Airteagail 2 go 7 agus 10 go 19 den Chonradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha, arna shíniú sa Bhruiséil ar an 8 Aibreán 1965.

2. Aisghairtear leis seo Airteagal 2, Airteagal 3(2) agus Teideal III den Ionstraim Eorpach Aonair arna shíniú i Luchsamburg ar an 17 Feabhra 1986 agus sa Háig ar an 28 Feabhra 1986.

AIRTEAGAL Q

Tá an Conradh seo tugtha i gcríoch go ceann tréimhse gan teorainn.

AIRTEAGAL R

1. Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an gConradh seo i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfeart na hionstraimí daingniúcháin le Rialtas Phoblacht na hIodáile.

2. Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1993 ar an gcoinnfoll go mbeidh gach ionstraim daingniúcháin taiscthe, nó, ina éagmairis sin, ar an gcéad lá den mhí i ndiaidh thaisceadh na hionstraim daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin.

AIRTEAGAL S

Tarraingfodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgís, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Gbearmaínis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis, agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; taiscfeart é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile agus cuirfidh an Rialtas sin cíip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann eile de na Stáit shínitheacha.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lamh leis an gConradh seo.

Arna dhéanamh

[*For the testimonium and signatures, see United Nations, Treaty Series, vol. 1759, p. 412 — Pour le testimonium et les signatures, voir Nations Unies, Recueil des Traités, vol. 1759, p. 412.]*

PRÓTACAIL

PRÓTACAL MAIDIR LE MAOIN A FHÁIL SA DANMHAIRG

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO fadhbanna speisialta áirithe a bhaineann leis an Danmhairg a réiteach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar an bhforáil seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

D'ainneoin fhórálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, féadfaidh an Danmhairg a cuid reachtaisochta atá ann cheana a choimeád ar bun maidir le háit bhuanachónaithe thánaisteach a fháil.

PRÓTACAL**MAIDIR LE hAIRTEAGAL 119 DEN CHONRADH
AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH**

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar an bhforáil seo a leanas a cbuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomphobail Eorpaigh:

Chun crfocha chur chun feidhme Airteagal 119, ní mheasfar mar pbá sochair de bhun córas gairmiúil slándála sóisialta más féidir agus a mhéad is féidir iad a chur i leith tréimhsí fostasochta roimh an 17 Bealtaine 1990, amach ó chás oibrithe nó a gcleithiúnaithe a bheidh tar éis caingean nó éileamh is comhionann léi a thionscnamh roimh an dáta sin de réir an dlí náisiúnta is infheidhme.

PRÓTACAL
MAIDIR LE REACHT AN CHÓRAIS EORPAIGH BHAINC CHEANNAIS
AGUS
AN BHAINC CHEANNAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO Reacht an Chórás Eorpaigh Bhainc Cheannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh dá bhforáiltear in Airteagal 4a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a chinneadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

CAIBIDIL I
BUNÚ CEBC

AIRTEAGAL 1
An Córás Eorpach Bainc Cheannais

- 1.1. Bunófar an Córás Eorpach Bainc Cheannais (CEBC) agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE) i gcomhréir le hAirteagal 4a den Chonradh seo; comhlíonfaidh siad a bhfeidhmeanna agus cuirfidh siad i gcríoch a ngníomhaíochtaí i gcomhréir le forálacha an Chonartha seo agus an Reachtá seo.

- 1.2. Comhdhéanfar CEBC, i gcomhréir le hAirteagal 106(I) den Chonradh seo, de BCE agus de bhainc cheannais na mBallstát ("bainc cheannais náisiúnta"). Is é banc ceannais Luksamburg an Institut Monétaire Luxembourgeois.

CAIBIDIL II
CUSPÓIRÍ AGUS CÚRAIMÍ CEBC

AIRTEAGAL 2
Cuspóirí

I gcomhréir le hAitteagal 105(1) den Chonradh seo, beidh de chuspóir príomhúil ag CEBC cobhsafocht phraghsanna a choimeád ar bun. Gan dochar do chuspóir na cobhsafochta praghhsanna, tacóidh sé leis na beartais gbinearálta eacnamafocha sa Chomhphobal d'fhoinn rannchuidiú le gnóthú chuspóirí an Chomhphobail mar atá siad leagtha sfs in Airteagal 2 den Chonradh seo. Gníomhóidh CEBC i gcomhréir le prionsabal geilleagar margaidh oscailte le saoriomafocht ar mhaithle le cionroinnt éifeachtach acmhainní agus na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 3a den Chonradh seo á n-urramú aige.

AIRTEAGAL 3
Cúraimí

3.1. I gcomhréir le hAitteagal 105(2) den Chonradh seo, is iad na bunchúraimí a chuirfear i gcrích trí CEBC:

- beartas airgeadafochta an Chomhphobail a sbainiú agus a chur chun feidhme;
- oibrfochtaí um malairt eachtrach is comhchú le forálacha Airteagal 109 den Chonradh seo a sheoladh;
- cúlchistí oifigiúla eachtracha na mBallstát a shealbhú agus a bhainisteoireacht;
- oibriú rianúil córais fochochta a chur ar aghaidh.

3.2. I gcomhréir le hAitteagal 105(3) den Chonradh seo, beidh an tríú fleasc de mhír I gan dochar do Rialtais Bhallstát iarmhéideanna oibre malairte eachtraí a shealbhú agus a bhainisteoireacht.

3.3. I gcomhréir le hAitteagal 105(5) den Chonradh seo, rannchuideoidh CEBC le seoladh rianúil beartas arna saothrú ag na húdaráis inniuila a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsafocht an chórais airgeadais.

AIRTEAGAL 4

Feidhmeanna comhairleacha

I gcomhréir le hAirteagal 105(4) den Chonradh seo:

- (a) i dtaca le BCE:
 - rachfar i gcomhairle leis maidir le haon ghníomh Comhphobail arna bheartú laistigh dá réimsí inniúlachta;
 - faoi na teorainneacha agus na coinnfollacha atá leagtha amach ag an gComhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha sfos in Airteagal 42, rachaidh údarás náisiúnta i gcomhairle le BCE maidir le haon dréachtfhoráil reachtafochta laistigh dá réimsí inniúlachta;
- (b) féadfaidh sé tuairimí ar ábhair laistigh dá réimsí inniúlachta a chur faoi bhráid na n-institiúidí nó na gcomhlactas Comhphobail iomchuf nó na n-údarás náisiúnta.

AIRTEAGAL 5

Faisnéis staidrimh a bhailiú

- 5.1. D'fhoinn cúramí CEBC a ghlacadh ar láimh, baileoidh BCE, le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta, an fhaisnéis staidrimh is gá ó na húdarás náisiúnta inniúla nó go dfreach ó na gníomhairí eacnamafocha. Chuige sin, comhoibreoidh sé le hinstituíidí nó comhlactas Comhphobail, leis na húdarás inniúla sna Ballstáit nó i dtríú tfortha agus le heagrafochtaí idirnáisiúnta.
- 5.2. Cuirfidh na bainc cheannais náisiúnta i gcríoch, a mhéad is féidir, na cúramí atá tuairiscithe in Airteagal 5.1.
- 5.3. Rannchuvideoidh BCE le comhchuibhiú, más gá, ar na rialacha agus ar na cleachtais a rialafonn bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna raonta faoina réimsí inniúlachta.
- 5.4. Déanfaidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha sfos in Airteagal 42, na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá faoi réir oibleagáidí maidir le tuairisciú, an córas rúndachta agus na forálacha iomchuf um fhorgníomhú a shainiú.

AIRTEAGAL 6**Comhar idirnáisiúnta**

- 6.1. I réimse an chomhair idirnáisiúnta maidir leis na cúraimí a chuirtear ar CEBC, cinnfidh BCE cad é mar a dhéanfar CEBC a ionadú.
- 6.2. Féadfaidh BCE agus, faoi réir a cheadaithe, na bainc cheannais náisiúnta a bheith rannpháirteach in institiúidí idirnáisiúnta airgeadafochta.
- 6.3. Beidh forálacha Airteagail 6.1 agus 6.2 gan dochar d'fhorálacha Airteagal 109(4) den Chonradh seo.

*CAIBIDIL III***EAGRÚCHÁN CEBC****AIRTEAGAL 7****Neamhspleáchas**

I gcomhréir le hAirteagal 107 den Chonradh seo, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus i gcomhlíonadh na gcúraimí agus na ndualgas a chuirtear orthu sa Chonradh seo agus sa Reacht seo, ní fhéadfaidh BCE ná banc ceannais náisiúnta ná aon chomhalta dá gcomhlachtaí cinnteoireachta teagaisc a iarraidh ná a ghilcadh ó institiúidí ná comhlachtaí Comhphobail, ó aon Rialtas Ballstát ná ó aon chomhlacht eile. Gabhfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail maille le Rialtais na mBallstát orthu fín an prionsabal sin a urramú agus gan a iarraidh tionchar a oibriú ar chomhaltaí chomhlachtaí cinnteoireachta BCE nó na mbanc ceannais náisiúnta i gcomhlíonadh a gcúraimí.

AIRTEAGAL 8**Prionsabal ginearálta**

Is iad comhlachtaí cinnteoireachta BCE a rialóidh CEBC.

AIRTEAGAL 9**An Banc Ceannais Eorpach**

- 9.1. Beidh ag BCE i gcomhréir le hAirteagal 106(2) den Chonradh seo pearsantacht dhlítheanach, agus beidh aige i ngach Ballstát an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil ag daoine

dílseanacha faoina dhí; féadfaidh sé go háirthe maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus bheith ina pháirtí in imeachtaí dif.

- 9.2. Áiritheoidh BCE go ndéanfar na cúramí atá curtha ar CEBC faoi Airteagal 105(2), (3) agus (5) den Chonradh seo a chur chun feidhme trína ghníomhafochtaí féin de bhun an Reachtá seo nó trí na bainc cheannais náisiúnta de bhun Airteagail 12.1 agus 14.
- 9.3. I gcomhréir le hAirteagal 106(3) den Chonradh seo, is iad an Chomhairle Rialaithe agus an Bord Feidhmiúcháin comhlacthaí cinnteoirreachta BCE.

AIRTEAGAL 10

An Chomhairle Rialaithe

- 10.1 I gcomhréir le hAirteagal 109a(1) den Chonradh seo, beidh ar an gComhairle Rialaithe comhalaí an Bhord Feidhmiúcháin agus Gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta.
- 10.2 Faoi réir Airteagal 10.3, ní bheidh ceart vótála ach ag na comhalaí den Chomhairle Rialaithe a bheidh i láthair go pearsanta. De mhaolú ar an riaill sin, féadfar a leagan sfos sna rialacha nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 12.3 go bhféadfaidh comhalaí na Comhairle Rialaithe vótáil trí mheáin teileachomhdhála. Forálfar freisin sna rialacha sin go bhféadfaidh comhalaí den Chomhairle Rialaithe nach féidir dó vótáil ar feadh tréimhse fada malartach a cheapadh chun a ionad a ghabháil mar chomhalaí den Chomhairle Rialaithe.

Faoi réir Airteagail 10.3 agus 11.3, beidh vóta amháin ag gach comhalaí den Chomhairle Rialaithe. Mura bhforáiltear a mhalaírt sa Reacht seo, gníomhóidh an Chomhairle Rialaithe trí thromlach simplí. I gcás comhionannas vótáil, is ag an Uachtaráin a bheidh an vóta réitigh.

Chun go bhféadfaidh an Chomhairle Rialaithe vótáil, ní mór córam dhá thrian dá comhalaí bheith i láthair. Mura sroichfear an córam, féadfaidh an tUachtaráin cruinniú urghnáach a chomóradh ina bhféadfar cinntí a ghlacadh gan aird ar an gcóram.

- 10.3 Chun go nglacfar cinntí de bhun Airteagail 28, 29, 30, 32, 33 agus 51, déanfar na vótáil sa Chomhairle Rialaithe a ualú i gcomhréir le scaireanna na mbanc ceannais náisiúnta i gcaipiteal suibscríofa BCE. Is ionann agus nialas ualuithe vótáil chomhalaí an Bhord Feidhmiúcháin. Déanfar cinneadh ar gá tromlach cálithe chuige a ghlacadh má fhaigheann sé lson vótáil ina fhabhar is ionannas ar a laghad le dhá thrian de chaipiteal suibscríofa BCE agus is ionannas ar

a laghad le leath na scairshealbhóirí. Mura féidir le Gobharnóir bheith i láthair, féadfaidh sé malartach a ainmniú chun a vótá ualaithe a chaitheamh.

10.4. Beidh imeachtaí na gcuinnithe faoi rún. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe toradh a cuid pléití a phoiblíú.

10.5. Tiocfaidh an Chomhairle Rialaithe le chéile ar a laghad deich n-uaire sa bhliain.

AIRTEAGAL 11

An Bord Feidhmiúcháin

11.1. I gcomhréir le hAireagal 109a(2)(a) den Chonradh seo, beidh ar an mBord Feidhmiúcháin an tUachtaráin, an Leasuachtaráin agus ceithre chomhalta eile.

Comhlíonfaidh na comhaltaí a gcuid dualgas go lánaimseartha. Ní ghabhfaidh aon chomhalta le haon síl bheatha, sochrach ná neamhshochrach, mura ndeonóidh an Chomhairle Rialaithe d'fholúine go heisceachtúil dó.

11.2. I gcomhréir le hAireagal 109a(2)(b) den Chonradh seo, déanfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile ar leibhéal na gCeannairí Stáit nó Rialtais, ar mholadh ón gComhairle agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle Rialaithe, Uachtaráin, Leasuachtaráin agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a cheapadh as measc daoine a bhfuil gradam agus taithí ghairmiúil aitheanta acu i réimsí airgeadaisochta nó baincéireachta.

Ocht mbliana a bheidh ina dtéarma oifige agus ní fhéadfarr é a athnuachan.

Ní féidir a bheith ina gcomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin ach náisiúnaigh de na Ballstáit.

11.3. Leagfar sfs téarmaí agus coinnfollacha fostasochta chomhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin, go háirithe a dtuarastail, a bpinsin agus a sochair slándála sóisialta eile i gconarthaí le BCE agus socróidh an Chomhairle Rialaithe iad ar thogra ó choiste ar a mbeidh trí chomhalta arna gceapadh ag an gComhairle Rialaithe agus trí chomhalta arna gceapadh ag an gComhairle. Ní bheidh ceart vótála ag comhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin ar ábhair dá dtagraítear sa mhír seo.

11.4. Mura gcomhallaíonn comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin a thuilleadh na coinnfollacha is gá chun a chuid dualgas a chomhlíonadh ná má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach,

féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle Rialaithe nó ón mBord Feidhmiúcháin, é a scor go héigeantach.

- 11.5. Beidh ceart vótála ag gach comhalta den Bhord Feidhmiúcháin a bheidh i láthair go pearsanta agus chuige sin beidh vóta amháin aige. Mura bhforáiltear a mhalaire, gníomhóidh an Bord Feidhmiúcháin trí thromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh. I gcás comhionannas vótaí, is ag an Uachtaráin a bheidh an vóta réitigh. Sonrófar na socruithe vótála sna rialacha nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 12.3.
- 11.6. Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as gnó reatha BCE.
- 11.7. Déanfar aon fholúntas a tharlóidh ar an mBord Feidhmiúcháin a líonadh trí chomhalta nua a cheapadh i gcomhréir le forálacha Airteagal 11.2.

AIRTEAGAL 12

Freagrachtaí na gcomhlacthaí cinnteoireachta

- 12.1. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na treoirínte agus na cinntí is gá chun a áirithíú go gcomhlíontar na curaimí a chuireann an Conradh seo agus an Reacht seo ar CEBC. Leagfaidh an Chomhairle Rialaithe síos beartas airgeadafochta an Chomphobail lena n-áirtear, más iomchúf, cinntí maidir le cuspóirí meánreatha airgeadafochta, eochair-rátaí úis agus soláthar cúlchistí i CEBC agus cinnfidh sí na treoirínte is gá lena gcur chun feidhme.

Cuirfidh an Bord Feidhmiúcháin an beartas airgeadafochta chun feidhme i gcomhréir leis na treoirínte agus na cinntí arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe. Tabharfaidh sé lena linn sin na teagaisc riachtanacha do bhainc cheannais náisiúnta. Ina theannta sin, féadfar cumhacthaí áirithe a tharmhigeann chuige má chinneann an Chomhairle Rialaithe amhlaidh.

A mhéad a mheastar is féidir agus is iomchúf agus gan dochar d'fhorálacha an Airteagail seo, rachaidh BCE ar iontaoih na mbanc ceannais náisiúnta chun oibríochtais is cuid de churaimí CEBC a chur i gcrích.

- 12.2. Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as cruinnithe na Comhairle Rialaithe a ullmhú.
- 12.3. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe rialacha nós imeachta a chinnfidh eagrúchán inmheánach BCE agus a chuid comhlacthaí cinnteoireachta.

12.4. Is í an Chomhairle Rialaithe a fheidhmeoidh na feidhmeanna comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 4.

12.5. Is í an Chomhairle Rialaithe a ghlaicfaidh na cinní dá dtagraítear in Airteagal 6.

AIRTEAGAL 13

An tUachtaráin

13.1. Is é an tUachtaráin nó, má bhíonn sé as láthair, an Leasuachtaráin a bheidh i gceannas ar Chomhairle Rialaithe agus ar Bhord Feidhmiúcháin BCE.

13.2. Gan dochar d'Airteagal 39, is é an tUachtaráin nó a ainmnitheach a ionadóidh do BCE don saol móir.

AIRTEAGAL 14

Bainc cheannais náisiúnta

14.1. I gcomhréir le hAirteagal 108 den Chonradh sco, áiritheoidh gach Ballstát, roimh dháta CEBC a bhunú ar a dhéanaí, go bhfuil a chuid reacthafochta náisiúnta, lena n-áirítear Reachtanna a bhainc cheannais náisiúnta, ag lú leis an gConradh seo agus leis an Reacht seo.

14.2. Leagfaidh Reachtanna na mbanc ceannais náisiúnta sfs go háirithe nach lú ná cúig bliana téarma oifige Gobharnóir banc ceannais náisiúnta.

Ní fhéadfar a oifig a bhaint de Ghobharnóir ach amháin mura gcomhallann sé a thuilleadh na coinnfollacha is gá chun a chuid dualgas a chomhlíonadh, nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach. Féadfaidh an Gobharnóir i dtrácht nó an Chomhairle Rialaithe cinneadh chuige sin a tharchur chuig an gCúirt Breithiúnais, mar gheall ar sharú an Chonartha seo nó aon rial dlí a bhaineann lena chun feidhme. Déanfar imeachtaí den sórt sin a thionscnamh laistigh de dhá mhí ón uair a foilsíodh an cinneadh, nó a cuireadh in iúl don ghearránaí é nó, murar cuireadh, ón lá a fuair sé fios air, de réir mar a bheidh.

14.3. Is cuid dhflis de CEBC na bainc cheannais náisiúnta agus gníomhóidh siad i gcomhréir le treoiríntí agus teagaisc BCE. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na bearta is gá chun comhlíonadh threoiríntí agus theagaisc BCE a áiríthíú agus éileoidh sí gach eolas riachtanach a thabhairt di.

14.4. Féadfaidh bainc cheannais náisiúnta feidhmeanna seachas na feidhmeanna arna sonrú sa Reacht seo a chomhlíonadh mura gcinntidh an Chomhairle Rialaithe, trí thromlach cártaí dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh, go gcuireann na feidhmeanna sin isteach ar chuspóirí agus cúraimí CEBC. Comhlíonfar feidhmeanna den sórt sin ar fhreagracht agus dliteanas bainc cheannais náisiúnta agus ní mheasfar gur cuid d'fheidhmeanna CEBC iad.

AIRTEAGAL 15

Ceangaltais maidir le tuairisciú

15.1. Tarraingeoidh BCE suas agus foilseoidh sé tuarascálacha ar ghníomhafochtai CEBC uair sa ráithe ar a laghad.

15.2. Foilseofar ráiteas comhdhlúite airgeadais CEBC in aghaidh na seachtaine.

15.3. I gcomhréir le hAirteagal 109b(3) den Chonradh seo, díreoidh BCE tuarascáil bhliantúil ar ghníomhafochtai CEBC agus ar bheartas airgeadaisochta na bliana roimhe sin agus na bliana reatha chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus chuig an gComhairle Eorpach freisin.

15.4. Cuirfear na tuarascálacha agus na ráitisí dá dtagraítear san Airteagal seo ar fáil saor in aisce do pháirtithe leasmhara.

AIRTEAGAL 16

Nótáí Bainc

I gcomhréir le hAirteagal 105a(1) den Chonradh seo, beidh ag an gComhairle Rialaithe an ceart eisiach chun eisiúint nótáí bainc laistigh den Chomhphobal a údarú. Féadfaidh BCE agus na bainc cheannais náisiúnta nótáí bainc den sórt sin a eisiúint. Is ag na nótáí bainc arna n-eisiúint ag BCE agus ag na bainc cheannais náisiúnta, agus ag nótáí bainc den sórt sin amháin, a bheidh an stádas dlíthairisceana laistigh den Chomhphobal.

Urramóidh BCE a mhéad is féidir cleachtais atá ann cheana maidir le heisiúint agus le dearadh nótáí bainc.

*CAIBIDIL IV***FEIDHMEANNA AIRGEADAÍOCHTA AGUS OIBRÍOCHTAÍ CEBC****AIRTEAGAL 17****Cuntas le BCE agus leis na bainc cheannais náisiúnta**

Chun a n-oibríochtaí a sheoladh, féadfaidh BCE agus na bainc cheannais náisiúnta cuntas a oscailt le haghaidh institiúidí creidmheasa, eagras poiblí agus rannpháirtithe eile sa mhargadh agus sócmhainní, lena n-áirtear urrúis i gcuntas reatha, a ghlacadh mar chomhthaobhacht.

AIRTEAGAL 18**Oibríochtaí margaidh oscailte agus creidmheasa**

18.1. Chun cuspóirf CEBC a ghnóthú agus a chúraimí a chur i gcríoch, féadfaidh BCE agus na bainc cheannais náisiúnta:

- oibriú ar na margaf airgeadais, trí cheannach nō d'fhol thar barr amach (spotbheart agus réamhdhileáil) nō trí chomhaontú athcheannaigh, trí theidil agus ionstraimí indsolta a thabhairt agus a fháil ar iasacht, bísíos in airgeadraí Comhphobail nō neamhchomhphobail, maille le miotail lómhara;
 - oibríochtaí creidmheasa a sheoladh le hinstiúidí creidmheasa agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh, agus na hiasachtaí á mbunú ar bhonn comhthaobhachta leordhóthanaí.
- 18.2.** Bunóidh BCE prionsabail ghinearálta maidir leis na hoibríochtaí margaidh oscailte agus creidmheasa a chuireann sé fén nō na bainc cheannais náisiúnta i gcríoch; craolfaidh sé freisin na coinnfollacha faoina mbeidh siad ullamh idirbhhearta den sórt sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 19**Cúlchistí festa**

19.1. Faoi réir Airteagal 2, féadfaidh BCE a cheangal ar institiúidí creidmheasa arna mbunú i mballstáit cúlchistí festa a shealbhú ar cuntas le BCE agus le bainc cheannais náisiúnta chun cuspóirf beartas airgeadafochta a shaothrú. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe rialacháin a

bhunú maidir le háireamh agus le cinneadh na gcúlchistí fosta is gá. Mura gcomhlíonfar na rialacháin sin, beidh BCE i dteideal ús pionósach a thobhach agus smachtbhannaí eile a ghlacadh a bhfuil éifeacht inchomórtais leo.

- 19.2. D'fhonn an tAirteagal seo a chur chun feidhme, saineoidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 42, an bunús le haghaidh cúlchistí fosta agus na cóimheasa uasta is incheadaithe idir na cúlchistí sin agus an bunús atá leo, mar aon le smachtbhannaí iomchuí i gcás neamhchomhlíonadh.

AIRTEAGAL 20

Ionstraimí eile um rialú airgeadafochta

Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh, trí thromlach cálithe dhá thrian de na vótáí arna gcaitheamh, dul ar iontaoibh pé modhanna oibrfochtúla eile um rialú airgeadafochta is cuf léi, agus Airteagal 2 á urramú aici.

Déanfaidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 42, raon feidhme inodhanna den sórt sin a shainiu má fhochuireann siad oibleagáidí ar thríú páirtithe.

AIRTEAGAL 21

Oibrfochtaí le heagrais poiblí

- 21.1. I gcomhréir le hAirteagal 104 den Chonradh seo, toirmiscfear ar BCE agus ar bhainc cheannais náisiúnta rótharraingtí nó aon saoráid chreidmheasa de shagas ar bith eile a thabhairt i bhfabbar institiúidí nó comhlacthaí Comphobail, Rialtais Láir, údarás réigiúnach nó áitiúil nó údarás poiblí eile, eomhlacthaí eile arna rialú faoin d lí poiblí nó gnóthas poiblí sna Ballstáit, agus toirmiscfear freisin ar BCE nó ar bhainc cheannais náisiúnta ionstraimí fiachais a cheannach go dfreach uathu.
- 21.2. Féadfaidh BCE agus bainc cheannais náisiúnta gníomháirf cánachais thar ceann na n-eagras dá dtagraftear i mfr 1.
- 21.3. Ní bheidh forálacha an Airteagail seo infheidhme ar institiúidí creidmheasa ar úinéireacht poiblí ar a gcuirfidh bainc cheannais náisiúnta agus BCE, i gcomhthéacs soláthar cúlchistí ó bhainc cheannais, an chóir chéanna a chuirtear ar institiúidí creidmheasa príobháideacha.

AIRTEAGAL 22**Córais imréitigh agus locafochta**

Féadfaidh BCE agus bainc cheannais náisiúnta saoráidí a chur ar fáil, agus féadfaidh BCE rialachán a dhéanamh, d'fhonn córais éifeachtúla, fhóntha imréitigh agus locafochta a áirithíú laistigh den Chomhphobal agus le tortha eile.

AIRTEAGAL 23**Oibrfochtaí eachtracha**

Féadfaidh BCE agus bainc cheannais náisiúnta:

- caidreamh a bhunú le bainc cheannais agus le hinstítiúid airgeadais i dtortha eile agus, más ionchuf, le heagrafochtaí idirnáisiúnta;
- gach saghas sócmhainnf airgid eachtraigh agus miotal lómhar a fháil agus a dhíol trí spotbheart agus réamhdhéileáil; cuimseoidh an abairt "sócmhainn airgid eachtraigh" urrúis agus gach sócmhainn eile in airgeadra aon ttre nō in aonaid chuntais, is cuma cén fhoirm ina sealbhastear iad;
- na sócmhainnf dá dtagraftear san Airteagal seo a shealbhú agus a bhainisteoireacht;
- gach saghas idirbheart baincéireachta a sheoladh i ndáil le tríú tortha agus le heagrafochtaí idirnáisiúnta lena n-áirtear oibrfochtaí chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt.

AIRTEAGAL 24**Oibrfochtaí eile**

I dteannta le hoibrfochtaí a eascraíonn óna gcúraimí, féadfaidh BCE agus bainc cheannais náisiúnta oibrfochtaí a dhéanamh ar mhaithe lena gcríocha riarthacha nō ar mhaithe lena bhfoireann.

CAIBIDIL V
MAOIRSEACHT STUAMACHTA

AIRTEAGAL 25
Maoirseacht stuamachta

- 25.1.** Féadfaidh BCE comhairle a thabhairt don Chomhairle, don Choimisiún agus d'údarás inniuála na mBallstát agus féadfaidh siad dul i gcomhairle leis maidir le raon feidhme agus le cur chun feidhme reachtafocht Chomphobail a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsafocht an chórais airgeadais.
- 25.2.** I gcomhréir le haon chinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 105(6) den Chonradh seo, féadfaidh BCE cúraimí sonracha a chomhlionadh i leith beartas a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais eile seachas gnóthais árachais.

CAIBIDIL VI
FORÁLACHA AIRGEADAIS CEBC

AIRTEAGAL 26
Cuntais airgeadais

- 26.1.** Tosóidh bliain airgeadais BCE agus bainc cheannais náisiúnta ar an gcéad lá d'Eanáir agus crfochnóidh sí ar an lá deiridh de Nollaig.
- 26.2.** Tarraingeoidh an Bord Feidhmiúcháin suas cuntais bhliantúla BCE i gcomhréir leis na prionsabail arna mbunú ag an gComhairle Rialaithe. Formheasfaidh an Chomhairle Rialaithe na cuntais agus foilseofar dá éis sin iad.
- 26.3.** Ar mhaithe le cuspóirf anailseacha agus oibríochta, tarraingeoidh an Bord Feidhmiúcháin suas clár comhardaithe comhdhlúite CEBC a chuimseoidh sócmhainní agus dliteanais sin na inbanc ceannais náisiúnta a thig faoi CEBC.
- 26.4.** Chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na rialacha is gá chun cuntasafocht agus tuairisciú oibríochtaí a bheidh gafa ar láimh ag na bainc cheannais náisiúnta a chaighdeánú.

AIRTEAGAL 27

Iniúchóireacht

- 27.1.** Déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha arna moladh ag an gComhairle Rialaithe agus arna gceadú ag an gComhairle cuntais BCE agus cuntais bainc cheannais náisiúnta a iniúchadh. Beidh lánchumhacht ag na hiniúchóirí leabhair agus cuntais uile BCE agus bainc cheannais náisiúnta a scrídú agus gach eolas a fháil maidir lena n-idirbhhearta.
- 27.2.** Ní bheidh forálacha Airteagal 188b den Chonradh seo infheidhimeach amháin ar scrídú maidir le héifeachtúlacht oibrsochtúil bhainistíocht BCE.

AIRTEAGAL 28

Caipiteal BCE

- 28.1.** Ar theacht chun bheith oibrsochtúil arna bhunú do BCE, beidh ag BCE caipiteal ECU 5 000 milliún. Féadfar an caipiteal a mhéadú pé méid a chinnfidh an Chomhairle Rialaithe ag gníomhú di tríd an tromlach cálithe dá bhforáiltear in Airteagal 10.3, faoi na teorainneacha agus na coinnfölliacha arna socru ag an gComhairle faoin nós imeachta atá leagtha sños in Airteagal 42.
- 28.2.** Is iad na bainc cheannais náisiúnta amháin a shuibscríobhfaidh agus a shealbhóidh caipiteal BCE. Déanfar an caipiteal a shuibscríobh de réir an scála arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 29.
- 28.3.** Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe, ag gníomhú di tríd an tromlach cálithe dá bhforáiltear in Airteagal 10.3, méid an chaipitil is infocta agus an fhoirm ina n-focfar é.
- 28.4.** Faoi réir Airteagal 28.5, ní fhéadfar scaireanna na mbanc ceannais náisiúnta i gcaipiteal suibscríofa BCE a aistriú, a chur i ngeall ná a astú.
- 28.5.** Má choigeartaítear an scála dá dtagraítear in Airteagal 29, aistreoidh na bainc cheannais náisiúnta eatarthu féin scaireanna caipitil a mhéad is gá d'fhoinn a áirithíú go bhfuil dáileadh na scaireanna caipitil sin i gcomhréir leis an scála coigeartaíthe. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe téarmaí agus coinnfölliacha na n-aistrithe sin.

AIRTEAGAL 29

An scála le haghaidh shuibscríobh an chaipitil

29.1. Déanfar an scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE a chinneadh arna mbunú do CEBC agus BCE i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 109(1) den Chonradh seo. Sannfar do gach banc ceannais náisiúnta ualú sa scála is ionann agus suim:

- 50% de scair a Bhallstáit faoi seach i ndaonra an Chomhphobail sa bhliain leathdhéanach roimh CEBC a bhunú;
- 50% de scair a Bhallstáit faoi seach in olltairgeacht intíre an Chomhphobail de réir margadhphraghsanna mar a bheidh sí arna taifeadadh sna cùig bliana deiridh roimh an mbliain leathdhéanach roimh CEBC a bhund.

Cothromófar na céatadáin suas don iolraí is gaire de 0.05 pointe céatadáin.

29.2. Déanfaidh an Coimisiún na sonraf staidrimh is gá do chur chun feidhme an Airtcagail seo a chur ar fáil i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh ag an gComhairle faoin nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 42.

29.3. Déanfar na hualuithe a shanntar do na bainc cheannais náisiúnta a choigeartú gach cùig bliana tar éis CEBC a bhunú de réir análf leis na forálacha atá leagtha sfs in Airteagal 29.1. Beidh an scála coigeartaithe infheidhme ón gcéad lá den bhliain ina dhiaidh sin.

29.4. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe gach beart eile is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 30

Cúlsócmhainns eachtracha a aistriú chuig BCE

30.1. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 28, cuirfidh na bainc cheannais náisiúnta ar fáil do BCE cúlsócmhainns eachtracha seachas airgeadraí Ballstát, ECUanna, suímh chúlchistí an Chiste Airgeadaocheata Idirnáisiúnta (CAI) nó cearta speisialta tarraigthe (CST), go feadh suim is ionann agus ECU 50 000 milliún. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe ar an gcionuireacht a bheidh le glaoch ag BCE ar mbunú dó ar chur chun feidhme an Reacht seo agus na suimeanna a ghlaofar níos déanaí. Beidh láncheart ag BCE na cúlchistí eachtracha a aistreofar chuige a shealbhú agus a bhainisteoireacht, agus iad a úsáid chun na gcríoch atá leagtha amach sa Reacht seo.

- 30.2. Socrófar rannfocafostaí gach banc ceannais náisiúnta i gcomhréir lena scair i gcaipiteal subscríofa BCE.
- 30.3. Cuirfidh BCE chun sochair gach banc ceannais náisiúnta éileamh is ionann agus a rannfocafacht. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe ainmnfacht éileamh den sórt sin agus an focafacht ina leith.
- 30.4. Féadfaidh BCE cúlsócmhainní eachtracha breise a ghlaoch thar an teorainn atá socraithe in Airteagal 30.1, i gcomhréir le hAirteagal 30.2, faoi na teorainneacha agus na coinnfollacha arna socrú ag an gComhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha sfos in Airteagal 42.
- 30.5. Féadfaidh BCE suímh chúlchistí CA1 agus CST a shealbhú agus a bhainisteoireacht agus socrú a dhéanamh le sócmhainní den sórt sin a chomhthiomssú.
- 30.6. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe gach beart eile is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 31

Cúlsócmhainní eachtracha arna sealbhú
ag bainc cheannais náisiúnta

- 31.1. Ceadófar do na bainc cheannais náisiúnta idirbhearta a chur i gcríoch ar mhaithe lena n-oibleagáidí i leith eagrafostaí idirnáisiúnta a chomhall i gcomhréir le hAirteagal 23.
- 31.2. Gach oibrfacht eile maidir leis na cúlsócmhainní eachtracha a bheidh fós sna bainc cheannais náisiúnta tar éis na n-aistrithe dá dtagraistear in Airteagal 30, agus idirbhearta Ballstát lena sócmhainní eachtracha de chuid iarmhéideanna oibre malaire eachtraí, beidh siad, os cionn teorann a bhunófar faoi chuimsí Airteagal 31.3, faoi réir cheadú BCE d'fhonn a áirithíú go mbeidh siad comhchúis le beartais ráta malaire agus airgeadafachta an Chomhphobail.
- 31.3. Leagfaidh an Chomhairle Rialaithe sfos treoirínte chun oibrfocstaí den sórt sin a éascú.

AIRTEAGAL 32**Cionroinnt ioncam airgeadafochta bainc cheannais náisiúnta**

- 32.1. Déanfar an t-ioncam a fhaibhreoidh do na bainc cheannais náisiúnta i gcomhlíonadh fheidhm bheartas airgeadafochta CEBC (dá ngairtear "ioncam airgeadafochta" anseo feasta) a chionroinnt ag deireadh gach bliain airgeadais i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.
- 32.2. Faoi réir Airteagal 32.3, is ionann méid ioncam airgeadafochta gach banc ceannais náisiúnta agus an t-ioncam bliantúil a dhforbhadh ó na sócmhainní arna sealbhú in aghaidh nótáil bainc i gcúrsafocht agus dliteanas taisce i leith institiúidí creidmheasa. Cuirfidh bainc cheannais náisiúnta na sócmhainní sin in áirithe i gcomhréir le treoirínta a ghlaicfaidh an Chomhairle Rialaithe.
- 32.3. Más dóigh leis an gComhairle Rialaithe, tar éis thús an tríú céim, nach féidir Airteagal 32.2 a chur chun feidhme toisc struchtúir chlár comhardaithe na mbanc ceannais náisiúnta, féadfaidh an Chomhairle Rialaithe, ag gníomhú di trí thromlach cálithe, a chinneadh go ndéanfar, de mhaolú ar Airteagal 32.2, an t-ioncam airgeadafochta a áireamh de réir modha mhalaírtáigh go ceann tréimhse nach mó ná cúig bliana.
- 32.4. Laghdófar méid ioncam airgeadafochta gach banc ceannais náisiúnta méid is ionann agus pé ús a bheidh fotha ag an mbanc ceannais sin ar a chuid dliteanas taisce d'institiúidí creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 19.
- Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go slánófar bainc cheannais náisiúnta in aghaidh costas a bheidh tabhaithe acu i ndáil le heisíunti nótáil bainc nó, in imthosca eisceachtúla, ar chailteanas shonracha a easraíonn ó oibríochtaí beartais airgeadafochta a bheidh gafa ar láimh thar ceann CEBC. Beidh an slánú i bhfoirm a mheasfar is iomchúf de réir na Comhairle Rialaithe; féadfar na méideanna sin a fhritháireamh in aghaidh ioncam airgeadafochta na mbanc ceannais náisiúnta.
- 32.5. Cionroinnfear suim ioncam airgeadafochta na mbanc ceannais náisiúnta ar na bainc cheannais náisiúnta i gcoibhneas lena scaireanna fotha i gcapítéal BCE, faoi réir aon chinneadh arna ghlaicadh ag an gComhairle Rialaithe de bhun Airteagal 33.2.
- 32.6. Cuirfidh BCE i gcríoch imréiteach agus glanadh na n-iarmhéideanna a thig as cionroinnt an ioncaim airgeadafochta i gcomhréir leis na treoirínta arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe.

32.7. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe gach beart eile is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 33

Brabús ghlaná agus caillteanas ghlaná BCE a chionroinnt

33.1. Aistreofar brabús glan BCE san ord seo a leanas:

- (a) déanfar méid a chinnfidh an Chomhairle Rialaithe nach bhféadfaidh bheith níos mó ná 20% den bhrabús glan a aistríú chuig an gcúlchiste ginearálta faoi réir teorann is ionann agus 100% den chaipiteal;
- (b) déanfar fuíoll an bhrabús ghlan a dháileadh ar scairshealbhóirí BCE i gcoibhneas lena scaireanna fotha.

33.2. I gcás BCE cailleasan a thabhbú, féadfar an gannchion a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE agus, más gá, tar éis cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaisochta na bliana airgeadais ábhartha i gcoibhneas leis na méideanna arna gcionroinnt ar na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 32.5 agus gona bhfeadh.

CAIBIDIL VII FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 34

Gníomhartha dlíthiúla

34.1. I gcomhréir le hAirteagal 108a den Chonradh seo, déanfaidh BCE:

- rialachán a dhéanamh a mhéad is gá chun na cúraimí atá sainithe sa chéad fheasc d'Airteagal 3.1, in Airteagail 19.1, 22 nó 25.2 a chur chun feidhme agus i gcásanna a leagfar síos i ngníomhartha na Comhairle dá dtagrastear in Airteagal 42;
- ciantsí a ghlacadh is gá chun na cúraimí a chuirtear de chúram ar CEBC faoin gConradh seo agus faoin Reacht seo a chomhlíonadh;

— moltaf agus tuairimí a thabhairt.

- 34.2. Beidh feidhm ghinearálta ag rialachán. Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le moltaf ná le tuairimí.

Beidh cinneadh ina cheangal go huile agus go hiomlán orthu siúd a ndíreofar chucu é.

Beidh Airteagail 190 go 192 den Chonradh seo infheidhme ar rialacháin agus ar chinntí arna nglacadh ag BCE.

Féadfaidh BCE a chinneadh a chinntí, a mholtas agus a thuairimí a fhoilsiú.

- 34.3. Faoi na teorainneacha agus faoi na coinnfollacha arna nglacadh ag an gComhairle faoin nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 42, beidh BCE i dteideal fíneálacha nó socafocaithe pionóisacha tréimhsíula a fhochur ar ghnóthais mura gcomhlíonfar na hoibleagáidí faoina rialacháin agus faoina chinntí.

AIRTEAGAL 35

Léirmheas breithiúnach agus ábhair ghaolmhara

- 35.1. Féadfar gníomhartha nó neamhgníomhartha BCE a athbhreithniú agus a léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais sna cásanna agus faoi na coinnfollacha atá leagtha síos sa Chonradh seo. Féadfaidh BCE imeachtaí a thionscnamh sna cásanna agus faoi na coinnfollacha atá leagtha síos sa Chonradh seo.

- 35.2. Is iad na cúirteanna náisiúnta inniuila a chinnfidh díospóidí idir BCE, ar thaobh amháin, agus a chreidiúnaithe, a fhiachóirí nó aon duine eile, ar an taobh eile, ach amháin nuair atá dílse tugtha don Chúirt Bhreithiúnais.

- 35.3. Beidh BCE faoi réir an chórais dliteanaí díospóidí idir BCE, ar thaobh amháin, agus a chreidiúnaithe, a fhiachóirí nó aon duine eile, ar an taobh eile, ach amháin nuair atá dílse tugtha don Chúirt Bhreithiúnais.

- 35.4. Beidh dílse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásal eadrána atá in aon chonradh arna rialú ag an díspóidí nó ag an díspobháideach a thugann BCE i gcríoch nó a thugtar i gcríoch tar a cheann.

- 35.5.** Is í an Chomhairle Rialaithe a ghlaicfaidh cinneadh ó BCE maidir le caingean a thionscnamh os comhair na Cúirte Breithiúnais.
- 35.6.** Beidh dílnse ag an gCúirt Bhreithiúnais i ndfospóid a bhainneann le banc ceannais náisiúnta a chuid oibleagáid a chomhall faoin Reacht seo. Má mheasann BCE go bhfuil mainnithe ag banc ceannais náisiúnta oibleagáid a chomhall faoin Reacht seo, tabharfaidh sé tuairim réasúnaithe ar an ábhar tar éis deis a thabhairt don bhanc ceannais náisiúnta i dtrácht a chuid barúlacha a thfolacadh. Mura ngéillfidh an banc ceannais náisiúnta don tuairim laistigh den tréimhse atá leagtha sfos ag BCE, féadfaidh BCE an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

AIRTEAGAL 36

Foireann

- 36.1.** Leagfaidh an Chomhairle Rialaithe sfos, ar thogra ón mBord Feidhmiúcháin, coinnfollacha fostafochta fhoireann BCE.
- 36.2.** Beidh dílnse ag an gCúirt Bhreithiúnais in aon dfospóid idir BCE agus a sheirbhfsigh faoi na teorainneacha agus na coinnfollacha atá leagtha sfos sna coinnfollacha fostafochta.

AIRTEAGAL 37

Sufomh

Róimh dheireadh 1992, glacfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile ar leibhéal na gCeannairí Stáit nó Rialtais an cinneadh faoin áit ina lonnófar sufomh BCE.

AIRTEAGAL 38

Rúndacht ghairmiúil

- 38.1.** Beidh de cheangal ar chomhaltaí chomhlachtaí rialaithe BCE agus ar fhoireann BCE agus na mbanc ceannais náisiúnta, fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais, gan aon fhaisnéis a nochtadh is de shaghas atá faoi chumhdach oibleagáid na rúndachta gairmiúla.
- 38.2** Beidh daoine a mbeidh teacht acu ar shonraí atá faoi chumhdach reachtafocht Chomhphobail a fhochuireann oibleagáid rúndachta faoi réir reachtafocht den sórt sin.

AIRTEAGAL 39**Sínitheoirf**

Cuirfear BCE faoi dhliteanas dlíthiúil i leith trí páirtithe ag an Uachtarán nó ag dhá chomhalta den Bhord Feidhmiúcháin nó ag síníú dhá chomhalta d'fhoireann BCE arna n-údarú go cuí ag an Uachtarán chun síníú thar ceann BCE.

AIRTEAGAL 40
Pribhléidí agus díolúintí

Beidh ag BCE ar chríofcha na mBallstát na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a chúraimí a chomhfhionadh, faoi na coinnfollacha atá leagtha sios sa Phrótacl ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComphphobal Eorpach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comphphobail Eorpacha.

CAIBIDIL VIII
LEASÚ AN REACHTA AGUS REACHTAÍOCHT FHORLÍONTACH**AIRTEAGAL 41**
Nós imeachta leasaithe simplithe

4I.1. I gcomhréir le hAirteagal 106(5) den Chonradh seo, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar moladh ó BCE agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún nó ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, Airteagail 5.1, 5.2, 5.3, 17, 18, 19.1, 22, 23, 24, 26, 32.2, 32.3, 32.4, 32.6, 33.1(a) agus 36 den Reacht seo a leasú. I gceachtar den dá chás, is gá do Pharlaimint na hEorpa aontú.

4I.2. Is gá cinneadh d'aon toil ón gComhairle Rialaithe chun BCE a dhéanamh moladh faoin Airteagal seo.

AIRTEAGAL 42
Reachtaíocht fhorlíontach

I gcomhréir le hAirteagal 106(6) den Chonradh seo, déanfaidh an Chomhairle, láithreach bonn tar éis cinneadh a ghlaicadh ar dháta thús an tríú céim, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón

gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le BCE nó ar mholadh ó BCE agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 4, 5.4, 19.2, 20, 28.1, 29.2, 30.4 agus 34.3 den Reacht seo a ghilcadh.

CAIBIDIL IX
**FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA
 AGUS EILE DO CEBC**

AIRTEAGAL 43
Forálacha ginearálta

- 43.1. Béarfaidh maolú dá dtagraítear in Airteagal 109k(1) den Chonradh seo nach dtabbarfaidh na hAirteagail seo a leanas den Reacht seo aon chearta don Bhallstát i dtrácht ná nach bhforchuirfidh siad aon oibleagáidí air: 3, 6, 9.2, 12.1, 14.3, 16, 18, 19, 20, 22, 23, 26.2, 27, 30, 31, 32, 33, 34, 50 agus 52.
- 43.2. Coinneoidh bainc cheannais Bhallstát go maolú mar atá sonraithe in Airteagal 109k(1) den Chonradh seo a gcuid cumhachtaí i réimse an bheartais airgeadaisochta de réir an dlí náisiúnta.
- 43.3. I gcomhréir le hAirteagal 109k(4) den Chonradh seo, tuigfear gur "Ballstát gan mhaolú" "Ballstáit" sna hAirteagail seo a leanas den Reacht seo: 3, 11.2, 19, 34.2 agus 50.
- 43.4. Tuigfear gur "bainc cheannais na mBallstát gan mhaolú" "bainc cheannais náisiúnta" sna hAirteagail seo a leanas den Reacht seo: 9.2, 10.1, 10.3, 12.1, 16, 17, 18, 22, 23, 27, 30, 31, 32, 33.2 agus 52.
- 43.5. Tuigfear gur "bainc cheannais na mBallstát gan mhaolú" "scairshealbhóirí" in Airteagail 10.3 agus 33.1.
- 43.6. Tuigfear gur "caipiteal BCE arna shuibscríobh ag bainc cheannais na mBallstát gan mhaolú" "caipiteal suibscríofa BCE" in Airteagail 10.3 agus 30.2.

AIRTEAGAL 44**Cúraimí idirthréimhseacha BCE**

Gabhfaidh BCE chuige na cúraimí sin de IEA nach foláir, de bhun maoluithe Ballstáit amháin nó níos mó, a chomhÍsonadh fós sa tréimhse.

Tabharfaidh BCE comhairle in ullmhúcháin aisghairm na maoluithe a shonraítear in Airteagal 109I den Chonradh seo.

AIRTEAGAL 45**Comhairle Ghinearálta BCE**

45.1. Gan dochar d'Airteagal 106(3) den Chonradh seo, tionscnófar an Chomhairle Ghinearálta mar thréimhseachta BCE.

45.2. Beidh ar an gComhairle Ghinearálta Uachtaráin agus Leasúachtaráin BCE agus Gobharnóirf na mbanc ceannais náisiúnta. Féadfaidh comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin bheith rannpháirteach i gcruiinnithe na Comhairle Ginearálta, ach ní bheidh ceart vótála acu.

45.3. Liostaítear freagrachtaí na Comhairle Ginearálta ina n-iomláine in Airteagal 47.

AIRTEAGAL 46**Rialacha níos imeachta na Comhairle Ginearálta**

46.1. An tUachtaráin níos, mura féidir dó bheith i láthair, an Leasúachtaráin a bheidh i gceannas ar Chomhairle Ghinearálta BCE.

46.2. Féadfaidh Uachtaráin na Comhairle agus comhaltaí de chuid an Choimisiúin a bheith rannpháirteach i gcruiinnithe na Comhairle Ginearálta, ach ní bheidh ceart vótála acu.

46.3. Uillmhóidh an tUachtaráin cruinnithe na Comhairle Ginearálta.

46.4. De mhaolú ar Airteagal 12.3, glacfaidh an Chomhairle Ghinearálta a rialacha níos imeachta.

46.5. Soláthróidh BCE rúnafocht na Comhairle Ginearálta.

AIRTEAGAL 47
Freagrachtaí na Comhairle Ghinearálta

47.1. Déanfaidh an Chomhairle Ghinearálta:

- na cúramí dá dtagraftear in Airteagal 44 a chomhlíonadh;
- rannchuidiú leis na feidhmeanna comhairleacha dá dtagraftear in Airteagal 4 agus 25.1.

47.2. Rannchuvideoidh an Chomhairle Ghinearálta le:

- bailiú na faisnéise staidrimh dá dtagraftear in Airteagal 5;
- gníomhafochtas BCE maidir le tuairisciú dá dtagraftear in Airteagal 15;
- bunú na rialacha is gá chun Airteagal 26 a chur chun feidhme dá dtagraftear in Airteagal 26.4;
- glacadh gach beart eile is gá chun Airteagal 29 a chur chun feidhme dá dtagraftear in Airteagal 29.4;
- leagan síos choinnfollacha fostáfochta fhoireann BCE dá dtagraftear in Airteagal 36.

47.3. Rannchuvideoidh an Chomhairle Ghinearálta leis na hullmhúcháin is gá chun rátaí malaire airgeadraí na mBallstát go maolú a shocrú go neamh-inchúilghairthe in aghaidh airgeadraí, nó airgeadra aonair, na mBallstát gan mhaolú, dá dtagraftear in Airteagal 109(5) den Chonradh seo.

47.4. Cuirfidh Uachtaráin BCE an Chomhairle Ghinearálta ar an eolas faoi chinntí na Comhairle Rialaithe.

AIRTEAGAL 48
Forálacha idirthréimhseacha maidir le caipiteal BCE

I gcomhréir le hAirteagal 29.1, sannfar ualú sa scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE do gach banc ceannais náisiúnta. De mhaolú ar Airteagal 28.3, ní lócfaidh bainc cheannais Bhallstát go maolú

a gcaipiteal suibscríofa mura gcinneann an Chomhairle Ghinearálta, ag gníomhú di trí thromlach cálithe a ionadaíonn do dhá thrian ar a laghad de chaipiteal suibscríofa BCE agus leath na scairshealbhóirí ar a laghad, go gcaithfear céadán fosta a soc mar rannfocafocht le haghaidh cbostais oibrfochtúla BCE.

AIRTEAGAL 49

focafocht iarchurtha chaipiteal,
chúlchistí agus sholáthairtí BCE

49.1. Déanfaidh an banc ceannais Ballstát a bhfuil a mhaolú aisghairthe a scair shuibscríofa de chaipiteal BCE a soc go feadh an méid a bheidh focta ag bainc cheannais eile na mBallstát gan mhaolú, agus aistreoidh sé chuig BCE sócmhainní cúnchistí eachtracha i gcomhréir le hAirteagal 30.1. Cinnfear an tsuim atá le haistriú tríd an ECU-luach ag rátaí reatha malaire shócmhainní na gcúnchistí eachtracha a aistríodh cheana chuig BCE i gcomhréir le hAirteagal 30.1 a iolrú leis an gcoimheas idir lson na scaireanna arna suibscríobh ag an mbanc ceannais náisiúnta i dtrácht agus lson na scaireanna atá focta cheana ag na bainc cheannais náisiúnta eile.

49.2. I dteannta na hfocafochta a bheidh le déanamh i gcomhréir le 49.1, rannchuídeoidh an banc ceannais i dtrácht le cúnchistí BCE, leis na soláthairtí sin is comhionann le cúnchistí, agus leis an méid a bheidh fós le leithghhabháil leis na cúnchistí agus na soláthairtí i gcomhréir leis an gcomhardú sa chuntas brábuis agus caillteanais amhail ar an 31 Nollaig den bhliain roimh an maolú a aisghairm. Cinnfear an tsuim atá le rannchuidiú trí mhéid na gcúnchistí, mar atá sé sainithe thuas agus mar atá sé luaite i gclár comhardaithe formheasta BCE, a iolrú leis an gcoimheas idir lson na scaireanna arna suibscríobh ag an mbanc ceannais i dtrácht agus lson na scaireanna atá focta cheana ag na bainc cheannais eile.

AIRTEAGAL 50

Céadcheapachán chomhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin

Nuar a bheifear ag bunú Bhord Feidhmiúcháin BCE, déanfaidh Rialtais na mBallstát, de thoil a chéile ar leibhéal na gCeannairf Stáit nó Rialtais, Uachtaráin, Leasuachtaráin agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a cheapadh, ar mholadh ón gComhairle agus tar éis dul i gComhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Comhairle IEA. Ceapfar Uachtaráin an Bhord Feidhmiúcháin go ceann ocht mbliana. De mhaolú ar Airteagal 11.2, ceapfar an Leasuachtaráin go ceann ceithre bliana agus comhaltaí eile

an Bhord Feidhmiúcháin do théarmaí oifige idir cúig bliana agusocht mbliana. Ní fhéadfar aon téarma oifige a athnuachan. Féadfar gur lú lson chomhaltais an Bhord Feidhmiúcháin ná mar a fhoráiltear in Airteagal 11.1, ach gan bheith níos lú ná ceathrar in imthosca ar bith.

AIRTEAGAL 51

Maolú ar Airteagal 32

- 51.1.** Má chinneann an Chomhairle Rialaithe, ag gníomhú di trí thromlach cálithe, tar éis thus an tríú céim, go leanann athruiithe tábhachtacha ar riocfaidh coibhneasta ioncaim bhainc cheannais náisiúnta as cur chun feidhme Airteagal 32, déanfar méid an ioncaim a bheidh le cionroinnt de bhun Airteagal 32 a laghdú céatadán comhionann nach mbeidh níos mó ná 60% sa chéad bliain airgeadais tar éis thus an tríú céim den aontas eacnamafoch agus airgeadafóchta agus a laghdófar dhá phointe dhéag céatadán ar a laghad gach bliain airgeadais ina dhiaidh sin.
- 51.2.** Beidh Airteagal 51.1 infheidhme ar feadh cúig bliana iomlána airgeadais ar a mhéad tar éis thus an tríú céim.

AIRTEAGAL 52

Malartú nótaí bainc in airgeadraí an Chomhphobail

Tar éis na rátáí malaire a shocrú go neamh-inchúlghairthe, glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na bearta is gá chun a sírithiú go ndéanfaidh na bainc cheannais náisiúnta nótaí bainc arna n-ainmníú in airgeadraí le rátáí malaire atá socraithe go neamh-inchúlghairthe a mhalartú ar a luachanna pair faoi seach.

AIRTEAGAL 53

Infheidhmeacht na bhforálacha idirthréimhseacha

Má tá agus fad atá Ballstáit go maolú ann, beidh Airteagail 43 go 48 go huile infheidhme.

PRÓTACAL

MAIDIR LE REACHT NA hINSTITIÚIDE EORPAÍ AIRGEADAÍOCHTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO Reacht na hInstitiúide Eorpaí Airgeadaisochta a chinneadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

AIRTEAGAL 1

Bunú agus ainm

- 1.1. Bunófar an Institiúid Eorpach Airgeadaisochta (IEA) i gcomhréir le hAirteagal 109f den Chonradh seo; comhlionfaidh sé a feidhmeanna agus cuirfidih sé i gcríoch a gníomhaíochtaí i gcomhréir le forálacha an Chonartha seo agus an Reachta seo.
- 1.2. Is iad bainc cheannais na mBallstát ("bainc cheannais náisiúnta") comhaltaí IEA. Chun críocha an Reachta seo, measfar gur banc ceannais Luchsamburg an Institut Monétaire Luxembourgeois.
- 1.3. De bhun Airteagal 109f den Chonradh seo, díscaoilfear an Coiste Gobharnóirí agus an Ciste Eorpach um Chomhar Airgeadaisochta (CECA). Rachaidh sócmhainní agus dliteanais CECA ar aghaidh go huathoibríoch agus ina n-ionmláine chuig IEA.

AIRTEAGAL 2

Cuspóirí

Rannchuídeoidh IEA le gnóthú na gcoinníollacha is gá chun trasdul chuig an tríú céim den Aontas Eacnamaisoch agus Airgeadaisochta, go háirithe:

- trí chomhordú na mbeartas airgeadaisochta a neartú d'fhoinn cobhsafocht phraghsanna a áirithíú;
- trí na hullmhúcháin is gá chun Córás Eorpach Bainc Cheannais (CEBC) a bhunú, agus chun beartas aonair airgeadaisochta a sheoladh maille le hairgeadra aonair a chruthú sa tríú céim;

- trí fhorbairt an ECU a mhaoirsíú.

AIRTEAGAL 3
Prionsabail ghinearálta

- 3.1. Comhlíonfaidh IEA na dualgais agus na feidhmeanna a thugtar di sa Chonradh seo agus sa Reacht seo gan dochar d'fhreagracht na n-údarás inniuil as seoladh an bheartais airgeadafachta laistigh de na Ballstáit faoi seach.
- 3.2. Gníomhóidh IEA i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail a shonraítear in Airteagal 2 de Reacht CEBC.

AIRTEAGAL 4
Cúramí príomhúla

- 4.1. I gcomhréir le hAirteagal 109f(2) den Chonradh seo, déanfaidh IEA:

- an comhar idir na bainc cheannais náisiúnta a neartú;
- comhordú bheartais airgeadafachta na mBallstát a neartú ar mhaithe le cobhsafach phraghsanna a áirithiú;
- faireachán a dhéanamh ar oibriú an Chórais Eorpaigh Airgeadafachta (CEA);
- comhairliúcháin a chur ar siúl maidir le saincheisteanna a thig faoi inniúilacht na mbanc ceannais náisiúnta agus a dhéanann difear do chobhsafach institiúidí agus margair airgeadais;
- cúramí CECA a ghabháil chuici féin; comhlíonfaidh sí go háirithe na feidhmeanna dá dtagraftear in Airteagail 6.1, 6.2 agus 6.3;
- úsáid an ECU a éascú, agus a fhorbairt a mhaoirsíú, lena n-áirítear oibriú riantúil chóras imréitigh an ECU.

I dtaca le IEA freisin:

- cuirfidh sí comhairliúcháin thráthrialta ar siúl maidir le cursa beartais airgeadafachta agus le húsáid ionstraimí beartas airgeadafachta;
- rachaidh na húdarásí airgeadafachta náisiúnta i gcomhairle léi de ghnáth sula nglacfaidh siad cinntí ar chúrsa an bheartais airgeadafachta i gcomhthéacs an chreatá choitinn do chomhordú ex ante.

- 4.2. Ar an 31 Nollaig 1996 ar a dhéanaí, sonróidh IEA ancreat rialúcháin, eagrúcháin agus loighistíúil is gá do CEBC chun a chúramí sa tríú céim a chomhlíonadh i gcomhréir le prionsabal geilleagar margaidh oscailte le saoriomafocht. Cuirfidh Comhairle IEA ancreat sin faoi bhráid chinneadh BCE ar dháta a bhunaithe.

I gcomhréir le hAirteagal 109f(3) den Chonradh seo, déanfaidh IEA go háirithe:

- na hionstraimí agus na nósanna imeachta a ullmhú is gá do bheartas aonair airgeadafochta a chur i gcríoch sa tríú céim;
- comhchuibhiú a chur ar aghaidh, más gá, ar na rialacha agus ar na cleachtais a rialaonn bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna raonta a thig faoina réimse inniúlachta;
- na rialacha a ullmhú le haghaidh oibrfochtaí atá le gabháil ar láimh ag na bainc cheannais náisiúnta faoi chuimsíú CEBC;
- éifeachtúlacht focafochtaí trasteoírn a chur ar aghaidh;
- ullmhúchán teicniúil nótaí bainc ECU a mhaoiríú.

AIRTEAGAL 5

Feidhmeanna comhairleacha

- 5.1. I gcomhréir le hAirteagal 109f(4) den Chonradh seo, feadfaidh Comhairle IEA tuairimí agus moltaí a fhoirmíú ar threoshufomh foriomlán beartas airgeadafochta agus beartas um rátaí malaire maille le bearta gaolmhara a thugtar isteach i ngach Ballstát. Féadfaidh IEA tuairimí nó moltaí a chur faoi bhráid Rialtas agus na Comhairle ar bheartais ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do chor airgeadafochta inmheánach nó seachtrach an Chomphobail agus go háirithe d'oiríú CEA.
- 5.2. Féadfaidh Comhairle IEA moltaí a dhéanamh freisin d'údarás airgeadafochta na mBallstát maidir le seoladh a mbeartais airgeadafochta.
- 5.3. I gcomhréir le hAirteagal 109f(6) den Chonradh seo, rachfar i gcomhairle le IEA maidir le haon ghníomh Comphobail arna bheartú laistigh dá réimse inniúlachta.

Faoi na teorainneacha agus na coinníollacha arna leagan amach ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le IEA, rachaidh údarás na mBallstát i gcomhairle le IEA ar aon dréachtfhóráil reachtafochta laistigh dá réimse inniúlachta, go háirithe i leith Airteagal 4.2.

- 5.4 I gcomhréir le hAirteagal 109f(5) den Chonradh seo, féadfaidh IEA a chinneadh a tuairimí agus a moltaí a fhoilsiú.

AIRTEAGAL 6

Feidhmeanna oibrfochtúla agus teicniúla

6.1. Déanfaidh IEA:

- foráil d'ultaobhú ríochtaí a thig ó idirghabhálacha bainc cheannais náisiúnta in airgeadraí Comphphobail agus d'ultaobhú socrafochtaí laistigh den Chomphphobal;
- an mheicnfocht um maoiniú fíor-ghearrthéarmach dá bhforáiltear le Comhaontú an 13 Márt 1979 idir bainc cheannais Chomphphobal Eacnamafochta na hEorpa a leagann síos na nósanna inleachta oibrfochtúla le haghaidh an Chórais Eorpaigh Airgeadafochta (Comhaontú CEA) agus an mheicnfocht um thacafocht ghearrthéarmach airgeadafochta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Bainc Cheannais an Chomphphobail an 9 Feabhra 1970, arna leasú, a riadar;
- na feidhmeanna a chomhlísonadh dá dtagraftear in Airteagal 11 de Rialachán (CEE) Uimh. 1969/88 an 24 Meitheamh 1988 ón gComhairle ag bunú saoráid aonair ag soláthar cabhair mheántéarmach airgeadais do chomharduithe focafochtaí na mBallstát.

- 6.2. D'fhonn Comhaontú CEA a chur chun feidhme, féadfaidh IEA cúlchistí airgeadafochta a fháil ó na bainc cheannais náisiúnta agus ECUanna a eisiúint in aghaidh sócmhainní den sórt sin. Féadfaidh IEA agus na bainc cheannais náisiúnta na hECUanna sin a úsáid mar mheáin socrafochta agus le haghaidh idirbheart idir iad agus IEA. Glacfaidh IEA na bearta riarthacha is gá chun an mhír seo a chur chun feidhme.
- 6.3. Féadfaidh IEA stádas "Sealbhóirf Eile" ECUanna a dheonú d'údarás airgeadafochta tríd tfortha agus d'instiuíidí airgeadafochta idirnáisiúnta agus na téarmaí agus na coinnfollacha a shocrú faoina bhféadfaidh Sealbhóirf Eile ECUanna den sórt sin a fháil, a shealbhú nó a úsáid.
- 6.4. Beidh IEA i dteideal cúlchistí malaire eachtraí a shealbhú agus a bhainisteoireacht ina gníomhaire di thar ceann bainc cheannais náisiúnta agus arna iarraidh sin dóibh. Beidh brabús agus cailleanais a bhaineann leis na cúlchistí sin do chuntas an bhainc cheannais náisiúnta a thaisceann na cúlchistí. Comhlísonfaidh IEA an fheidhm seo ar bhonn conarthaí déthaobhacha i gcomhréir le rialacha arna leagan síos i gcinneadh IEA. Áiritheoidh na rialacha sin nach mbacfaidh idirbhearta leis na cúlchistí sin ar bheartas airgeadafochta agus ar bheartas ráta malaire údarás inniuil airgeadafochta aon Bhallstáit agus go mbeidh siad comhchúí le cuspóirf IEA agus le hoibriú rianúil Mheicnfocht Rátaí Malairte CEA.

AIRTEAGAL 7**Cúraimí eile**

- 7.1. Uair sa bhliain, díreoidh IEA tuarascáil chuig an gComhairle ar staid an ullmhúcháin don trú céim. Beidh sna tuarascálaча sin measúnú ar an dul chun cinn ionsar chóineasú sa Chomphobal agus foláidh siad go háirthe oiriúnú na n-ionstraimí beartas airgeadaisochta agus ullmhú na nósanna imeachta is gá chun beartas airgeadaisochta aonair a chur i gcríoch sa trú céim maille leis na ceanglais reachtúla a bheidh le comhalla chun go mbeidh bainc cheannais náisiúnta ina gcuid dhflis de CEBC.
- 7.2. I gcomhréir leis na cintí ón gComhairle dá dtagraftear in Airteagal 109f(7) den Chonradh seo, féadfaidh IEA cúraimí eile a chomhlísonadh d'fhonn an trú céim a ullmhú.

AIRTEAGAL 8**Neamhspleáchas**

Gníomhóidh comhaltaí Chomhairle IEA is ionadaithe dá n-institiúidí i leith a gcuid gníomhaisochtaí i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí. I bhfeidhmiú na gcumhactaí agus i gcomhlísonadh na gcúraimí agus na ndualgas a chuirtear orthu sa Chonradh seo agus sa Reacht seo, ní fhéadfaidh Comhairle IEA aon teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí ná comhlactaí Comphobail ná ó Rialtais na mBallstát. Gabhann institiúidí agus comhlactaí an Chomphobail maille le Rialtais na mBallstát orthu fén an prionsabal sin a urramú agus gan a iarraidh tionchar a oibriú ar Chomhairle IEA i gcomhlísonadh a cúraimí.

AIRTEAGAL 9**Riarachán**

- 9.1. I gcomhréir le hAirteagal 109f(1) den Chonradh seo, is é Comhairle IEA a dhéanfaidh IEA a stiúradh agus a bhainisteoireacht.
- 9.2. Beidh ar Chomhairle IEA Uachtaráin, Leasuachtarán agus Gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta, arb é duine amháin acu sin an Leasuachtarán. Mura féidir do Ghobharnóir freastal ar chruinniú, féadfaidh sé ionadaí eile dá institiúid a ainmniú.
- 9.3. Déanfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile ar leibhéal na gCeannairí Stáit nó Rialtais ar mholadh, de réir mar a bheidh, ón gCoiste Gobharnóirí ná ó Chomhairle IEA agus tar éis dul

i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, an tUachtaráin a cheapadh go ceann tréimhse trí bliana. Roghnófar an tUachtaráin as measc daoine a bhfuil gradam agus taithí gbairmiúil aitheanta acu i réimsí airgeadafochta nó baincéireachta. Ní féidir a bheith ina Uachtaráin ar IEA ach náisiúnach de chuid Ballstáit. Ceapfaidh Comhairle IEA Leasuachtaráin as lón na nGobharnóirí go ceann tréimhse trí bliana.

- 9.4.** Comhlíonfaidh an tUachtaráin a cbuid dualgas go lánaimseartha. Ní ghabbfaidh sé le haon síl bbeatha, sochrach ná neamhshochrach, mura ndeonóidh Comhairle IEA dissolute go heisceachtaíil dó.

9.5. I dtaca leis an Uachtaráin:

- ullmhóidh sé cruinnithe Chomhairle IEA agus beidh sé i gceannas orthu;
- cuirfidh sé friotal ar thuairimí IEA don saol mór gan dochar d'Airteagal 22;
- beidh sé freagrach as bainisteoireacht IEA ó lá go lá.

Nuair a bheidh an tUachtaráin as láthair, comhlíonfaidh an Leasuachtaráin a chuid dualgas.

- 9.6.** Leagfar síos téarmas agus coinnfollacha fostáfochta an Uachtaráin, go háirithe a thuarastal, a phinsean agus a shochair slándála sóisialta eile, i gconarthaí le IEA agus socróidh Comhairle IEA iad ar thogra ó choiste ar a mbeidh trí chomhalta arna gceapadh ag Coiste na nGobharnóirí nó, de réir mar a bheidh, ag Comhairle IEA agus trí chomhalta arna gceapadh ag an gComhairle. Ní bheidh ceart vótála ag an Uachtaráin ar ábhair dá dtagraítear sa mhír seo.

- 9.7.** Mura gcomhallaífaidh an tUachtaráin a thuilleadh na coinnfollacha is gá chun a chuid dualgas a chomhlíonadh nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnaí, ar iarratas ó Chomhairle IEA, é a scor go héigeantach.

- 9.8.** Déanfaidh Comhairle IEA rialacha nós imeachta IEA a ghilcadh.

AIRTEAGAL 10

Cruinnithe Chomhairle IEA agus nósannaimeachta vótála

- 10.1.** Tiocfaidh Comhairle IEA le chéile ar a laghad deich n-uaire sa bhliain. Beidh imeachtal chruinnithe na Comhairle faoi rún. Féadfaidh Comhairle IEA a chinneadh, ag gníomhú di d'aon toil, toradh a pléití a phoiblíú.

- 10.2.** Beidh vóta amháin ag gach comhalta de Chomhairle IEA nó ag a ainmniitheach.

10.3. Mura bhforáiltear a mhalaírt sa Reacht seo, gnfomhóidh Comhairle IEA tré thromlach simplí dá comhaltaí.

10.4. Is gá aontoilfacht chomhaltaí Chomhairle IEA do chinntí a ghlacfar faoi chuimsiú Airteagail 4.2, 5.4, 6.2 agus 6.3.

Is gá tromlach cáilithe de dhá thrian de chomhaltaí Chomhairle IEA do thuairimí agus do mholtáin arna nglacadh faoi Airteagail 5.1 agus 5.2, do ghlacadh cíntí faoi Airteagail 6.4, 16 agus 23.6 agus do ghlacadh treoiríntí faoi Airteagal 15.3.

AIRTEAGAL 11

Comhar idirinstiúideach agus ceanglais maidir le tuairisciú

11.1. Féadfaidh Uachtaráin na Comhairle agus comhulta den Choimisiún a bheith rannpháirteach in imeachtaí Chomhairle IEA ach ní bheidh ceart vótála acu.

11.2. Iarrfar ar Uachtaráin IEA a bheith rannpháirteach i gcruiinnithe na Comhairle nuair a bhíonn ábhair a bhaineann le cuspóirí agus le cúramí IEA á bplé aici.

11.3. Ar dháta a shocrófar sna rialacha nós imeachta, ullmhóidh IEA tuarascáil bhliantúil ar a gníomhaiochtaí agus ar dhálaí airgeadaisochta agus airgeadais an Chomhphobail. Dfreofar an tuarascáil bhliantúil, maille le cuntas bhliantúla IEA chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle Eorpach freisin.

Féadfaidh coistí inniúla de chuid Parlaimint na hEorpa Uachtaráin IEA a éisteacht arna iarraidh sin do Parlaimint na hEorpa nó ar a thionscnamh féin.

11.4. Cuirfear tuarascálacha arna bhfoilsíú ag IEA ar fáil saor in aisce do pháirtithe leasmhara.

AIRTEAGAL 12

Ainmníocht airgeadra

Sonrófar oibríochtaí IEA in ECUanna.

AIRTEAGAL 13

Sufomh

Róimh dheireadh 1992, glacfaidh Rialtais na mBallstát de thoil a chéile ar leibhéal na gCeannairí Stáit nó Rialtais an cinneadh faoin dit ina lonnófar sufomh IEA.

AIRTEAGAL 14

Inniúlacht dhifíthiúil

Beidh ag IEA, ag a mbeidh pearsantacht dhifítheanach i gcomhréir le hAirteagal 109f(1) den Chonradh seo, i ngach Ballstát an inniúlacht dhifíthiúil is fairsinge atá ar fáil ag daoine difítheanacha faoina dhifíthe. Féadfaidh sí go háirithe maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus bheith ina páirtí in imeachtaí difí.

AIRTEAGAL 15

Gníomhartha difíthiúla

15.1. I gcomhlíonadh a cúraimí di, agus faoi na coinnfollacha atá leagtha sfos sa Reacht seo, déanfaidh IEA:

- tuairimí a chraoladh;
- moltaí a dhéanamh;
- treoirínté agus cinníntí a ghlacadh a dhíreofar chuig na bainc cheannais náisiúnta.

15.2. Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le tuairimí ná moltaí IEA.

15.3. Féadfaidh Comhairle IEA treoirínté a ghlacadh a leagfaidh sfos modhanna maidir le cur chun feidhme na gcoinnfollacha is gá chun go gcomhlíonfaidh CEBC a fheidhmeanna sa tríú céim. Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le treoirínté IEA; cuirfear iad faoi bhráid BCE le haghaidh cinnidh.

15.4. Gan dochar d'Airteagal 3.1, beidh cinneadh IEA ina cheangal go huile agus go hiomlán orthu siúd a ndíreofar chucu é. Beidh Airteagail 190 agus 191 den Chonradh seo infheidhme ar na cinníntí sin.

AIRTEAGAL 16
Acmhainnf airgeadais

- 16.1. Beidh a cuid acmhainnf féin ag IEA. Déanfaidh Comhairle IEA méid na n-acmhainnf a chinneadh ar mhaith leis an ioncam a sírithíu a mheastar is gá chun an caiteachas riarracháin arna thabhdh i gcomhlíonadh chúramh agus fheidhmeanna IEA a chlúdach.
- 16.2. Soláthrófar acmhainnf IEA arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 16.I as rannscofafochtaí ó na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir leis an scála dá dtagraítear in Airteagal 29.1 de Reacht CEBC agus arna n-loc tráth IEA a bhundú. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún ar fáil na sonraí staidrimh a úsáidfear chun an scála a chinneadh, i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoiste Gobharnóirí agus leis an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 109c.
- 16.3. Cinnfidh Comhairle IEA an fhoirm ina n-focfar na rannscofafochtaí.

AIRTEAGAL 17
Cuntais bhliantúla agus iniúchóireacht

- 17.1. Tosóidh bliain airgeadais IEA ar an gcéad lá d'Eanáir agus crsochnóidh sé ar an lá deiridh de Nollaig.
- 17.2. Glacfaidh Comhairle IEA buiséad bhliantúil roimh thuisgach bliain airgeadais.
- 17.3. Tarraingeofar suas na cuntais bhliantúla i gcomhréir leis na prionsabail arna mbunú ag Comhairle IEA. Formheasfaidh Comhairle IEA na cuntais bhliantúla, agus foilseofar dá éis sin iad.
- 17.4. Déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha arna gceadú ag Comhairle IEA na cuntais bhliantúla a iniúchadh. Beidh lánchumhacht ag na hiniúchóirí leabhair agus cuntais uile IEA a scrúdú agus gach eolas a fháil maidir lena hidirbhhearta. Ní bheidh forálacha Airteagal 188b den Chonradh seo infheidhme ach amháin ar scrúdú maidir le béifeachtulacht oibrfochtaíil bhainistíochta IEA.
- 17.5. Aistreofar aon bharrachas IEA san ord seo a leanas:

(a) déanfar méid a chinnfidh Comhairle IEA a aistriú chuig cùlchiste ginearálta IEA;

(b) déanfar fusóill aon bharrachais a dháileadh ar na bainc cheannais náisiúnta, i gcomhréir leis an scála dá dtagraistear in Airteagal 16.2.

17.6. I gcás IEA cailleasan a thabhbú, déanfar an gannchion a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta IEA. Slánófar fusóill aon ghannchion trí rannfocalochtaí ó na bainc cheannais náisiúnta, i gcomhréir leis an scála dá dtagraistear in Airteagal 16.2.

AIRTEAGAL 18

Foireann

18.1. Leagfaidh Comhairle IEA sós coinnfollacha fostafochta fhoireann IEA.

18.2. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais in aon díospóid idir IEA agus a seirbhísigh faoi na teorainneacha agus na coinnfollacha arna leagan sós sna coinnfollacha fostafochta.

AIRTEAGAL 19

Léirmheas breithiúnach agus ábhair ghaolmhara

19.1. Féadfar gníomhartha nó neamhgníomhartha IEA a athbhreithniú agus a léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais sna cásanna agus faoi na coinnfollacha atá leagtha sós sa Chonradh seo. Féadfaidh IEA imeachtaí a thionscnamh sna cásanna agus faoi na coinnfollacha atá leagtha sós sa Chonradh seo.

19.2. Is iad na cúirteanna náisiúnta inniuila a chinnfidh díospóidí idir IEA, ar thaobh amháin, agus a creidiúnaithe, a fiacbóirí nó aon duine eile, ar an taobh eile, ach amháin nuair atá dlínse tugtha don Chúirt Bhreithiúnais.

19.3. Beidh IEA faoi réir an chórais dliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 215 den Chonradh seo.

19.4. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásal eadrána atá in aon chonradh arna rialú ag an díl poiblí nó ag an díl príobháideach a thugann IEA i gcríoch nó a thugtar i gcríoch thar a ceann.

19.5. Is í Comhairle IEA a ghlaicfaidh cinneadh maidir le caingean a thionscnamh os comhair na Cúirte Breithiúnais.

AIRTEAGAL 20
Rúndacht ghairmiúil

- 20.1. Beidh de cheangal ar chomhaltais Chomhairle IEA agus ar fhoireann IEA, fiú tar éis deireadh a theacht i lena ndualgais, gan aon fhaisnéis a noctadh is de shaghas atá faoi chumhdach oibleagáid na rúndachta gairmiúla.
- 20.2. Beidh daoine a mbeidh teacht acu ar shonraf atá faoi chumhdach reachtafacht Chomhphobail a fhorchuireann oibleagáid rúndachta faoi réir reachtafacht den sórt sin.

AIRTEAGAL 21
Pribhléidí agus dísolúintí

Beidh ag IEA ar chrófacha na mBallstát na pribhléidí agus na dísolúintí is gá chun a cúraimí a chomhlíonadh, faoi na coinnfollacha atá leagtha síos sa Phrótagal ar Phribhléidí agus Dísolúintí na gComhphobail Eorpach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha.

AIRTEAGAL 22
Sínitheoirí

Cuirfear IEA faoi dhlíteanas dlíthiúil i leith tríú páirtithe ag an Uachtaráin nó ag an Leasúachtaráin nó ag síniú dhá chomhalta d'fhoireann IEA arna n-údarú go cuí ag an Uachtaráin chun síniú thar ceann IEA.

AIRTEAGAL 23
Leachtú IEA

- 23.1. I gcomhréir le hAirteagal 1091 den Chonradh seo, scaoilfear IEA chun leachtú ar BCE a bhunú. Gabhfaidh sócmhainní uile agus dlíteanais uile IEA go huathoibríoch chuig BCE. Déanfaidh BCE IEA a scoaileadh chun leachtú i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo. Críochnófar an leachtú ag túis an tríú céim.
- 23.2. Tosóidh an mheicnfocht um chruthú ECUanna in aghaidh óir agus dhollair SA mar a fhoráiltear in Airteagal 17 de Chomhaontú CEA roimh an gcéad lá den tríú céim i gcomhréir le forálacha Airteagal 20 den Chomhaontú sin.

- 23.3. Déanfar gach éileamh agus dilteanas a thig ón meicnfocht um maoiniú ffor-ghearrthéarmach agus ón meicnfocht um thacafocht ghearrthéarmach airgeadafochta, dá bhforáiltear sna Comhaontuithe dá dtagraftear in Airteagal 6.1, a shocrú roimh an gcéad lá den tríú céim.
- 23.4. Diúscrófar fusoll shócmhainnf uile IEA agus socrófar fusoll dhliteanas uile IEA.
- 23.5 Dáilfear fáltais an leachtaithe a thuairiscítear in Airteagal 23.4 ar na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir leis an scála dá dtagraftear in Airteagal 16.2.
- 23.6. Féadfaidh Comhairle IEA na bearta is gá do chur chun feidhme Airteagail 23.4 agus 23.5 a ghlagadh.
- 23.7. Ar BCE a bhunú, scairfidh Uachtaráin IEA lena oifig.

PRÓTACAL

MAIDIR LEIS AN NÓS IMEACHTA UM EASNAMH IOMARCACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO sonraf an nós imeachta um easnamh iomarcach dá dtagraistear in Airteagal 104c den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a chinneadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

AIRTEAGAL 1

Is iad na luachanna tagartha dá dtagraistear in Airteagal 104c(2) den Chonradh seo:

- 3% don chóimheas idir an t-easnamh rialtais, pleanáilte nó iarbhír, agus an olltáirgeacht intse ag praghsanna margaidh;
- 60% don chóimheas idir fiachas an rialtais agus an olltáirgeacht intse ag praghsanna margaidh.

AIRTEAGAL 2

In Airtcagal 104c den Chonradh seo agus sa Phrótacl seo:

- ciallaonn "Rialtas" Rialtas Ginearálta, is é sin, Rialtas Láir, rialtas réigiúnach nó áitiúil agus cistí slándála sóisialta, seachas oibríochtáil tráchtála mar atá siad sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamafoch Suimeáilte;
- ciallaonn "easnamh" an għlanfháil ar iasachta mar atá sif sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamafoch Suimeáilte;
- ciallaonn "infheistföcht" ollfnoirmiú caipitil sheasta mar atá sé sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamafoch Suimeáilte;

- ciallaíonn "fiachas" ollfhiachas iomlán ar luach ainmniúil atá amuigh ag deireadh na bliana agus arna chomhdhlúthú idir earnálacha rialtais ghinearálta agus laistigh díobh mar atá sé sainithe sa chéad fhleasc.

AIRTEAGAL 3

Chun éifeachtúlacht an nós imeachta um easnamh iomarcach a áirithíú, beidh Rialtais na mBallstát freagrách faoin nós imeachta sin as easnaimh Rialtais Ghinearálta mar atá sé sainithe sa chéad fhleasc d'Airteagal 2. Áiritheoidh na Ballstát go gcumasóidh nósannaimeachta náisiúnta sa réimse buiséadach dóibh a n-oibleagáidí sa réimse sin a chineann ón gConradh seo a chomhlíonadh. Déanfaidh na Ballstát tuarascáil don Choimisiún go pras, tráthrialta ar a n-easnaimh phleanáilte agus iarbhír agus ar leibhéal a bhfiachais.

AIRTEAGAL 4

Soláthróidh an Coimisiún na sonraí staidrimh a úsáidfear chun an Prótacal seo a chur chun feidhme.

PRÓTACAL

**MAIDIR LEIS NA CRITÉIR UM CHÓINEASÚ DÁ dtAGRAÍTEAR IN
AIRTEAGAL 109j DEN CHONRADH
AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH**

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO sonraf na gcritéar um chóineasú a threoróidh an Comhphobal sa chinnteoireacht maidir leis an trasdul chuig an tríú céim den Aontas Eacnamafoch agus Airgeadafochta, dá dtagraítear in Airteagal 109j(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

AIRTEAGAL 1

Ciallóidh an critéar um chobhsafocth phraghsanna dá dtagraítear sa chéad fhleasc d'Airteagal 109j(1) den Chonradh seo go mbeidh ag Ballstát feidhmiú praghhsanna atá inbhuanaithe agus meánráta boilscithe, arna bhreathnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, nach dtéann níos mó ná 1.5 pointe céatadáin os cionn ráta boilscithe na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsafocth phraghsanna. Déanfar an boilsciú a thomhas trí bhíthin innéacs praghhsanna do thomholtóirí (IPT) ar bhonn inchomórtais, agus difríochtaí i sainmhíníthe náisiúnta á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL 2

Ciallóidh an critéar um an riocht buiséadach rialtais dá dtagraítear sa dara fleasc d'Airteagal 109j(1) den Chonradh seo nach mbeidh an Ballstát, tráth an scrúdaithe, faoi réir cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 104c(6) den Chonradh seo go bhfuil easnamh iomarcach ann i leith an Bhallstáit i dtrácht.

AIRTEAGAL 3

Ciallóidh an critéar um rannpháirtiú i Meicnfocht Rátaí Malaирte an Chórais Eorpaigh Airgeadafochta dá dtagraítear sa tríú fleasc d'Airteagal 109j(1) den Chonradh seo go bhfuil Ballstát tar éis na

gnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáltear i Meicnfocht Rátaí Malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadafochta a urramú gan ghéartheannais i rith an dá bhliain deiridh ar a laghad roimh an scrúdú. Go háirithe, ní bheidh an Ballstát tar éis lár-ráta déthaobhach airgeadra a thíre a dhfluacháil in aghaidh airgeadra Ballstait eile ar a thogra féin ar feadh na tréimhse céanna.

AIRTEAGAL 4

Ciallóidh an critéar um chóineasú rátaí úis dá dtagraestar sa cheathrú fleasc d'Airteagal 109j(1) den Chonradh seo go raibh ag Ballstát, arna bhreathnú ar feadh tréimhse bliana roimh an scrúdú, meánráta ainmniúil fadtéarmach úis nach dtéann níos mó ná 2 pointe céatadáin os cionn ráta na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsafocht phraghsanna. Déanfar rátaí úis a thomhas ar bhonn bannaí fadtéarmacha rialtais nó urruis inhomórtais, agus difríochtaí i sainmhínithe náisiúnta á gcur sanaireamh.

AIRTEAGAL 5

Soláthróidh an Coinisiún na sonraf staidrimh a úsáidfear chun an Prótacal seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 6

Glaicfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoinisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, le IEA nó le BCE de réir mar a bheidh, agus leis an gCoiste dá dtagraestar in Airteagal 109c den Chonradh seo, na forálacha iomchúis chun sonraf na gcritéar um chóineasú dá dtagraestar in Airteagal 109j den Chonradh seo a leagan síos agus cuirfear na forálacha sin in ionad an Phrótaicail seo.

PRÓTACAL
AG LEASÚ AN PHRÓTACAIL AR PHRIBHLÉIDÍ
AGUS DÍOLÚINTÍ NA gCOMHPHOBAL EORPACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ, i gcomhréir le hAirteagal 40 de Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus i gcomhréir le hAirteagal 21 de Reacht na hInstitiúide Eorpach Airgeadafochta, go mbeidh ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag an Institiúid Eorpach Airgeadafochta ar chríoch na mBallstát na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

AIRTEAGAL AONAIR

Déanfar an Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha, a chomhlánú leis na forálacha seo a leanas:

"AIRTEAGAL 23

Beidh an Prótacal seo infheidhme freisin ar an mBanc Ceannais Eorpach, ar chomhlaistí a orgán, ar a fhoireann, gan dochar d'fhorálacha an Phrótacail maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Beidh an Banc Ceannais Eorpach saortha ina theannta sin ó aon saghas cánachais nó aon mhuiirí dá shamhail ar ócáid aon mhéadaithe ar a chaipiteal agus ó na foirmíulachtaí éagsúla ab fhéidir a bheith ag baint leis na nithe sin sa Stát ina bhfuil susomh an Bhainc. Ní bheidh na gníomhafochtaí de chuid an Bhainc agus a orgán a dhéanfar i gcomhréir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh inchurtha faoi aon chéad láimhdeachais.

Beidh na forálacha thuasluaithe infheidhme freisin ar an Institiúid Eorpach Airgeadafochta. Ní thiocfaidh aon mhuiirear dá díscaoileadh ná dá leachtú."

**PRÓTACAL
MAIDIR LEIS AN DANMHAIRG**

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO fadhbanna speisialta áirithe a bhaineann leis an Danmhairg a réiteach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

Ní dhéanfaidh forálacha Airteagal 14 den Phrótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais agus an Bhainc Cbeannais Eorpaigh difear do cheart Bhanc Ceannais na Danmhairge a chúraimí láithreacha a bhaineann leis na codanna sin de Ríocht na Danmhairge nach cuid den Chomhphobal iad a chomhfonadh.

PRÓTACAL
MAIDIR LEIS AN bPORTAINGÉIL

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO fadhbanna speisialta áirithe a bhaineann leis an bPortaingéil a réiteach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

1. Údarattear leis seo don Phortaingéil an tsaoráid a choimeád ar bun a tugadh do Réigiún Fhéinrialaithe Oileáin Asóir agus Mhaidéara tairbhiú do shaoráid chreidmheasa saor ó ús ó Banco de Portugal faoi na téarmaí arna mbunú faoi dhlí na Portaingéile atá ann cheana.
2. Gabhann an Phortaingéil uirthi féin a seandíscheall a dhéanamh chun deireadh a chur leis an tsaoráid thusluaithe a luaithe is féidir.

PRÓTACAL
MAIDIR LEIS AN TRASDUL CHUIG AN TRÍÚ CÉIM
DEN AONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

Ag dearbhú airf do-athraithe ghluaiseacht an Chomhphobail chuig an tréú céim den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadafochta tré fhorálacha nua an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpáigh a bhaineann leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadafochta a shíniú.

Dá bhrí sin, urramóidh na Ballstáit uile, má chomhallann nó mura gcomhallann siad na coinnfollacha is gá chun airgeadra aonair a ghlacadh, toil an Comhphobal trasdul go sciobtha chuig an tréú céim agus dá bhrí sin ní chuirfidh aon Bhallstát cosc le trasdul chuig an tréú céim.

Mura mbeidh dáta an tréú céim socraithe faoi dheireadh 1997, brostóidh na Ballstáit i dtrácht, institiúidí an Chomhphobail agus comhlachtaí leasmhara eile gach obair ullmhúcháin le linn 1998 d'fhoinn a chumasú don Chomhphobal trasdul go neamh-inchúlghairthe chuig an tréú céim ar an 1 Eanáir 1999 agus d'fhoinn a chumasú do BCE agus do CEBC tosú ar oibriú go hiomlán amhail ón dáta sin.

Cuirfear an Prótacal seo i gceangal leis an gConradh seo.

PRÓTACAL
MAIDIR LE FORÁLACHA ÁIRITHE
A BHAINNEANN LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE
AGUS THUASCEART ÉIREANN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG AITHINT DÓIBH nach gcuirfear iallach ar an Ríocht Aontaithe ná nach mbeidh sí faoi ghealtnas gluaiseacht chuig an tríú céim den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta gan a rialtas agus a Parlaimint cinneadh ar leith chuige sin a ghlacadh,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH cleachtas rialtas na Ríochta Aontaithe a riachtanas iasachta a chistíú trí fhiachas a dhíol leis an earnáil phrísobháideach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

1. Cuirfidh an Ríocht Aontaithe in iúl don Chomhairle cé acu atá sé ar intinn aici gluaiseacht chuig an tríú céim sula ndéanfaidh an Chomhairle a measúnú faoi Airteagal 109j(2) den Chonradh seo.

Mura gcuirfidh an Ríocht Aontaithe in iúl don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn aici gluaiseacht chuig an tríú céim, ní bheidh aon iallach uirthi gluaiseacht amhlaidh.

Mura mbeidh aon dáta socraithe le haghaidh thús an tríú céim faoi Airteagal 109j(3) den Chonradh seo, féadfaidh an Ríocht Aontaithe a hintinn a chur in iúl gluaiseacht chuig an tríú céim roimh an 1 Eanáir 1998.

2. Beidh éifeacht le míreanna 3 go 9 má chuireann an Ríocht Aontaithe in iúl don Chomhairle nach bhfuil sé ar intinn aici gluaiseacht chuig an tríú céim.

3. Ní áireofar an Rfocht Aontaithe ar thromlach na mBallstát a chomhallann na coinnfollacha is gá atá luaite sa dara fleasc d'Airteagal 109j(2) agus sa chéad fhleasc d'Airteagal 109j(3) den Chonradh seo.
4. Coimeádfaidh an Rfocht Aontaithe a cumhactas i réimse beartas airgeadafochta i gcomhréir lena dís náisiúnta.
5. Ní bbeidh Airteagail 3a(2), 104c(1), (9) agus (11), 105(1) go (5), 105a, 107, 108, 108a, 109, 109a(1) agus (2)(b) agus 109l(4) agus (5) den Chonradh seo infheidhme ar an Rfocht Aontaithe. Sna forálacha sin, ní áireofar an Rfocht Aontaithe ar na tagairt don Chomhphobal ná do na Ballstát agus ní áireofar Banc Shasana ar na tagairt do bhainc cheannais náisiúnta.
6. Leanfaidh Airteagail 109e(4) agus 109h agus 109i den Chonradh seo de bheith infheidhme ar an Rfocht Aontaithe. Beidh Airteagail 109c(4) agus 109m infheidhme ar an Rfocht Aontaithe amhail is dá mbeadh maolú aici.
7. Déanfar cearta vótála na Ríochta Aontaithe a fhionraí i ndáil le gníomhartha na Comhairle dá dtagraítear sna b'Airteagail atá liostaithe i msr 5. Chun na críche sin, eisifáir vótáil ualaithe na Rfochta Aontaithe ó aon ríomh i dtaoibh tromlaibh cháilithe faoi Airteagal 109k(5) den Chonradh seo.

Ní bheidh aon cheart ag an Rfocht Aontaithe ach oiread a bheith rannpháirteach i gceapadh Uachtaráin, Leasúachtaráin agus chomhaltaí eile Bhord Feidhmiúcháin BCE faoi Airteagail 109a(2)(b) agus 109l(1) den Chonradh seo.

8. Ní bheidh Airteagail 3, 4, 6, 7, 9.2, 10.1, 10.3, 11.2, 12.1, 14, 16, 18 go 20, 22, 23, 26, 27, 30 go 34, 50 agus 52 den Phrótacl maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh ("an Reacht") infheidhme ar an Rfocht Aontaithe.

Sna h'Airteagail sin, ní áireofar an Rfocht Aontaithe ar na tagairt don Chomhphobal ná do na Ballstát agus ní áireofar Banc Shasana ar na tagairt do bhainc cheannais náisiúnta.

Ní áireofar caipiteal suibscrófa Bhanc Shasana ar na tagairt do "chaipiteal suibscrófa BCE" in Airteagail 10.3 agus 30.2 den Reacht.

9. Beidh éifeacht ag Airteagal 109l(3) den Chonradh seo agus ag Airteagail 44 go 48 den Reacht, bfodh Ballstát go maolú ann nó ná bfodh, faoi réir na leasuithe seo a leanas:

- (a) Áireofar na tagairtí in Airteagal 44 do chúraimí BCE agus IEA ar na cúraimí sin nach mór a chomháll fós sa trú céim de dheasca aon chinnidh ón Ríocht Aontaithe gan gluaiseacht chuig an trú céim.
- (b) I dteannta na gcúraimí dá dtagraftear in Airteagal 47 tabharfaidh BCE combairle freisin a bhaineann le hullmhú aon chinnidh ón gComhairle inaidir leis an Ríocht Aontaithe arna ghlacadh i gcomhréir le mfreanna 10(a) agus 10(c), agus rannchuideoidh sé le hullmhú an chinnidh sin.
- (c) Focfaidh Banc Shasana a shuibscríbhinn le caipiteal BCE mar rannsocafocht chuig a chostais oibrfochtúla ar an inbinn céanna le bainc cheannais náisiúnta Bhallstát go inaolú.
10. Mura ngluaisfidh an Ríocht Aontaithe chuig an trú céim, féadfaidh sí a fógra a athrú tráth ar bith tar éis thus na céime sin. Sa chás sin:
- (a) Ní bheidh an ceart ag an Ríocht Aontaithe gluaiseacht chuig an trú céim ach amháin ar an gcoinnfoll go gcomhallann sí na coinnfollacha is gá. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di arna iarraidh sin don Ríocht Aontaithe agus faoi na coinnfollacha agus i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 109k(2) den Chonradh seo, an gcomhallann sí fós na coinnfollacha is gá.
- (b) Focfaidh Banc Shasana a chaipiteal suibscríofa, aistreoidh sé sócmhainní chuig cíulchistí eachtracha BCE agus rannfocfaidh sé lena cíulchistí ar an mbonn céanna le banc ceannais náisiúnta Ballstát a bhfuil a mbaolú aisghairthe.
- (c) Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di faoi na coinnfollacha agus i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 109l(5) den Chonradh seo, gach cinneadh eile is gá a ghlacadh chun a chumasú don Ríocht Aontaithe gluaiseacht chuig an trú céim.
- Má ghluaiseann an Ríocht Aontaithe chuig an trú céim de bhun fhorálacha an Airteagail seo, scoirfidh mfreanna 3 go 9 d'éifeacht a bheith leo.
11. D'ainneoin fhorálacha Airteagail 104 agus 109l(3) den Chonradh seo agus Airtagal 21.1 den Reacht, féadfaidh Ríaltas na Ríochta Aontaithe a shaoráid "Ways and Means" le Banc Shasana a choimeád ar bun mura ngluaisfidh agus fad nach ngluaisfidh an Ríocht Aontaithe chuig an trú céim.

PRÓTACAL
MAIDIR LE FORÁLACHA ÁIRITHE
A BHAINNEANN LEIS AN DANMHAIRG

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO, i gcomhréir le cuspóirí ginearálta an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, fadhbanna speisialta áirithe atá ann i láthair na huaire a réiteach,

AG FÉACHAINT DO Bhunreacht na Danmhairge ina bhfuil forálacha a fhéadfaidh a thabhairt reifreann a bheith intuigthe sa Danmhairg sula bhféadfaidh an Danmhairg bheith rannpháirteach sa trú céim den Aontas Eacnamafoch agus Airgeadafochta,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

1. Cuirfidh Rialtas na Danmhairge a sheasamh in iúl don Chomhairle maidir lena bheith rannpháirteach sa trú céim sula ndéanfaidh an Chomhairle a measúnú i gcomhréir le hAirteagal 109j(2) den Chonradh seo.
2. I gcás go gcuirfidh an Danmhairg in iúl nach mbeidh sí rannpháirteach sa trú céim, beidh maolú ag an Danmhairg. Is é éifeacht an mhaolaithe go mbeidh airteagail uile agus forálacha uile an Chonartha seo agus Reacht CEBC a dhéanann tagairt do mhaolú infheidhme ar an Danmhairg.
3. Sa chás sin, ní áireofar an Danmhairg ar thromlach na mBallstát a chomhallann na coimisfollacha is gá dá dtagraftear sa dara fleasc d'Airteaga 109f(2) agus sa chéad fhleasc d'Airteagal 109j(3) den Chonradh seo.
4. Maidir leis an maolú a aisghairm, ní thionscnófar an nós imeachta dá dtagraftear in Airteagal 109k(2) ach amháin arna iarraidh sin don Danmhairg.
5. I gcás stádas an mhaolaithe a aisghairm, ní bheidh forálacha an Phrótacail seo infheidhme a thuilleadh.

PRÓTACAL
MAIDIR LEIS AN bhFRAINC

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO pointe áirithe a bhaineann leis an bhFrainc a chur san áireamh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

Coimeádfaidh an Fhrainc pribhléid na heisiúna airgeadaisochta ina críofa thar leor faoi na téarmas arna mbunú facina dlíthe náisiúnta agus is ise amháin a bheidh i dteideal paireacht thranc CFP a chinneadh.

PRÓTACAL
MAIDIR LE BEARTAS SÓISIALTA

NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE dóibh gur inian le haon Bhallstát déag, is é sin Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heiléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúlcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre agus Poblacht na Portaingéile, leanúint ar an mbealach a leagadh sfs i gCairt Shóisialta 1989; go bhfuil comhaontú glactha acu eatarthu féin chuige sin; go bhfuil an Comhaontú sin curtha i gceangal leis an bPrótacal seo; go bhfuil an Prótacal seo agus an Comhaontú a dúradh gan dochar do na forálacha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh go háirithe dóibh sin a bhaineann le beartas sóisialta is cuid dílis den "acquis communautaire".

- (1) comhaontafonn siad a údarú don aon Bhallstát déag sin dul ar iontaoibh institiúidí, nósanna imeachta agus shásraí an Chonartha chun na gníomhartha agus na cinní is gá chun éifeacht a thabhairt don Chomhaontú thuasluaite a ghlaicadh eatarthu féin agus a chur chun feidhme a mhéad a bhaineann leo.
- (2) Ní ghlaicfaidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt nuair a bheidh tográf ón gCoimisiún arna ndéanamh ar bhonn an Phrótacail seo agns an Chomhaontaithe thuasluaite á bplé ná á nglacadh ag an gComhairle.

De mhaolú ar Airteagal 148(2) den Chonradh, measfar go bhfuil gníomhartha na Comhairle a dhéantar de bhun an Phrótacail seo agus nach mór a ghlaicadh trí thromlach cáilithe glactha amhlaidh má chaitear cuid is lú ná ceithre vóta is daichead ar a laghad ina bhfabhar. Is gá aontoilfocht chomhaltaí na Comhairle, amach ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle nach mór a ghlaicadh d'aon toil agus gníomhartha ag leasú an togra ón gCoimisiún.

Ní bheidh gníomhartha arna nglacadh ag an gComhairle agus aon iarmhairtí airgeadais amach ó chostais riarthacha do na hinstiúidí infheidhme ar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

- (3) Cuirfear an Prótacal seo i gceangal leis an gConradh seo.

**COMHAONTÚ
MAIDIR LE BEARTAS SÓISIALTA
ARNA THABHAIRT I gCRÍCH IDIR BALLSTÁIT AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH
AMACH Ó RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS
THUASCEART ÉIREANN**

Tá an t-aon ARDPHÁIRTÍ CONARTHACH déag thíos-sínithe, is é sin Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaídhe na Gearmáine, an Phohlacht Heillénach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Luchsamburg, Ríocht na hÍsiltre agus Poblacht na Portaingéile (dá ngairtear "na Ballstáit" anseo feasta),

ÓS MIAN LEO Cairt Shóisialta 1989 a chur chun feidhme ar bhonn an "acquis communautaire",

AG FÉACHAINT DON Phrótacal maidir le beartas sóisialta,

TAR ÉIS COMHAONTÚ mar a leanas:

AIRTEAGAL 1

Beidh de chuspóirí ag an gComhphobal agus ag na Ballstáit dlús a chur le fostafocht, le dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú, le cosaint chuf shóisialta, leis an agallamh idir na comhpháirtithe sóisialta, le hacmhainní daonna a fhorbairt ar mhaithle le hardleibhéal marthanach fostafochta agus leis an eisiamh a chomhrac. Chun na críche sin, cuirfidh an Comhphobal agus na Ballstáit gníomhafochtaí chun feidhme a chuirfidh éagsúlacht na gcleachtas náisiúnta san áireamh, go háirithe i réimse caidrimh chonarthaigh, agus an riachtnas cumas iomafochta gheilleagar an Chomhphobail a choimeád ar bun.

AIRTEAGAL 2

1.D'fhoinn cuspóirí Airteagal 1 a ghnóthú, tacóidh an Comhphobal le gníomhafochtaí na mBallstáit agus comhlánóidh sé iad sna réimsí seo a leanas:

—an timpeallacht oibre go háirithe a fheabhsú d'fhoinn sláinte agus sábháilteachtaí oibrithe a chosaint;
— dálaí oibre;

- oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo;
 - comhionannas deiseanna d'fhir agus do mhná ar mhargadh an tsaothair agus cír chomhionann san obair;
 - lánpháirtíú daoine atá arna n-eisiamh ó mhargadh an tsaothair, gan dochar d'fhorálacha Airteagal 127 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (dá ngairtear "an Conradh" anseo feasta).
2. Chun na críche sin, féadfaidh an Chomhairle trí bhíthin treoracha na ceanglais fosta is infheidhme go comhleanúnach a ghlaicadh, ag féachaint do na dálaf agus do na rialacha teicniúla i ngach ceann de na Ballstáit. Staonfar sna treoracha sin ó shrianta riarthacha, airgeadais nó dlíthiúla a fhorchur a bheadh ina mbac ar bhunú nó ar fhorbairt gnóthas beag agus meánmhéide.
- Gníomhóidh an Chomhairle i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 189c den Chonradh tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta.
3. Ar a shon sin, gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta sna réimsí seo a leanas:
- slándáil shóisialta agus cosaint shóisialta d'oirbithe;
 - cosaint oibrithe i gcás foirceannadh a gconradh oibre;
 - ionadú agus comhchosaint leasanna oibrithe agus fostóirí, lena n-áirítear comhbhainistíocht, faoi réir mhír 6;
 - dálaf fostasocha náisiúnach trí tortha ina gcónaí go rialta ar chríoch an Chomhphobail;
 - rannfocafóchtai airgeadais chun fostasocht agus jabchruthú a chur ar aghaidh, gan dochar do na forálacha a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa.
4. Féadfaidh Ballstát cur chun feidhme na dtreoracha arna nglacadh de bhun mhífreanna 2 agus 3 a chur ar iontaoibh na gcompháirtithe sóisialta, arna iarráidh sin go compháirteach dóibh.

Sa chás sin, áiritheoidh sé go bhfuil, ar dháta nach déanaí ná an dáta nach mór Treoir a thrasúil i gcomhréir le hAirteagal 189, na bearta is gá tugtha isteach trí chomhaontú ag na compháirtithe sóisialta, agus an Ballstát i dtrácht faoi cheangal gach beart is gá a ghlaicadh chun a chumasú dó tráth ar bith a bheith in inmhe na torthaí arna bhforchur leis an Treoir sin a áiríthíú.

5. Ní chuirfidh na forálacha arna nglacadh de bhun an Airteagail seo bac ar aon Bhallstát bearta coiscitheacha níos déine atá ag luf leis an gConradh seo a choimeád ar bun ná a thabhairt isteach.
6. Ní bheidh forálacha an Airteagail seo insfeidhme ar phá, ar an gceart comhlachais, ar an gceart dul ar stailc ná ar an gceart frithdhúnadh a fhochur.

AIRTEAGAL 3

1. Beidh sé de chúram ar an gCoimisiún comhairliúchán idir na compháirtithe sóisialta a chur ar aghaidh ar leibhéal an Chomhphobail agus glacfaidh sé pé beart is fointeach chun an t-agallamh eatarlu a éascú ag féachaint chuige go dtugtar tacafacht chothromúil do na páirtithe.
2. Chuige sin, sula dtfolacfaidh sé tograí i réimse an bheartais shóisialta, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na compháirtithe sóisialta ar threocht ionchasach ghníomhafocht Chomhphobail.
3. Má mheasann an Coimisiún, tar éis an chomhairliúcháin sin, go bhfuil gníomhafocht Chomhphobail inmhianaithe, rachaidh sé i gcomhairle leis na compháirtithe sóisialta ar inneachar an togra arna bheartú. Díreoidh na compháirtithe sóisialta tuairim, nó moladh más iomchú, chuig an gCoimisiún.
4. Tráth comhairliúcháin den sórt sin, féadfaidh na compháirtithe sóisialta a chur i bhfios don Choimisiún a bhfonnmhaireacht an próiseas dá bhforáiltear san Aireagal seo a thionscnamh. Ní mhairfidh ré an nós imeachta níos mó ná naoi mí mura gcinneann na compháirtithe sóisialta i dtrácht agus an Coimisiún i gcompháirt í a fhadú.

AIRTEAGAL 4

1. Más é sin is toil leis na compháirtithe sóisialta, féadfaidh a bheith mar thoradh ar an agallamh eatarlu ar leibhéal an Chomhphobail, caidreamh conarthach, lena n-áirftear comhaontuithe.
2. Is i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na cleachtais is cùl do na compháirtithe sóisialta agus do na Ballstát ná, in ábhair a thig faoi Aireagal 2, trí chinneadh ón gComhairle ar thogra ón gCoimisiún, arna iarráidh sin do na páirtithe símitheacha i gcompháirt, a chuirfear chun feidhme na comhaontuithe arna dtabhairt i gcríoch ar leibhéal an Chomhphobail.

Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cálithe ach amháin nuair atá foráil amháin nó níos mó sa chomhaontú i dtrácht a bhaineann le ceann de na réimsí dá dtagraistear in Airteagal 2(3); sa chás sin, gníomhóidh sí d'aon toil.

AIRTEAGAL 5

Chun cuspóirí Airteagal 1 a ghnóthú agus gan dochar d'fhorálacha eile an Chonartha, cothóidh an Coimisiún comhar idir na Ballstáit agus déanfaidh sé comhbheartú a gníomhafochta a éascú i réimsí uile an bheartais shóisialta a thig faoin gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 6

1. Áiritheoidh gach Ballstát cur chun feidhme an phrionsabail go bhfuil pá comhionann as obair chomhionann ag dul d'oibrithre fireanna agus d'oibrithre baineanna.

2. Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn "pá" an gnáthphá nó an gnáth-thuarastal bunaidh nó forsta maille le haon chomaoín eile, in airgead nó i gcomhchineál, a fhaigheann an t-oibrí, go díreach nó go hindíreach, óna fhostóir as ucht a fhostafochta.

Ciallaíonn pá comhionann, gan idirdhealú idir fir agus mná:

- (a) go ndéantar an pá as an obair chéanna ar thascrátaí a ríomh ar bhonn an aonaid tomhais chéanna;
 - (b) i gcás obair de réir amrátaí gurb é an pá céanna a fohtar as an jab céanna.
3. Ní chuirfidh an tAirteagal seo bac ar aon Bhallstát bearta a choimeád ar bun nó a ghlacadh a fhorálann buntáistí sonracha chun a éascú do mhná gabháil le gníomhafochta ghairmiúil, nó msbhuntáistí a chosc nó a chuíteamh ina slite beatha gairmiúla.

AIRTEAGAL 7

Tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil gach bliain ar an dul chun cinn atá déanta i ngnóthú chuspóirí Airteagal 1, lena n-áirtear cor déimeagrafach an Chomhphobail. Díréoidh sé an tuarascáil sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa a iarráidh ar an gCoimisiún tuarascálacha a tharraingt suas i dtaobh fadhbanna sonracha a bhaineann leis an gcor sóisialta.

DEARBHUITHE

1. Dearbhuithe maidir le hAirteagal 2(2)

Tugann an t-aon Ardpháirtí Conarthach déag dá n-aire gur comhaontasodh sna pléití ar Airteagal 2(2) den Chomhaontú seo nach bhfuil d'intinn ag an gComhphobal agus é ag leagan síos foscheanglais maidir le sábháilteacht agus sláinte oibrithe, oibrithe i ngnóthais bheaga agus meánmhéide a chur faoi mhísbhuntaiste ar dhóigh nach mbeadh údar leis sna himthosca.

2. Dearbhuithe maidir le hAirteagal 4(2)

Dearbhafonn an t-aon Ardpháirtí Conarthach déag gurb é a bheidh sa chéad rial mhionsonraithe chun na comhaontuithe idir na compháirtithe sóisialta a chur chun feidhme ar fud an Chomhphobail - dá dtagraftear in Airteagal 4(2) - inneachar na gcomhaontuithe sin a fhorbairt, trí chómhargáil de réir rialacha gach Ballstáit agus, dá dheasca sin, nf bhéarfaidh an rial mhionsonraithe sin go bhfuil iallach ar na Ballstáit na comhaontuithe sin a chur chun feidhme go díreach ná rialacha a oibriú amach chun iad a thrasú ná go bhfuil iallach orthu reachtasócht náisiúnta atá i bhfeidhm a leasú chun a gcur chun feidhme a éascú.

PRÓTACAL
MAIDIR LE COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil an tAontas tar éis a chur de chuspóir roimhe cur chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a chur ar aghaidh, inter alia trf chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú,

AG MEABHRÚ DÓIBH go gcuimsíonn Airteagal 2 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh an cúram comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta agus dlúthpháirtlocht idir na Ballstát a chur ar aghaidh agus go bhfuil comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú ar ghnómhaíochtaí an Chomhphobail atá liostaithe in Airteagal 3,

AG MEABHRÚ DÓIBH go soláthraíonn forálacha Chuid a Trí, Teideal XIV maidir le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta ina n-iomláine bonn dlíthiúil le gnómhaíocht an Chomhphobail i réimse an chomháthaithe eacnamaíoch agus shóisialta a chomhdhlúthú agus a fhorbairt níos mó, lena n-áirtear cur ar bun ionchasach ciste nua,

AG MEABHRÚ DÓIBH go mbeartaíonn forálacha Chuid a Trí, Teideal XII maidir le gréasán thraseorpacha agus Teideal XVI maidir leis an gcomhshaol do bhunú Ciste Comhtháthaithe roimh an 31 Nollaig 1993 a chur ar bun,

AG DEARBHÚ a gcreidimh go rannchuideoidh dul chun cinn ionsar an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta le fás eacnamaíoch na mBallstát uile,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go bhfuil cistí struchtúracha an Chomhphobail á ndúblú i dtéarmas réadacha idir 1987 agus 1993, a chiallaíonn suimeanna móra a aistriú go háirithe mar chionmhairéacht de OTI na mBallstát is lagrathúla,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go bhfuil suimeanna móra, agus iad ag dul i méid, á dtabhairt ar iasach ag BEI chun leas na réigiún is boichte,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an dúil i mbreis solúbthachta le haghaidh rialacha mionsonraithe um chionrannta ó na cistí struchtúracha,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an dúil i leibhéal rannpháirtfacht an Chomhphobail i gcláir agus i dtionscadail i dtíortha áirithe a mhodhnú,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an togra rathúlacht choibhneasta Bhallstát a thabhairt san áireamh níos mó sa chóras acmhainní dílse,

ATHDHAINGNÍONN SIAD go bhfuil cur ar aghaidh an chomhtháithé eacnamafoch agus shóisialta sár-riachtanach do lánfhobairt agus do rath marthanach an Chomhphobail agus cuireann siad béis ar a thábhachtaí atá comhtháthú eacnamafoch agus sóisialta a áireamh in Aireagal 2 agus 3 den Chonradh,

ATHDHAINGNÍONN SIAD a n-áitiús gur chóir go leanfadh na cistí struchtúracha de pháirt thábhachtach a imirt i ngnóthú cuspóirí Comhphobail i réimse an chomhtháithé,

ATHDHAINGNÍONN SIAD a n-áitiús gur chóir go leanfadh BEI den chuid is mó dá acmhainní a chur i leith comhtháthú eacnamafoch agus sóisialta a chur ar aghaidh agus dearbhaíonn siad a bhfonnmhaireacht riachtanais chaipítíl BEI a athbhreithniú a luaithe a bheidh gá leis sin chun na críche sin,

ATHDHAINGNÍONN SIAD an gá atá le hoibriú agus le héifeacht na gcistí struchtúracha a mheas go mion i 1992 agus an gá le méid ionchuí na gcistí sin a athbhreithniú ar an ócaid sin i bhfianaise chúraimí an Chomhphobail i réimse an chomhtháithé eacnamafoch agus shóisialta,

COMHAONTAÍONN SIAD go soláthróidh an Ciste Comhtháithé a bhunófar roimh an 31 Nollaig 1993 rannfocafochtaí airgeadais Comhphobail le haghaidh tionscadal i réimsí an chomhsaoil agus na ngréasán traseorpach i mBallstáit ag a bhfuil OTI in aghaidh an duine níos lú ná 90% den mheán Comhphobail agus ag a bhfuil clár chun na coinnfollacha do chóineasú eacnamafoch mar atá siad leagtha amach in Aireagal 104c den Chonradh seo a chomhail,

DEARBHAÍONN SIAD a rún lamháil níos mó solúbthachta a cheadú chun airgeadas ó na cistí struchtúracha a chionroinnt ar riachtanais shonracha nach bhfolaitear faoi rialacháin láithreacha na gcistí struchtúracha,

DEARBHAÍONN SIAD a bhfonnmhaireacht leibhéal rannpháirtíocht an Chomhphobail a mhodhnú i gcomhthéacs chláir agus thionscadail na gcistí struchtúracha d'fhoinn méaduithe iomarcacha i gcaiteachas bhuiséad na mBallstát is lagrathúla a sheachaint,

COMHAONTAÍONN SIAD gur gá faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar an dul chun cinn ionsar chomhtháthú eacnamafoch agus sóisialta a ghnóthú agus dearbhafonn siad a bhfonnmhaireacht staidéar a dhéanamh ar gach beart is gá ina leith sin,

DEARBHAÍONN SIAD a rún aird níos mó a thabhairt ar chumas rannfocafochta na mBallstát leitheach sa chóras acmhainníns dílse agus modhanna a scrúdú a cheartódh i gcás na mBallstát is lagrathúla eilimintí culchéimnítheacha atá sa chóras láithreach acmhainníns dílse.

COMHAONTAÍONN SIAD go gcuirfear an Prótacal seo i gceangal leis an gConradh seo.

PRÓTACAL**MAIDIR LEIS AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
AGUS LE COISTE NA RÉIGIÚN**

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

**TAR ÉIS COMHAONTÚ ar an bhforáil seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú
an Chomhphobail Eorpaigh:**

**Beidh struchtúr eagrafochtúil coiteann ag an gCoiste Eacnamafoch agus Sóisialta agus ag Coiste na
Réigiún.**

PRÓTACAL

**I gCEANGAL LEIS AN gCONRADH AR AN AONTAS EORPACH
AGUS LEIS NA CONARTHAÍ AG BUNÚ NA gCOMHPHOBAL EORPACH**

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar an bhforáil seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis na Conarthas ag bunú na gComhphobal Eorpach:

Ní dhéanfaidh aon nf sa Chonradh ar an Aontas Eorpach, sna Conarthas ag bunú na gComhphobal Eorpach ná sna Conarthas agus sna hlonstraimí ag leasú nó ag forlónadh na gConarthas sin aon difear d'Airteagal 40.3.3. de Bhunreacht na hÉireann do chur chun feidhme in Éirinn.

AN IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH

1. Tá Comhdhálacha d'ionadaithe do Rialtais na mBallstát a comóradh sa Róimh ar an 15 Nollaig 1990 chun na leasuithe ar an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamafochta na hEorpa d'fhonn an tAontas Polaitiúil a bhaint amach agus in ionchas chéimeanna deireannacha an Aontais Eacnamafoch agus Airgeadafochta a ghlacadh d'aon toil, maille leis na Comhdhálacha a comóradh sa Bhruiséil ar an 3 Feabhra 1992 chun na leasuithe a leanann de na leasuithe arna mbeartú ar an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamafochta na hEorpa a chur ar na Conarthaí ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faoi seach, tar éis na téacsanna seo a leanas a ghlacadh:

I.

Conradh ar an Aontas Eorpach

II.

Prótacail

1. Prótacal maidir le maoín a fháil sa Danmhairg
2. Prótacal maidir le hAirteagal 119 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
3. Prótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh
4. Prótacal maidir le Reacht na hInstitiúide Eorpáir Airgeadafochta
5. Prótacal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach
6. Prótacal maidir leis na critéir um chóineasú dá dtagraftear in Airteagal 109j den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
7. Prótacal ag leasú an Phrótaicil ar Phribhléidí agus Dfslúintí na gComhphobal Eorpach

8. Prótacal maidir leis an Damhaирг
9. Prótacal maidir leis an bPortaingéil
10. Prótacal maidir leis an trasdul chuig an tríú céim den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta
11. Prótacal maidir le forálacha áirithe a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
12. Prótacal maidir le forálacha áirithe a bhaineann leis an Danmhairg
13. Prótacal maidir leis an bhFrainc
14. Prótacal maidir leis an mbeartas sóisialta a bhfuil i gceangal leis Comhaontú arna thabhairt i gcrích idir Ballstáit an Chomhphobail Eorpach amach ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, a ngabhall dhá dhearbhú leis.
15. Prótacal maidir le Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
16. Prótacal maidir leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún
17. Prótacal i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach

Tá na Comhdhálacha tar éis comhaontú go gcuirfear na Prótacail atá lúaite i bpointí 1 go 16 thusa i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpach agus go gcuirfear an Prótacal atá lúaite i bpointe 17 thusa i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach.

2. Tráth sínithe na dtéacsanna sin, ghlac na Comhdhálacha na Dearbhuithe atá sa liosta seo thíos agus i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

III.

Dearbhuithe

1. Dearbhú maidir le cosaint shibhialta, fuinneamh agus turasóireacht
2. Dearbhú maidir le náisiúntacht Bhallstáit
3. Dearbhú maidir le Cuid a Trí, Teidil III agus VI den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
4. Dearbhú maidir le Cuid a Trí, Teideal VI den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
5. Dearbhú maidir le comhar airgeadaisfchta le tríú tfortha
6. Dearbhú maidir le caidreamh airgeadaisfchta le Poblacht San Mairíne, le Cathair na Vatacáine agus le Prionsacht Mhonacó
7. Dearbhú maidir le hAirteagal 73d den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
8. Dearbhú maidir le hAirteagal 109 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
9. Dearbhú maidir le Cuid a Trí, Teideal XVI den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
10. Dearbhú maidir le hAirteagail 109, 130r agus 130y den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
11. Dearbhú maidir le Treoir an 24 Samhain 1988 (Astaíochta)
12. Dearbhú maidir le Ciste Forbraisfchta na hEorpa
13. Dearbhú maidir le ról na bParlaimintí Náisiúnta san Aontas Eorpach
14. Dearbhú maidir le Comhdháil na bParlaimintí
15. Dearbhú maidir le lón chomhaltaí an Choimisiúin agus Pharlaimint na hEorpa

16. Dearbhú maidir le céimiúlacht gbníomhartha Comhphobail
17. Dearbhú maidir le ceart rochtana ar fhaisnéis
18. Dearbhú maidir leis na costais mheasta a thig ó thografs an Choimisiúin
19. Dearbhú maidir le cur chun feidhme dblí an Chomhphobail
20. Dearbhú maidir le meastóireacht ar iarmhairt chomhshaoil na mbeart Comhphobail
21. Dearbhú maidir leis an gCúirt Iníuchdóirí
22. Dearbhú maidir leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta
23. Dearbhú maidir le comhar le heagrafochtaí carthanacha
24. Dearbhú maidir le cosaint ainmhithe
25. Dearbhú maidir le hionadú do leasanna na dtíortha agus na gcríoch tharlear dá dtagraítear in Aireagal 227(3) agus (5)(a) agus (b) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh
26. Dearbhú maidir leis na réigiúin is forimeallaí den Chomhphobal
27. Dearbhú maidir le vótáil i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála
28. Dearbhú maidir leis na socrúithe praiticiúla i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála
29. Dearbhú maidir le húsáid teangacha i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála
30. Dearbhú maidir le hAontas larthar na hEorpa
31. Dearbhú maidir le tearmann
32. Dearbhú maidir le comhar póilíneachta
33. Dearbhú maidir le díospóidí idir BCE agus IEA agus a gcuid seirbhíseach

Arna dhéanamh i Maastricht, an seachtú lá d'Fheabhra, mísle naoi gcéad nócha a dó.

DEARBHÚ**MAIDIR LE COSAINT SHIBHIALTA, FUINNEAMH AGUS TURASÓIREACHT**

Dearbháonn an Chomhdháil go ndéanfar an cheist maidir le teidil a bhaineann leis na réimsí atá luaite in Airteagal 3(t) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a thabhairt isteach sa Chonradh sin a scrúdú i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal N(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar bhonn tuarascála a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle faoi 1996 ar a dhéanaí.

Dearbháonn an Coimisiún go saothrófar gníomhafocht Chomhphohail sna réimsí sin ar bhonn thorálacha láithreacha na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach.

DEARBHÚ
MAIDIR LE NÁSIÚNTACHT BHALLSTÁIT

Dearbhafonn an Chomhdháil, nuair a dhéantar tagairt sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do náisiúnaigh Bhallstát, nach ndéanfar an cheist an bhfuil an náisiúntacht sin ag duine áirithe a shocrú ach amháin faoi threoir dhíl náisiúnta an Bhallstáit i dtrácht. Féadfaidh Ballstáit a dhearbhú mar eolas cé hiad atá le háireamh ina náisiúnaigh chun críochá Comhphobail trí bhfithin dearbhú arna thaisceadh leis an Uachtaráinacht agus féadfaidh siad dearbhú den sórt sin a leasú nuair is gá sin.

**DEARBHÚ
MAIDIR LE CUID A TRÍ,
TEIDIL III AGUS VI DEN CHONRADH
AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAICH**

Daingníonn an Chomhdháil, chun críochá chur chun feidhme na bhforálacha atá leagtha amach i gCuid a Trí, Teideal III, Caibidil 4 ar Chaipiteal agus fócasocheataí agus Teideal VI ar Bheartas Eacnamaíoch agus Airgeadaisochta den Chonradh seo go leanfar den ghnáthchleachtas, ar dá réir a thagann an Chomhairle le chéile i dtionól na nAiriú Geilleagair agus Airgeadais, gan dochar d'fhorálacha Airteagal 109j(2) go (4) agus Airteagal 109k(2).

**DEARBHÚ
MAIDIR LE CUID A TRÍ,
TEIDEAL VI DEN CHONRADH
AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH**

Daingnóonn an Chomhdháil go n-iarrfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpais ar na hAirsí Geilleagair agus Airgeadais a bheith rannpháirteach i gcruiinnithe na Comhairle Eorpais nuair atá an Chomhairle Eorpach ag plé ábhar a bhaineann leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta.

DEARBHÚ**MAIDIR LE COMHAR AIRGEADAÍOCHTA LE TRÍÚ TÍORTHA**

Daingnóonn an Chomhdháil go mbeidh sé d'aidhm ag an gComhphobal rannchuidiú le caidreamh cobhsaf idirnáisiúnta airgeadaisochta. Chuige sin beidh an Comhphobal faoi réir comhoibriú le tortha Eorpacha eile agus le pé tortha neamheorpacha lena bhfuil dlúthcheangail eacnamaisocha ag an gComhphobal.

**DEARBHÚ
MAIDIR LE CAIDREAMH AIRGEADAÍOCHTA
LE POBLACHT SAN MAIRÍNE, LE CATHAIR NA VATACÁINE
AGUS LE PRIONSACHT MHONACÓ**

Comhaontafonn an Chomhdháil nach ndéanfaidh an Conradh seo difear don chaidreamh airgeadafochta atá ann idir an Iodáil agus San Mairíne agus Cathair na Vatacáine agus idir an Fhrainc agus Monacó go dtí go dtabharfar an tECU isteach mar airgeadra aonair an Chomhphobail.

Gabhann an Comhphobal air féin cibé athchaibidíocht ar na socruithe atá ann a thiocfadh di a bheith riachtanach de dheasca an tECU a thabhairt isteach mar airgeadra aonair a éascú.

**DEARBHÚ
MAIDIR LE HAIRTEAGAL 73d
DEN CHONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH**

Daingnitheann an Chomhdháil nach mbeidh ceart na mBallstát chun forálacha ábhartha a ndlí cánachais dá dtagraítear in Aireagal 73d(1)(a) den Chonradh seo a chur chun feidhme infheidhme ach amháin i ndáil lena gcuid forálacha ábhartha a bheidh ann ag deireadh 1993. Ar a shon sin, ní bheidh an dearbhú seo infheidhme ar ghluaiseachtaí caipítíl agus ar focalochtaí idir Ballstáit.

DEARBHÚ**MAIDIR LE hAIRTEAGAL 109 DEN CHONRADH****AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH**

Cuireann an Chomhdháil i bhfios go láidir nach é is aidhm do na téarmaí "comhaontú oifigiúil" a úsáidtear in Aireagal 109(1) earnáil nua comhaontuithe idirnáisiúnta de réir bhrí an dif Chomhphobail a bhunú.

**DEARBHÚ
MAIDIR LE CUID A TRÍ, TEIDEAL XVI DEN CHONRADH
AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH**

Measann an Chomhdháil, ag féachaint do mhéadú na tábhachta i gcaomhnú an dúlra ar an leibhéal náisiúnta, Comhphobail agus idirnáisiúnta, nach foláir don Chomhphobal, agus a chumhachtaí de bhun fhórálacha Chuid a Trí, Teideal XVI den Chonradh seo á bhfeidhmiú aige, riachtanais shonracha an réimse sin a chur san áireamh.

DEARBHÚ**MAIDIR LE hAIRTEAGAIL 109, 130r agus 130y
DEN CHONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH**

Measann an Chomhdháil nach ndéanann forálacha Airteagal 109(5), an dará fomhír d'Airteagal 130r(4) agus forálacha Airteagal 130y den Chonradh seo, difear do na prionsabail a thig ó bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás AETR.

DEARBHÚ
MAIDIR LE TREOIR AN 24 SAMHAIN 1988 (Astafochta)

Dearbhaíonn an Chomhdháil nach féidir le hathruithe i reachtaíocht an Chomhphobail na maoluithe a lagú arna ndeonú don Spáinn agus don Phortaingéil go dtí an 31 Nollaig 1999 faoin Treoir ón gComhairle an 24 Samhain 1988 maidir le hastafochtaí truailleán áirithe san aer ó ollighléasraí dócháin a theorannú.

DEARBHÚ
MAIDIR LE CISTE FORBRAÍOCHTA NA hEORPA

Comhaontafonn an Chomhdháil go leanfaidh Ciste Forbrafochta na hEorpa de bheith á mhaoiniú ó rannfocafostaí náisiúnta i gcomhréir leis na forálacha láithreacha.

DEARBHÚ
MAIDIR LE RÓL NA bPARLAIMINTÍ NÁISIÚNTA
SAN AONTAS EORPACH

Measann an Chomhdháil go bhfuil sé tábhachtach rannpháirtfocht níos mó de na Parlaimintí náisiúnta a chothú i ngníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh.

Chuige sin, is cóir dlús a chur leis an malartú faisnéise idir na Parlaimintí náisiúnta agus Parlaimint na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, áiritheoidh Rialtais na mBallstát inter alia go gcuirfear tográifreachtaíochta uile an Choimisiúin ar fáil do na Parlaimintí náisiúnta in am tráthá mar eolas nó, b'fhéidir, lena scrúdú.

Measann an Chomhdháil, mar an gcéanna, go bhfuil sé tábhachtach go gcuirfí dlús leis na tadhail idir na Parlaimintí náisiúnta agus Parlaimint na hEorpa, go háirithe trí dheonú saoráidí frithpháirteacha iomchus agus trí chruinnithe tráthrialta idir comhaltaí Parlaiminte a bhfuil spéis acu sna hábhair chéanna.

DEARBHÚ
MAIDIR LE COMHDHÁIL NA bPARLAIMINTÍ

Iarrann an Chomhdháil ar Pharaimint na hEorpa agus ar na Parlaimintí náisiúnta teacht le chéile de réir mar is gá mar Chomhdháil na bParlaimintí (nó "Assises").

Rachfar i gcomhairle le Comhdháil na bParlaimintí maidir le príomhthréithe an Aontais Eorpaigh, gan dochar do chumhachtaí Pharaimint na hEorpa ná do chearta na bParlaimintí náisiúnta. Déanfaidh Uachtaráin na Comhairle Eorpach agus Uachtaráin an Choimisiúin tuarascáil do gach seisiún de Chomhdháil na bParlaimintí ar staid an Aontais.

DEARBHÚ
MAIDIR LE LÍON CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN
AGUS PHARLAIMINT NA hEORPA

Comhaontaíonn an Chomhdháil go ndéanfaidh na Ballstáit na ceisteanna a bhaineann le lón chomhaltaí an Choimisiúin agus lón chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa a scrúdú tráth nach déanaí ná deireadh 1992, d'fhonn teacht ar chomhaontú a chumasóidh an bonn dlíthiúil is gá a bhunú chun lón chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa a shocrú in am tráth do thoghcháin 1994. Glacfar na cinní inter alia i bhfianaise an riachtanais méid foriomlán Pharlaimint na hEorpa a bhunú i gComhphobal méadaithe.

DEARBHÚ**MAIDIR LE CÉIMIÚLACHT GHNÍOMHARTHA COMHPHOBAIL**

Comhaontasonn an Chomhdháil go ndéanfaidh an Chomhdháil Idir-rialtasach a chomórfar i 1996 a scrúdú a mhéad a d'fhéadfá rangú gníomhartha Comhphobail a athbhreithniú d'fhoinn céimiúlacht iomchus idir na hearnálacha éagsúla gnímh a bhunú.

DEARBHÚ
MAIDIR LE CEART ROCHTANA AR FHAISNÉIS

Measann an Chomhdháil go neartaíonn tréadhearcacht an phróisis chinnteoireachta cailfacht dhaonlathach na n-institiúidí agus iontaoibh an phobail sa lucht riarracháin. Molann an Chomhdháil, dá réir sin, go gcuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle tráth nach déanaí ná 1993 maidir le bearta chun cur le rochtain an phobail ar an bhfaisnéis atá ag na hinstiúidí.

DEARBHÚ
MAIDIR LEIS NA COSTAIS MHEASTA A THIG
Ó THOGRAÍ AN CHOIMISIÚIN

Tugann an Chomhdháil dá haire go ngabhall an Coimisiún air féin, agus na comhairliúcháin a mheasann sé is gá á nglacadh aige mar bhonn agus a chóras chun reachtasócht Chomhphobail a mheas á nearnú aige, aird a thabhairt, maidir lena thograí reachtasóchta, ar na costais agus na sochair d'údarás phoiblí na mBallstát agus do na páirtithe uile lena mbaineann.

DEARBHÚ**MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME DHLÍ AN CHOMHPHOBAIL**

1. Cuireann an Chomhdháil i bhfios go láidir go bhfuil sé sár-riachtanach, ar mhaithe le comhchuiubheas agus le haontacht phróiseas na tógála Eorpaí, go ndéanfaidh gach Ballstát na treoracha Comhphobail a dhífreofar chuige a thrasú go hiomlán agus go dflis ina dhlí náisiúnta laistigh den tréimhse a cheapfaidh na treoracha chuige sin.

Ina theannta sin, tá an Chomhdháil — á aithint di gur de chúram gach Ballstáit a chinneadh an dóigh is fearr chun forálacha dhlí an Chomhphobail a chur chun feidhme, ag féachaint dó do na hinstiúidí, don chóras dhlí agus do na dálaí eile is cuf dó, agus forálacha Aireagal 189 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh á n-urramú aige — den tuairim go bhfuil sé sár-riachtanach ar mhaithe le hoibriú rianúil an Chomhphobail gurb é is toradh ar na bearta arna nglacadh sna Ballstáit éagsúla go gcuirtear dhlí an Chomhphobail chun feidhme iontu le hoiread éifeachtúlachta agus déine agus a chuirtear a ndlí náisiúnta chun feidhme.

2. Iarrann an Chomhdháil ar an gCoimisiún féachaint chuige, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó in Aireagal 155 den Chonradh seo, go ndéanfaidh na Ballstáit a gcuide oibleagáidí a chomhall. Iarrann sí ar an gCoimisiún tuarascáil iomlán le haghaidh na mBallstát agus Pharlaimint na hEorpa a fhoilsiú go tráthrialta.

DEARBHÚ
MAIDIR LE MEASTÓIREACHT AR IARMHAIRT CHOMHSHAOIL
NA mBEART COMHPHOBAIL

Tugann an Chomhdháil dá haire go ngabhallt an Coimisiún air féin ina thograí, agus go ngabhallt na Ballstáit orthu féin ina gcur chun feidhme, lánaird a thahhairt ar iarmhairt chomhshaoil maille le prionsabal an fháis inbhuanaithe.

**DEARBHÚ
MAIDIR LEIS AN GCÚIRT INIÚCHÓIRÍ**

Cuireann an Chomhdháil i bhfios go láidir an tábbacht ar leith a ghabhann, dar léi, leis an gcúram a chuirtear ar an gCúirt Iniúchóirí in Airteagail 188a, 188b, 188c agus 206 den Chonradh seo.

Iarrann sé ar na hinstiúidí Comhphobail eile breithniú i dteannta leis an gCúirt Iniúchóirí ar gach meán is iomchuil chun éifeachnúlacht a cuid oibre a fheabhsú.

DEARBHÚ**MAIDIR LEIS AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA**

Comhaontafonn an Chomhdháil go mbeidh ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta an neamhspleáchas céanna maidir lena bhuiséad agus lena bhainistíocht foirne agus a bhí go dtí seo ag an gCúirt Inniúchóirf.

DEARBHÚ
MAIDIR LE COMHAR LE hEAGRAÍOCHTAÍ CARTHANACHA

Cuireann an Chomhdháil i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé i saothrú chuspóirf Airteagal 117 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh comhar a bheith ann idir an Comhphobal agus eagraíochtaí carthanacha agus fundúireachtaí mar institiúidí atá freagrach as bunafochtaí agus seirbhísí leasa shóisialta.

DEARBHÚ
MAIDIR LE COSAINTAINMHITHE

Iarrann an Chomhdháil ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún, agus ar na Ballstáit freisin, na riachtanais maidir le leas ainmhithe a chur go hiomlán san áireamh agus iad i mbun reachtafocht an Chomhphobail a ullmhú agus a chur chun feidhme i réimsí an chomhbheartais talmhafochta, an iompair, an mhargaidh inmheánaigh agus na taighde.

DEARBHÚ

**maidir le hionadú do leasanna na dtíortha agus
na gcríoch thar lear dá dtagraítear in Airteagal 227(3) agus
(5)(a) agus (b) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh**

Comhaontaíonn an Chomhdháil, ag tabhairt dá haire di go bhféadfadh difríochtaí a bheith ann, in imthosca eisceachtúla, idir leasanna an Aontais agus leasanna na dtíortha agus na gcríoch thar lear dá dtagraítear in Airteagal 227(3) agus (5)(a) agus (b) den Chonradh seo, go ndéanfaidh an Chomhairle a dscheall chun réiteach a aimsiú atá i gcomhréir le seasamh an Aontais. Mura féidir sin, áfach, comhaontaíonn an Chomhdháil go bhféadfaidh an Ballstát i dtrácht gníomhú go leithleach chun leas na dtíortha agus na gcríoch thar lear a dúradh gan dsobháil a dhéanamh do leas an Chomhphobail. Cuirfidh an Ballstát i dtrácht an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas nuair is baolach go dtarlóidh difríocht leasanna den sórt sin agus, má tá gníomh leithleach dosreachanta, cuirfidh an Ballstát sin in iúl go follasach go bhfuil sé ag gníomhú chun leas críche thar lear atá luaite thusa.

Tá an dearbhú seo infheidhme freisin ar Mhacao agus Timor Thoir.

**DEARBHÚ
MAIDIR LEIS NA RÉIGIÚIN IS FORIMEALLAÍ
DEN CHOMHPHOBAL**

Aithníonn an Chomhdháil go bhfuil cúlmhaireacht mhór struchtúrach ar na réigiúin is forimeallaí den Chomphobal (ranna Francacha thar lear, na hAsóir agus Maidéara agus na hOileáin Chanáracha), cúlmhaireacht a mhéadaíonn morán feiniméan (iargúltacht, oiléanachas, laghad a réimse, topagrafaíocht agus aeráid achrannach, spleáchas eacnamaíoch ar bheagán táirgí) a ndéanann a mbuaine agus a gcomhshuim mórdhochár dá bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta.

Measann sí, cé go bhfuil forálacha an Chonartha ag bunú an Chomphobail Eorpaigh agus na reachtaíochta tánaistí infheidhme go huathoibríoch ar na réigiúin is forimeallaí, gur féidir bearta sonracha ina bhfabhar a ghlacadh a mhéad agus fad atá riachtanas oibíachtúil ann le bearta den sórt sin a ghlacadh ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na réigiún sin. Ní soláir bearta den sórt sin an cuspoir a bheith acu an margadh inmheánach a ghnóthú agus an staid réigiúnach mar atá a aithint chun a chumasú do na réigiúin sin teacht suas le meánleibhéal eacnamaíoch agus sóisialta an Chomphobail.

**DEARBHÚ
MAIDIR LE VÓTÁIL I RÉIMSE AN
CHOMHBHEARTAIS EACHTRAIGH AGUS SLÁNDÁLA**

Comhaontafonn an Chomhdháil go ndéanfaidh na Ballstáit, ag féachaint do chinntí ón gComhairle inar gá aontoilfacht, a mhéad is féidir a sheachaint cinneadh d'aon toil a chosc má tá tromlach cailithe ann i bhfabhar an chinnidh sin.

DEARBHÚ**MAIDIR LEIS NA SOCROUTHE PRAITICIÚLA I RÉIMSE AN
CHOMHBHEARTAIS EACHTRAIGH AGUS SLÁNDÁLA**

Comhaontafonn an Chomhdháil go ndéanfar scrúdú níos déanaí ar roinnt na hoibre idir an Coiste Polaitiúil agus Coiste na mBuanionadaithe mar aon leis na socruithe praiticiúla maidir le Rúnafacht an Chomhair Pholaitiúil a chumasc le hArdrúnafocht na Comhairle agus leis an gcomharafacht idir Ardrúnafocht na Comhairle agus an Coimisiún.

**DEARBHÚ MAIDIR LE
HÚSÁID TEANGACHA I RÉIMSE AN CHOMHBHEARTAIS
EACHTRAIGH AGUS SLÁNDÁLA**

Comhaontafonn an Chomhdháil go mbeidh úsáid teangacha i gcomhréir le rialacha na gComhphobal Eorpach.

Le haghaidh chumarsáidí COREU, fónfaidh cleachtas reatha an Chomhair Pholaitiúil Eorpaigh mar eiseamláir de thuras na huaire.

Déanfar gach téacs a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála a thfolaictear nó a ghlaictar ag cruinnithe den Chomhairle Eorpach agus den Chomhairle maille le gach téacs atá le foilsiú a aistriú láithreach agus go comhuaineach go dtí na teangacha oifigiúla Comhphobail uile.

DEARBHÚ
MAIDIR LE hAONTAS IARTHAR NA hEORPA

Tugann an Chomhdháil dá hairé na dearbhuithe seo a leanas:

I. DEARBHÚ

ón mBeilg, ón nGearmáin, ón Spáinn, ón hhFrainc,
 ón Iodáil, ó Lucsamhurg, ón Ísiltír,
 ón hPortaingéil agus ón Ríocht Aontaithe
 ar comhalaí iad d'Aontas Iarthar na hEorpa
 agus ar comhalaí iad freisin den Aontas Eorpach
 maidir le

**RÓL AONTAS IARTHAR NA hEORPA AGUS A CHAIDREAMH LEIS AN AONTAS
 EORPACH AGUS LEIS AN gCOMHGHUAILLÍOCHT ATLANTACH**

Réamhrá

1. Comhaontafonn Ballstáit Aontas Iarthar na hEorpa (AIE) ar a riachtanaí atá féiniúlacht fhírinneach Eorpach slándála agus cosanta a fhorbairt mar aon le freaghracht mhéadaithe Eorpach as ábhair chosanta. Saothrófar an fhéiniúlacht sin trí phróiseas céimneach ina mbeidh céimeanna comhleanúnacha. Beidh AIE ina chuid dhflis de phróiseas forbartha an Aontais Eorpaigh agus cuirfidh sé dlús leis an rannchuidiú a dhéanfaidh sé leis an dlúthpháirtfacht laistigh den Chomhghuaillfacht Atlantach. Comhaontafonn Ballstáit AIE ról AIE a neartú, in ionchas níos fadéarmaí comhbheartas cosanta laistigh den Aontas Eorpach as a dtiocfadh in am tráthá comhchosaint is comchus le beartas na Comhghuaillfachta Atlantaí.
2. Déanfar AIE a fhorbairt mar eilimint chosanta an Aontais Eorpaigh agus mar an modh chun colún Eorpach na Comhghuaillfachta Atlantaí a neartú. Chuige sin, foirmeoideh sé comhbheartas Eorpach cosanta agus cuirfidh sé a chur chun feidhme i gcríoch go táigiúil trína ról oibrfochtúil féin a fhorbairt a thuilleadh.

Tugann Ballstát AIE dá n-aire Airteagal J.4 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a bhaineann le comhbheartas eachtrach agus slándála atá mar seo a leanas:

- "1. Folóidh an comhbheartas eachtrach agus slándála na ceisteanna uile a bhaineann le slándáil an Aontais Eorpaigh, lena n-áirtear comhbheartas cosanta a chumadh faoi dheireadh, as a dtiocfadh comhchosaint in am tráthá.
2. Iarrann an tAontas ar Aontas Iarthar na hEorpa (AIE), ar cuid dhflis d'fhorbairt an Aontais Eorpaigh é, cinntí agus gníomhaíochtaí an Aontais a bhfuil impleachtaí acu i réimse na cosanta a shainiu agus a chur chun feidhme. Déanfaidh an Chomhairle, i gcomhaontú le hinstiúidí AIE, na rialacha mionsonraithe praiticiúla is gá a ghlacadh.
3. Ní bheidh ceisteanna a bhfuil impleachtaí acu i réimse na cosanta agus a rialastear san Airteagal seo faoi réir na nósanna imeachta a shainstear in Airteagal J.3.
4. Ní dhéanfaidh beartas an Aontais i gcomhréir leis an Airteagal seo dochar do cháilfacht shonrach beartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe, urramóidh sé na dualgais a chineann i gcás Ballstát áirithe ó Chonradh an Atlantaigh Thuaidh agus beidh sé ag lú leis an mbeartas slándála agus cosanta arna ghlacadh sa chreat sin.
5. Ní choiscfidh an tAirteagal seo comhar níos dlúithe idir dhá Bhallstát nó níos mó ar bhonn déthaobhach a fhorbairt, faoi chuimsíú AIE nó na Comhghuaillfocha Atlantaí, a mhéad nach mbeidh an comhar sin ina shárú ná ina bhac ar an gcomhar dá bhforáiltear sa Teideal seo.
6. D'fhoínn cuspóir an Chonartha seo a chur ar aghaidh agus aird á tabhairt ar dháta 1998 i gcomhbhéacs Airteagal XII de Chonradh na Brúséile, féadfar forálacha an Airteagail seo a athbhreithniú, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal N(2), ar bhonn tuarascála a chuirfidh an Chomhairle faoi bhráid na Comhairle Eorpas i 1996 ar a dhéanaí, a chuímseoidh meastóireacht ar an dul chun cinn a bheidh déanta agus ar an taithí a bheidh faighe go dtí sin."

A. Caidreamh AIE leis an Aontas Eorpach

3. Is é an cuspóir AIE a fhorbairt i gcéimeanna mar eilimint chosanta an Aontais Eorpaigh. Chuige sin, tá AIE réidh, arna iarraidh sin don Aontas Eorpach, cinntí agus gníomhaíochtaí an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu a tharraingt suas agus a chur chun feidhme.

Chuige sin, glacfaidh AIE na bearta seo a leanas chun dlúthchaidreamh oibre a chothú leis an Aontas:

- mar is iomchuí, dátaí agus ionaid cruinnithe a shioncrónú agus modhanna oibre a chomhchuibhíú;
- dlúthchomhar a bhunú idir an Chomhairle agus Ardrúnafocht AIE ar thaobh amháin agus Comhairle an Aontais agus Ardrúnafocht na Comhairle ar an taobh eile;
- comhchuibhíú sheicheadh agus ré na nUachtaránaíochtaí faoi seach a bhreithniú;
- rialacha mionsonraithe iomchuí a shocrú chun a áirithíú go gcuirfear Coimisiún na gComhphobal Eorpach ar an eolas go tráthrialta agus, mar is iomchuí, go rachfar i gcomhairle leis maidir le gníomhafochtaí AIE i gcomhréir le ról an Choimisiúin sa Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála mar atá sé sainithe sa Chonradh ar an Aontas Eorpach;
- taobhú le comhar níos dlúithe idir Comhthionól Parlaiminteach AIE agus Parlaimint na hEorpa.

Glacfaidh Comhairle AIE, i gcomhaontú le comhlacthaí inniúla an Aontais Eorpaigh, na socruithe praiticiúla is gá.

B. Caidreamh AIE leis an gComhghuaillíocht Atlantach

4. Is é an cuspóir AIE a fhorbairt mar mhodh chun colún Eorpach na Comhghuaillíochta Atlantach a neartú. Dá réir sin, tá AIE réidh na dlúthcheangail oibre idir AIE agus an Chomhghuaillíocht a fhorbairt a thuilleadh agus ról, freagrachtaí agus rannchuidithe Bhallstáit AIE sa Chomhghuaillíocht a neartú. Gabhfar sin ar láimh ar bhonn na tréadhearcachta agus na comhlántachta is gá idir féiniúlacht éiritheach Eorpach chosanta agus slándála agus an Chomhghuaillíocht. Gníomhóidh AIE i gcomhréir leis na seasaimh arna nglacadh sa Chomhghuaillíocht Atlantach.
 - Treiseoidh Ballstáit AIE a gcomhordú ar shaincheisteanna Comhghuaillíochta atá in ionannas le leas coiteann tábhachtach d'fhonn comhsheasaimh arna gcomhaontú in AIE a thabhairt isteach sa phróiseas comhairliúcháin sa Chomhghuaillíocht a bheidh fós ar an bhfóram

sár-riachtanach comhairliúcháin idir a cuid comhaltaí agus an suiomh le haghaidh comhaontú ar bheartais a fholaonn ceangalais slándála agus cosanta na gComhghuaillithe faoi Chonradh an Atlantaigh Thuaidh.

- Nuair is gá, déanfar dátaí agus ionaid cruinnithe a shioncrónú agus modhanna oibre a chomhchuibhiú.
- Bunófar dlúthchomhar idir Ardrúnafocht AIE agus Eagrafocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT).

C. Ról oibrfochtaíil AIE

5. Déanfar ról oibrfochtaíil AIE a neartú trí mhisin, struchtúir agus modhanna a scrúdú agus a shainiu a fholaonn go háirithe:

- cill phleanála AIE;
- comhar mfléata níos dlúithe is comhlántach don Chomhghuaillfocht go háirithe i réimsí loighistice, iompair, oiliúna agus faireacháin straitéisigh;
- cruinnithe de Chinn Foirne Cosanta AIE;
- aonaid mhfléata atá freagrach do AIE.

Déanfar tograí eile a scrúdú a thuilleadh, lena n-áirítear:

- comhar feabhsaithe i réimse armála d'fhonn gníomhaireacht Eorpach armála a chur ar bun;
- Institiúid AIE a forbairt chun bheith ina Acadamh Eorpach um Chosaint agus Slándáil.

Beidh socrúithe arb é is aidhm dóibh ról oibrfochtaíil níos láidre a thabhairt do AIE go hiomlán comhchur leis na forálacha mfléata is gá chun cosaint chomhchoiteann na gComhghuaillithe uile a áirithiú.

D. Bearta eile

6. De thoradh na mbeart atá leagtha amach thusa, agus d'fhonn neartú ról AIE a éascú, aistreofar suíomh Chomhairle agus Rúnafocht AIE go dtí an Bhruiséil.
7. Ní mór ionadafocht ar Chomhairle AIE a bheith de chineál a fhágfaidh go mbeidh ar chumas na Comhairle a feidhmeanna a fheidhmiú go leanúnach i gcomhréir le hAirteagal VIII de Chonradh na Bruséile arna mhodhnú. Féadfaidh Ballstáit dul ar iontaoibh fhoirmle an dá hata a oibreofar amach, arb éard í a gcuid ionadaithe chuig an gComhghuaillfacht agus chuig an Aontas Eorpach.
8. Tugann AIE dá aire go ndéanfaidh an tAontas, i gcomhréir le forálacha Airteagal J.4(6) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a bhaineann le comhbheartas eachtrach agus slándála, a chinneadh forálacha an Airteagail seo a athbhreithniú d'fhonn taobhú leis an gcuospóir a shocróidh sé i gcomhréir leis an nós imeachta atá sainithe. Athscrúdóidh AIE na forálacha láithreacha i 1996. Tabharfaidh an t-athscrúdú sin aird ar an dul chun cinn agus ar an taithí a bheidh faigte agus rachaidh sé i mbaint leis an gcaidreamh idir AIE agus an Chomhghuaillfacht Atlantach.

II. DEARBHÚ

ón mBeilg, ón nGearmáin, ón Spáinn, ón bhFrainc,
 ón Iodáil, ón Luchsamburg, ón Ísiltír,
 ón bPortaingéil agus ón Ríocht Aontaithe,
 ar comhalaí iad d'Aontas Iarthar na hEorpa

"Cuireann Ballstáit AIE fáilte roimh forbhairt na féiniúlachta Eorpais slándála agus cosanta. Tá sé de rún daingean acu, ag cur san áireamh ról AIE mar eilimint chosanta an Aontais Eorpáigh agus mar an modh chun colún Eorpach na Comhghuaillfochta Atlantaí a neartú, an caidreamh idir AIE agus na stáit Eorpacha eile a chur ar bhonn nua ar mhaithle leis an gcobhsafacht agus leis an tslándáil san Eoraip. Sa mheanma sin, déanann siad na moltaí seo a leanas:

Tugtar cuireadh do Stáit is comhalaí den Aontas Eorpach aontú do AIE ar choinnfollacha a gcomhaontófar orthu i gcomhréir le hAirteagal XI de Chonradh na Bruséile arna mhodhnú nó teacht chun bheith ina mbreathnadóirí más mian leo sin. Go comhuaineach, tugtar cuireadh do Bhallstáit Eorpacha eile ECAT teacht chun bheith ina gcomhalaí comhlachaithe de AIE ar dhóigh a chumasóidh dóibh bheith lán-rannpháirteach i ngníomhaíochtaí AIE.

Measann Ballstáit AIE go ndéanfar na conarthaí agus na comhaontuithe a fhreagraíonn do na tográif thuasluaithe a thabhairt i gcríoch roimh an 31 Nollaig 1992."

DEARBHÚ
MAIDIR LE TEARMANN

1. Comhaontáonn an Chomhdháil go ndéanfaidh an Chomhairle, faoi chuimisiú na n-imeachtaí dá bhforáiltear in Airteagail K.1 agus K.3 de na forálacha maidir le comhar i réimsí ceartais agus gnóthaí baile, ceisteanna maidir le beartais tearmainn na mBallstát a bhreithniú mar ábhar tosafochta d'fhoinn comhghníomhafocht a gblacadh roimh thús 1993 ar mhaithe le gnéithe de na beartais sin a chomhchuibhiú, i bhfianaise an chláir oibre agus an amchláir atá sa tuarascáil maidir le tearmann a tarraingíodh suas arna iarraidh sin do chruinniú na Comhairle Eorpach i Luksamburg ar an 28 agus 29 Meitheamh 1991.
2. Sa chomhthéacs sin, breithneoidh an Chomhairle freisin roimh dheireadh 1993 ar bhonn tuarascála an féidir Airteagal K.9 a chur chun feidhme ar ábhair den sórt sin.

DEARBHÚ
MAIDIR LE COMHAR PÓILÍNEACHTA

Daingnóonn an Chomhdháil comhaontú na mBallstát ar na cuspóirí ba bhonn leis na tográf a rinne toscaireacht na Gearmáine ag cruinniú na Comhairle Eorpach i Luchsamburg ar an 28 agus 29 Meitheamh 1991.

De thuras na huaire, comhaontaonn na Ballstáit na dréachtaí a chuirfear faoina mbráid a scrúdú mar ábhar tosafochta, ar bhonn an chláir oibre agus an amchláir arna gcomhaontú sa tuarascáil a tarraingfodh suas arna iarráidh sin do Chomhairle Eorpach Luchsamburg, agus tá siad toilteanach glacadh beart praiticiúil a bheartú i réimsí amhail iad siúd a mhol an toscaireacht sin a bhaineann leis na cúramí seo a leanas i malartú faisnéise agus taithí:

- tacsocht d'údaráis náisiúnta imscrúdaithe choiríúil agus slándála, go háirithe maidir le himscrúdú agus guardach a chomhordú;
- bunachair shonraí a chur ar bun;
- meastóireacht agus anailís lárnach faisnéise d'fhonn an cor a mheas agus modhanna éagsúla imscrúdaithe a chinneadh;
- bailíú agus anailís faisnéise i leith clár náisiúnta coisccheach d'fhonn iad a sheoladh chuig na Ballstáit agus straitéisí coisccheacha ar an leibhéal Eorpach a shainiú;
- bearta maidir le hoiliúint fhorlontach, le taighde, le hábhair dhí-eolafochta agus le rannóga taighde choiríúil.

Comhaontaonn na Ballstáit a bhreithniú ar bhonn tuarascála i rith 1994 ar a dhéanáil an cóir raon feidhme an chomhair sin a leathnú.

DEARBHÚ
MAIDIR LE DÍOSPÓIDÍ IDIR BCE AGUS IEA
AGUS A gCUID SEIRBHÍSEACH

Measann an Chomhdháil gur cuí go n-éistfeadh an Chúirt Chéadchéime an aicme seo chaingne de réir Airteagal 168a den Chonradh seo. Iarrann an Chomhdháil ar na hinstiúidí na forálacha ábhartha a oriúnú dá réir.

[*For the testimonium and signatures, see United Nations, Treaty Series, vol. 1759, p. 524 — Pour le testimonium et les signatures, voir Nations Unies, Recueil des Traités, vol. 1759, p. 524.]*

[ITALIAN TEXT — TEXTE ITALIEN]

TRATTATO SULL'UNIONE EUROPEA

SUA MAESTA' IL RE DEI BELGI,

SUA MAESTA' LA REGINA DI DANIMARCA,

IL PRESIDENTE DELLA REPUBBLICA FEDERALE DI GERMANIA,

IL PRESIDENTE DELLA REPUBBLICA ELLENICA,

SUA MAESTA' IL RE DI SPAGNA,

IL PRESIDENTE DELLA REPUBBLICA FRANCESE,

IL PRESIDENTE DELL'IRLANDA,

IL PRESIDENTE DELLA REPUBBLICA ITALIANA,

SUA ALTEZZA REALE IL GRANDUCA DEL LUSSEMBURGO,

SUA MAESTA' LA REGINA DEI PAESI BASSI,

IL PRESIDENTE DELLA REPUBBLICA PORTOGHESE,

SUA MAESTA' LA REGINA DEL REGNO UNITO DI GRAN BRETAGNA E IRLANDA DEL NORD,

DECISI a segnare una nuova tappa nel processo di integrazione europea intrapreso con l'istituzione delle Comunità europee,

RAMMENTANDO l'importanza storica della fine della divisione del continente europeo e la necessità di creare solide basi per l'edificazione dell'Europa futura,

CONFERMANDO il proprio attaccamento ai principi della libertà, della democrazia e del rispetto dei diritti dell'uomo e delle libertà fondamentali nonché dello Stato di diritto,

DESIDERANDO intensificare la solidarietà tra i loro popoli rispettandone la storia, la cultura e le tradizioni,

DESIDERANDO rafforzare ulteriormente il funzionamento democratico ed efficiente delle istituzioni in modo da consentire loro di adempiere in modo più efficace, in un contesto istituzionale unico, i compiti loro affidati,

DECISI a conseguire il rafforzamento e la convergenza delle proprie economie e ad istituire un'Unione economica e monetaria che comporti, in conformità delle disposizioni del presente trattato, una moneta unica e stabile,

DETERMINATI a promuovere il progresso economico e sociale dei loro popoli, nel contesto della realizzazione del mercato interno e del rafforzamento della coesione e della protezione dell'ambiente, nonché ad attuare politiche volte a garantire che i progressi compiuti sulla via dell'integrazione economica si accompagnino a paralleli progressi in altri settori,

DECISI ad istituire una cittadinanza comune ai cittadini dei loro paesi,

DECISI ad attuare una politica estera e di sicurezza comune che preveda la definizione a termine di una politica di difesa comune, che potrebbe successivamente condurre ad una difesa comune, rafforzando così l'identità dell'Europa e la sua indipendenza al fine di promuovere la pace, la sicurezza e il progresso in Europa e nel mondo,

RIAFFERMANDO l'obiettivo di agevolare la libera circolazione delle persone, garantendo nel contempo la sicurezza dei loro popoli, mediante l'inclusione, nel presente trattato, di disposizioni relative alla giustizia e agli affari interni,

DECISI a portare avanti il processo di creazione di un'unione sempre più stretta fra i popoli dell'Europa, in cui le decisioni siano prese il più vicino possibile ai cittadini, conformemente al principio della sussidiarietà,

IN PREVISIONE degli ulteriori passi da compiere ai fini dello sviluppo dell'integrazione europea,

HANNO DECISO di istituire un'Unione europea e a tal fine hanno designato come plenipotenziari :

SUA MAESTA' IL RE DEI BELGI :

Mark EYSKENS,
Ministro delle Relazioni esterne ;

Philippe MAYSTADT,
Ministro delle Finanze ;

SUA MAESTA' LA REGINA DI DANIMARCA :

Uffe ELLEMANN-JENSEN,
Ministro degli Affari esteri ;

Anders FOGH RASMUSSEN,
Ministro degli Affari economici ;

IL PRESIDENTE DELLA REPUBBLICA FEDERALE DI GERMANIA :

Hans-Dietrich GENSCHER,
Ministro federale degli Affari esteri ;

Theodor WAIGEL,
Ministro federale delle Finanze ;

IL PRESIDENTE DELLA REPUBBLICA ELLENICA :

Antonios SAMARAS,
Ministro degli Affari esteri ;

Efthymios CHRISTODOULOU,
Ministro dell'economia nazionale ;

SUA MAESTA' IL RE DI SPAGNA :

Francisco FERNÁNDEZ ORDOÑEZ,
Ministro degli Affari esteri ;

Carlos SOLCHAGA CATALÁN,
Ministro dell'Economia e delle Finanze ;

IL PRESIDENTE DELLA REPUBBLICA FRANCESE :

Roland DUMAS,
Ministro degli Affari esteri ;

Pierre BEREGOVOY,
Ministro dell'Economia, delle Finanze e del Bilancio ;

IL PRESIDENTE DELL'IRLANDA :

Gerard COLLINS,
Ministro degli Affari esteri ;

Bertie AHERN,
Ministro delle Finanze ;

IL PRESIDENTE DELLA REPUBBLICA ITALIANA :

Gianni DE MICHELIS,
Ministro degli Affari esteri ;

Guido CARLI,
Ministro del Tesoro ;

SUA ALTEZZA REALE IL GRANDUCA DEL LUSSEMBURGO :

Jacques F. POOS,
Vice Primo Ministro,
Ministro degli Affari esteri ;

Jean-Claude JUNCKER,
Ministro delle Finanze ;

SUA MAESTA' LA REGINA DEI PAESI BASSI :

Hans van den BROEK,
Ministro degli Affari esteri ;

Willem KOK,
Ministro delle Finanze ;

IL PRESIDENTE DELLA REPUBBLICA PORTOGHESE :

João de Deus PINHEIRO,
Ministro degli Affari esteri ;

Jorge BRAGA de MACEDO,
Ministro delle Finanze ;

SUA MAESTA' LA REGINA DEL REGNO UNITO DI GRAN BRETAGNA E IRLANDA DEL NORD :

Rt. Hon. Douglas HURD,
Segretario di Stato per gli Affari esteri
e del Commonwealth ;

Hon. Francis MAUDE,
Segretario finanziario al Tesoro ;

I QUALI, dopo aver scambiato i loro pieni poteri, riconosciuti in buona e debita forma, hanno convenuto le disposizioni che seguono :

TITOLO I

DISPOSIZIONI COMUNI

ARTICOLO A

Con il presente trattato, le Alte Parti Contraenti istituiscono tra loro un'Unione europea, in appresso denominata "Unione".

Il presente trattato segna una nuova tappa nel processo di creazione di un'Unione sempre più stretta tra i popoli dell'Europa, in cui le decisioni siano prese il più vicino possibile ai cittadini.

